



An Bhruiséil, 17.7.2023
C(2023) 4752 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

**Treirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an
Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair**

Clár Ábhar

1.	Réamhrá	6
1.1.	Cuspóir agus struchtúr na dTreoirlínte seo	6
1.2.	Infheidhmeacht Airteagal 101 maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair	8
1.2.1.	Réamhrá	8
1.2.2.	Creat anailíseach	11
1.2.3.	Measúnú faoi Airteagal 101(1)	12
1.2.4.	Srianta iomaíochta de réir cuspóra	13
1.2.5.	Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht	15
1.2.6.	Srianta coimhdeacha	16
1.2.7.	Measúnú faoi Airteagal 101(3)	16
1.2.8.	Comhaontuithe cothrománacha comhair nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) de ghnáth.....	18
1.3.	Gaolmhaireacht le treoraíocht, reachtaíocht agus cásdlí eile	19
2.	Comhaontuithe Taighde agus Forbartha	21
2.1.	Réamhrá	21
2.2.	An Rialachán Blocdhíolúine maidir le Taighde agus Forbairt ('RB T&F')	22
2.2.1.	An sainmhíniú ar thaighde agus forbairt in RB T&F.....	23
2.2.2.	An sainmhíniú ar chomhaontuithe T&F in RB T&F	23
2.2.3.	Coinníollacha maidir le díolúine faoin RB T&F.....	26
2.2.4.	Cruashrianta agus srianta eisiata	33
2.2.5.	Tréimhse ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le coinníollacha RB T&F.....	36
2.2.6.	Sochar na blocdhíolúine a tharraingt siar.....	36
2.2.7.	Idirthréimhse	38
2.3.	Measúnú aonair ar chomhaontuithe T&F faoi Airteagal 101(1).....	38
2.3.1.	Margaí ábhartha	38
2.3.2.	Príomhábhair imní na hiomaíochta	40
2.3.3.	Comhaontuithe T&F nach gcuirtear srian ar an iomaíocht leo go ginearálta	40
2.3.4.	Srianta iomaíochta de réir cuspóra	40
2.3.5.	Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht	41
2.4.	Measúnú aonair ar chomhaontuithe T&F faoi Airteagal 101(3).....	43
2.4.1.	Gnóthachain éifeachtúlachta	43
2.4.2.	Fíor-riachtanas.....	44
2.4.3.	Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí	44

2.4.4.	Gan deireadh a chur leis an iomaíocht	44
2.5.	Tráth ábhartha le haghaidh an mheasúnaithe	44
2.6.	Samplaí.....	45
3.	Comhaontuithe maidir le Táirgeadh.....	49
3.1.	Réamhrá	49
3.2.	Margaí ábhartha	52
3.3.	RB Speisialtóireachta	53
3.3.1.	Comhaontuithe maidir le táirgeadh arna gcumhdach ag an RB Speisialtóireachta ...	53
3.3.2.	Forálacha eile arna gcumhdach leis an RB Speisialtóireachta.....	54
3.3.3.	Dáileadh faoin RB Speisialtóireachta	55
3.3.4.	Seirbhísí faoin RB Speisialtóireachta.....	56
3.3.5.	Tairseach maidir le sciar den mhargadh agus fad na díolúine	56
3.3.6.	Cruashrianta sa RB Speisialtóireachta	57
3.3.7.	Tarraingt siar sochair an RB Speisialtóireachta	58
3.3.8.	Idirthréimhse	58
3.4.	Measúnú aonair ar chomhaontuithe maidir le táirgeadh faoi Airteagal 101(1)	59
3.4.1.	Príomhábhair inmí na hiomaíochta	59
3.4.2.	Srianta iomaíochta de réir cuspóra	60
3.4.3.	Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht	61
3.5.	Measúnú aonair ar chomhaontuithe maidir le táirgeadh faoi Airteagal 101(3)	65
3.5.1.	Gnóthachain éifeachtúlachta	65
3.5.2.	Fíor-riachtanas.....	66
3.5.3.	Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí	66
3.5.4.	Gan deireadh a chur leis an iomaíocht	66
3.6.	Comhaontuithe maidir le bonneagar teileachumarsáide móibílí a chomhroinnt	66
3.7.	Samplaí.....	71
4.	Comhaontuithe ceannaigh.....	76
4.1.	Réamhrá	76
4.2.	Measúnú faoi Airteagal 101(1)	78
4.2.1.	Príomhábhair inmí na hiomaíochta	78
4.2.2.	Srianta iomaíochta de réir cuspóra	78
4.2.3.	Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht	80
4.3.	Measúnú faoi Airteagal 101(3)	85
4.3.1.	Gnóthachain éifeachtúlachta	85
4.3.2.	Fíor-riachtanas.....	86

4.3.3.	Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí	86
4.3.4.	Gan deireadh a chur leis an iomaíocht	87
4.4.	Samplaí.....	87
5.	Comhaontuithe Tráchtálaíochta	93
5.1.	Réamhrá	93
5.2.	Measúnú faoi Airteagal 101(1)	94
5.2.1.	Príomhábhair inní na hiomaíochta	94
5.2.2.	Srianta iomaíochta de réir cuspóra	95
5.2.3.	Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht	96
5.3.	Measúnú faoi Airteagal 101(3)	97
5.3.1.	Gnóthachain éifeachtúlachta	97
5.3.2.	Fíor-riachtanas.....	98
5.3.3.	Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí	98
5.3.4.	Gan deireadh a chur leis an iomaíocht	99
5.4.	Cuibhreannais tairisceana.....	99
5.5.	Samplaí.....	102
6.	Malartú faisnéise	108
6.1.	Réamhrá	108
6.2.	Measúnú faoi Airteagal 101(1)	110
6.2.1.	Réamhrá	110
6.2.2.	Príomhimní i ndáil le hiomaíocht a eascraíonn as malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de.....	111
6.2.3.	Cineál na faisnéise a mhalartaítear.....	114
6.2.4.	Saintréithe an mhalartaithe faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de	118
6.2.5.	Saintréithe an mhargaidh.....	125
6.2.6.	Iomaíocht a shrianadh de réir cuspóra	126
6.2.7.	Iomaíocht a shrianadh de réir éifeachta	130
6.3.	Measúnú faoi Airteagal 101(3)	131
6.3.1.	Gnóthachain éifeachtúlachta	131
6.3.2.	Fíor-riachtanas.....	131
6.3.3.	Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí	132
6.3.4.	Gan deireadh a chur leis an iomaíocht	132
6.4.	Samplaí, céimeanna féinmheasúnúcháin agus tábla ina dtugtar treoraíocht maidir le dliteanas i gcásanna éagsúla.....	132
7.	Comhaontuithe um chaighdeánú.....	139
7.1.	Réamhrá	139

7.2.	Margaí ábhartha	139
7.3.	Measúnú faoi Airteagal 101(1)	140
7.3.1.	Príomhábhair inní na hiomaíochta	140
7.3.2.	Srianta iomaíochta de réir cuspóra	142
7.3.3.	Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht	143
7.4.	Measúnú faoi Airteagal 101(3)	150
7.4.1.	Gnóthachain éifeachtúlachta	150
7.4.2.	Fíor-riachtanas.....	151
7.4.3.	Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí	152
7.4.4.	Gan deireadh a chur leis an iomaíocht	152
7.5.	Samplaí.....	153
8.	Téarmaí caighdeánacha.....	155
8.1.	Sainmhínithe	155
8.2.	Margaí ábhartha	155
8.3.	Measúnú faoi Airteagal 101(1)	155
8.3.1.	Príomhábhair inní na hiomaíochta	155
8.3.2.	Iomaíocht a shrianadh de réir cuspóra	156
8.3.3.	Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht	156
8.4.	Measúnú faoi Airteagal 101(3)	158
8.4.1.	Éifeachtúlachtaí.....	158
8.4.2.	Fíor-riachtanas.....	158
8.4.3.	Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí	158
8.4.4.	Gan deireadh a chur leis an iomaíocht	158
8.5.	Samplaí.....	159
9.	Comhaontuithe Inbhuanaitheachta.....	160
9.1.	Réamhrá	160
9.2.	Comhaontuithe inbhuanaitheachta nach dócha go mbeidh siad ina gcúis inní maidir leis an iomaíocht	163
9.3.	Measúnú ar chomhaontuithe inbhuanaitheachta faoi Airteagal 101(1)	164
9.3.1.	Prionsabail ghinearálta	164
9.3.2.	Comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta.....	165
9.4.	Measúnú ar chomhaontuithe inbhuanaitheachta faoi Airteagal 101(3)	170
9.4.1.	Gnóthachain éifeachtúlachta	170
9.4.2.	Fíor-riachtanas.....	171
9.4.3.	Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí	173

9.4.4.	Gan deireadh a chur leis an iomaíocht	178
9.5.	Rannpháirtíocht na n-údarás poiblí	179
9.6.	Samplaí.....	179

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Treoirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair

1. RÉAMHRÁ

1.1. Cuspóir agus struchtúr na dTreoirlínte seo

1. Cuirtear na Treoirlínte seo in ionad Threoirlínte 2011 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair¹. Tá siad beartaithe chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar trí chúnamh a thabhairt do ghnóthais measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht a gcomhaontuithe cothrománacha comhair le rialacha iomaíochta an Aontais agus cosaint éifeachtach na hiomaíochta a áirithiú an tráth céanna. Is é is aidhm dóibh freisin é a dhéanamh níos éasca do ghnóthais dul i gcomhar ar bhealaí is inmhinaithe ó thaobh an gheilleagair de, rud a rannchuideoidh, mar shampla, leis na haistriúcháin glasa agus digiteacha agus le hathléimneacht an mhargaidh inmheánaigh a chur chun cinn².
2. Leagtar amach sna Treoirlínte seo prionsabail chun measúnú a dhéanamh ar chomhaontuithe cothrománacha comhair agus ar chleachtais chomhbheartaithe faoi Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('Airteagal 101'), agus soláthraítear creat anailíseach iontu chun féinmheasúnú ar na cineálacha comhaontuithe cothrománacha comhair is coitianta a éascú:
 - Tá réamhrá i gCaibidil 1, lena leagtar amach an comhthéacs ina bhfuil feidhm ag Airteagal 101 maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair. Mínítear sa Chaibidil sin freisin an ghaolmhaireacht idir na Treoirlínte seo agus treoraíocht, reachtaíocht agus cásdlí eile a dhéanann difear do chomhaontuithe cothrománacha comhair. Leis an treoraíocht i gCaibidil 2 go dtí 9 a bhaineann le cineálacha sonracha comhaontuithe cothrománacha, comhlánaítear an treoraíocht níos ginearálta a thugtar sa Chaibidil réamhrá seo. Moltar dá bhrí sin an Chaibidil sin a léamh i gcónaí sula ndéanfar tagairtí do na Caibidilí eile sin;
 - Baineann Caibidil 2 le comhaontuithe taighde agus forbartha ('T&F'), lena n-áirítear treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) [Uimh 2023/1066] ón gCoimisiún ('*RB T&F*')³;
 - Baineann Caibidil 3 le comhaontuithe táirgeachta, lena n-áirítear treoir maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1067 ón gCoimisiún ('*Speisialtóireacht BER*')⁴;

¹ IO C 11, 14.1.2011, lch. 1.

² Féach freisin Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Comhairle na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Ag Nuashonrú Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip 2020: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa, COM(2021) 350 final.

³ Rialachán (AE) Uimh. 2023/2010 ón gCoimisiún an 01 Meitheamh 2023 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha a (IO L 143, 2.6.2023, lch. 9–19).

- Baineann Caibidil 4 le comhaontuithe ceannaigh;
 - Baineann Caibidil 5 le comhaontuithe tráchtálaíochta;
 - Baineann Caibidil 6 le malartú faisnéise;
 - Baineann Caibidil 7 le comhaontuithe um chaighdeánú;
 - Baineann Caibidil 8 le téarmaí caighdeánacha.
3. Ina theannta sin, toisc go bhfuil an Coimisiún tiomanta do chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Aontas Eorpach⁵ a bhaint amach, soláthraítear treoraíocht i gCaibidil 9 maidir leis an mbealach a dhéanfar measúnú ar na cineálacha comhaontuithe cothrománacha comhair is coitianta faoi Airteagal 101 agus cuspóirí inbhuanaitheachta i gceist leo.
 4. I bhfianaise líon mór na gcineálacha agus na meascán de chomhar cothrománach a d’fhéadfadh a bheith ann, agus raon leathan na gcomhthéacsanna margaidh ina bhféadfadh siad tarlú, is deacair treoraíocht shonrach a sholáthar le haghaidh gach cás a d’fhéadfadh a bheith ann. Ní ‘seicliosta’ iad na Treoirínte dá bhrí sin is féidir a chur i bhfeidhm go meicniúil. Ní mór gach cás a mheasúnú ar bhonn a fhíricí féin.
 5. Tá feidhm ag an treoraíocht atá sna Treoirínte seo maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair a bhaineann le hearraí, seirbhísí agus teicneolaíochtaí.
 6. Le comhaontuithe cothrománacha comhair, d’fhéadfaí céimeanna éagsúla den chomhar a chomhcheangal, mar shampla T&F agus táirgeadh nó tráchtálú thorthaí an taighde agus na forbartha sin. Cumhdaítear comhaontuithe comhcheangailte comhair den sórt sin sna Treoirínte seo freisin. Agus na Treoirínte seo á n-úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chomhaontuithe comhcheangailte den sórt sin, mar riail ghinearálta, beidh na Caibidilí uile a bhaineann leis na céimeanna difriúla den chomhar ábhartha. Mar sin féin, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu is srian iomaíochta de réir cuspóra nó éifeachta atá in iompar áirithe nó nach ea, an treoraíocht a sholáthraítear sa Chaibidil a bhaineann leis an gcuid sin de chomhar comhcheangailte is féidir a mheas mar a ‘chroílár’, is í an treoraíocht sin a bhíonn i réim le haghaidh an chomhair ar fad.
 7. Tá dhá thoisc ábhartha go háirithe chun croílár na gcomhaontuithe comhcheangailte comhair sin a chinneadh: ar an gcéad dul síos, túsphointe an chomhair, agus, ar an dara dul síos, a mhéid a chomhtháthaítear na feidhmeanna éagsúla atá comhcheangailte. Cé nach féidir riail bheacht agus chinnte a sholáthar a bheidh bailí le haghaidh na gcásanna agus na meascán uile a d’fhéadfadh a bheith ann, tá feidhm ag an méid seo a leanas i gcoitinne:
 - (a) croílár comhaontaithe chothrománaigh a bhaineann le T&F chomhpháirteach agus le táirgeadh comhpháirteach (nó dáileadh comhpháirteach) na dtorthaí araon, sin é an taighde agus an fhorbairt chomhpháirteach go ginearálta, ar choinníoll nach dtarlaíonn an táirgeadh comhpháirteach (nó dáileadh comhpháirteach) ach amháin má éiríonn leis an T&F chomhpháirteach. I gcás

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 2023/1067 ón gCoimisiún an 01 Meitheamh 2023 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe speisialtóireachta (IO L 143, 2.6.2023, lch. 20-26).

⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, ‘an Comhaontú Glas don Eoraip’, COM (2019) 640 final.

ina mbeidh torthaí an taighde agus na forbartha comhpháirtí cinntitheach i dtaca leis an táirgeadh comhpháirteach (nó an dáileadh comhpháirteach) dá éis sin, is í an treoraíocht sa Chaibidil maidir le comhaontuithe T&F a bheidh i réim. Bheadh croílár an chomhair difriúil dá mba rud é go ngabhfaidh na páirtithe don táirgeadh comhpháirteach (nó don dáileadh comhpháirteach) in aon chás, is é sin le rá, gan beann ar an T&F comhpháirteach. Sa chás sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an gcomhar ina áit sin mar chomhaontú táirgeachta comhpháirtí (nó mar chomhaontú tráchtálaíochta comhpháirtí), agus is é an treoraíocht sa Chaibidil maidir le comhaontuithe táirgeachta (nó tráchtálaíochta comhpháirtí) atá i réim. Má dhéantar foráil leis an gcomhaontú maidir le gníomhaíochtaí na bpáirtithe a chomhtháthú go hiomlán i réimse an táirgthe agus gan ach páirt-chomhtháthú a dhéanamh ar roinnt gníomhaíochtaí T&F, ba é an táirgeadh comhpháirteach croílár an chomhair;

- (b) croílár comhaontaithe chothrománaigh a bhaineann le speisialtóireacht sa táirgeadh mar aon le tráchtálú comhpháirteach na dtáirgí a eascraíonn as, sin é an speisialtóireacht go ginearálta, toisc nach dtarlaíonn an tráchtálú comhpháirteach ach amháin mar iarmhairt ar an speisialtóireacht go ginearálta;
- (c) croílár comhaontaithe chothrománaigh a bhaineann le táirgeadh comhpháirteach mar aon le tráchtálú comhpháirteach na dtáirgí a eascraíonn as, sin é an táirgeadh comhpháirteach go ginearálta, toisc nach dtarlaíonn an tráchtálú comhpháirteach ach amháin mar iarmhairt ar an táirgeadh comhpháirteach.

8. Ní bhaineann an tástáil phríomhachta ach leis an ngaolmhaireacht idir Caibidlí na dTreoirí seo, seachas leis an ngaolmhaireacht idir rialacháin bhlocdhíolúine. Sainítear raon feidhme rialacháin bhlocdhíolúine lena fhorálacha féin (féach Caibidil 2 le haghaidh RB T&F agus Caibidil 3 le haghaidh RB Speisialtóireachta). Cé go dtugtar léiriú ginearálta sna samplaí i mír 7 ar an áit a bhféadfadh croílár comhaontaithe chothrománaigh chomhcheangailte comhair a bheith, sa chleachtas is gá anailís ar bhonn cás ar chás a dhéanamh bunaithe ar chomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch sonracha gach comhaontaithe.

1.2. Infheidhmeacht Airteagal 101 maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair

1.2.1. Réamhrá

9. Is é is aidhm d’Airteagal 101 a áirithiú nach n-úsáidfídh gnóthais comhaontuithe cothrománacha comhair chun iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh sa mhargadh inmheánach chun dochair tomhaltóirí ar deireadh.
10. Baineann Airteagal 101 le gnóthais agus le comhlachais ghnóthas. Is éard is gnóthas ann aon eintiteas d’eilimintí pearsanta, inláimhsithe agus doláimhsithe, atá i mbun gníomhaíochta eacnamaíche, beag beann ar a stádas dlíthiúil agus ar an gcaoi a maoinítear é⁶. Is comhlacht é comhlachas gnóthas trína gcomhordaíonn gnóthais den chineál céanna a n-iompar ar an margadh⁷. Baineann na Treoirí seo le

⁶ Féach mar shampla, breithiúnas an 25 Márta 2021, *Deutsche Telekom v An Coimisiún*, C-152/19 P, EU:C:2021:238, mír 72 agus an cásdlí a luaitear ansin.

⁷ De réir bhrí bhreithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard v an Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 76, agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Léger an 10 Iúil 2001, *Wouters*, C-309/99, EU:C:2001:390, mír 61.

comhaontuithe cothrománacha comhair idir gnóthais agus cinní comhlachas gnóthas.

11. Nuair a bhíonn tionchar cinntitheach ag cuideachta ar chuideachta eile is eintiteas eacnamaíoch amháin iad agus, dá bhrí sin, is cuid den ghnóthas céanna iad⁸. Ní mheastar gur iomaitheoirí iad cuideachtaí ar cuid den ghnóthas céanna iad chun críocha na dTreoirlínte seo, fiú má tá siad gníomhach ar an margadh (na margaí) táirgí agus geografach ábhartha céanna.
12. Chun dlíteanas a shuíomh i leith sáruithe ar Airteagal 101, tá sé teachta ag an gCúirt Bhreithiúnais gur aonad eacnamaíoch aonair iad máthairchuideachtaí agus a gcomhfhiontar agus, dá bhrí sin, gnóthas aonair a mhéid a bhaineann le dlí na hiomaíochta agus an margadh nó na margaí ábhartha, a mhéid a léirítear go bhfeidhmíonn na máthairchuideachtaí tionchar cinntitheach ar an gcomhfhiontar⁹. I bhfianaise an chásdlí sin, ní chuirfidh an Coimisiún Airteagal 101 i bhfeidhm, i gcoitinne, maidir le comhaontuithe ná cleachtais chomhbheartaithe idir máthairchuideachtaí agus a gcomhfhiontar a mhéid a bhaineann siad le hiompar a tharlaíonn i margadh nó i margaí ábhartha ina mbíonn an comhfhiontar gníomhach agus le linn tréimhsí ar lena linn a bhfeidhmíonn na máthairchuideachtaí tionchar cinntitheach ar an gcomhfhiontar. Mar sin féin, cuirfidh an Coimisiún Airteagal 101 i bhfeidhm go ginearálta maidir leis na catagóirí comhaontuithe seo a leanas:
 - (a) comhaontuithe idir máthairchuideachtaí chun comhfhiontar a chruthú;
 - (b) comhaontuithe idir máthairchuideachtaí chun raon feidhme a gcomhfhiontair a mhodhnú;
 - (c) comhaontuithe idir máthairchuideachtaí agus a gcomhfhiontar a bhaineann le táirgí nó le tíreolaíochtaí nach mbíonn an comhfhiontar gníomhach iontu; agus
 - (d) comhaontuithe idir máthairchuideachtaí nach mbaineann lena gcomhfhiontar, fiú má bhaineann an comhaontú le táirgí nó le tíreolaíochtaí ina mbíonn an comhfhiontar gníomhach.
13. An fíoras go meastar gur cuid den ghnóthas céanna ar mhargadh áirithe iad comhfhiontar agus a máthairchuideachtaí, ní chuireann sé sin bac ar na máthairchuideachtaí a bheith á meas mar chuideachtaí atá neamhspleách ar mhargaí eile¹⁰.
14. Chun go mbeidh feidhm ag Airteagal 101 maidir le comhar cothrománach, ní mór foirm chomhordaithe a bheith ann idir iomaitheoirí, is é sin, comhaontú idir gnóthais, cinneadh ó chomhlachas gnóthas nó cleachtas comhbheartaithe.

⁸ Féach, mar shampla, breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 1996, *Viho*, C-73/95 P, EU:C:1996:405, mír 51. Is féidir a thiomhdiú go bhfeidhmíonn an mháthairchuideachta tionchar cinntitheach ar iompar fochuideachta i gcás fochuideachtaí atá ar lánúinéireacht, nó i gcás ina mbeidh na cearta vótála uile atá bainteach le scaireanna a fochuideachtaí i seilbh na máthairchuideachta; féach, mar shampla, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2009, *Akzo*, C-97/08 P, EU:C:2009:536, míreanna 60 agus tuilleadh, breithiúnas an 27 Eanáir 2021, *The Goldman Sachs Group Inc v An Coimisiún*, C-595/18 P, EU:C:2021:73, mír 36.

⁹ Breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2013, *EI du Pont de Nemours agus Company*, C-172/12 P, EU:C:2013:601, mír 47 agus breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, *LG Electronics Inc. agus Koninklijke Philips Electronics NV*, C-588/15 P agus C-622/15 P, EU:C:2017:679, míreanna 71 agus 76.

¹⁰ Breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, *LG Electronics Inc. agus Koninklijke Philips Leictreonaic NV*, C-588/15 P agus C-622/15 P, EU:C:2017:679, mír 79.

Chun críocha Airteagal 101 agus na dTreoirlínte seo, tagraíonn comhaontú do dhá ghnóthas nó níos mó a chuir comhthoilíú chun dul i gcomhar in iúl¹¹. Is éard is cleachtas comhbheartaithe ann foirm chomhordaithe idir gnóthais nach bhfuil comhaontú bainte amach acu ann ach a ndéanann siad comhar praiticiúil eatarthu a ionadú i dtaca leis na rioscaí iomaíochta¹². Ciallaíonn coincheap cleachtais chomhbheartaithe, anuas ar na gnóthais atá rannpháirteach i gcomhar lena chéile, iompar ina dhiaidh sin ar an margadh agus caidreamh cúise agus éifeachta idir an dá cheann¹³.

15. Má tá comhaontú, cleachtas comhbheartaithe nó cinneadh comhbheartaithe ag comhlachas gnóthas ann, ní léirítear leis sin ann féin go bhfuil srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). Chun tagairt dó a éascú, mura sonraítear a mhalairt sna Treoirlínte seo, cumhdaítear leis an téarma ‘comhaontú’ cleachtais chomhbheartaithe agus cinntí comhbheartaithe comhlachas gnóthas.
16. Is féidir le hiomaitheoirí iarbhír nó ionchasach comhaontuithe cothrománacha comhair a dhéanamh. Láimhseáiltear dhá ghnóthas mar iomaitheoirí iarbhír más rud é go bhfuil siad gníomhach ar an margadh táirgí agus ar an margadh geografach céanna. Meastar gnóthas a bheith ina iomaitheoir ionchasach de chuid gnóthais eile más dócha, in éagmais an chomhaontaithe, go ndéanfadh an chéad gnóthas, laistigh de thréimhse ghearr ama¹⁴, na hinfheistíochtaí breise is gá nó costais aistriúithe eile a mbeadh gá leo chun dul isteach sa mhargadh ábhartha a bhfuil an gnóthas eile gníomhach. Ní mór an measúnú sin a bheith bunaithe ar fhorais réalaíocha, ní leor ach féidearthacht theoriciúil dul isteach i margadh¹⁵. Tagairtí sna Treoirlínte seo d’iomaitheoirí, áirítear orthu iomaitheoirí iarbhír agus ionchasacha araon, mura léirítear a mhalairt.

D’fhonn a mheas an féidir gnóthas a mheas mar iomaitheoir ionchasach de chuid gnóthais eile, d’fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ábhartha:

¹¹ Féach, mar shampla, breithiúnas an 13 Iúil 2006, *An Coimisiún v Volkswagen*, C-74/04 P, EU:C:2006:460, mír 37.

¹² Féach, mar shampla, breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, mír 26; breithiúnas an 31 Márta 1993, *Wood Pulp*, C-89/85, C-104/85, C-114/85, C-116/85, C-117/85 agus C-125/85 go C-129/85, EU:C:1993:120, mír 63.

¹³ Breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe v an Coimisiún*, C-286/13 P, AE:C:2015:184, mír 126 agus an cásdlí a luaitear.

¹⁴ An rud is ‘tréimhse ghearr ama’ ann, braitheann sé ar an gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch agus ar fhírictí an cháis atá idir lámha agus, go háirithe, an páirtí i gcomhaontú cothrománach comhair nó tríú páirtí an gnóthas i gceist. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún coincheap na ‘gearrthréimhse’ i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart páirtí i gcomhaontú a mheas mar iomaitheoir ionchasach de chuid páirtí eile, measfaidh an Coimisiún de ghnáth tréimhse níos faide ná a mheasann sé agus coincheap sin na gearrthréimhse á chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht tríú páirtí gníomhú mar shrian iomaíoch ar na páirtithe i gcomhaontú. Le go measfar tríú páirtí a bheith ina iomaitheoir ionchasach, bheadh gá le dul isteach sa mhargadh tapa a dhóthain go mbeadh an bhagairt maidir le teacht isteach ionchasach ina shrian ar iompraíocht na bpáirtithe agus ar iompraíocht rannpháirtithe eile sa mhargadh. Ar na cúiseanna sin, breithníonn an T&F agus na Rialacháin Speisialaithe maidir le Blocdhíolúine tréimhse nach faide ná trí bliana mar ‘tréimhse ghearr ama’.

¹⁵ Breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK)*, C-307/18, EU:C:2020:52, míreanna 37 agus 38.

- (a) má tá rún daingean ag an ngnóthas agus má tá cumas bunúsach aige dul isteach sa mhargadh laistigh de thréimhse ghearr ama agus mura bhfuil bacainní iontrála atá dosháraithe roimhe¹⁶;
- (b) an bhfuil réamhbhearta leordhóthanacha glactha ag an ngnóthas chun a chumasú dó dul isteach sa mhargadh lena mbaineann;
- (c) na féidearthachtaí réadacha agus coinceíteacha atá ag an ngnóthas nach bhfuil gníomhach fós chun dul isteach sa mhargadh sin agus ag dul in iomaíocht le ceann amháin nó níos mó de na gnóthais eile - ní leormhaith an fhéidearthacht hipitéiseach amháin chun dul isteach i margadh nó fiú an mhian féin;
- (d) struchtúr an mhargaidh agus an comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ina bhfeidhmíonn sé¹⁷;
- (e) an bhraistint ar ghnóthas atá bunaithe ar an margadh, is toisc í sin atá ábhartha don mheasúnú ar chaidreamh iomaíoch a bheith ann idir an páirtí sin agus gnóthas lasmuigh den mhargadh ós rud é, má bhraitear gurb iontrálaí ionchasach sa mhargadh é an gnóthas deiridh sin, d'fhéadfadh sé, de bhíthin go bhfuil sé ann agus dá bhíthin sin amháin, brú iomaíoch a chur ar an ngnóthas atá bunaithe sa mhargadh.

1.2.2. Creat anailíseach

17. Tá dhá chéim sa mheasúnú faoi Airteagal 101. Is é an chéad chéim, faoi Airteagal 101(1), measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag comhaontú idir gnóthais, ar comhaontú é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit, nó an bhfuil éifeachtaí sriantacha iarbhir nó féideartha¹⁸ aige ar an iomaíocht.
18. Is é an dara céim, faoi Airteagal 101(3), nach dtagann chun bheith ábhartha ach amháin nuair a shuitear go sriantar an iomaíocht le comhaontú de réir bhrí Airteagal 101(1), na buntáistí a chuirtear ar fáil leis an gcomhaontú sin a chinneadh agus measúnú a dhéanamh ar cé acu a fhritháiríonn nó nach bhfritháiríonn na buntáistí sin na míbhuntáistí le haghaidh na hiomaíochta¹⁹. Is laistigh den chreat a leagtar síos le hAirteagal 101(3) amháin a dhéantar cothromaíocht idir éifeachtaí sriantacha agus éifeachtaí ar son na hiomaíochta²⁰. Más rud é nach mó na buntáistí

¹⁶ Ní féidir a mheas, dá bhrí sin, gur bacainn dhosháraithe é paitinn a bheith ann. Féach breithiúnas an 25 Márta 2021, *Lundbeck*, C-591/16 P, EU:C:2021:243, míreanna 38 agus 58-59.

¹⁷ Féach mar shampla, breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK)*, C-307/18, EU:C:2020:52, míreanna 36-58.

¹⁸ Le hAirteagal 101(1) toirmeasctar éifeachtaí frithiomaíocha iarbhir agus ionchasacha araon; féach, mar shampla, breithiúnas an 28 Bealtaine 1998, *John Deere*, C-7/95 P, EU:C:1998:256, mír 77; breithiúnas an 23 Samhain 2006, *Asnef-Equifax*, C-238/05, EU:C:2006:734, mír 50.

¹⁹ Féach breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2009, *GlaxoSmithKline*, C-501/06 P, C-513/06 P, C-515/06 P agus C-519/06 P, EU:C:2009:610, mír 95.

²⁰ Féach breithiúnas an 23 Deireadh Fómhair 2003, *Van den Bergh Foods v An Coimisiún*, T-65/98, EU:T:2003:281, mír 107; breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2001, *Métropole télévision (M6) agus eile v An Coimisiún*, Cás T-112/99, EU:T:2001:215, mír 74; breithiúnas an 2 Bealtaine 2006, *O2 v An Coimisiún*, T-328/03, EU:T:2006:116, mír 69 agus tuilleadh. Leis na héifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta a chur san áireamh, táthar in ann tromchúis oibiachtúil chleachtais a thuiscint. Ní bheartaítear mar 'riail réasúin' é, ar dá bua sin ba cheart na héifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta agus na héifeachtaí frithiomaíocha a bhaineann le comhaontú a mheá nuair atá sé le saintréithiú mar 'srian

do thomhaltóirí sa mhargadh ábhartha ná an srian iomaíochta, déantar foráil le hAirteagal 101(2) maidir leis an gcomhaontú a chur ar neamhní go huathoibríoch.

19. Níl feidhm ag Airteagal 101 i gcás ina gceanglaítear leis an reachtaíocht náisiúnta iompar frithiomaíoch gnóthas, ná le creat náisiúnta dlí lena gcuirtear bac ar gach raon gníomhaíochta iomaíochta do na gnóthais lena mbaineann²¹. Sna cásanna sin, cuirtear cosc ar ghnóthais gabháil d'iompar féinrialaitheach a d'fhéadfadh an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh²². Cé go spreagann údarais phoiblí comhaontú cothrománach comhair, ní chiallaíonn sé sin go bhfuil sé incheadaithe faoi Airteagal 101²³. Bíonn gnóthais fós faoi réir Airteagal 101 más rud é nach ndéanann an dlí náisiúnta ach spreagadh a thabhairt do na gnóthais sin nó é a dhéanamh níos éasca dóibh gabháil d'iompar frithiomaíoch uathrialach, mar shampla má spreagann údarais phoiblí gnóthais chun comhaontuithe cothrománacha comhair a dhéanamh chun cuspóir ó thaobh beartas poiblí de a bhaint amach trí bhíthin na féinrialála.

1.2.3. Measúnú faoi Airteagal 101(1)

1.2.3.1. Buntáistí an chomhair cothrománaigh

20. D'fhéadfadh sochair eacnamaíocha shuntasacha a bheith mar thoradh ar chomhaontuithe cothrománacha comhair, lena n-áirítear sochair inbhuanaitheachta, go háirithe má chomhcheanglaíonn siad gníomhaíochtaí, scileanna nó sócmhainní comhlántacha. D'fhéadfadh comhar cothrománach a bheith ina mhodh chun riosca a chomhroinnt, costais a shábháil, infheistíochtaí a mhéadú, fios gnó a chomhthiomsú, cáilíocht agus éagsúlacht na dtáirgí a fheabhsú agus nuálaíocht a sheoladh níos tapúla. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh comhar cothrománach a bheith ina mhodh chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus ar shuaitheadh i slabhraí soláthair nó chun spleáchas ar tháirgí, ar sheirbhísí agus ar theicneolaíochtaí áirithe a laghdú.

1.2.3.2. Údair inní a eascraíonn as an gcomhar cothrománach

21. D'fhéadfadh comhaontuithe cothrománacha comhair an iomaíocht ar an margadh ábhartha a theorannú ar bhealaí éagsúla áfach. D'fhéadfadh an claonpháirteachas idir na páirtithe nó foriamh frithiomaíoch eascirt as comhaontuithe den sórt sin, mar shampla.

D'fhéadfadh comhaontú cothrománach comhair neamhspleáchas cinnteoireachta na bpáirtithe a laghdú freisin agus, dá thoradh sin, méadú a chur ar an dóchúlacht go gcomhordóidh siad a n-iompraíocht chun toradh claonpháirteach a bhaint amach. D'fhéadfadh sé an comhordú a dhéanamh níos éasca, níos cobhsaí nó níos éifeachtaí do pháirtithe a bhí ag comhordú roimhe sin cheana féin, tríd an gcomhordú a dhéanamh níos láidre nó trí chur ar a gcumas dóibh praghsanna níos airde fós a ghearradh. De thoradh an chomhair chothrománaigh, mar shampla, is féidir go

iomaíochta' faoi Airteagal 101(1), féach breithiúnas an 30 Eanáir 2020, Generics (UK), C-307/18, EU:C:2020:52, mír 104.

²¹ Féach breithiúnas an 14 Deireadh Fómhair 2010, *Deutsche Telekom*, C-280/08 P, EU:C:2010:603, míreanna 80-81. Tugadh léiriú cúing ar an bhféidearthacht sin; féach, mar shampla, breithiúnas an 29 Deireadh Fómhair 1980, *Van Landewyck*, cásanna uamtha 209 go 215 agus 218/78, EU:C:1980:248, míreanna 130–134; breithiúnas an 11 Samhain 1997, *Ladbroke Racing*, C-359/95 P agus C-379/95 P, EU:C:1997:531, mír 33 agus tuilleadh.

²² Breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2003, *CIF*, C-198/01, EU:C:2003:430, mír 54 agus tuilleadh.

²³ Féach, mar shampla, breithiúnas an 13 Nollaig 2006, *FNCBV agus Eile v An Coimisiún (Mairteoil na Fraince)*, T-217/03 agus T-245/03, EU:T:2006:391, mír 92.

nochtfaí faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála, rud a mhéadódh an dóchúlacht go mbeadh comhordú ann idir na páirtithe laistigh nó lasmuigh de réimse an chomhair. Ina theannta sin, féadfaidh páirtithe comhchoitiantacht costas nach beag a bhaint amach (is é sin le rá, cion na gcostas inathraitheach atá i gcoiteann ag na páirtithe), rud a chuirfidh ar a gcumas praghsanna agus aschur an mhargaidh a chomhordú ar bhealach níos éasca. Le cailteanas iomaíochta, is féidir iarmhairtí diúltacha a bheith i gceist freisin le haghaidh cháilíocht nó éagsúlacht na dtáirgí, le haghaidh na nuálaíochta agus le haghaidh paraiméadair iomaíochta eile.

Comhaontuithe cothrománacha comhair áirithe, mar shampla, comhaontuithe táirgeachta agus um chaighdeánú, d'fhéadfadh sé go n-eascródh an foriamh frithiomaíoch astu. Leis an gcomhaontú, d'fhéadfaí bac nó srian a chur ar iomaitheoirí na bpáirtithe dul san iomaíocht go héifeachtach, trí rochtain ar ionchur tábhachtach a dhiúltú dóibh nó trí bhealach tábhachtach chuig an margadh a bhlocáil mar shampla. Le malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, d'fhéadfaí iomaitheoirí neamhchleamhnaithe a chur faoi mhíbhuntáiste iomaíoch suntasach i gcomparáid leis na gnóthais a ghlacann páirt sa mhalartú sin.

1.2.4. Srianata iomaíochta de réir cuspóra

22. Is féidir a mheas, i ngeall ar a nádúr féin, go ndéanann cineálacha áirithe comhair idir gnóthais dochar d'fheidhmiú cuí na gnáthiomaíochta²⁴. I gcásanna den sórt sin, ní gá scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí iarbhir nó féideartha an iompraíochta ar an margadh, a luaite a bheidh a cuspóir frithiomaíoch bunaithe²⁵.
23. Tá léiriú docht le tabhairt ar choincheap na srianata iomaíochta 'de réir cuspóra' agus ní féidir é a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le comhaontuithe áirithe idir gnóthais lena nochtar, iontu féin agus ag féachaint d'ábhar a bhforálacha, a gcuspóirí agus don chomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid díobh iad, méid díobhála shuntasach don iomaíocht chun gur féidir a mheas nach gá measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtaí²⁶.
24. De réir an chásdlí, is féidir srianata a chatagóiriú mar shrianata 'de réir cuspóra' ar bhonn taithí sách iontaofa agus láidir chun gur féidir a mheas go bhfuil an comhaontú atá i gceist, i ngeall ar chineál an chomhaontaithe sin, díobhálach d'fheidhmiú ceart na hiomaíochta²⁷, nó ar bhonn shaintréithe sonracha an chomhaontaithe, ar féidir a dhíobhálacht áirithe le haghaidh na hiomaíochta a thuiscint astu, i gcás inarb iomchuí de thoradh anailís mhionsonraithe ar an gcomhaontú, ar a chuspóirí agus ar a chomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil²⁸.

²⁴ Féach, mar shampla, breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v An Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, míreanna 49-50.

²⁵ Féach, mar shampla, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2009, *GlaxoSmithKline*, C-501/06 P, C-513/06 P, C-515/06 P agus C-519/06 P, EU:C:2009:610, mír 55; breithiúnas an 20 Samhain 2008, *BIDS*, C-209/07, EU:C:2008:643, mír 16; breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, mír 29 agus eile; breithiúnas an 28 Bealtaine 1998, *John Deere*, C-7/95 P, EU:C:1998:256, mír 77.

²⁶ Breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) Ltd agus Eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 67, agus an cásdlí a luaitear ann.

²⁷ Breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Gazdasági Versenyhivatal v Budapest Bank Nyrt. agus Eile*, C-228/18, EU:C:2020:265, míreanna 76 agus 79.

²⁸ Féach breithiúnas an 25 Márta 2021, *Lundbeck*, C-591/16 P, EU:C:2021:243, míreanna 130-131 agus breithiúnas an 25 Márta 2021, *Sun v An Coimisiún*, C-586/16 P, EU:C:2021:241, mír 86. An fíoras nár mheas an Coimisiún roimhe go raibh comhaontú atá comhchosúil leis an gcomhaontú atá i gceist

25. Chun srian ‘de réir cuspóra’ a shuí, ní gá nasc díreach a bheith idir an comhaontú agus praghsanna do thomhaltóirí²⁹. Tá Airteagal 101 ceaptha ní hamháin leasanna láithreacha iomaitheoirí nó tomhaltóirí aonair a chosaint ach freisin chun struchtúr an mhargaidh a chosaint agus, dá bhrí sin, an iomaíocht inti féin a chosaint³⁰.
26. Chun a mheas an bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag comhaontú³¹, cuirtear na gnéithe seo a leanas san áireamh:
- (a) ábhar an chomhaontaithe,
 - (b) na cuspóirí atá sé ag iarraidh a bhaint amach, agus
 - (c) an comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid de é.
27. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar an gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch sin, is gá an méid seo a leanas a chur san áireamh freisin³²:
- (a) cineál na n-earraí nó na seirbhísí dá ndéantar difear, agus
 - (b) fíordhálaí maidir le feidhmiú agus struchtúr an mhargaidh nó na margaí i gceist³³.
28. I gcás ina dtarraingeoidh na páirtithe éifeachtaí ionchasacha comhaontaithe anuas a d’fhéadfadh a bheith ina n-éifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta, ní mór na héifeachtaí sin a chur san áireamh go cuí mar eilimintí comhthéacs chun an comhaontú a chatagóiriú mar shrian de réir cuspóra, a mhéid agus a bhíonn siad in ann amhras a chaitheamh ar an measúnú foriomlán ar cé acu atá nó nach bhfuil an comhaontú sách díobhálach don iomaíocht³⁴. Mar sin féin, chun na críoch sin, ní hamháin gur cheart na héifeachtaí sin i bhfabhar na hiomaíochta a léiriú agus a bheith ábhartha, ach ní mór baint shonrach a bheith ag na héifeachtaí sin leis an gcomhaontú lena mbaineann agus a bheith sách suntasach freisin³⁵.
29. Ní toisc riachtanach í rún na bpáirtithe chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil cuspóir frithiomaíoch ag comhaontú, ach d’fhéadfaí é a chur san áireamh³⁶.

sriantach ‘de réir cuspóra’, ní chuireann sé sin cosc, ann féin amháin, ar an gCoimisiún déanamh amhlaidh amach anseo.

²⁹ Tá praghas ar cheann de na paraiméadair iomaíochta, chomh maith le paraiméadair amhail aschur, cáilíocht táirgí, éagsúlacht táirgí nó nuálaíocht.

³⁰ Breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, míreanna 38-39; breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe v An Coimisiún*, C-286/13 P, EU:C:2015:184, mír 125. Breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *HSBC v an Coimisiún*, C-883/19 P, EU:C:2023:11, mír 121.

³¹ Srianta a shainnítear mar chruashrianta i rialacháin bhlocdhíolúine, treoirlínte agus fógraí, measann an Coimisiún gur srianta de réir cuspóra iad go ginearálta.

³² Maidir le comhaontuithe ar chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina leith cheana féin gur sárúithe an-tromchúiseacha ar na rialacha iomaíochta iad, féadfar an anailís ar an gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch a theorannú don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun a shuíomh go bhfuil srian de réir cuspóra ann, féach breithiúnas an 20 Eanáir 2016, *Toshiba*, C-373/14 P, EU:C:2016:26, mír 29.

³³ Féach breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v An Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, mír 53; breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe v An Coimisiún*, C-286/13 P, EU:C:2015:184, mír 117 agus breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Budapest Bank agus Eile*, C-228/18, EU:C:2020:265, mír 51.

³⁴ Breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK)*, C-307/18, EU:C:2020:52, míreanna 103-107 agus breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *HSBC v An Coimisiún*, C-883/19 P, EU:C:2023:11, mír 139.

³⁵ Breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK)*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 107.

³⁶ Féach, mar shampla, breithiúnas an 14 Márta 2013, *Allianz Hungária Biztosító agus Eile*, C-32/11, EU:C:2013:160, mír 37; breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v An Coimisiún*, C-67/13 P,

1.2.5. Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht

30. Comhaontú cothrománach comhair nach léiríonn dochar leordhóthanach don iomaíocht ann féin, d'fhéadfadh sé tionchar sriantach a bheith aige ar an iomaíocht fós. Ionas go mbeidh éifeachtaí sriantacha ag comhaontú chothrománach comhair ar an iomaíocht, ní mór go mbeidh, nó gur dócha go mbeidh, drochthionchar suntasach aige ar cheann amháin ar a laghad de pharaiméadair na hiomaíochta ar an margadh, amhail praghas, aschur, cáilíocht táirgí, éagsúlacht táirgí nó nuálaíocht. Chun a shuíomh arb amhlaidh an cás, is gá an iomaíocht a mheas laistigh den chomhthéacs iarbhír ina dtarlódh sé murach an comhaontú sin a bheith ann³⁷.
31. Féadfaidh éifeachtaí sriantacha a bheith ag comhaontuithe tríd an iomaíocht idir na gnóthais is páirtithe sa chomhaontú nó idir aon cheann díobh agus tríú páirtí a laghdú go suntasach. Ciallaíonn sé sin nach mór neamhspleáchas cinnteoireachta na bpáirtithe a laghdú leis an gcomhaontú³⁸, i ngeall ar oibleagáidí atá sa chomhaontú lena rialáiltear an t-iompar margaidh ag ar a laghad ceann amháin de na páirtithe nó trí thionchar a imirt ar an iompar margaidh ag ar a laghad ceann amháin de na páirtithe, trí athrú ar a dhreasachtaí a spreagadh, mar shampla.
32. Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil éifeachtaí sriantacha ag comhaontú, is ábhartha iad na tosca seo a leanas:
- (a) cineál agus ábhar an chomhaontaithe;
 - (b) an comhthéacs iarbhír ina dtarlaíonn an comhar, go háirithe an comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ina n-oibríonn na gnóthais lena mbaineann, cineál na n-earraí nó na seirbhísí a ndéantar difear dóibh, chomh maith leis na fíordhálaí maidir le feidhmiú agus struchtúr an mhargaidh nó na margaí i gceist³⁹;
 - (c) a mhéid atá méid áirithe cumhachta margaidh ag na páirtithe ina n-aonar nó i gcomhpháirt⁴⁰ agus a mhéid a rannchuidíonn an comhaontú le cruthú,

EU:C:2014:2204, mír 54; agus breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe v An Coimisiún*, C-286/13 P, AE:C:2015:184, mír 118.

³⁷ Breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK)*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 118; breithiúnas an 12 Nollaig 2018, *Krka v An Coimisiún*, T-684/14, EU:T:2018:918, mír 315; agus breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard v An Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 166.

³⁸ Breithiúnas an 28 Bealtaine 1998, *John Deere*, C-7/95 P, EU:C:1998:256, mír 88; breithiúnas an 23 Samhain 2006, *Asnef-Equifax*, C-238/05, EU:C:2006:734, mír 51.

³⁹ Breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK)*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 116, agus an cásdlí a luaitear. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí i gcomhthéacs iarbhír an chomhair tosca amhail deiseanna leordhóthanacha a bheith ann do chustaiméirí soláthróir a athrú; an dóchúlacht go méadóidh iomaitheoirí an soláthar má thagann méadú ar phraghsanna; an bhfuil saintréithe an mhargaidh fabhrach do chomhordú; an iad na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an gcomhar is cúis le cion ard de chostais athraitheacha na bpáirtithe sa mhargadh ábhartha; etc. D'fhéadfadh sé a bheith ábhartha freisin measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhcheanglaíonn nó nach gcomhcheanglaíonn na páirtithe méid suntasach de na gníomhaíochtaí dá gcuid a chumhdaítear leis an gcomhar. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina ndéanfaidh siad táirge idirmheánach tábhachtach a mhonarú nó a cheannach go comhpháirteach, arb ionchur tábhachtach é chun táirgí iarteachtacha a tháirgeadh, nó i gcás ina ndéanfaidh siad cion ard dá n-aschur iomlán de tháirge deiridh a mhonarú nó a dháileadh go comhpháirteach.

⁴⁰ Is é cumhacht an mhargaidh an cumas praghsanna a choimeád go brabúsach os cionn leibhéil iomaíochta ar feadh tréimhse ama nó aschur a choimeád go brabúsach i dtearmaí cainníochtaí táirgí, cáilíocht na dtáirgí agus éagsúlacht nó nuálaíocht atá faoi bhun leibhéil iomaíochta ar feadh tréimhse ama. Maidir le méid na cumhachta margaidh a éilítear de ghnáth chun sárú faoi Airteagal 101(1) a shuíomh, is lú an méid sin ná an méid cumhachta margaidh a éilítear chun ceannasacht a shuíomh faoi Airteagal 102.

cothabháil nó neartú na cumhachta margaidh sin nó a cheadú do na páirtithe an chumhacht mhargaidh sin a shaothrú;

(d) féadfaidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a bheith iarbhír agus ionchasach, ach ní mór dóibh a bheith suntasach go leor i gcás ar bith⁴¹.

33. I gcásanna áirithe, déanann gnóthais comhaontuithe cothrománacha comhair toisc nach mbeidís in ann an tionscadal nó an ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an gcomhar a dhéanamh go neamhspleách ar bhonn tosca oibiachtúla, mar shampla, i ngeall ar a gcumais theicniúla theoranta. De ghnáth, ní bheidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) mar thoradh ar na comhaontuithe cothrománacha comhair sin, ach amháin i gcás ina bhféadfadh na páirtithe an tionscadal a chur i gcrích le srianta nach raibh chomh dian sin⁴².

1.2.6. *Srianta coimhdeacha*

34. I gcás ina ngabfaidh gnóthais do chomhar nach dtagann faoi réim thoirmeasc Airteagal 101(1), toisc go bhfuil éifeachtaí neodracha nó dearfacha ar an iomaíocht ag an gcomhar, ní thagann srian ar an neamhspleáchas tráchtála atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnóthais rannpháirteacha faoi réim an toirmisc sin ach oiread ar choinníoll gur gá an srian sin go hoibiachtúil chun an comhar a chur chun feidhme agus go bhfuil an srian comhréireach le cuspóirí an chomhair (ar a dtugtar ‘*srianta coimhdeacha*’)⁴³. Chun a chinneadh cé acu is srian coimhdeach é srian nó nach ea, is gá scrúdú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh an comhar indéanta a dhéanamh in éagmais an tsriain atá i gceist. An fíoras nach bhfuil ann ach go bhfuil an comhar níos deacra a chur chun feidhme, nó gur lú brabús a bheadh i gceist gan an srian lena mbaineann, ní fhágann sé sin ‘gur gá go hoibiachtúil’ é an srian agus ina shrian coimhdeach dá réir⁴⁴.

1.2.7. *Measúnú faoi Airteagal 101(3)*

35. Níl sa mheasúnú ar shrianta iomaíochta de réir cuspóra nó éifeachta faoi Airteagal 101(1) ach taobh amháin den anailís faoi Airteagal 101. Is é an taobh eile an measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann comhaontú sriantach coinníollacha Airteagal 101(3)⁴⁵. I gcás ina suífear go sriantar an iomaíocht de réir cuspóra nó éifeachta, de réir bhrí Airteagal 101(1), is féidir Airteagal 101(3) a agairt mar chosaint. Faoi Airteagal 101(3), is ar an ngnóthas nó ar na gnóthais aagraíonn tairbhe na forála sin atá an dualgas cruthúnais⁴⁶. I bhfocail eile, is ar an ngnóthas nó

⁴¹ Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *CB v An Coimisiún*, C-67/13 P, EU:C:2014:2204, mír 52.

⁴² Féach freisin mír 18 de Threoirlínte an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 81(3) den Chonradh, (IO C 101, 27.4.2004, lch. 97) (‘Airteagal 101(3) Treoirlínte’).

⁴³ Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard v An Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 89; breithiúnas an 11 Iúil 1985, *Remia agus Eile v An Coimisiún*, Cás 42/84, EU:C:1985:327, míreanna 19-20; breithiúnas an 28 Eanáir 1986, *Pronuptia* Cás 161/84, EU:C:1986:41, míreanna 15-17; breithiúnas an 15 Nollaig 1994, *Gøttrup-Klim*, C-250/92, EU:C:1994:413, mír 35 agus breithiúnas an 12 Nollaig 1995, *Oude Luttikhuis agus Eile*, C-399/93, EUEU:C:1995:434, míreanna 12-15.

⁴⁴ Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard v An Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 91.

⁴⁵ An cur chuige ginearálta agus Airteagal 101(3) á chur i bhfeidhm, cuirtear i láthair i dTreoirlínte Airteagal 101(3) é.

⁴⁶ Féach Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

ar na gnóthais atá sé a chruthú gur dócha go n-eascróidh éifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta as an gcomhaontú atá i gceist⁴⁷.

36. Tá cur i bhfeidhm riail na heisceachta in Airteagal 101(3) faoi réir ceithre choinníoll charnacha, dhá choinníoll dhearfacha agus dhá choinníoll dhiúltacha:

- (a) ní mór gnóthachain éifeachtúlachta a bheith mar thoradh ar an gcomhaontú, is é sin le rá, ní mór dó rannchuidiú le feabhas a chur ar tháirgeadh nó ar dháileadh táirgí nó rannchuidiú le dul chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn;
- (b) ní mór na srianta a bheith fíor-riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is é sin le rá, na gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach;
- (c) ní mór do thomhaltóirí cion cothrom de na tairbhí a thiocfaidh as sin a fháil, is é sin le rá, na gnóthachain éifeachtúlachta, lena n-áirítear gnóthachain éifeachtúlachta cháilíochtúla, a bhain na srianta riachtanacha amach, ní mór iad a chur ar aghaidh go leordhóthanach chuig na tomhaltóirí ar bhealach a dhéanfar na tomhaltóirí a chúiteamh ar a laghad as éifeachtaí sriantacha an chomhaontaithe. Dá bhrí sin, ní leor éifeachtúlachtaí a fhabhraíonn do na páirtithe sa chomhaontú amháin. Chun críocha na dTreoirlínite seo, is iad na ‘tomhaltóirí’ custaiméirí na bpáirtithe sa chomhaontú agus na ceannaitheoirí dá éis sin⁴⁸;
- (d) ní mór nach dtabharfaidh an comhaontú caoi do na páirtithe ar dheireadh a chur le hiomaíocht i ndáil le cuid mhór de na táirgí atá i gceist.

37. Tá RB T&F agus RB Speisialtóireachta bunaithe ar an mbonn gur féidir le meascán na scileanna nó sócmhainní comhlántacha a bheith ina fhoinsé d’éifeachtúlachtaí suntasacha i gcomhaontuithe T&F agus i gcomhaontuithe speisialtóireachta. D’fhéadfaí scileanna agus sócmhainní a chomhcheangal ar an gcaoi chéanna le cineálacha eile comhair chothrománaigh chun éifeachtúlachtaí substaintiúla a chur ar fáil. Dá bhrí sin, den chuid is mó, baineann an anailís ar na héifeachtúlachtaí a ghintear le comhaontú comhair faoi Airteagal 101(3) leis na scileanna agus na sócmhainní comhlántacha, a bhíonn ar fáil ó gach ceann de na páirtithe le haghaidh an chomhaontaithe, a shainaitheint agus trí mheastóireacht a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na héifeachtúlachtaí a eascraíonn as sin de chineál a fhágann go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 101(3).

D’fhéadfadh comhlántachtaí teacht as comhaontuithe cothrománacha comhair ar bhealaí éagsúla. D’fhéadfaí cumais taighde dhifriúla a thabhairt le chéile le comhaontú T&F agus scileanna agus sócmhainní comhlántacha a chomhcheangal a bhféadfaí táirgí agus teicneolaíochtaí feabhsaithe nó nua a fhorbairt agus a mhargú dá thoradh, nach mbeadh ann murach sin. Trí chomhaontuithe cothrománacha comhair eile, féadfar a cheadú do pháirtithe fórsaí a chur le chéile chun táirgí a dhearadh, a tháirgeadh agus a thráchtáil nó táirgí nó seirbhísí atá ag teastáil uathu dá ngníomhaíochtaí a chomhcheannach.

⁴⁷ Féach míreanna 51-58 de Threoirlínite Airteagal 101(3).

⁴⁸ Soláthraítear tuilleadh mionsonraí maidir le coincheap na dtomhaltóirí i mír 84 de Threoirlínite Airteagal 101(3).

38. Maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair nach mbaineann meascán scileanna nó sócmhainní comhlántacha leo, is lú seans go mbeidh gnóthachain éifeachtúlachta ann a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí.
- 1.2.8. *Comhaontuithe cothrománacha comhair nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) de ghnáth*
39. Maidir le comhaontuithe nach bhfuil in ann difear suntasach a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit (easpa éifeachta ar an trádáil) nó nach ndéanann an iomaíocht a shrianadh go suntasach (comhaontuithe miontábhachta), tagann siad lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1)⁴⁹. Tá treoraíocht soláthraithe ag an gCoimisiún maidir leis an easpa éifeachta ar an trádáil sna Treoirínte ón gCoimisiún maidir leis an éifeacht ar choincheap na trádála atá in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh⁵⁰ (*Treoirínte maidir leis an Éifeacht ar an Trádáil*), agus maidir le comhaontuithe miontábhachta san Fhógra ón gCoimisiún maidir le comhaontuithe miontábhachta nach ndéantar an iomaíocht a shrianadh go suntasach leo faoi Airteagal 101(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh⁵¹ (*Fógra De Minimis*). Baineann na *Treoirínte maidir leis an Éifeacht ar an Trádáil* agus an *Fógra De Minimis* araon le hábhar go háirithe chun measúnú a dhéanamh ar chomhaontuithe cothrománacha comhair idir fiontair bheaga agus mheánmhéide (*FBManna*)⁵². Ní dhéanann na Treoirínte seo difear do na Treoirínte maidir leis an Éifeacht ar an Trádáil ná don *Fógra De Minimis*, ná d'aon treoraíocht ón gCoimisiún ina leith sin amach anseo.
40. Leis na Treoirínte maidir leis an Éifeacht ar an Trádáil leagtar amach na prionsabail atá forbartha ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun an éifeacht ar choincheap na trádála a léirmhíniú agus chun a léiriú nuair nach dócha go mbeidh comhaontuithe in ann difear suntasach a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit. Áirítear leo toimhde infhrisnéise diúltach a bhfuil feidhm aige maidir le gach comhaontú de réir bhrí Airteagal 101(1) gan beann ar chineál na srianta a áirítear i gcomhaontuithe den sórt sin, rud a fhágann go bhfuil feidhm acu maidir le comhaontuithe ina bhfuil cruashrianta freisin⁵³. De réir na toimhdean sin, ní féidir, i bprionsabal, le comhaontuithe cothrománacha comhair difear suntasach a dhéanamh don trádáil idir Bhallstáit sna cásanna seo a leanas:
- (a) nach mó ná 5 % sciar comhiomlán an mhargaidh atá ag na páirtithe ar aon mhargadh iomchuí laistigh den Aontas a ndéanann an comhaontú difear dó, agus
 - (b) nach mó ná EUR 40 milliún láimhdeachas comhiomlán bliantúil an Aontais do na gnóthais lena mbaineann sna táirgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú⁵⁴. I gcás comhaontuithe a bhaineann le comhcheannach táirgí, is é a bheidh sa láimhdeachas ábhartha ná ceannacháin chomhcheangailte na bpáirtithe de na táirgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú.

⁴⁹ Féach breithiúnas an 13 Nollaig 2012, *Expedia*, C-226/11, EU:C:2012:795, míreanna 16-17 agus an cásdlí a luaitear.

⁵⁰ IO C 101, 27.4.2004, lch. 81.

⁵¹ IO C 291, 30.8.2014, lch. 1.

⁵² Mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

⁵³ Treoirínte maidir leis an Éifeacht ar an Trádáil, mír 50.

⁵⁴ Treoirínte maidir leis an Éifeacht ar an Trádáil, mír 52.

41. Mar a leagtar amach san Fhógra *De Minimis*, ní chuireann comhaontuithe cothrománacha comhair arna ndéanamh ag iomaitheoirí iarbhir nó ionchasach srian suntasach ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) mura bhfuil an sciar comhiomlán den mhargadh atá ag na páirtithe sa chomhaontú níos mó ná 10 % maidir le haon cheann de na margáí ábhartha a ndéanann an comhaontú difear dóibh⁵⁵. Tá an riail ghinearálta sin faoi réir dhá eisceacht. Ar dtús, a mhéid a bhaineann le srianta de réir cuspóra, tá feidhm ag Airteagal 101(1) gan beann ar na sciartha den mhargadh atá ag na páirtithe. Is amhlaidh sin toisc go bhféadfaidh sé gurbh ionann agus srianadh suntasach ar an iomaíocht é comhaontú lena bhféadfar difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit agus ag a bhfuil cuspóir frithiomaíoch, i ngeall ar a chineál agus go neamhspleách ar aon éifeacht choincréiteach⁵⁶. Maidir leis an dara eisceacht, laghdaítear an tairseach maidir le sciar 10 % den mhargadh go 5 % i gcás, i margadh ábhartha, ina ndéanfar an iomaíocht a shrianadh i ngeall ar an éifeacht charnach atá ag líonraí comhthreomhara comhaontuithe⁵⁷.
42. Thairis sin, níl aon toimhde ann go dtagann comhaontuithe cothrománacha comhair, atá tugtha i gcrích ag gnóthais, faoi raon feidhme Airteagal 101(1) go huathoibríoch, más rud é go bhfuil sciar comhiomlán den mhargadh is mó ná 10 % ag na gnóthais sin. Féadfaidh easpa éifeachta suntasaí ar an trádáil idir na Ballstáit a bheith i gceist le comhaontuithe den sórt sin fós, nó féadfaidh sé nach ionann iad agus srianadh suntasach ar an iomaíocht⁵⁸. Is gá measúnú a dhéanamh orthu dá bhrí sin ina gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch. Áirítear critéir le haghaidh measúnú aonair ar chomhaontuithe den sórt sin leis na Treoirí seo.

1.3. Gaolmhaireacht le treoraíocht, reachtaíocht agus cásdlí eile

43. Comhaontuithe a dhéantar idir gnóthais atá ag oibriú ar leibhéil dhifriúla den slabhra táirgthe nó dáilte, is é sin le rá, comhaontuithe ingearacha, cumhdaítear iad go ginearálta le Rialachán (AE) Uimh. 2022/720 ón gCoimisiún⁵⁹ ('*VBER*') agus leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún – Fógra ón gCoimisiún – Treoirí maidir le Srianta Ingearacha⁶⁰ ('*Treoirí Ingearacha*'). Mar sin féin, i gcás ina ndéanfar comhaontuithe ingearacha idir iomaitheoirí, d'fhéadfaí údair inni i ndáil le hiomaíocht eascairt astu siúd atá comhchosúil leo siúd a eascraíonn as comhaontuithe cothrománacha. Ar an gcúis sin, ní féidir le comhaontuithe ingearacha idir iomaitheoirí, i gcoitinne, tairbhíú de *VBER*⁶¹ agus ba cheart measúnú a dhéanamh orthu ar dtús agus na Treoirí seo á n-úsáid. I gcás inarb é an chonclúid de thoradh

⁵⁵ Fógra *De Minimis*, mír 8.

⁵⁶ Breithiúnas an 13 Nollaig 2012, *Expedia*, C-226/11, EU:C:2012:795, mír 37.

⁵⁷ Fógra *De Minimis*, mír 10.

⁵⁸ Féach breithiúnas an 8 Meitheamh 1995, *Langnese-Iglo v An Coimisiún*, T-7/93, EU:T:1995:98, mír 98.

⁵⁹ Rialachán (AE) Uimh. 2022/720 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2022 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe (IO L 134, 11.5.2022, lch. 4).

⁶⁰ IO C 248, 30.6.2022, lgh. 1-85.

⁶¹ Mar eisceacht ar an riail sin, is féidir le comhaontuithe ingearacha idir iomaitheoirí tairbhíú de *VBER* i gcás inar comhaontú neamh-chómhalartach é an comhaontú agus (i) ina mbeidh an soláthróir gníomhach ar leibhéal réamhtheachtach mar mhonaróir, allmhaireoir, nó mórdhíoltóir agus ar leibhéal iartheachtach mar allmhaireoir, mórdhíoltóir, nó miondhíoltóir earraí, agus inar allmhaireoir, mórdhíoltóir nó miondhíoltóir ar an leibhéal iartheachtach é an ceannaitheoir agus nach gnóthas iomaíoch é ar an leibhéal réamhtheachtach mar a gceannaíonn sé earraí an chonartha, nó (ii) inar soláthraí seirbhísí é an soláthróir ar roinnt leibhéal trádála, agus go soláthraíonn an ceannaitheoir a sheirbhísí ar an leibhéal miondíola agus nach gnóthas iomaíoch é ar an leibhéal trádála mar a gceannaíonn sé seirbhísí an chonartha (féach *VBER*, Airteagal 2(4)).

an mheasúnaithe sin nach n-eascraíonn aon údar inní cothrománach as an gcomhaontú, ba cheart measúnú a dhéanamh ar aon srian ingearach sa chomhaontú, ina theannta sin, agus na Treoirlínte Ingearacha á n-úsáid.

44. I gcás ina ndéanfar tagairt sna Treoirlínte seo don mhargadh ábhartha, soláthraítear treoraíocht maidir leis na rialacha, critéir agus fianaise a úsáideann an Coimisiún chun margaí ábhartha a shainmhíniú leis an bhFógra ón gCoimisiún maidir le margadh ábhartha a shainmhíniú chun críche dhlí iomaíochta an Aontais⁶² (*‘Fógra maidir leis an Sainiú Margaidh’*). Maidir leis an bhFógra sin agus aon treoraíocht amach anseo ón gCoimisiún a bhaineann le sainmhíniú margaí ábhartha chun críche dhlí iomaíochta an Aontais, ba cheart iad a chur san áireamh dá bhrí sin chun measúnú a dhéanamh ar chomhaontuithe cothrománacha comhairle faoi Airteagal 101.
45. Cé go bhfuil tagairtí sna Treoirlínte seo do chairtéil, ní bheartaítear iad chun treoraíocht a thabhairt maidir le céard atá ina chairtéal nó nach bhfuil mar a shainmhíniú le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus le cleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin.
46. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir leis na cineálacha comhaontuithe cothrománacha comhair is coitianta, beag beann ar an leibhéal comhtháthaithe atá i gceist leo, cé is moite d’oibríochtaí ar comhchruinniú iad de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle⁶³ (*‘An Rialachán um Chumaisc’*). Tá feidhm ag an Rialachán um Chumaisc, mar shampla, maidir le comhfhiontair a chruthú ar comhfhiontar iad a fheidhmíonn, ar bhonn marthanach, na feidhmeanna uile atá ag eintiteas eacnamaíoch uathrialach (*‘comhfhiontair lánfheidhme’*)⁶⁴.
47. Ní bheidh feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le comhaontuithe, cinní comhlachas ná cleachtais chomhbheartaithe táirgeoirí táirgí talmhaíochta a bhaineann le táirgeadh nó trádáil táirgí talmhaíochta agus a bhfuil sé d’aidhm acu caighdeán inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm atá níos airde ná mar a shainordaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta agus atá eisiata ó chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) de bhun Airteagal 210a de Rialachán (AE) Uimh 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁵. Tá na Treoirlínte seo gan dochar do na Treoirlínte a

⁶² Féach an Fógra ón gCoimisiún maidir leis an sainmhíniú ar mhargadh ábhartha chun críocha dhlí iomaíochta an Chomhphobail, IO C 372, 9.12.1997, lch. 5.

⁶³ Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

⁶⁴ Féach Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc. Agus measúnú á dhéanamh aige an bhfuil comhfhiontar lánfheidhme ann, scrúdaíonn an Coimisiún an bhfuil an comhfhiontar féinrialaitheach ó thaobh oibríochta de. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil neamhspleáchas aige óna máthairchuideachtaí maidir lena chinntí straitéiseacha a ghlacadh (féach an Fógra Comhdhlúite ón gCoimisiún maidir le Dlíne faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú (IO C 95, 16.4.2008, lch. 1), míreanna 91–109 (*‘Fógra Comhdhlúite maidir le Dlíne’*)). Ní mór a mheabhrú freisin, más rud é go bhfuil sé mar chuspóir nó mar éifeacht ag bunú comhfhiontar atá ina chomhchruinniú faoi Airteagal 3 den Rialachán Cumaisc iompar iomaíoch na ngnóthas a fhanann neamhspleách a chomhordú, ansin go ndéanfar measúnú ar an gcomhordú sin faoi Airteagal 101 den Chonradh (féach Airteagal 2(4) den Rialachán maidir le Cumaisc).

⁶⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671). Féach maidir le comheagrú na margaí san iascach Airteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus do bharshaothraithe, lena

d'fhéadfadh an Coimisiún a eisiúint de bhun Airteagal 210a(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Mar sin féin, comhaontuithe, cinntí comhlachas agus cleachtais chomhbheartaithe ag táirgeoirí táirgí talmhaíochta a bhaineann le táirgeadh nó trádáil táirgí talmhaíochta agus nach gcomhlíonann coinníollacha Airteagal 210a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, tá siad faoi réir Airteagal 101(1).

48. Tá an measúnú faoi Airteagal 101 a bhfuil tuairisc air sna Treoirí seo gan dochar do chur i bhfeidhm comhthreomhar féideartha Airteagal 102 den Chonradh maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair⁶⁶.
49. Tá na Treoirí seo gan dochar don léiriú a fhéadfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a thabhairt do chur i bhfeidhm Airteagal 101 ar chomhaontuithe cothrománacha comhair.
50. Níl feidhm ag na Treoirí seo a mhéid atá feidhm ag rialacha earnáil-sonracha, mar is amhlaidh le haghaidh comhaontuithe áirithe i réimse na talmhaíochta⁶⁷ nó an iompair⁶⁸. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an RB T&F agus an RB Speisialtóireachta agus na Treoirí seo bunaithe ar fhaisnéis mhargaidh ó pháirtithe leasmhara agus ó údarais iomaíochta náisiúnta agus féadfaidh sé na Treoirí seo a athbhreithniú i bhfianaise forbairtí amach anseo agus i bhfianaise an léargais a thagann chun cinn.

2. COMHAONTUITHE TAIGHDE AGUS FORBARTHA

2.1. Réamhrá

51. Soláthraítear treoraíocht leis an gCaibidil seo maidir le measúnú iomaíoch a dhéanamh ar chomhaontuithe taighde agus forbartha ('T&F') a bhaineann le táirgí, teicneolaíochtaí nó próisis⁶⁹.
52. Bíonn comhaontuithe T&F éagsúil ó thaobh foirme agus raon feidhme de. Áirítear leo comhaontuithe faoina maoiníonn páirtí amháin T&F a dhéanann páirtí eile ('T&F as ar íocadh'); comhaontuithe lena gcumhdaítear feabhsú comhphárteach táirgí agus teicneolaíochtaí atá ann cheana, agus comhaontuithe maidir le forbairt táirgí agus teicneolaíochtaí a chruthódh éileamh iomlán nua. D'fhéadfadh an comhar T&F a bheith i bhfoirm comhaontú comhair nó comhfhiontair, mar atá, cuideachta chomhrialaithe⁷⁰. D'fhéadfadh gnóthais dul i gcomhar i bhfoirmeacha níos scaoilte freisin, amháil comhar teicniúil i meithleacha oibre.

leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

⁶⁶ Féach breithiúnas an 10 Iúil 1990, *Tetra Pak I*, T-51/89, EU:T:1990:41, mír 25 agus tuilleadh.

⁶⁷ Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle an 24 Iúil 2006 lena ndéantar rialacha áirithe iomaíochta a chur i bhfeidhm maidir le táirgí áirithe talmhaíochta a tháirgeadh agus maidir leis na táirgí sin a thrádáil (IO L 214, 4.8.2006, lch. 7).

⁶⁸ Rialachán (CE) Uimh. 169/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 ag cur rialacha iomaíochta chun feidhme ar iompar d'iarnród, de bhóthar nó d'uiscebhealach intíre (IO L 61, 5.3.2009, lch. 1); agus Rialachán (CE) Uimh. 906/2009 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2009 maidir le hAirteagal 81(3) den Chonradh a chur i bhfeidhm ar aicmí áirithe comhaontuithe, cinntí agus cleachtas comhbheartaithe idir comhlachtaí línéir (cuibhreannais) (IO L 256, 29.9.2009, lch. 31).

⁶⁹ Sa Chaibidil seo, áirítear teicneolaíochtaí agus próisis ar thagairtí do 'teicneolaíochtaí'.

⁷⁰ Tá feidhm ag na Treoirí seo maidir leis na cineálacha comhaontuithe cothrománacha comhair is coitianta, gan beann ar an leibhéal comhtháthaithe atá i gceist leo, cé is moite d'oibríochtaí ar

53. Féadfaidh gnóthais mhóra, FBManna⁷¹, gnólachtaí nuathionscanta, comhlachtaí acadúla nó institiúidí taighde, nó aon mheascán díobh sin comhaontuithe T&F a dhéanamh.
54. Is minic a bhíonn éifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta ag comhaontuithe T&F, go háirithe i gcás ina dtabharfar gnóthais ag a bhfuil scileanna agus sócmhainní comhlántacha le chéile agus ina bhfágtar go mbíonn siad in ann táirgí agus teicneolaíochtaí feabhsaithe agus nua a fhorbairt agus a mhargú níos tapúla ná mar a bheadh amhlaidh murach sin. Mar sin féin, is féidir le comhaontuithe T&F an iomaíocht a shrianadh ar bhealaí éagsúla. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfaidís an nuálaíocht a laghdú nó a mhoilliú, rud a fhágann gur lú an líon táirgí a thagann chun an mhargaidh nó gur measa a gcáilíocht, nó go dtagann táirgí nua chun an mhargaidh tráth níos déanaí ná mar a bheadh amhlaidh murach sin. D'fhéadfadh sé sin tarlú fiú i gcás ina mbainfidh an comhar le forbairt táirgí nó teicneolaíochtaí lena gcruthófaí éileamh a bheadh go hiomlán nua nó ina mbainfidh an comhar le luatharrachtaí nuálaíochta nach bhfuil dlúthbhaint le táirge ná teicneolaíocht shonrach acu, ach a dhíreofar i dtreo feidhm nó úsáid áirithe. Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh comhaontuithe T&F a fhágáil go laghdófaí an iomaíocht idir na páirtithe atá lasmuigh de raon feidhme an chomhaontaithe comhair agus/nó, i gcásanna ina mbeidh cumhacht mhargaidh ag ceann amháin nó níos mó de na páirtithe, go ndéanfaí foriamh frithiomaíoch ar thríú páirtithe.
55. Tá an Chaibidil seo struchtúrtha mar a leanas:
- (a) Soláthraítear treoraíocht le Roinn 2.2 maidir le RB T&F a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na coinníollacha chun comhaontuithe T&F a dhíolmhú, na tairseacha, agus na cruashrianta agus na srianta eisiata;
 - (b) Soláthraítear treoraíocht le Roinn 2.3 maidir le measúnú aonair a dhéanamh ar chomhaontuithe T&F faoi Airteagal 101(1);
 - (c) Soláthraítear treoraíocht le Roinn 2.4 maidir le measúnú aonair a dhéanamh ar chomhaontuithe T&F faoi Airteagal 101(3);
 - (d) Soláthraítear treoraíocht le Roinn 2.5 maidir leis an tréimhse ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhaontuithe T&F;
 - (e) Soláthraítear samplaí le Roinn 2.6 de chomhaontuithe hipitéiseacha T&F, in éineacht le treoraíocht maidir le measúnú iomaíoch a dhéanamh orthu.

2.2. An Rialachán Blocdhíolúine maidir le Taighde agus Forbairt ('RB T&F')

56. Le RB T&F⁷² díolmhaítear comhaontuithe T&F áirithe ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1). Tá an díolúine a sholáthraítear le RB T&F bunaithe ar an toimhde — a mhéid go bhfuil comhaontú T&F faoi raon feidhme Airteagal 101(1) agus go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach in RB T&F — comhlíonfaidh sé ceithre choinníoll charnacha Airteagal 101(3) go ginearálta. Ar mhaithe leis an

comhchruinniú iad de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, amhail comhfhiontar lánfheidhme a chruthú. Féach freisin mír 46.

⁷¹ Mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

⁷² Rialachán (AE) Uimh. 2023/1066 ón gCoimisiún an 01 Meitheamh 2023 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha (IO L 143, 2.6.2023, lch. 9–19).

tseiftiúlacht, gnóthais a bheartaíonn comhaontú T&F a dhéanamh, d'fhéadfadh sé gur mhian leo a mheas, ar an gcéad dul síos, cé acu is féidir lena gcomhaontú tairbhiú de RB T&F nó nach féidir.

57. Comhaontuithe T&F a chomhlíonann coinníollacha RB T&F, tá siad comhoiriúnach le hAirteagal 101 agus ní gá aon mheasúnú breise a dhéanamh⁷³. I gcás nach gcomhlíonfaidh comhaontú T&F coinníollacha RB T&F, is gá measúnú aonair a dhéanamh faoi Airteagal 101 chun a chinneadh, ar an gcéad dul síos, cé acu a shriantar nó nach sriantar an iomaíocht leis an gcomhaontú de réir bhrí Airteagal 101(1)⁷⁴ agus, más amhlaidh go sriantar, cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an comhaontú na ceithre choinníoll charnacha a leagtar amach in Airteagal 101(3).

2.2.1. *An sainmhíniú ar thaighde agus forbairt in RB T&F*

58. Le RB T&F sainmhínítear taighde agus forbairt mar ghníomhaíochtaí lena ndíreofar ar shaineolas a fháil a bhaineann le táirgí nó teicneolaíochtaí, anailís theoiriciúil, staidéar córasach nó turgnamhaíocht a dhéanamh, lena n-áirítear táirgeadh turgnamhach agus taispeántóra, tástáil theicniúil ar tháirgí nó próisis, bunú na saoráidí is gá suas go dtí scála taispeántóra agus cearta maoinne intleachtúla a fháil le haghaidh na dtorthaí⁷⁵.

2.2.2. *An sainmhíniú ar chomhaontuithe T&F in RB T&F*

59. Le RB T&F cumhdaítear comhaontuithe T&F a rinneadh idir dhá pháirtí nó níos mó agus a bhaineann leis na coinníollacha faoina ngabhann na páirtithe sin do cheann amháin den mhéid seo a leanas⁷⁶:

- (a) T&F comhpháirteach le haghaidh táirgí conartha nó teicneolaíochtaí conartha, a d'fhéadfadh saothrú comhpháirteach thorthaí an taighde agus na forbartha sin a chuimsiú nó gan iad a chuimsiú; nó
- (b) T&F as ar íocadh le haghaidh táirgí conartha nó teicneolaíochtaí conartha, a d'fhéadfadh saothrú comhpháirteach thorthaí an taighde agus na forbartha sin a chuimsiú nó gan iad a chuimsiú; nó
- (c) comhshaothrú thorthaí T&F na dtáirgí conartha nó na dteicneolaíochtaí conartha a dhéantar de bhun comhaontú roimh ré lena saothraítear T&F comhpháirteach (mar a shainmhínítear i bpointe (a) thuas) idir na páirtithe céanna; nó
- (d) comhshaothrú thorthaí T&F na dtáirgí conartha nó na dteicneolaíochtaí conartha a dhéantar de bhun comhaontaithe roimh ré lena saothraítear T&F as ar íocadh (mar a shainmhínítear i bpointe (b) thuas) idir na páirtithe céanna.

60. Chun críocha RB T&F, beidh na bríonna seo a leanas le 'táirgí conartha' agus 'teicneolaíochtaí conartha':

- (a) ciallaíonn 'táirge conartha'⁷⁷ táirge a eascraíonn as an taighde agus forbairt chomhpháirteach nó as an taighde agus forbairt as ar íocadh, nó táirge a

⁷³ Mura dtarraingíonn agus go dtí go dtarraingíonn an Coimisiún nó údarás iomaíochta náisiúnta tairbhe na bloodhíolúine siar i gcás aonair (féach Roinn 2.2.6).

⁷⁴ Maidir leis an measúnú ar chomhaontuithe T&D faoi Airteagal 101(1), féach Roinn 2.3.

⁷⁵ Féach Airteagal 1(1), pointe (3) de RB T&F.

⁷⁶ Féach Airteagal 1(1), pointe (1) de RB T&F.

⁷⁷ Féach Airteagal 1(1), pointe (6) de RB T&F.

tháirgtear trí na teicneolaíochtaí conartha a chur i bhfeidhm. ciallaíonn ‘táirge’ earra nó seirbhís, lena n-áirítear idir earraí agus sheirbhísí idirmheánacha mar aon le hearraí agus seirbhísí deiridh⁷⁸;

(b) ciallaíonn ‘teicneolaíocht conartha’⁷⁹ teicneolaíocht nó próiseas a eascraíonn as an T&F i gcomhar nó an T&F as ar íocadh.

61. Ní chumhdaítear cineálacha comhaontuithe comhair T&F eile le RB T&F. Ceanglaítear measúnú aonair a dhéanamh ar na comhaontuithe sin i gcónaí faoi Airteagal 101 (féach Ranna 2.3 agus 2.4).

2.2.2.1. Idirdealú idir ‘T&F chomhpháirteach’ agus ‘T&F as ar íocadh’ agus an coincheap de ‘speisialtóireacht i gcomhthéacs T&F’

62. Sainmhínítear ‘*T&F Comhpháirteach*’ mar T&F a dhéantar ar cheann de na bealaí seo a leanas⁸⁰:

(a) cuireann comhfhoireann, comheagraíocht nó comhghnóthas gníomhaíochtaí T&F i gcrích;

(b) go comhpháirteach, cuireann na páirtithe gníomhaíochtaí T&F de chúram ar thrú páirtí⁸¹; nó

(c) leithdháileann na páirtithe na gníomhaíochtaí eatarthu trí ‘*speisialú i gcomhthéacs T&F*’. Ciallaíonn sé sin go bhfuil gach páirtí páirteach i ngníomhaíochtaí T&F agus roinneann siad an obair T&F eatarthu ar aon bhealach a mheasann siad is iomchuí. Ní áirítear leis seo T&F as ar íocadh⁸².

63. Ciallaíonn ‘*T&F as ar íocadh*’ T&F a dhéanann páirtí amháin ar a laghad fad a dhéanann páirtí amháin eile ar a laghad an T&F a mhaoiniú ach ní dhéanann an páirtí sin aon cheann de na gníomhaíochtaí T&F é féin.

64. Tá an t-idirdhealú idir T&F chomhpháirteach agus T&F as ar íocadh ábhartha chun an tairseach maidir leis an sciar den mhargadh, atá in RB T&F, a chur i bhfeidhm. Maidir le T&F as ar íocadh chun sciartha den mhargadh a ríomh, ní mór do na páirtithe aon chomhaontú T&F arna dhéanamh ag an bpáirtí maoinithe le trí páirtithe a chur san áireamh freisin, ar comhaontuithe iad a bhaineann leis na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha céanna (féach Roinn 2.2.3.4).

2.2.2.2. ‘Saothrú chomhpháirteach’ na dtorthaí T&F agus ‘speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe chomhpháirtigh’

65. Cumhdaítear le RB T&F comhaontuithe ar a n-áirítear saothrú chomhpháirteach na dtorthaí T&F. Mar sin féin, bíonn blocdhíolúine na gcomhaontuithe sin faoi réir coinníollacha sonracha (féach Roinn 2.2.3.3).

66. Coincheap leathan is ea ‘*saothrú na dtorthaí*’, lena gcuimsítear táirgeadh nó dáileadh na dtáirgí conartha nó cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí conartha nó sannadh nó

⁷⁸ Féach Airteagal 1(1), pointe (4) de RB T&F.

⁷⁹ Féach Airteagal 1(1), pointe (5) de RB T&F.

⁸⁰ Féach Airteagal 1(1), pointe (10) de RB T&F.

⁸¹ Is féidir é sin a idirdhealú ó T&F as ar íocadh, faoina ndéanann ceann amháin nó níos mó de na páirtithe sa chomhaontú T&F an taighde agus an fhorbairt.

⁸² Féach Airteagal 1(1), pointe (11) de RB T&F.

ceadúnú ceart maoinne intleachtúla nó fios gnó a chur in iúl a theastaíonn le haghaidh táirgeadh, dáileadh nó cur i bhfeidhm den sórt sin⁸³.

67. Ní chumhdaítear le RB T&F *saothrú comhpháirteach na dtorthaí T&F* ach amháin i gcás ina mbeidh na torthaí:
- (a) fíor-riachtanach do tháirgeadh na dtáirgí conartha nó do chur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí conartha; agus
 - (b) tá siad cosanta ag cearta maoinne intleachtúla nó is fios gnó iad⁸⁴.
68. Féadfar foráil a dhéanamh maidir le saothrú comhpháirteach na dtorthaí T&F comhpháirtí nó T&F as ar íocadh sa chomhaontú *bunaidh T&F* nó féadfaidh an saothrú comhpháirteach sin tarlú i gcomhthéacs comhaontú *dá éis sin* lena gcumhdaítear saothrú comhpháirteach na dtorthaí a d'eascair as comhaontú T&F roimhe a rinneadh idir na páirtithe céanna⁸⁵. Sa chás deiridh sin, ní mór don chomhaontú T&F roimhe coinníollacha RB T&F a chomhlíonadh chun go gcumhdófar leis an mblocdhíolúine an comhaontú saothraithe chomhpháirtigh dá éis sin.
69. Forálann an RB T&F do thrí bhealach éagsúla inar féidir torthaí an taighde agus na forbartha a shaothrú i gcomhpháirt⁸⁶:
- (a) Maidir leis an saothrú, is féidir leis *na páirtithe é a dhéanamh le chéile* i gcomhfhoireann, i gcomheagraíocht nó i gcomhghnóthas;
 - (b) Féadfaidh na páirtithe obair saothraithe a chur ar iontaoibh tríú páirtí go comhpháirteach⁸⁷;
 - (c) Féadfaidh na páirtithe an obair a leithdháileadh eatarthu trí bhíthin *speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe*, rud a chiallaíonn⁸⁸:
 - (i) go leithdháileann na páirtithe cúraimí aonair eatarthu, amhail táirgeadh nó dáileadh. Áirítear leis sin cás ina dtáirgeann agus ina ndáileann páirtí amháin, agus an páirtí sin amháin, na táirgí conartha nó ina gcuireann sé na teicneolaíochtaí conartha i bhfeidhm ar bhonn ceadúnas eisiach a dheonaíonn na páirtithe eile; nó
 - (ii) cuireann na páirtithe srianta ar a chéile maidir le saothrú na dtorthaí amhail srianta i ndáil le críocha, custaiméirí nó réimsí úsáide áirithe.
70. I gcás ina gcomhaontóidh na páirtithe speisialtóireacht a dhéanamh i gcomhthéacs an tsaothraithe, féadfaidh siad srianta comhfhreagracha a chomhaontú maidir lena rochtain ar na torthaí chun críocha an tsaothraithe sin. Mar shampla, féadfaidh siad comhaontú chun srian a chur le cearta páirtithe áirithe chun torthaí an taighde agus na forbartha a shaothrú i gcríocha nó réimsí úsáide áirithe, nó vis-à-vis custaiméirí áirithe.

⁸³ Féach Airteagal 1(1), pointe (7) de RB T&F.

⁸⁴ Féach Airteagal 5(1) de RB T&F. Tugtar tuairisc ar choinníollacha breise atá nasctha le saothrú comhpháirteach na dtorthaí T&F i Roinn 2.2.3.3.

⁸⁵ Mar a chumhdaítear le hAirteagal 1(1), pointí (1) (c) agus (d) de RB T&F.

⁸⁶ Féach Airteagal 1(1), pointe (10) de RB T&F.

⁸⁷ Ceanglaítear measúnú ar leithligh faoi Airteagal 101 a dhéanamh ar an gcomhaontú leis an tríú páirtí.

⁸⁸ Féach Airteagal 1(1), pointe (12) de RB T&F.

2.2.2.3. Cearta maoinne intleachtúla a shannadh agus a cheadúnú

71. Tá feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear le RB T&F maidir le comhaontuithe T&F freisin ar a n-áirítear forálacha maidir le cearta maoinne intleachtúla a shannadh nó a cheadúnú do cheann amháin nó níos mó de na páirtithe nó d'eintiteas arna bhunú ag na páirtithe chun an T&F chomhpháirteach nó an T&F as ar íocadh a dhéanamh, nó chun saothrú comhpháirteach a dhéanamh ar thorthaí an taighde agus na forbartha, ar choinníoll nach príomhchuspóir an chomhaontaithe T&F iad na forálacha sin ach go bhfuil baint dhíreach acu leis an gcomhaontú T&F agus gur gá iad chun an comhaontú sin a chur chun feidhme⁸⁹. Sna cásanna sin, cumhdófar na forálacha maidir le sannadh agus ceadúnú le RB T&F agus ní chumhdófar leis an Rialachán Blocdhíolúine maidir le hAistriú Teicneolaíochta iad⁹⁰.
72. Mar sin féin, i gcomhthéacs comhaontuithe T&F, féadfaidh na páirtithe na coinníollacha maidir le ceadúnú thorthaí an taighde agus na forbartha do thrú páirtithe a chomhaontú freisin. Ní chumhdaítear comhaontuithe ceadúnais den sórt sin le RB T&F ach d'fhéadfaí iad a chumhdach leis an Rialachán Blocdhíolúine maidir le hAistriú Teicneolaíochta má chomhlíontar coinníollacha an Rialacháin sin⁹¹.

2.2.3. Coinníollacha maidir le díolúine faoin RB T&F

73. Leagtar roinnt coinníollacha amach le RB T&F nach mór a chomhlíonadh chun go dtairbheoidh comhaontú T&F den bhlocdhíolúine.

2.2.3.1. Rochtain ar na torthaí deiridh

74. Is é an chéad choinníoll chun go dtairbheoidh comhaontú T&F den díolúine dá ndéantar foráil le RB T&F nach mór rochtain iomlán a bheith ag na páirtithe uile ar thorthaí críochnaitheacha an taighde agus na forbartha comhpháirtí nó an taighde agus na forbartha as ar íocadh, le haghaidh dhá chuspóir⁹²:
- (a) tuilleadh taighde agus forbartha a dhéanamh; agus
 - (b) torthaí an taighde agus na forbartha a shaothrú.
75. Baineann an choinníoll sin le torthaí an taighde agus na forbartha ar torthaí críochnaitheacha iad agus le haon cheart maoinne intleachtúla agus saineolas a eascraíonn astu⁹³.
76. Ní mór an rochtain a dheonú a luaithe a bheidh torthaí críochnaitheacha an taighde agus na forbartha ar fáil⁹⁴. Ní gá an ceanglas sin a bheith nasctha le deireadh an tionscadail taighde agus forbartha.

⁸⁹ Féach Airteagal 2(3) de RB T&F.

⁹⁰ Rialachán (AE) Uimh. 316/2014 ón gCoimisiún an 21 Márta 2014 maidir le hAirteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le haicmí comhaontuithe maidir leis an aistriú teicneolaíochta (IO L 93, 28.3.2014, lch. 17). Féach freisin na Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le comhaontuithe aistrithe teicneolaíochta (IO C 89, 28.3.2014, lch. 3) pointí 73 agus 74 ('Treoirlínte maidir le hAistriú Teicneolaíochta').

⁹¹ Féach na Treoirlínte maidir le hAistriú Teicneolaíochta, pointe 74.

⁹² Féach Airteagal 3(2) de RB T&F.

⁹³ Féach Airteagal 3(3), pointe (a) de RB T&F.

⁹⁴ Féach Airteagal 3(3), pointe (b) de RB T&F.

77. Ní féidir an ceart rochtana ar thorthaí an taighde agus na forbartha a shrianadh *ar mhaithe le tuilleadh taighde agus forbartha* a dhéanamh. Mar sin féin, déantar foráil le RB T&F go bhféadfaidh na páirtithe srian a chur lena *gceart chun saothrú a dhéanamh ar thorthaí* an taighde agus na forbartha comhpháirtí nó an taighde agus na forbartha as ar íocadh, in dhá chás:
- (a) Ar an gcéad dul síos, i gcás ina dtabharfar an comhaontú T&F i gcrích le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí gnóthais seo a leanas agus ina gcomhaontóidh na gnóthais sin nach n-úsáidfear torthaí an taighde agus na forbartha ach amháin chun tuilleadh taighde a dhéanamh (seachas chun iad a shaothrú). Is iad seo a leanas na catagóirí gnóthais sin:
 - (i) institiúidí taighde;
 - (ii) comhlachtaí acadúla;
 - (iii) gnóthais a sholáthraíonn T&F mar sheirbhís tráchtála gan bheith gníomhach i saothrú na dtorthaí de ghnáth⁹⁵.
 - (b) Ar an dara dul síos, féadfaidh na páirtithe comhaontú chun *srian a chur lena gceart chun saothrú a dhéanamh ar thorthaí an taighde agus na forbartha* i gcomhréir le RB T&F, go háirithe i gcás ina gcomhaontóidh na páirtithe speisialtóireacht a dhéanamh i gcomhthéacs an tsaothraithe. Mar shampla, i gcás ina ndéanfar foráil leis an gcomhaontú T&F maidir leis an speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe, féadfaidh na páirtithe srianta a fhorchur ar a chéile maidir le saothrú na dtorthaí i gcríocha nó réimsí úsáide áirithe nó vis-à-vis custaiméirí áirithe).
78. Ar deireadh, ós rud é go bhféadfaidh na páirtithe i gcomhaontú T&F rannchuidithe neamhchothroma a dhéanamh lena gcomhar T&F, mar shampla, i ngeall ar chumais, acmhainní nó leasanna tráchtála difriúla a bheith acu, féadfar foráil a dhéanamh leis an gcomhaontú T&F go gcúiteoidh páirtí amháin an páirtí nó na bpáirtithe eile as rochtain a dheonú ar na torthaí chun tuilleadh T&F a dhéanamh nó chun críche an tsaothraithe. Mar sin féin, sa chás sin, níor cheart leibhéal an chúitimh a bheith chomh hard sin go gcuirfí bac ar rochtain den sórt sin go héifeachtach⁹⁶.
- 2.2.3.2. Rochtain ar fhios gnó a bhí ann cheana
79. Tá feidhm ag an dara coinníoll maidir le comhaontuithe T&F nach n-áirítear orthu saothrú comhpháirteach na dtorthaí T&F.
80. Chun go dtairbheoidh na comhaontuithe T&F sin den bhlocdhíolúine, ní mór a shonrú sa chomhaontú go ndeonófar do gach páirtí rochtain ar aon saineolas a bhí ag na páirtithe eile cheana féin agus atá fíor-riachtanach chun go saothróidh an páirtí torthaí an taighde nó na forbartha comhpháirtí nó an taighde nó na forbartha as ar íocadh⁹⁷. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gceanglaítear leis an gcoinníoll sin ar na páirtithe rochtain a dheonú ar an saineolas uile dá gcuid a bhí ann cheana féin, ach ar an saineolas atá fíor-riachtanach chun torthaí an taighde nó na forbartha comhpháirtí nó an taighde nó na forbartha as ar íocadh a shaothrú agus ar an saineolas sin amháin.

⁹⁵ D'fhéadfadh FB Manna a bheith i gceist leo sin, mar shampla, arbh é a bpríomhghníomhaíocht tráchtála seirbhísí T&F le haghaidh tríú páirtithe a sholáthar.

⁹⁶ Féach Airteagal 3(4) de RB T&F.

⁹⁷ Féach Airteagal 4(2) de RB T&F.

81. Féadfar foráil a dhéanamh le comhaontuithe T&F go gcúiteoidh na páirtithe a chéile as rochtain a thabhairt ar an saineolas a bhí acu cheana féin (mar sholáthar, i bhfoirm táillí ceadúnais). Mar sin féin, níor cheart an cúiteamh a bheith chomh hard sin go gcuirfí bac ar rochtain den sórt sin go héifeachtach⁹⁸.
82. Tá feidhm ag an dara coinníoll sin i dteannta na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de RB T&F a bhaineann le rochtain ar thorthaí críochnaitheacha an taighde agus na forbartha (féach Roinn 2.2.3.1). Ciallaíonn sé sin, ag brath ar fhórais an cháis, go bhféadfaí a éileamh go gcuirfear forálacha san áireamh le comhaontú áirithe T&D maidir le rochtain ar shaineolas a bhí ann cheana féin agus a mhéid a bhaineann le torthaí críochnaitheacha an taighde agus na forbartha chun tairbhiú den díolúine.
- 2.2.3.3. Coinníollacha a bhaineann leis an saothrú comhpháirteach
83. Áirítear dhá choinníoll bhreise le RB T&F le haghaidh comhaontuithe T&F lena ndéantar foráil maidir le saothrú comhpháirteach na dtorthaí T&F.
84. Ar an gcéad dul síos, mar a leagtar amach in Airteagal 5(1) de RB T&F, ní mór aon saothrú comhpháirteach a theorannú do thorthaí T&F atá fíor-riachtanach chun táirgí conartha a tháirgeadh nó chun teicneolaíochtaí an chonartha a chur i bhfeidhm agus do thorthaí a chosnaítear le cearta maoinne intleachtúla nó ar saineolas atá iontu.
85. Ar an dara dul síos, má chomhaontaíonn na páirtithe speisialtóireacht a dhéanamh i gcomhthéacs an tsaothraithe agus má chuirtear de chúram ar cheann amháin nó níos mó de na páirtithe táirgí an chonartha a tháirgeadh, ní mór a chur de cheangal ar na páirtithe sin orduithe ó na páirtithe eile le haghaidh soláthairtí táirgí an chonartha a chomhlíonadh⁹⁹. Níl feidhm ag an gceanglas sin, áfach, i gcás (i) ina ndéantar foráil leis an gcomhaontú T&F maidir le dáileadh comhpháirteach (ag comhfhoireann, comheagraíocht nó comhghnóthas nó ag tríú páirtí arna cheapadh go comhpháirteach) nó (ii) i gcás ina gcomhaontóidh na páirtithe nach bhféadfaidh ach na páirtithe a gcuirtear de chúram orthu táirgí an chonartha a tháirgeadh iad a dháileadh¹⁰⁰.
- 2.2.3.4. Tairseach maidir le sciar den mhargadh agus fad na díolúine
86. An díolúine dá ndéantar foráil le RB T&F, tá sí bunaithe ar an toimhde, gur mó, faoi bhun leibhéil áirithe cumhachta margaidh, a bheidh éifeachtaí dearfacha na gcomhaontuithe T&F, i gcoitinne, ná aon éifeacht dhiúltach ar an iomaíocht¹⁰¹.
- (a) *Comhaontuithe T&F atá faoi réir tairseach maidir leis an sciar den mhargadh*
87. Le hAirteagal 6(1) de RB T&F, leagtar tairseach 25 % síos maidir leis an sciar den mhargadh. Tá feidhm ag an tairseach sin maidir leis an sciar den mhargadh i dtaca le comhaontuithe T&F a dhéantar idir gnóthais iomaíocha. Chun críocha RB T&F, ciallaíonn ‘gnóthais iomaíocha’ iomaitheoirí iarbhír nó ionchasacha mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (15) de RB T&F:
- (a) is éard is iomaitheoir iarbhír ann gnóthas a sholáthraíonn táirge, teicneolaíocht nó próiseas, ar féidir leis an táirge conartha nó leis an teicneolaíocht chonartha

⁹⁸ Féach Airteagal 4(3) de RB T&F.

⁹⁹ Féach Airteagal 5(2) de RB T&F.

¹⁰⁰ Féach Airteagal 5(2) de RB T&F.

¹⁰¹ Féach aithris 5 de RB T&F.

atá ar an margadh geografach ábhartha é nó í a fheabhsú nó a ionadú nó a bheith curtha ina ionad nó ina hionad;

- (b) is é atá in ‘iomaitheoir ionchasach’ gnóthas gur dócha, in éagmais chomhaontú T&F, ar fhorais réalaíocha agus ní hamháin mar fhéidearthacht theoriciúil amháin, go ngabhfadh sé de láimh, laistigh de thréimhse nach faide ná 3 bliana, na hinfheistíochtaí breise is gá nó go dtabhódh sé na costais is gá chun táirge, teicneolaíocht nó próiseas a sholáthar a d’fhéadfaí a fheabhsú nó a ionadú ar an margadh geografach ábhartha leis an táirge conartha nó leis an teicneolaíocht chonartha nó a d’fhéadfaí é nó í a chur ina ionad nó ina hionad.
88. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an iomaíocht ionchasach ar fhoras réalaíoch. Is é an cheist chinntitheach cé acu atá nó nach bhfuil ag gach páirtí na modhanna is gá i dtéarmaí sócmhainní, saineolais agus acmhainní eile agus an dócha nó nach dócha go ngabhfadh gach páirtí de láimh na bearta is gá chun na táirgí nó teicneolaíochtaí¹⁰² a sholáthar, ar féidir leis na táirgí conartha nó leis na teicneolaíochtaí conartha feabhas a chur orthu, iad a ionadú nó teacht ina n-ionad go neamhspleách ar na páirtithe eile¹⁰³. Soláthraítear treoraíocht bhreise maidir le measúnú a dhéanamh ar an iomaíocht ionchasach i mír 16.
89. Chun na gríoch sin, i gcás *táirge nó teicneolaíocht fheabhsaithe* nó *táirge nó teicneolaíocht ionadach* ciallaíonn sé sin táirge nó teicneolaíocht atá inmhalartaithe leis an táirge, an teicneolaíocht nó an próiseas atá ann cheana agus a bhaineann leis an margadh ábhartha céanna. Ciallaíonn *táirge nó teicneolaíocht ionaid* táirge nó teicneolaíocht a fhreastalaíonn ar an éileamh céanna agus a fhreastalaíonn táirge nó teicneolaíocht atá ann cheana ach nach mbaineann leis an margadh ábhartha céanna, dlúthdhioscaí ag teacht in ionad ceirníní vinile mar shampla¹⁰⁴.
90. Táirgí nó teicneolaíochtaí áirithe, ní chuirfear feabhas ar tháirgí ná ar theicneolaíochtaí atá ann cheana leo, ná ní dhéanfaidh siad iad a ionadú ná ní chuirfear ina n-ionad iad, ach cruthófar margadh ábhartha nua leo lena bhfreastalófar ar éileamh nua, mar shampla, vacsaín ar cosaint in aghaidh víris í nárbh ann d’aon vacsaín ina leith roimhe sin. Comhaontuithe T&F a bhaineann leis an gcatagóir sin de tháirgí nó teicneolaíochtaí a fhorbairt, cumhdaítear le hAirteagal 6(2) de RB T&F iad agus níl siad faoi réir aon tairseach maidir leis an sciar den mhargadh (féach Roinn 2.2.3.4(b))¹⁰⁵.
- (a.1) *Tairseach maidir le sciar den mhargadh*
91. Más gnóthais iomaíocha iad dhá pháirtí nó níos mó de na páirtithe sa chomhaontú T&F de réir bhrí Airteagal 1(1), pointe (15) de RB T&F,¹⁰⁶ ní féidir leis an gcomhaontú T&F tairbhiú den bhlocdhíolúine ach amháin más rud é nach mó ná 25 % ar na margaí táirge agus teicneolaíochta ábhartha sciar na bpáirtithe le chéile

¹⁰² Sa chuid eile den Chaibidil seo, áirítear próisis i dtagairtí do theicneolaíocht nó do theicneolaíochtaí, mura léirítear a mhalairt.

¹⁰³ Féach freisin Roinn 1.2.1.

¹⁰⁴ Féach mír 44 agus an *Fógra maidir leis an Sainiú Margaidh* ón gCoimisiún maidir le treoraíocht i dtaca leis an margadh ábhartha a shainiú. Féach freisin Roinn 2.3.1.

¹⁰⁵ Féach mír 44 agus an *Fógra maidir leis an Sainiú Margaidh* ón gCoimisiún maidir le treoraíocht i dtaca leis an margadh ábhartha a shainiú. Féach freisin Roinn 2.3.1.

¹⁰⁶ Féach míreanna 87 agus 88.

den mhargadh an tráth a dhéantar an comhaontú T&F. Tá feidhm ag an tairseach maidir le sciar den mhargadh ar an mbealach seo a leanas¹⁰⁷:

- (a) maidir le comhaontuithe T&F a bhaineann le *T&F i gcomhpháirt*, ní rachaidh sciar margaidh na bpáirtithe sa chomhaontú le chéile thar 25 % ar na margáí táirgí agus teicneolaíochta ábhartha¹⁰⁸;
- (b) maidir le comhaontuithe T&F a bhaineann le *T&F as ar íocadh*, tá feidhm ag an tairseach céanna 25 % maidir le sciar den mhargadh, ach ní mór a chur san áireamh leis an sciar den mhargadh atá ag na páirtithe le chéile sciar an pháirtí mhaoinithe den mhargadh agus sciartha na ngnóthas uile lena bhfuil comhaontuithe T&F déanta ag an bpáirtí maoinithe agus a bhaineann leis na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha céanna¹⁰⁹.

(a.2) *Sciartha den mhargadh a ríomh*

- 92. An tráth a dhéantar an comhaontú T&F, is é an pointe tagartha an margadh le haghaidh táirgí nó teicneolaíochtaí atá ann cheana, ar féidir leis na táirgí conartha nó leis na teicneolaíochtaí conartha feabhas a chur ar na táirgí nó teicneolaíochtaí úd, nó iad a ionadú nó teacht ina n-ionad¹¹⁰.
- 93. Má tá sé d'aidhm ag an gcomhaontú T&F *feabhas a chur ar tháirgí nó ar theicneolaíochtaí atá ann cheana, iad a ionadú nó teacht ina n-ionad*, ní dhéantar sciartha den mhargadh a ríomh ach amháin faoi threoir na dtáirgí nó na dteicneolaíochtaí sin atá ann cheana agus a gcuirfear feabhas orthu, a ionadófar nó a dtiocfar ina n-ionad. Is infheidhme é sin fiú más rud é go mbeidh an tairge nó teicneolaíochta ionaid difriúil go suntasach leis an tairge nó an teicneolaíocht atá ann cheana.
- 94. Déantar foráil le RB T&F nach mór sciartha na bpáirtithe den mhargadh a ríomh ar bhonn sonraí a bhaineann le *luach na ndíolachán ar an margadh*. Mura mbeidh sonraí maidir le luach na ndíolachán ar an margadh ar fáil, féadfaidh na páirtithe úsáid a bhaint as sonraí maidir le *méideanna díolachán ar an margadh*, agus mura mbeidh na sonraí sin ar fáil, féadfaidh na páirtithe úsáid a bhaint as faisnéis mhargaidh eile atá iontaofa chun a sciartha den mhargadh a ríomh, lena n-áirítear caiteachas T&F nó cumais T&F¹¹¹.
- 95. Go ginearálta, ní mór sciartha den mhargadh a ríomh agus úsáid á baint as sonraí díolacháin a bhaineann leis an mbliain féilire roimhe sin¹¹². Mar sin féin, i gcásanna nach mbeidh sonraí díolacháin a bhaineann leis an mbliain féilire roimhe sin ionadaíoch ar sheasamh na bpáirtithe sa mhargadh ábhartha nó sna margáí ábhartha, ríomhfar sciartha den mhargadh mar mheán na sciartha den mhargadh a bhí ag na páirtithe ar feadh na 3 bliana féilire roimhe sin¹¹³. D'fhéadfadh sé sin a bheith

¹⁰⁷ Féach Roinn 2.2.2.1 maidir leis an idirdhealú idir T&F chomhphárteach agus T&F as ar íocadh. Féach freisin Airteagal 1(1), pointe (1) de RB T&F.

¹⁰⁸ Féach Airteagal 6(1), pointe (a) de RB T&F.

¹⁰⁹ Féach Airteagal 6(1), pointe (b) de RB T&F. Ní gá do chomhaontuithe T&F uile an pháirtí mhaoinithe a bhaineann leis na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha céanna teacht faoi raon feidhme RB T&F.

¹¹⁰ Féach mír 44 agus an *Fógra maidir leis an Sainiú Margaidh* ón gCoimisiún maidir le treoraíocht i dtaca leis an margadh ábhartha a shainiú. Féach freisin Roinn 2.3.1.

¹¹¹ Féach Airteagal 7(2) de RB T&F.

¹¹² Féach Airteagal 7(3) de RB T&F.

¹¹³ Féach Airteagal 7(3) de RB T&F.

ábhartha, mar shampla, i margaí tairisceana mar a n-athraíonn sciartha den mhargadh go suntasach ó bhliain go bliain, ag brath ar cé acu a éiríonn le gnóthais i bpróisis tairisceana nó nach n-éiríonn. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha freisin i margaí inarb iad orduithe cnapánacha, móra a saintréithe, mar shampla, i gcás nach mbeidh sonraí díolacháin le haghaidh na bliana féilire roimhe ionadaíoch toisc nach ndearnadh aon ordú mór sa bhliain sin. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé gur gá sciartha den mhargadh a ríomh ar bhonn mheán na 3 bliana féilire roimhe sin i gcásanna ina mbeidh suaitheadh soláthair nó éilimh ann sa bhliain féilire roimh an gcomhaontú comhair.

96. I gcás margaí teicneolaíochta, déantar an sciar den mhargadh atá ag ceadú nóir teicneolaíochta a ríomh ar bhonn na ndíolachán arna ndéanamh ag an gceadúnóir agus ag na ceadúnaithe uile dá chuid i leith táirgí ina n-ionchorpraítear an teicneolaíocht cheadúnaithe, mar sciar de dhíolacháin uile na dtáirgí iomaíocha, gan beann ar cé acu a tháirgtear nó nach dtáirgtear na táirgí iomaíocha agus úsáid á baint as an teicneolaíocht atá á ceadúnú. Baintear úsáid as an modheolaíocht sin i ngeall ar an deacracht ghinearálta a bhaineann le sonraí ioncaim ríchíosa iontaofa a fháil agus toisc go bhféadfaí gannmheastachán a dhéanamh ar sheasamh teicneolaíochta ar an margadh le ríomhanna atá bunaithe ar ioncam ríchíosa iarbhír¹¹⁴.

(b) Comhaontuithe T&F nach bhfuil faoi réir tairseach maidir leis an sciar den mhargadh

97. I gcás nach gnóthais iomaíocha de réir bhrí Airteagal 1(1), pointe (15) de RB T&F¹¹⁵ iad na páirtithe sa chomhaontú T&F, déantar foráil le hAirteagal 6(2) de RB T&F maidir le feidhm a bheith ag an mblocdhíolúine ar feadh fhad an taighde agus na forbartha comhpháirtí nó an taighde agus na forbartha as ar íocadh agus nach bhfuil an díolúine faoi réir tairseach maidir leis an sciar den mhargadh.
98. Tá feidhm ag Airteagal 6(2) de RB T&F, go háirithe, sna staideanna seo a leanas¹¹⁶:
- (a) i gcás nach gcomhlíonann ach páirtí amháin an sainmhíniú ar iomaitheoir iarbhír nó ionchasach a leagtar amach in Airteagal 1(1), pointe (15) de RB T&F;
 - (b) i gcás ina mbainfidh an comhaontú T&F le táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt, nach gcuirfí feabhas leo ar tháirgí ná ar theicneolaíochtaí atá ann cheana, ná nach ndéanfaidh iad a ionadú ná nach dtiocfaidh ina n-ionad, ach go gcruthófaí éileamh le forbairt na dtáirgí nó na dteicneolaíochtaí sin a bheadh go hiomlán nua, mar shampla, vacsaín ar cosaint in aghaidh víris í nárbh ann d'aon vacsaín ina leith roimhe sin;
 - (c) i gcás ina mbainfidh an comhaontú T&F le hiarrachtaí nuálaíochta nach bhfuil, an tráth a dhéantar an comhaontú T&F, dlúthbhaint acu fós le táirge nó teicneolaíocht shonrach.

¹¹⁴ Féach freisin an Rialachán Blocdhíolúine maidir le hAistriú Teicneolaíochta, Airteagal 8(d) agus na Treoirlínte maidir le hAistriú Teicneolaíochta, míreanna 25 agus 86-88.

¹¹⁵ Féach míreanna 87 agus 88.

¹¹⁶ Níl feidhm ag Airteagal 6(2) má tá dhá pháirtí nó níos mó de na páirtithe ina n-iomaitheoirí iarbhír nó ionchasacha ar mhargadh le haghaidh táirgí nó teicneolaíochtaí atá ann cheana ar féidir leis na táirgí conartha nó leis na teicneolaíochtaí conartha feabhas a chur ar na táirgí nó teicneolaíochtaí úd, iad a ionadú nó teacht ina n-ionad; sa chás sin, tá feidhm ag Airteagal 6(1) (tairseach maidir leis an sciar den mhargadh).

99. Sna cásanna ar a dtugtar tuairisc i mír 98(b) agus (c), ní indéanta táirge nó teicneolaíocht a shainaithe a gcuirfead feabhas air nó uirthi leis na táirgí conartha nó leis na teicneolaíochtaí conartha, nó a ndéanfar a ionadú leo nó a dtiocfaidh siad ina ionad nó ina hionad. Sa chás sin, is féidir leis an gcomhaontú T&F tairbhiú den bhlocdhíolúine ar feadh fhad an taighde comhpháirtigh agus na forbartha comhpháirtí nó as ar íocadh agus níl feidhm ag aon tairseach maidir leis an sciar den mhargadh¹¹⁷. Tá forálacha RB T&F a bhaineann leis an margadh ábhartha agus leis na tairseacha maidir leis an sciar den mhargadh gan dochar don mheasúnú iomaíoch ar chomhaontuithe T&F nach dtairbhíonn den díolúine dá ndéantar foráil le RB T&F, lena n-áirítear comhaontuithe T&F ar ina leith a tarraingíodh tairbhe na blocdhíolúine siar. Mar shampla, gnóthais nach iomaitheoirí iarbhir nó ionchasacha iad de réir bhrí RB T&F, d'fhéadfaidís a bheith san iomaíocht sa nuálaíocht dá ainneoin sin.

(c) *Fad*

100. I gcás *nach ndéanfar saothrú comhpháirteach* ar thorthaí an taighde agus na forbartha comhpháirtí nó an taighde agus na forbartha as ar íocadh, bíonn feidhm ag an díolúine dá ndéantar foráil le RB T&F ar feadh fhad an taighde agus na forbartha.

101. I gcás ina ndéanfar *saothrú comhpháirteach* ar thorthaí an taighde agus na forbartha comhpháirtí nó an taighde agus na forbartha as ar íocadh agus i gcás ina mbeidh an comhaontú T&F laistigh de na sainmhínte in Airteagal 1(1), pointí (1)(a) nó (1)(b) de RB T&F (comhaontuithe lena ngabhtar do T&F comhpháirteach nó T&F as ar íocadh), leanfaidh an comhaontú T&F de bheith ag tairbhiú den díolúine ar feadh 7 mbliana ón tráth a chuirtear na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha ar an margadh den chéad uair laistigh den mhargadh inmheánach murar sáraíodh an tairseach maidir leis an sciar ábhartha den mhargadh an tráth a rinneadh an comhaontú.

102. I gcás ina ndéanfar *saothrú comhpháirteach* ar thorthaí an taighde agus na forbartha comhpháirtí nó as ar íocadh agus i gcás ina mbeidh an comhaontú T&F laistigh de na sainmhínte in Airteagal 1(1), pointí (1)(c) nó (1)(d) de RB T&F (comhaontuithe lena ngabhtar do chomhshaothrú ar thorthaí T&F a rinneadh faoi chomhaontú roimhe maidir le T&F comhpháirteach nó as ar íocadh), leanfaidh an comhaontú T&F de bheith ag tairbhiú den díolúine ar feadh 7 mbliana ón tráth a chuirtear táirgí an chonartha nó teicneolaíochtaí an chonartha ar an margadh den chéad uair laistigh den mhargadh inmheánach murar sáraíodh an tairseach maidir leis an sciar ábhartha den mhargadh an tráth a ndearnadh an comhaontú sin roimhe¹¹⁸.

103. I gcás inarb amhlaidh de thoradh comhaontú T&F go gcuirfead níos mó ná aon táirge conartha nó teicneolaíocht chonartha ar an margadh laistigh den mhargadh inmheánach agus go mbaineann gach táirge conartha nó teicneolaíocht chonartha le margadh táirge ar leithligh, tá feidhm ag an tréimhse díolúine 7 mbliana ar leithligh maidir le gach táirge conartha nó teicneolaíocht chonartha, ag tosú ón uair a chuirtear an táirge nó an teicneolaíocht ar an margadh den chéad uair laistigh den mhargadh inmheánach.

¹¹⁷ Tá sé sin gan dochar don chumhacht chun go dtarraingeoidh an Coimisiún nó údaráis iomaíochta náisiúnta tairbhe na blocdhíolúine siar i gcásanna aonair. Féach Roinn 2.2.6.

¹¹⁸ Mar a luaitear i mír 68, ní mór don chomhaontú roimhe maidir le T&F comhpháirteach nó T&F as ar íocadh coinníollacha RB T&F a chomhlíonadh freisin.

104. Tar éis dheireadh na tréimhse 7 mbliana dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de RB T&F, leanfaidh an díolúine d'fheidhm a bheith aici fad nach mó sciar na bpáirtithe le chéile den mhargadh ná 25 % ar na margaí lena mbaineann na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha. Más amhlaidh, tar éis don tréimhse 7 mbliana dul in éag, go n-ardaíonn sciar na bpáirtithe le chéile den mhargadh os cionn 25 %, leanfaidh an comhaontú T&F de thairbhiú de RB T&F ar feadh 2 bhliain féilire as a chéile i ndiaidh na bliana inar sáraíodh an tairseach den chéad uair¹¹⁹.

2.2.4. Cruashrianta agus srianta eisiata

2.2.4.1. Cruashrianta

105. Tá liosta cruashrianta in Airteagal 8 den RB T&F. Is éard is cruashrianta ann srianta tromchúiseacha ar an iomaíocht a bheidh ina n-údar díobhála i gcoitinne don mhargadh agus do thomhaltóirí. I gcás ina n-áireofar ceann amháin nó níos mó de na srianta sin le comhaontú T&F, déantar an comhaontú ar fad a eisiamh ón díolúine dá ndéantar foráil le RB T&F.

106. Is féidir na cruashrianta a liostaítear in Airteagal 8 de RB T&F a ghrúpáil sna catagóirí seo a leanas: (i) srianta le saoirse na bpáirtithe iarrachtaí eile T&F a dhéanamh, (ii) teorainneacha aschuir nó díolachán agus socrú praghsanna, (iii) srianta ar dhíolacháin ghníomhacha agus éighníomhacha agus (iv) cruashrianta eile.

(a) *Srian ar shaoirse na bpáirtithe iarrachtaí eile T&F a dhéanamh*

107. Déantar foráil le hAirteagal 8(a) de RB T&F gur cruashrian atá ann srian a chur le saoirse na bpáirtithe T&F a dhéanamh go neamhspleách nó i gcomhar le tríú páirtithe, i gceachtar de na réimsí seo a leanas:

(i) i réimse nach bhfuil nasctha leis an réimse lena mbaineann an comhaontú R&F;

(ii) a réimse lena mbaineann an comhaontú T&F nó i réimse nasctha tar éis don T&F chomhpháirteach nó T&F as ar íocadh a bheith curtha i gcrích.

(b) *Teorainneacha aschuir nó díolachán agus socrú praghsanna*

108. *Teorannú aschuir nó díolachán.* Déantar foráil le hAirteagal 8(b) de RB T&F gur cruashrianta iad *teorainneacha aschuir nó díolachán*. Mar sin féin, tá sé sin faoi réir ceithre heisceacht:

(i) socrú *na spriocanna táirgthe*, i gcás ina ndéanfar foráil sa chomhaontú T&F maidir le saothrú comhpháirteach na dtorthaí T&F agus ina n-áireofar leis an saothrú comhpháirteach na táirgí conartha a tháirgeadh go comhpháirteach¹²⁰;

(ii) socrú *na spriocanna díolacháin* i gcás ina n-áireofar le saothrú comhpháirteach na dtorthaí T&F (1) dáileadh comhpháirteach na dtáirgí conartha nó ceadúnú comhpháirteach na dteicneolaíochtaí conartha, agus (2) ina ndéanfaidh comhfhoireann, comheagraíocht nó comhghnóthas é nó ina gcuirfear é ar iontaoibh tríú páirtí i gcomhpháirt¹²¹;

¹¹⁹ Féach Airteagal 6(5) de RB T&F.

¹²⁰ Féach Airteagal 8(b), pointe (i) de RB T&F.

¹²¹ Féach Airteagal 8(b), pointe (ii) de RB T&F.

- (iii) cleachtas arb é *speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe* atá iontu, amhail srianta a fhorchuirtear ar na páirtithe maidir le saothrú na dtorthaí T&F i ndáil le críocha, custaiméirí nó réimsí úsáide áirithe¹²²;
- (iv) oibleagáidí áirithe arb *oibleagáidí gan dul in iomaíocht*¹²³ iad, mar atá, an srian ar shaoirse na bpáirtithe chun táirgí nó teicneolaíochtaí atá in iomaíocht leis na táirgí conartha nó leis na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha a tháirgeadh, a dhíol, a shannadh nó a cheadúnú le linn na tréimhse ar chomhaontaigh na páirtithe na torthaí a shaothrú go comhphárteach lena linn.
109. *Praghsanna a shocrú.* Déantar foráil le hAirteagal 8(c) de RB T&F maidir le *praghsanna a shocrú* agus na táirgí conartha á ndíol nó maidir le táillí ceadúnais a shocrú agus teicneolaíochtaí conartha á gceadúnú do thríú páirtithe, gur cruashrian é sin.
110. Mar sin féin, déantar foráil le RB T&F maidir le heisceachtaí leis an gcruashrian sin i dtaca le socrú na bpraghsanna a ghearrtar ar neaschustaiméirí agus le socrú na dtáillí ceadúnais a ghearrtar ar neasceadúnaithe i gcás ina ndéanfar foráil leis an gcomhaontú T&F maidir le saothrú comhphárteach na dtorthaí T&F agus ina n-áireofar leis an saothrú comhphárteach (i) dáileadh comhphárteach na dtáirgí conartha nó ceadúnú comhphárteach na dteicneolaíochtaí conartha, agus (ii) ina ndéanfaidh comhfhoireann, comheagraíocht nó comhghnóthas nó ina gcuirfear é ar iontaoibh tríú páirtí i gcomhpháirt é¹²⁴.
- (c) *Srianta ar dhíolacháin ghníomhacha agus éighníomhacha*
111. Baineann Airteagail 8(d) agus (e) de RB T&F le srianta ar dhíolacháin éighníomhacha agus gníomhacha. Déantar sainmhíniú ar an méid seo a leanas le RB T&F:
- (i) *díolacháin éighníomhacha*¹²⁵, amhail na cinn sin dhéantar mar fhreagra ar iarrataí gan iarraidh ó chustaiméirí aonair, lena n-áirítear seachadadh táirgí chuig an gcustaiméir, gan an díolachán a bheith tionscanta trí dhíríú go gníomhach ar an gcustaiméir áirithe, ar an ngrúpa custaiméirí áirithe nó ar an gcríoch áirithe, agus lena n-áirítear díolacháin a eascraíonn as a bheith rannphárteach i soláthar poiblí nó as freagairt do chuirí chun tairisceana príobháideacha;
- (ii) *díolacháin ghníomhacha*¹²⁶, mar gach cineál díola seachas díolacháin éighníomhacha. Áirítear leis sin díríú go gníomhach ar chustaiméirí trí chuirteanna, litreacha, ríomhphoist, glaonna nó trí mhodhanna eile cumarsáide dírí nó trí fhógraíocht agus promóisean spriocdhíríthe, as líne nó ar líne, mar shampla trí bhíthin na meán cló nó na meán digiteach, lena n-áirítear meáin ar líne, seirbhísí comparáide praghsanna nó fógraíocht ar innill chuardaigh lena ndírítear ar chustaiméirí i gcríocha sonracha nó ar ghrúpaí custaiméirí sonracha, nó suíomh gréasáin a oibriú ag a bhfuil fearann barrleibhéil a chomhfhreagraíonn do chríocha ar leith, nó teangacha a úsáidtear go coitianta i gcríocha áirithe a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin, i gcás ina bhfuil na

¹²² Féach Airteagal 8(b), pointe (iii) de RB T&F.

¹²³ Féach Airteagal 8(b), pointe (iv) de RB T&F.

¹²⁴ Féach Airteagal 8(c) de RB T&F.

¹²⁵ Féach Airteagal 1(1), pointe (19) de RB T&F.

¹²⁶ Féach Airteagal 1(1), pointe (18) de RB T&F.

teangacha sin éagsúil leis na teangacha a úsáidtear sa chríoch ina bhfuil an ceannaitheoir bunaithe.

112. Déantar foráil le hAirteagal 8(d) de RB T&F gur cruashrianta iad srianta ar *dhíolacháin éighníomhacha*. Cumhdaítear leis sin aon srian maidir leis an gcríoch ina bhféadfaidh na páirtithe na táirgí conartha a dhíol nó na teicneolaíochtaí conartha a cheadúnú go héighníomhach, nó srian maidir leis na custaiméirí a bhféadfaidh na páirtithe na táirgí a dhíol nó na teicneolaíochtaí a cheadúnú go héighníomhach leo. Mar sin féin, déantar foráil le hAirteagal 8(d) maidir le heisceacht i dtaca le ceanglais chun na torthaí T&F a cheadúnú go heisiach do pháirtí eile sa chomhaontú T&F. Is é is cúis leis an eisceacht sin go ndéantar foráil le RB T&F maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaidh na páirtithe speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe, lena n-áirítear cás nach ndéanann ach páirtí amháin na táirgí conartha a tháirgeadh agus a dháileadh ar bhonn ceadúnais eisiach arna dheonú ag na páirtithe eile.
113. Déantar foráil le hAirteagal 8(e) de RB T&F gur cruashrianta iad srianta áirithe ar *dhíolacháin ghníomhacha*. Tá feidhm aige sin maidir le haon srian ar dhíolacháin ghníomhacha na dtáirgí conartha nó na dteicneolaíochtaí conartha i gcríocha nó le custaiméirí nár leithdháileadh go heisiach ar cheann de na páirtithe trí bhíthin speisialtóireacht i gcomhthéacs an tsaothraithe.
- (d) *Cruashrianta eile*
114. Foráiltear le hAirteagal 8(f) de RB T&F gur cruashrian é a chur de cheangal ar pháirtí diúltú freastal ar éileamh ó chustaiméirí ina chríocha féin, nó ó chustaiméirí a leithdháiltear ar bhealach eile idir na páirtithe trí bhíthin na speisialtóireachta i gcomhthéacs an tsaothraithe, i gcás ina ndéanfaidh na custaiméirí sin na táirgí conartha a mhargú i gcríocha eile laistigh den mhargadh inmheánach.
115. Ar deireadh, le hAirteagal 8(g) de RB T&F, déantar a chatagóiriú mar chruashrian aon cheanglas a fhorchuirtear ar pháirtí chun é a dhéanamh deacair d'úsáideoirí nó d'athdhíoltóirí na táirgí conartha a fháil ó athdhíoltóirí eile laistigh den mhargadh inmheánach¹²⁷. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, ceanglas a fhorchur chun go mbeidh soláthar seirbhísí ráthaíochta do chustaiméirí coinníollach ar an táirge conartha a cheannach i mBallstát áirithe.

2.2.4.2. Srianta eisiata

116. Le hAirteagal 9 den RB T&F, eisiatar oibleagáidí áirithe a fhaightear i gcomhaontuithe T&F ón mblocdhíolúine. Is oibleagáidí iad sin nach féidir glacadh leis ina leith go gcomhlíonann siad coinníollacha Airteagal 101(3) go ginearálta. Murab ionann agus na cruashrianta a leagtar amach le hAirteagal 8 den Rialachán Blocdhíolúine, ní chuireann úsáid na srianta eisiata deireadh le tairbhe na blocdhíolúine don chomhaontú T&F ina iomláine. Más féidir an srian eisiata a bhaint den chuid eile den chomhaontú, leanann an chuid eile den chomhaontú de bheith ag tairbhiú den bhlocdhíolúine, ar choinníoll go gcomhlíonann sé srianta RB T&F.
117. Tá srianta eisiata faoi réir measúnú aonair faoi Airteagal 101. Níl aon toimhde ann go dtagann na srianta sin faoi raon feidhme an toirmisc a leagtar síos in Airteagal 101(1) ná go dteipeann orthu coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh.
118. Is oibleagáid é an chéad srian eisiata gan agóid a dhéanamh:

¹²⁷ Féach Airteagal 8(g) de RB T&F.

- (a) tar éis T&F a chur i gcrích, in aghaidh bhailíocht na gceart maoinne intleachtúla atá ag na páirtithe sa mhargadh inmheánach agus atá ábhartha do T&F¹²⁸; nó
- (b) tar éis don chomhaontú T&F dul in éag, in aghaidh bhailíocht na gceart maoinne intleachtúla atá ag na páirtithe sa mhargadh inmheánach agus lena gcosnaítear na torthaí T&F¹²⁹.

119. Is é is cúis leis na hoibleagáidí sin a eisiáimh ón mblocdhíolúine nár cheart cosc a chur ar pháirtithe a bhfuil faisnéis acu, atá ábhartha chun na cearta maoinne intleachtúla a deonaíodh trí dhearmad a shainaithint, agóid a dhéanamh in aghaidh bhailíocht na gceart maoinne intleachtúla sin. Mar sin féin, forálacha lena gceadaítear an comhaontú T&F a fhoirceannadh, má dhéanann ceann amháin de na páirtithe agóid in aghaidh bhailíocht ceart maoinne intleachtúla atá ábhartha don T&F comhpháirteach nó T&F as ar íocadh nó lena gcosnaítear torthaí an taighde agus na forbartha, ní srianta eisiata na forálacha sin.

120. Is é an dara srian eisiata an oibleagáid gan ceadúnais a dheonú do thríú páirtithe chun táirgí conartha a tháirgeadh nó chun na teicneolaíochtaí conartha a chur i bhfeidhm. Ciallaíonn sé sin gur cheart cead a bheith ag na páirtithe, i bprionsabal, ceadúnais a dheonú do thríú páirtithe. Bíonn eisceacht i bhfeidhm i gcás ina ndéanann comhaontuithe T&F foráil do shaothrú thorthaí an taighde agus na forbartha comhpháirtí nó an taighde agus na forbartha as ar íocadh ag ar a laghad ceann amháin de na páirtithe agus go ndéantar saothrú den sórt sin sa mhargadh inmheánach i leith tríú páirtithe.

2.2.5. *Tréimhse ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le coinníollacha RB T&F*

121. Chun an tairseach maidir leis an sciar den mhargadh a chur i bhfeidhm, ar tairseach í a leagtar amach in Airteagal 6 de RB T&F, is é an tréimhse ábhartha le haghaidh an mheasúnaithe an dáta a dhéanann na páirtithe an comhaontú T&F comhpháirtí nó T&F as ar íocadh. Ag deireadh na tréimhse 7 mbliana dá dtagraítear in Airteagal 6(4) de RB T&F, ní mór do na páirtithe measúnú a dhéanamh ar an margadh nó ar na margáí lena mbaineann na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha agus ar cé acu is mó nó nach mó ná 25 % an sciar den mhargadh atá acu le chéile. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an gcomhlíontacht le coinníollacha eile RB T&F an tráth a dhéantar an comhaontú T&F agus ní mór don chomhaontú leanúint de na coinníollacha sin a chomhlíonadh ar feadh fhad iomlán an chomhaontaithe, lena n-áirítear, más infheidhme, an tréimhse a saothraítear na torthaí T&F lena linn.

2.2.6. *Sochar na blocdhíolúine a tharraingt siar*

122. Foráiltear le hAirteagal 10 agus le hAirteagal 11 den RB T&F go bhféadfaidh an Coimisiún agus na húdaráis iomaíochta náisiúnta tairbhe na blocdhíolúine a tharraingt siar de bhun Airteagal 29(1) agus Airteagal 29(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 faoi seach, i gcás ina gcinnfidh siad, i gcás aonair, go bhfuil ag comhaontú T&F a chumhdaítear leis an mblocdhíolúine, éifeachtaí atá neamhréireach le hAirteagal 101(3) dá ainneoin sin.

¹²⁸ Féach Airteagal 9(1), pointe (a)(i) de RB T&F.

¹²⁹ Féach Airteagal 9(1), pointe (a)(ii) de RB T&F.

123. Leagtar liosta neamh-uileghabhálach amach le hAirteagal 10(2) de RB T&F de chásanna ina bhféadfaidh an Coimisiún cuimhneamh ar an gcumhacht sin a úsáid, mar atá, i gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:
- (a) de bharr an comhaontú T&F a bheith ann, go gcuirtear srian substaintiúil leis an raon feidhme atá ag tríú páirtithe T&F a dhéanamh i réimse nó réimsí a bhaineann leis na táirgí conartha nó leis na teicneolaíochtaí conartha; d'fhéadfadh sé sin a bheith i ngeall ar, mar shampla, an acmhainneacht taighde theoranta atá ar fáil;
 - (b) de bharr an comhaontú T&F a bheith ann, go gcuirtear srian substaintiúil leis an rochtain atá ag tríú páirtithe ar an margadh ábhartha le haghaidh na dtáirgí conartha nó na dteicneolaíochtaí conartha, de thoradh ceadúnas eisiach a bheith deonaithe do cheann amháin de na páirtithe chun na táirgí conartha nó na teicneolaíochtaí conartha a tháirgeadh nó a dháileadh;
 - (c) nach saothraíonn na páirtithe torthaí an taighde agus na forbartha comhpháirtí nó as ar íocadh vis-à-vis maidir le tríú páirtithe gan aon chúis atá bailí ar bhonn oibiachtúil, mar shampla, trí dhiúltú torthaí an taighde agus na forbartha a cheadúnú;
 - (d) níl na táirgí nó teicneolaíochtaí a eascraíonn as an gcomhaontú T&F faoi réir iomaíocht éifeachtach sa mhargadh inmheánach ina iomláine nó i gcuid shubstaintiúil de;
 - (e) de bharr an comhaontú T&F a bheith ann go gcuirfí srian substaintiúil ar am iomaíocht nuálaíochta nó ar an iomaíocht i dtaighde agus forbairt i réimse ar leith. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, i gcásanna ina gcruthófaí, de thoradh na dtáirgí conartha nó na dteicneolaíochtaí conartha, éileamh a bheadh go hiomlán nua agus inarb amhlaidh, an tráth a dhéantar an comhaontú, gurb íseal an líon tionscadal taighde agus forbartha neamhspleách inchomparáide atá sa réimse céanna.
124. Foráiltear le hAirteagal 29(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, go bhféadfaidh an Coimisiún tairbhe na blocdhíolúine a tharraingt siar ar a thionscnamh féin nó ar bhonn gearáin. I gcás inar mian leis an gCoimisiún nó le húdarás iomaíochta náisiúnta tairbhe na blocdhíolúine a tharraingt siar i leith comhaontú T&F, ní mór do a shuí, ar an gcéad dul síos, go sriantar an iomaíocht leis an gcomhaontú de réir bhrí Airteagal 101(1) agus, ar an dara dul síos, go dteipeann ar an gcomhaontú ar a laghad ceann amháin de cheithre choinníoll charnacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh¹³⁰. Cinneadh chun tairbhe RB T&F a tharraingt siar, féadfar é a chomhcheangal le toradh maidir le sárú ar Airteagal 101 agus le ceanglas chun deireadh a chur leis an sárú. Féadfar leigheasanna iompraíochta nó struchtúracha a fhorchur freisin¹³¹.

¹³⁰ De bhun Airteagal 41(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, daoine ar dócha go ndéanfaí dochar dóibh le cinneadh aonair lena gcuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm, tá an ceart acu siúd chun éisteacht a fháil sula nglactar an cinneadh sin.

¹³¹ De bhun Airteagal 7(1) de Rialachán 1/2003. Bhain an Coimisiún úsáid as a chumhacht chun tairbhe na rialachán blocdhíolúine a tharraingt siar ina chinneadh an 25 Márta 1992 (bearta idirlinne), a bhaineann le himeacht faoi Airteagal 85 de Chonradh CEE i gCás IV/34.072 – *Mars/Langnese agus Schöller*, ar seasadh leis le breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 1998, *Langnese-Iglo v An Coimisiún*, C-279/95 P, EU:C:1998:447, agus ina chinneadh an 4 Nollaig 1991 (bearta idirlinne), a bhain le himeacht faoi Airteagal 85 de Chonradh CEE i gCás IV/33.157 – *Eco System/Peugeot*.

125. Aon chinneadh chun tairbhe na blocdhíolúine a tharraingt siar, ní bhíonn ach éifeachtaí *ex nunc* ag an tarraingt siar, is é sin le rá ní dhéanfar difear do stádas díolmhaithe an chomhaontaithe T&F ar feadh na tréimhse roimh an dáta a thagann an tarraingt siar i bhfeidhm. I gcás ina mbeartóidh údarás iomaíochta náisiúnta tairbhe na blocdhíolúine a tharraingt siar de bhun Airteagal 29(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, ní mór dó a oibleagáidí faoi Airteagal 11(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 a chur san áireamh, go háirithe a oibleagáid chun dul i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an gcinneadh atá beartaithe aige.

2.2.7. *Idirthréimhse*

126. Déantar foráil le RB T&F maidir le hidirthréimhse 2 bhliain (ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2025) ar lena linn sin nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1) maidir le comhaontuithe T&F atá i bhfeidhm cheana féin an 30 Meitheamh 2023 agus nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh díolúine dá bhforáiltear in RB T&F ach a chomhlíonann coinníollacha na díolúine dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1217/2010.

2.3. Measúnú aonair ar chomhaontuithe T&F faoi Airteagal 101(1)

127. I gcás nach dtairbheoidh comhaontú T&F den díolúine dá bhforáiltear le RB T&F, is gá measúnú aonair a dhéanamh faoi Airteagal 101. Is é an chéad chéim sa mheasúnú a chinneadh cé acu a chuireann nó nach gcuireann an comhaontú srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1)¹³². Má chuireann an comhaontú srian ar an iomaíocht de bhrí na forála sin, is é an dara céim a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an comhaontú coinníollacha Airteagal 101(3).

2.3.1. *Margaí ábhartha*

128. Leis an bhFógra maidir leis an Sainiú Margaidh leagtar amach na príomhchritéir agus an fhianaise a úsáideann an Coimisiún chun margaí ábhartha a shainmhíniú agus dlí iomaíochta an Aontais á fhorfheidhmiú aige (féach freisin mír 44). Chun measúnú aonair faoi Airteagal 101 a dhéanamh ar chomhaontuithe T&F nach gcumhdaítear le RB T&F¹³³, d'fhéadfadh na breithnithe seo a leanas a bheith ábhartha.

2.3.1.1. Margaí táirgí

129. Má bhaineann an comhaontú comhair T&F le táirgí a fhorbairt ar táirgí iad lena ndéanfar táirgí atá ann cheana a *fheabhsú nó a ionadú*, tá an margadh nó na margaí le haghaidh na dtáirgí nó na dteicneolaíochtaí sin atá ann cheana ábhartha le haghaidh an mheasúnaithe faoi Airteagal 101.

130. D'fhéadfadh margaí táirgí atá ann cheana a bheith ábhartha le haghaidh an mheasúnaithe freisin i gcás ina mbainfidh an comhaontú T&F le táirgí a *chuirfear in ionad* táirgí atá ann cheana (mar atá, i gcás ina bhfreastalóidh an táirge a eascróidh as T&F ar an éileamh céanna ar a bhfreastalaíonn an táirge atá ann cheana, ach go mbainfidh an táirge le margadh ábhartha ar leithligh). D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina gcuirfear táirgí in ionad na dtáirgí atá ann cheana ar

¹³² Murab amhlaidh an cás, níl feidhm ag Airteagal 101 agus ní gá aon mheasúnú eile a dhéanamh.

¹³³ Tá sainmhínithe sonracha in RB T&F atá ábhartha chun an tairseach maidir leis an sciar den mhargadh a chur i bhfeidhm in RB T&F. Féach Roinn 2.2.3.4.

bhealach neamhfhoirfe nó go fadtéarmach. Na táirgí ar a dtugtar *táirgí píblíne*¹³⁴ d'fhéadfaí, ag brath ar fhíorais an cháis áirithe, iad a mheas mar tháirgí lena gcuirfear feabhas ar tháirgí atá ann cheana nó lena ndéanfar na táirgí sin a ionadú nó mar tháirgí a chuirfear in ionad táirgí atá ann cheana¹³⁵.

131. I gcás ina mbainfidh an T&F le *comhpháirt thábhachtach de tháirge deiridh*, féadfaidh an margadh le haghaidh na comhpháirte agus an margadh le haghaidh an táirge deiridh araon a bheith ábhartha le haghaidh an mheasúnaithe faoi Airteagal 101. Mar sin féin, ní bheidh an margadh le haghaidh an táirge deiridh ábhartha ach amháin más amhlaidh go bhfuil an chomhpháirt lena mbaineann an T&F ina príomh-chomhpháirt den táirge deiridh ó thaobh cúrsaí teicniúla nó eacnamaíocha de, agus go bhfuil ceann amháin de na páirtithe sa chomhaontú T&F gníomhach ar an margadh le haghaidh na dtáirgí deiridh agus cumhacht mhargaidh ar an margadh sin aige.

2.3.1.2. Margaí teicneolaíochta

132. D'fhéadfadh sé nach mbaineann comhaontuithe T&F le táirgí amháin ach le teicneolaíocht freisin. I gcás ina ndéanfar cearta maoin intleachtúla a mhargú ar leithligh ó na táirgí lena mbaineann siad, beidh margaí teicneolaíochta ábhartha don mheasúnú faoi Airteagal 101. Is éard atá i gceist leis an margadh teicneolaíochta ábhartha an teicneolaíocht (maoin intleachtúil) a dhíoltar nó a cheadúnaítear agus teicneolaíochtaí a mheasann ceadúnaithe a bheith ina dteicneolaíochtaí inionadaitheacha¹³⁶. I gcás ina mbainfidh comhaontú T&F le teicneolaíochtaí a fhorbairt, a gcuirfear feabhas leo ar theicneolaíochtaí atá ann cheana, a dhéanfaidh iad a ionadú nó a chuirfear ina n-ionad, is margaí ábhartha do mheasúnú Airteagal 101 iad na margaí le haghaidh na dteicneolaíochtaí sin atá ann cheana.

2.3.1.3. Luathiarraichtaí nuálaíochta

133. I roinnt cásanna, féadfaidh gnóthais dul i gcomhar maidir le T&F nach bhfuil dlúthbhaint aige le táirge nó teicneolaíocht shonrach. Torthaí luathiarraichtaí nuálaíochta den sórt sin, d'fhéadfadh an iliomad críoch a bheith leo ar deireadh agus, ar bhonn níos fadtéarmaí, d'fhéadfaidís cur le táirgí nó teicneolaíochtaí éagsúla.
134. I gcás ina mbainfidh comhaontú T&F le luathiarraichtaí nuálaíochta, chun measúnú a dhéanamh ar staid iomaíoch na bpáirtithe chun Airteagal 101 a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach tosca amhail cineál agus raon feidhme na n-iarraichtaí nuálaíochta a chur san áireamh, mar aon le cuspóirí na línte taighde éagsúla, speisialtóireacht na bhfoirne difriúla lena mbaineann nó torthaí na n-iarraichtaí nuálaíochta a rinne na gnóthais lena mbaineann roimhe sin. D'fhéadfadh sé gur gá méadracht shonrach a úsáid, mar shampla, leibhéal an chaiteachais T&F, nó an líon paitinní nó tagairtí paitinne.

¹³⁴ Úsáidtear an téarma sin in earnálacha áirithe chun tagairt a dhéanamh do tháirgí nach bhfuil curtha ar an margadh fós ach dá bhfuil infheictheacht leordhóthanach sa phróiseas T&F chun an margadh ar dócha go mbainfidh na táirgí leis, a shuí má éiríonn leis an bpróiseas T&F.

¹³⁵ Baineann roinnt comhaontuithe T&F le táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt, nach gcuirfí feabhas leo ar tháirgí atá ann cheana, ná nach ndéanfar iad a ionadú ná nach gcuirfear ina n-ionad, ach lena bhfreastalófar ar éileamh go hiomlán nua. Féadfaidh táirgí píblíne a bheith sa chatagóir táirgí sin freisin.

¹³⁶ Féach na Treoirlínte maidir le hAistriú Teicneolaíochta, míreanna 19-26.

2.3.2. *Príomhábhair inní na hiomaíochta*

135. Is féidir le comhar T&D a bheith ina chúis le húdair inní éagsúla maidir leis an iomaíocht, go háirithe is féidir leis an iomaíocht idir na páirtithe a theorannú go díreach, is féidir le toradh claonpháirteach ar an margadh nó foriamh frithiomaíoch trío páirtithe eascairt as.
136. Sa chás go gcuireann comhar T&F *teorainn dhíreach nó srian leis an iomaíocht* idir na páirtithe nó *go n-éascaíonn sé toradh claonpháirteach* ar an margadh, d'fhéadfadh praghsanna níos airde, níos lú rogha do thomhaltóirí nó cáilíocht níos ísle táirgí nó teicneolaíochtaí a bheith mar thoradh air sin. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le laghdú nó moill ar nuálaíocht agus leis sin, gur measa cáilíocht na dtáirgí nó na dteicneolaíochtaí a thiocfadh chun an mhargaidh nó gur lú a líon.
137. Is féidir le *foriamh frithiomaíoch* trío páirtithe eascairt as comhaontuithe T&F i gcás ina mbeidh cumhacht mhargaidh i margadh ábhartha táirge nó teicneolaíochta ag ceann amháin nó níos mó de na páirtithe sa chomhaontú agus i gcás ina mbeidh forálacha maidir leis an eisiachas nó gan dul in iomaíocht sa chomhaontú.

2.3.3. *Comhaontuithe T&F nach gcuirtear srian ar an iomaíocht leo go ginearálta*

138. In éagmais na cumhachta margaidh, ní chuirtear srian ar an iomaíocht go ginearálta le comhaontuithe T&F arna ndéanamh ag neamhiomaitheoirí. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina mbeidh sócmhainní, teicneolaíochtaí nó scileanna na bpáirtithe comhlántach agus nach mbeidís in ann an T&F a dhéanamh ina n-aonar laistigh de thréimhse ghearr¹³⁷. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an gcaidreamh iomaíoch idir na páirtithe ar bhonn tosca oibiachtúla. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gnóthas in ann an T&F a dhéanamh go neamhspleách i gcás ina mbeidh cumais theicniúla teoranta nó rochtain theoranta aige ar mhaoiniú, oibríthe oilte, teicneolaíochtaí nó acmhainní eile.
139. Taighde agus forbairt a bhí faoi chuing roimhe a sheachfhoinisú d'eintitis nach bhfuil gníomhach i dtorthaí an taighde agus na forbartha a shaothrú, amhail institiúidí taighde, comhlachtaí acadúla nó gnóthais speisialaithe eile, is sampla é sin de chomhaontú T&F lena bhféadfaí sócmhainní, teicneolaíochtaí agus scileanna comhlántacha a thabhairt le chéile. Déantar foráil le comhaontuithe den sórt sin go ginearálta maidir le saineolas a aistriú agus/nó oibleagáid soláthair eisiach a bhaineann le torthaí an taighde agus na forbartha.
140. Ní chuirtear srian ar an iomaíocht le comhar T&F a bhaineann le buntaighde go ginearálta. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn buntaighde obair thurgnamhaíoch nó theoriciúil a dhéantar go príomha chun eolas nua a fháil ar na bunúis is bonn le feiniméin agus fíorais inbhreathnaithe.

2.3.4. *Srianta iomaíochta de réir cuspóra*

141. Féadfar srian a chur ar an iomaíocht de réir cuspóra le comhaontuithe T&F más rud é nach a bheith ag gabháil do T&F a bpríomhchuspóir, ach go bhfeidhmeoidh an taighde agus forbairt mar uirlis chun gabháil do chairtéal, mar atá, gabhann na

¹³⁷ Féach freisin mír 16 maidir le hiomaíocht ionchasach.

páirtithe don socrú praghsanna, teorannú aschuir, leithdháileadh margaidh nó srianta ar fhorbairt theicniúil¹³⁸.

142. Mar shampla, féadfaidh gnóthais comhaontú T&D a úsáid chun (i) cosc nó moill a chur ar tháirgí nó ar theicneolaíochtaí teacht isteach sa mhargadh; (ii) saintréithe táirgí nó teicneolaíochtaí nach gcumhdaítear leis an gcomhaontú T&D a chomhordú, nó (iii) feabhsú táirge nó teicneolaíochta comhfhorbartha a theorannú.

2.3.5. Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht

143. Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil sé d'éifeacht ag comhaontú T&F srian a chur ar an iomaíocht, is gá paraiméadair ábhartha na hiomaíochta sa chás áirithe a chur san áireamh. Ar na paraiméadair sin féadfar praghas an táirge a áireamh, ach a leibhéal nuálaíochta freisin, a cháilíocht i ngnéithe éagsúla, mar aon lena infhaighteacht, lena n-áirítear ó thaobh aga, athléimneacht slabhraí soláthair, iontaofacht an tsoláthair agus costais iompair.

144. Is annamh a eascraíonn éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht as comhaontuithe T&F nach n-áirítear saothrú comhpháirteach na dtorthaí T&F orthu trí cheadúnú, táirgeadh nó margú. Ní dócha go n-eascraíonn éifeachtaí frithiomaíochta ann as na comhaontuithe sin ach amháin i gcás ina gcuirfeadh srian ar an iomaíocht nuálaíochta leo.

2.3.5.1. Cumhacht mhargaidh

145. I gcoitinne, ní bhíonn comhaontuithe T&F in ann éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a fhágáil de réir bhrí Airteagal 101(1) ach amháin i gcás ina mbeidh cumhacht mhargaidh ag ceann amháin nó níos mó de na páirtithe sa chomhaontú, ar mhargadh táirge nó teicneolaíochta ábhartha atá ann cheana nó i gcás ina n-eascróidh laghdú suntasach ar an iomaíocht nuálaíochta as an gcomhaontú.

146. Níl aon dearbhairseach ann ar os a cionn is féidir a thiomhdiú go gcruthaítear nó go gcoinnítear cumhacht mhargaidh ar bun le comhaontú T&F agus dá bhrí sin gur dóigh go mbeifí in ann éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a fhágáil leis an gcomhaontú. Mar sin féin, dá láidre atá seasamh na bpáirtithe le chéile ar na margáí ábhartha, lena n-áirítear a seasamh i ndáil leis an nuálaíocht, is é is dóichí go n-eascróidh éifeachtaí sriantacha as an gcomhaontú T&F¹³⁹.

2.3.5.2. T&F a bhaineann le táirgí nó teicneolaíochtaí atá ann cheana

147. Má tá an T&D dírithe ar *fheabhas a chur ar tháirge nó ar theicneolaíocht atá ann cheana nó ar an táirge nó an teicneolaíocht sin a ionadú*, baineann na héifeachtaí féideartha leis an margadh nó leis na margáí ábhartha le haghaidh na dtáirgí nó na dteicneolaíochtaí atá ann cheana. Ní dócha, áfach, go mbeidh éifeachtaí ar phraghsanna, aschur, cáilíocht na dtáirgí, éagsúlacht na dtáirgí nó forbairt theicniúil i margáí atá ann cheana ach amháin má tá seasamh láidir ag na páirtithe in éineacht le

¹³⁸ Féach, mar shampla, cinneadh ón gCoimisiún an 8 Iúil 2021, *Astaíochtaí Gluaisteáin* (cás AT.40178), a bhain le cairtéal a tharla idir cúig mhonaróir gluaisteán i gcomhthéacs comhlachas gnóthas. Is é an cuspóir a maíodh a bheith leis an gcomhar comhpháirteanna a fhorbairt le haghaidh córas nua glanta astaíochtaí. Mar sin féin, i gcomhthéacs an chomhair sin, chomhaontaigh na monaróirí gluaisteán freisin gan feabhas a chur ar éifeachtacht an chórais thar an méid a ceanglaíodh leis an dlí, rud lenar cuireadh srian ar fhorbairt theicniúil na teicneolaíochta glanta astaíochtaí.

¹³⁹ Tá an méid sin gan dochar don mheasúnú ar ghnóthachain éifeachtúlachta fhéideartha, lena n-áirítear na gnóthachain sin atá ann go tráthrialta i dtaighde agus i bhforbairt arna chómhaoiniú go poiblí. Féach Roinn 2.4.1.

chéile, má tá sé deacair teacht isteach iontu agus mura bhfuil iomaitheoirí tríú páirtí in ann iompraíocht na bpáirtithe a shrianadh, mar shampla, i ngeall ar a líon teoranta nó i ngeall ar acmhainní nó scileanna níos laige. Thairis sin, má bhaineann an T&F le hionchur cuíosach mionchúiseach i dtáirge deiridh, is dócha go mbeidh aon éifeacht ar an iomaíocht sa mhargadh nó sna margaí ábhartha le haghaidh an táirge deiridh sin teoranta.

148. Má tá an T&D dírithe ar *tháirge nó ar theicneolaíocht eile a chur in ionad táirge nó teicneolaíocht atá ann cheana*, áireofar ar éifeachtaí frithiomaíocha féideartha, mar shampla, moilliú ar fhorbairt an táirge nó na teicneolaíochta lena ndéanfar an cur in ionad úd. Is amhlaidh an cás go háirithe má tá cumhacht mhargaidh ag na páirtithe ar an margadh táirge nó teicneolaíochta atá ann cheana agus mura bhfuil ann ach na gnóthais sin atá ag gabháil do T&F a bhaineann le táirge ionaid le haghaidh an táirge nó na teicneolaíochta sin atá ann cheana. Is féidir éifeacht chomhchosúil a bheith ann má théann gníomhaí mór i margadh atá ann cheana i gcomhar le gníomhaí nó le hiomaitheoir ionchasach níos lú atá ar tí teacht chun cinn le táirge nó teicneolaíocht a d'fhéadfadh seasamh an ghníomhaí is mó sa mhargadh sin a chur i mbaol.
149. Le comhaontuithe T&F dá ndéantar foráil maidir le saothrú comhpháirteach na dtorthaí T&F (mar shampla, táirgeadh comhpháirteach nó dáileadh comhpháirteach), is mó acmhainneacht atá acu chun srian a chur ar an iomaíocht ná mar atá ag comhaontuithe dá ndéantar foráil maidir le gach páirtí na torthaí T&F a shaothrú go neamhspleách. I gcás an tsaothraithe chomhpháirtigh, is mó seans go mbeidh éifeachtaí sriantacha i bhfoirm praghsanna méadaithe nó aschur laghdaithe i margaí atá ann cheana i gcás ina mbeidh cumhacht mhargaidh ag ceann amháin nó níos mó de na páirtithe. Ar an taobh eile, mura ndéantar an saothrú comhpháirteach ach amháin trí cheadúnú do thríú páirtithe, ní dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha amháil foriamh ann mar thoradh air.
- 2.3.5.3. Nuálaíocht a bhaineann le táirgí atá go hiomlán nua agus luathiarachtaí nuálaíochta
150. A mhéid a bhaineann le comhaontuithe T&F a bhaineann le (i) táirgí nó teicneolaíochtaí a fhorbairt lena gcruthófaí éileamh a bheadh go hiomlán nua nó le (ii) luathiarachtaí nuálaíochta, ní dócha go ginearálta go mbeidh éifeachtaí ar phraghsanna ná ar aschur ar mhargaí atá ann cheana. Sna cásanna sin, díreofar an measúnú ar shrianta a d'fhéadfadh a bheith ar an iomaíocht nuálaíochta agus a bhaineann le, mar shampla, cáilíocht agus éagsúlacht na dtáirgí nó na dteicneolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo nó luas nó leibhéal na nuálaíochta. Ní mór a chur san áireamh leis an measúnú gur neamhchinnte toradh an taighde nó na forbartha, i ngeall ar a mbíonn i gceist leo, agus gur lú cinnteachta a bheidh, i gcoitinne, i gceist le torthaí luathiarachtaí nuálaíochta ná mar a bheidh i gceist le hiarrachtaí T&F atá gar don tráth a sheolfar na táirgí nó teicneolaíochtaí, a eascraíonn as an gcomhaontú T&F, ar an margadh.
151. Ní dócha go dtiocfaidh éifeachtaí sriantacha chun cinn go ginearálta má bhíonn tionscadail iomaíochta T&F ag líon leordhóthanach tríú páirtithe. Mar sin féin, is dóichí go mbeidh éifeachtaí diúltacha ann i gcás ina dtabharfar le chéile leis an gcomhaontú T&F iarrachtaí neamhspleácha T&F atá ag céim atá gar do sheoladh an táirge nó na teicneolaíochta nua. Féadfaidh éifeachtaí sriantacha eascairt as comhordú iarrachtaí T&F na bpáirtithe go díreach, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil srianta sa chomhaontú T&F ar chumas na bpáirtithe T&F a dhéanamh go neamhspleách nó le tríú páirtithe. Mar shampla, de thoradh an chomhaontaithe T&F,

d'fhéadfadh ceann amháin nó níos mó de na páirtithe a thionscadal T&F a thréigean agus a chumais a chomhthiomsú le cumais na bpáirtithe eile.

2.3.5.4. Malartuithe faisnéise

152. D'fhéadfadh malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a bheith riachtanach chun comhaontú T&F a chur chun feidhme. I gcás nach dtagann an comhaontú T&F féin faoi réim thoirmeasc Airteagal 101(1) toisc go bhfuil éifeachtaí neodracha nó dearfacha aige ar an iomaíocht, ní thagann malartú faisnéise atá coimhdeach leis an gcomhaontú sin faoi réim an toirmisc sin ach oiread¹⁴⁰. Is amhlaidh an cás más rud é gur gá an malartú faisnéise go hoibiachtúil chun an comhaontú T&F a chur chun feidhme agus má tá sé comhréireach lena chuspóirí¹⁴¹.
153. I gcás ina dtéann an malartú faisnéise thar a bhfuil riachtanach go hoibiachtúil chun an comhaontú T&F a chur chun feidhme nó i gcás nach bhfuil sé comhréireach le cuspóirí an chomhaontaithe sin, ba cheart é a mheasúnú trí úsáid a bhaint as an treoraíocht a thugtar i gCaibidil 6¹⁴². Má thagann an malartú faisnéise faoi Airteagal 101(1), d'fhéadfadh sé coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh fós.

2.4. Measúnú aonair ar chomhaontuithe T&F faoi Airteagal 101(3)

154. I gcás ina srianfar an iomaíocht leis an gcomhaontú T&F de réir bhrí Airteagal 101(1), comhlíonfaidh sé Airteagal 101 dá ainneoin sin má chomhlíonann sé ceithre choinníoll charnacha Airteagal 101(3) (féach Roinn 1.2.7).

2.4.1. Gnóthachain éifeachtúlachta

155. Maidir le comhaontuithe T&F – agus saothrú comhpháirteach thorthaí an taighde agus na forbartha i gceist nó gan é a bheith i gceist – is minic a ghintear gnóthachain éifeachtúlachta leo tríd an méid seo a leanas:
- (a) scileanna comhlántacha agus sócmhainní na bpáirtithe a chomhcheangal, rud as a n-eascraíonn forbairt agus margú níos tapúla i leith táirgí agus teicneolaíochtaí feabhsaithe nó nua, ná mar a bheadh amhlaidh gan an comhar;
 - (b) rud a fhágann go scaiptear eolais níos forleithne, agus lena bhféadfaí tuilleadh nuálaíochta a spreagadh;
 - (c) rud as a n-eascraíonn laghduithe costais nó laghdú ar spleáchais i gcás táirgí nó teicneolaíochtaí dá bhfuil líon teoranta soláthróirí ann.
156. Is féidir le gnóthachain éifeachtúlachta den sórt sin cur le margadh inmheánach athléimneach.
157. Ní fhéadfar ach tairbhí oibiachtúla a chur san áireamh chun Airteagal 101(3) a chur i bhfeidhm¹⁴³. Mar shampla, de thoradh chomhaontú T&F, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na páirtithe cuid dá T&F, nó an T&F uile dá chuid, a thréigean. D'fhéadfadh sé sin costais (sheasta) a laghdú le haghaidh na bpáirtithe lena mbaineann ach ní dócha go n-eascróidh tairbhí le haghaidh tomhaltóirí as, ach amháin i gcás inar féidir leis na páirtithe a thaispeáint gur dócha gur tapúla a

¹⁴⁰ Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard v an Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 89.

¹⁴¹ Féach freisin Roinn 1.2.6 agus mír 369.

¹⁴² Féach freisin mír 6.

¹⁴³ Féach mír 49 de Threoirlínte Airteagal 101(3).

shroichfidh táirgí an margadh, nó gur dóichí go n-éireoidh le T&F, mar chúiteamh ar an laghdú ar an líon iarrachtaí T&F.

2.4.2. *Fíor-riachtanas*

158. Ní chomhlíonann srianta a théann thar a bhfuil riachtanach chun na gnóthachain éifeachtúlachta a ghintear le comhaontú T&F a bhaint amach coinníollacha Airteagal 101(3). Go háirithe, is lú seans go gcomhlíonfaidh na cruashrianta atá liostaithe in Airteagal 8 den RB T&F¹⁴⁴, an critéar fíor-riachtanais i measúnú aonair.

2.4.3. *Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí*

159. Ní mór gnóthachain éifeachtúlachta a bhaintear amach trí shrianta fíor-riachtanacha a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí sa chaoi gur mó an tionchar atá acu ná an tionchar atá ag na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a eascraíonn as an gcomhaontú T&F. Mar shampla, ní mór gur mó an tairbhe a bhaineann le táirgí nua nó táirgí feabhsaithe a thabhairt isteach ar an margadh ná aon mhéadú ar phraghas nó aon éifeacht shriantach eile ar an iomaíocht.

160. I gcoitinne, is mó seans go dtiocfaidh gnóthachain éifeachtúlachta as comhaontú T&F lena bhfágfar go bhfaighidh tomhaltóirí cion cothrom den tairbhe a eascraíodh astu, i gcás ina gcomhcheanglóidh na páirtithe scileanna agus sócmhainní comhlántacha, amhail cumais taighde a forbraíodh in earnálacha difriúla nó i réimsí taighde difriúla.

161. Dá airde cumhacht mhargaidh na bpáirtithe, is ea is lú an dóchúlacht go mbeidh na gnóthachain éifeachtúlachta á gcur ar aghaidh chuig tomhaltóirí go feadh méid atá níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht.

2.4.4. *Gan deireadh a chur leis an iomaíocht*

162. Ní féidir coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh má thugtar caoi do na páirtithe leis an gcomhaontú T&F ar dheireadh a chur le hiomaíocht i leith cuid shubstaintiúil de na táirgí nó na teicneolaíochtaí atá i gceist. Agus an coinníoll sin á chur i bhfeidhm, ní mór tionchar an chomhaontaithe ar an iomaíocht nuálaíochta a chur san áireamh.

2.5. **Tráth ábhartha le haghaidh an mheasúnaithe**

163. Déantar an measúnú ar chomhaontuithe sriantacha faoi Airteagal 101 sa chomhthéacs iarbhair ina bhfuil siad agus ar bhonn na bhfíoras atá ann ag aon tráth ar leith. Tagann an measúnú faoi réir athruithe ábhartha ar na fíorais¹⁴⁵. Tá feidhm ag an eisceacht dá ndéantar foráil le hAirteagal 101(3) fad is a chomhlíontar na ceithre choinníoll charnacha a leagtar amach in Airteagal 101(3), agus a scoireann d'fheidhm a bheith aici nuair nach amhlaidh an cás a thuilleadh.

164. Agus Airteagal 101(3) á chur i bhfeidhm, is gá na hinfheistíochtaí báite tosaigh a rinne aon cheann de na páirtithe a chur san áireamh chomh maith leis an am is gá agus na srianta is gá chun infheistíocht spreagtha éifeachtúlachta a dhéanamh agus a aisghabháil. Ní féidir Airteagal 101 a chur i bhfeidhm gan aird chuif a thabhairt ar infheistíocht *ex ante* den sórt sin. Mar sin, d'fhéadfadh comhaontú lasmuigh d'Airteagal 101(1) nó comhlíonadh choinníollacha Airteagal 101(3), de réir mar a

¹⁴⁴ Féach Roinn 2.2.4.1.

¹⁴⁵ Féach mír 44 de Threoirlínte Airteagal 101(3). A mhéid a bhaineann leis an tréimhse ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar infheidhmeacht RB T&F, féach Roinn 2.2.5.

bheidh, a bheith mar thoradh ar an riosca atá ann do na páirtithe agus ar an infheistíocht bháite nach mór a dhéanamh chun an comhaontú a chur chun feidhme, ar feadh na tréimhse ama is gá chun an infheistíocht a fhorchúiteamh. I gcás inarb aireagán toradh na hinfeistíochta agus ina bhfaighidh na páirtithe cearta eisiacha i leith an aireagáin sin faoi rialacha maoinne intleachtúla, ní dócha go ginearálta go rachaidh tréimhse aisíochta na hinfeistíochta sin thar an tréimhse eisiachais a dheonaítear leis na rialacha sin.

165. I gcásanna áirithe, féadfaidh éifeachtaí comhaontaithe sriantaigh a bheith dochúlaithe. A luaithe a bheidh an comhaontú curtha chun feidhme, ní féidir an staid *ex ante* a athbhunú. I gcásanna den sórt sin, ní mór an measúnú a dhéanamh go heisiach ar bhonn na bhfíoras a bhaineann le tráth an chur chun feidhme.
166. Mar shampla, i gcás comhaontú T&F a bhaineann le táirge atá go hiomlán nua nach gcuirtear feabhas leis ar tháirge atá ann cheana, nach ndéanann é a ionadú ná nach gcuirtear ina ionad, ina gcomhaontóidh gach páirtí a thionscadal taighde faoi seach a thréigean agus a acmhainní a chomhthiomsú le tionscadail de chuid an pháirtí nó na bpáirtithe eile, d'fhéadfadh sé a bheith dodhéanta ó thaobh cúrsaí teicniúla agus eacnamaíocha de na tionscadail thréigthe a athbheochan. Má bhíonn an comhaontú comhoiriúnach le hAirteagal 101 an tráth a chuirtear i gcrích é, mar shampla toisc go bhfuil tionscadail T&F iomaíocha ag líon leordhóthanach tríú páirtithe, tá comhaontú na bpáirtithe a dtionscadail aonair a thréigean fós comhoiriúnach le hAirteagal 101, fiú má theipeann ar na tionscadail tríú páirtí ag tráth níos déanaí.
167. Féadfaidh feidhm a bheith ag toirmeasc Airteagal 101(1), áfach, maidir le codanna eile den chomhaontú nach n-eascraíonn saincheist dho-athraitheachta ina leith. Más rud é, mar shampla, de bhreis ar T&F comhpháirteach, go bhforáiltear leis an gcomhaontú do chomhshaothrú, féadfaidh feidhm a bheith ag Airteagal 101 maidir leis na forálacha sin den chomhaontú más rud é, i ngeall ar fhorbairtí sa mhargadh ina dhiaidh sin, go n-eascraíonn éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht as an gcomhaontú agus nach gcomhlíontar leis (a thuilleadh) coinníollacha Airteagal 101(3) agus aird chuí á tabhairt ar infheistíochtaí báite *ex ante*.

2.6. Samplaí

168. Comhaontuithe T&F a bhaineann le táirgí lena gcruthaítear éileamh go hiomlán nua

Sampla 1

Cás: Tá infheistíochtaí suntasacha déanta ag gach páirtí, Cuideachtaí A agus B, i dtaighde agus forbairt chun comhpháirt nua mhísháithithe leictreonach a fhorbairt. Tá coinne leis nach gcuirfeadh feabhas ar chomhpháirteanna atá ann cheana leis an gcomhpháirt nua ná nach gcuirfeadh ina n-ionad í, ach go gcruthófar éileamh go hiomlán nua léi. Tá fréamhshamhlacha forbartha ag gach páirtí, Cuideachtaí A agus B, agus tá coinne acu lena dtabhairt chun an mhargaidh i gceann thart faoi 18 mí. Thairis sin, tá coinne leis ag Cuideachtaí A agus B nach mbeidh ach an chéad chomhpháirt a shroichfidh an margadh ina comhpháirt mhóréilimh i dtéarmaí ioncam agus nach mbeidh an dara cuideachta a thabharfaidh a táirge chun an mhargaidh in ann cúiteamh a dhéanamh ar na hinfeistíochtaí T&F nár bheag a rinneadh, ach má thosaíonn an dá chuideachta ar an táirge a dhíol ar an margadh go comhuaineach, tá coinne ag Cuideachtaí A agus B leis go mbeidh siad in ann brabús nach beag a dhéanamh. Comhaontaíonn siad dá réir a n-iarrachtaí T&F a chomhcheangal i gcomhfhiontar lena bhforbrófar fréamhshamhail Chuideachta A agus lena dtáirgfear an chomhpháirt nua ansin agus í a sholáthar chuig an dá chuideachta, a dhéanfaidh í

a thráchtáil go neamhspleách. De thoradh an chomhaontaithe comhfhiontair, tréigfidh Cuideachta B forbairt a fréamhshamhla féin. Trí na hiarrachtaí T&F dá gcuid a chomhthiomsú, tá coinne leis ag na páirtithe go mbeidh siad in ann an chomhpháirt nua a thabhairt chun an mhargaidh i dtréimhse is lú ná 1 bhliain amháin. Níl comhpháirt inionadaitheach á forbairt ag aon chuideachta eile.

Anailís:

Infheidhmeacht RB T&F: Leis an gcomhpháirt nua mhísháithithe leictreonach lena mbaineann an comhaontú T&F, chruthófaí éileamh go hiomlán nua. Ní chuirfí feabhas léi ar tháirge atá ann cheana, ná ní dhéanfaidh sí é a ionadú ná ní chuirfí ina ionad í. Is iomaitheoirí ar leibhéal na nuálaíochta iad Cuideachtaí A agus B; mar sin féin, ní thagann siad faoi réim an tsainmhínithe ar iomaitheoirí iarbhír nó ionchasacha a leagtar amach in RB T&F¹⁴⁶, mar sin, ní bheadh a gcomhaontú faoi réir na tairsí maidir leis an sciar den mhargadh a leagtar amach in Airteagal 6(1) de RB T&F. Ina áit sin, an comhaontú T&F idir Cuideachtaí A agus B, cumhdófar le hAirteagal 6(2) de RB T&F é agus, beidh an comhaontú díolmhaithe dá réir ar feadh fhad an taighde agus na forbartha, chomh fada agus a chomhlíonann an comhaontú na coinníollacha eile uile maidir le díolúine a chuimsítear in RB T&F (mar shampla, coinníollacha a bhaineann le rochtain ar na torthaí T&F, easnamh na gcruashrianta, etc.).

An dóchúlacht go dtarraingeofar an bhlocdhíolúine siar:

(i) Srian iomaíochta de réir bhrí Airteagal 101(1): D'fhágfaidh an comhaontú T&F go dtréigfeadh Cuideachta B forbairt fhréamhshamhail a comhpháirte, comhpháirt ar dócha go dtabharfaidh an Chuideachta chun an mhargaidh i gceann thart faoi 18 mí murach sin. An tráth a dhéanann Cuideachtaí A agus B an comhaontú T&F, níl ann ach na gnóthais sin atá ag gabháil do T&F i ndáil leis an gcomhpháirt nua mhísháithithe leictreonach, agus níl comhpháirt inionadaitheach á forbairt ag aon ghnóthas eile. Thairis sin, tá na cuideachtaí ag céim dheireanach den phróiseas T&F (tá coinne acu leis an gcomhpháirt a thabhairt chun an mhargaidh i gceann thart faoi 18 mí) agus tríd an gcomhaontú, d'fhéadfadh an dá chuideachta rás eatarthu maidir leis an gcéad chuideachta a shroichfidh an margadh a sheachaint, rud lena laghdófaí an riosca nach mbeidís in ann an infheistíocht iomlán nó cuid den infheistíocht a rinne siad cheana féin a chúiteamh. Dá bhrí sin, is cosúil gur dócha go gcuirfidh an comhaontú T&F srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). Ní athraítear an chonclúid sin leis an bhfíoras go ndéanfaidh gach páirtí an chomhpháirt nua a thráchtáil go neamhspleách.

(ii) Neamhchomhlíonadh choinníollacha Airteagal 101(3): Leis an gcomhfhiontar, cuirfear ar a gcumas do na páirtithe an chomhpháirt nua a thabhairt chun an mhargaidh níos tapúla, rud atá ina éifeachtúlacht oibiachtúil atá in ann dul chun tairbhe do thomhaltóirí. Mar sin féin, ní dócha gur mó an tsábháil ama ná an laghdú ar an iomaíocht nuálaíochta agus ar éagsúlacht na dtáirgí a eascróidh as tréigean na fréamhshamhla de chuid Chuideachta B, i bhfianaise gur dócha go dtabharfaí táirge Chuideachta B chun an mhargaidh murach sin, roimh, nó ar a dhéanaí, laistigh de thréimhse ghearr tar éis tháirge A agus nach bhfuil aon srian iomaíoch eile ar leibhéal na nuálaíochta roimh na páirtithe. Dá bhrí sin, is cosúil nach gcomhlíonann an comhaontú T&F ar a laghad ceann amháin de cheithre choinníoll charnacha

¹⁴⁶ Féach Airteagal 1(1), pointe (15) de RB T&F.

Airteagal 101(3), mar atá, an cion cothrom le haghaidh tomhaltóirí. Sa chás sin, is dócha go dtarraingeofaí siar tairbhe na blocdhíolúine, dá ndéantar foráil le hAirteagal 10 de RB T&F, agus is dócha go dtoirmiscfear an comhaontú ar an bhforas go sáraítear Airteagal 101 leis.

169. Comhaontuithe T&F a bhaineann le comhlachtaí acadúla/ institiúidí taighde

Sampla 2

Cás: Is táirgeoir mór lotnaidicídí í Cuideachta A. Tá sí gníomhach ar mhargadh réamhtheachtach le haghaidh comhábhair lotnaidicíde, leis an gcomhábhar X dá cuid, agus ar mhargadh iartheachach le haghaidh lotnaidicídí leis an gcomhábhar Y dá cuid. Is príomhionchur í comhpháirt X chun lotnaidicíd Y a tháirgeadh.

Tá Cuideachta A ag beartú tionscadal taighde a mhaoiniú lena ndíreofar ar fheabhas a chur ar chomhábhar X, chun go mbeidh custaiméirí a bhaineann úsáid as lotnaidicíd Y in ann an táirgeacht barr chéanna a bhaint amach agus úsáid á baint acu as cainníochtaí lotnaidicíde níos lú. Chun na críche sin, déanann Cuideachta A comhaontú T&F le hOllscoil B, ag a bhfuil cumais shuntasacha T&F i gcomhábhair lotnaidicídí. Ní tháirgeann ná ní dhíolann Ollscoil B lotnaidicídí ná comhábhair lotnaidicídí.

Déantar foráil leis an gcomhaontú T&F go maoiniú Cuideachta A na gníomhaíochtaí T&F, ach nach í a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí sin, a dhéanfaidh Ollscoil B. Ní cheadaítear leis an gcomhaontú T&F d'Ollscoil B torthaí an taighde agus na forbartha a shaothrú. Leis an gcomhaontú T&F, forchoimeádtar an ceart do Chuideachta A go heisiach chun na torthaí T&F as ar íocadh a shaothrú. Níl de cheart ag Ollscoil B ach chun úsáid a bhaint na torthaí T&F chun tuilleadh T&F a dhéanamh.

Anailís:

Infheidhmeacht RB T&F: Ní gnóthais iomaíocha iad Cuideachta A agus Ollscoil B de réir bhrí RB T&F. De bhun Airteagal 6(2) de RB T&F, ní gá aon tairseach maidir leis an sciar den mhargadh a chomhlíonadh.

Forchuirtear le hAirteagal 3 de RB T&F mar choinníoll ghinearálta le haghaidh na blocdhíolúine nach mór rochtain iomlán a bheith ag gach páirtí sa chomhaontú T&F ar na torthaí T&F as ar íocadh chun tuilleadh T&F a dhéanamh agus chun saothrú a dhéanamh. Ní chomhlíonann an comhaontú T&F an choinníoll sin. Mar sin féin, tagann an comhaontú T&F faoi réim na díolúine speisialta dá ndéantar foráil le hAirteagal 3(5) de RB T&F, ar dá réir sin, maidir le comhaontuithe T&F lena gcuirtear srian ar an úsáid a bhaineann comhlachtaí acadúla as torthaí T&F chun T&F a chur ar aghaidh, agus é sin amháin (is é sin, go n-eisiatar saothrú na dtorthaí ón gcomhaontú), gur féidir leis na comhaontuithe T&F tairbhiú den bhlocdhíolúine.

Dá bhrí sin, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha RB T&F, tairbhíonn an comhaontú T&F idir Cuideachta A agus Ollscoil B den bhlocdhíolúine agus ní gá aon mheasúnú breise.

170. Tionchar an chomhair taighde agus forbartha agus an comhshaol

Sampla 3

Cás: Comhaontaíonn dhá chuideachta innealtóireachta a tháirgeann comhphárteanna feithicle comhfhiontar a bhunú chun na hiarrachtaí T&F dá gcuid atá ann cheana a chomhcheangal, arb iarrachtaí iad sin lena ndírítear ar fheabhas a chur ar

fheidhmíocht chomhpháirte atá ann cheana. Má éiríonn leis an T&F comhpháirteach, beidh tionchar dearfach ag an gcomhpháirt fheabhsaithe ar an gcomhshaol: is lú breosla a ídeoidh feithiclí ina mbeidh an chomhpháirt ionchorpraithe agus is lú CO₂ a astóidh siad dá bhrí sin. Tá coinne leis ag na cuideachtaí go gcuirfear dlús le forbairt an táirge fheabhsaithe ach na hiarrachtaí T&F dá gcuid a chomhcheangal. Déantar foráil leis an gcomhaontú comhfhiontair maidir le gach cuideachta leanúint de na comhpháirteanna (atá ann cheana agus a bheidh feabhsaithe) a mhonarú agus a dhíol go neamhspleách. Ar an margadh ar fud an Aontais chun an chomhpháirt atá ann cheana a sholáthar, is é 15 % agus 20 % na sciartha den mhargadh atá ag an dá chuideachta faoi seach. Tá trí mhonaróir shuntasacha iomaíocha eile ann a tháirgeann comhpháirteanna. Is idir 3 agus 5 bliana saolré tháirge na comhpháirte go hiondúil. I ngach ceann de na 3 bliana roimhe, thug ceann de na mórmhonoróirí comhpháirteanna leagan nua nó uasghrádú isteach.

Anailís:

Infheidhmeacht RB T&F: De réir RB T&F is é an ‘margadh táirgí ábhartha’ an margadh le haghaidh na dtáirgí ar féidir iad a fheabhsú nó a ionadú leis na táirgí conartha, nó ar féidir é a chur ina n-ionad. Sa chás seo, is é sin an margadh le haghaidh na comhpháirte feithicle a bhfuil sé mar aidhm ag an T&F feabhas a chur uirthi. Tá sciar margaidh 35 % ag na páirtithe le chéile ar an margadh táirgí ábhartha. Toisc go sáraíonn sé seo an tairseach de 25 % in RB T&F maidir leis an sciar den mhargadh, ní féidir leis an gcomhfhiontar leas a bhaint as an mblocdhíolúine.

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(1): Trí iarrachtaí T&F na bpáirtithe a bhí neamhspleách roimhe seo a chomhcheangal, laghdaítear líon na n-iarrachtaí T&F a bhaineann le feabhsú na comhpháirte mar thoradh ar an gcomhfhiontar. Cé acu an gcruthaíonn sé sin srian suntasach ar an iomaíocht sa mhargadh táirgí ábhartha nó srian suntasach ar an iomaíocht nuálaíochta, ní mór measúnú iomlán a dhéanamh ar an gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch. Chun na críche sin, áirítear ar na tosca ábhartha trí mhonoróirí suntasacha eile a bheith ann sa mhargadh táirgí ábhartha; taifead na monaróirí sin i dtéarmaí nuálaíochta; saolré réasúnta gearr na comhpháirte, agus an fíoras go leanfaidh na páirtithe de tháirgeadh agus de dhíol na gcomhpháirteanna atá ann cheana féin agus atá feabhsaithe go neamhspleách. Tríd is tríd, tá an chuma ar an scéal nach dócha go mbeidh srian suntasach ar an iomaíocht mar thoradh ar an gcomhfhiontar.

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(3): Ní gá measúnú a dhéanamh faoi Airteagal 101(3) ach amháin má mheastar go gcuireann an comhfhiontar srian suntasach ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). Is éifeachtúlacht oibiachtúil é dlús a chur le forbairt leagan feabhsaithe den chomhpháirt lena laghdófar ídiú breosla. Cé go bhfuil sciar suntasach den mhargadh ag na páirtithe le chéile ar mhargadh na gcomhpháirteanna ábhartha, fágann láithreach iomaitheoirí suntasacha eile, a bhfuil cruthúnas ann go mbíonn siad i mbun nuálaíochta, saolré gearr na comhpháirte agus an fíoras go leanfaidh na páirtithe de mhonarú agus de dhíol na comhpháirte go neamhspleách gur dócha go gcuirfear an éifeachtúlacht ar aghaidh chuig tomhaltóirí agus nach dócha go gcuirfidh an comhfhiontar deireadh le hiomaíocht sa mhargadh comhpháirteanna ábhartha nó go gcuirfidh sé deireadh le hiomaíocht nuálaíochta ábhartha. Tá dealramh le maíomh na páirtithe go bhfuil comhcheangal a gcuid iarrachtaí T&F fíor-riachtanach chun dlús a chur le forbairt an táirge fheabhsaithe. Dá bhrí sin, is dócha go gcomhlíonfaidh an comhfhiontar T&F coinníollacha Airteagal 101(3).

171. Comhpháirtíocht taighde

Sampla 4

Cás: Tá cuideachtaí A, B agus C ar thús cadhnaíochta i dteicneolaíochtaí an fhuinnimh in-athnuaite. Rinne siad comhpháirtíocht taighde a bhunú, lena sainítear clár oibre T&F ina leagtar amach fíis chomónta fhadtéarmach maidir le teicneolaíochtaí nua fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus feabhas a chur ar na cinn atá ann cheana féin. Cuirfear an clár oibre seo i bhfeidhm trí roinnt comhaontuithe ar leith ina dhiaidh sin lena gcumhdófar comhthionscadail T&F aonair agus as ar íocadh.

Déanfar an clár oibre sin a chur ar bhonn foirmiúil i meabhrán tuisceana (MT), ina leagfar amach creat le haghaidh chomhar na bpáirtithe, lena n-áirítear cuspóirí, téarmaí agus coinníollacha, rialacha rialachais agus socruithe monatóireachta. Leis an Meabhrán Tuisceana soláthraítear meicníocht chúitimh do chásanna inar mian le páirtí amháin leas a bhaint as torthaí T&F a rinne na páirtithe eile.

Anailís:

Infheidhmeacht RB T&F: Toisc nach mbaineann an MT le tionscadail T&F ar leith (ní bhunaítear leis ach téarmaí agus coinníollacha ginearálta chun tionscadail T&F a chur i bhfeidhm a bheidh ina n-ábhar do chomhaontuithe ar leithligh, ina dhiaidh sin), ní hionann an MT ann féin agus comhaontú T&F de réir bhrí RB T&F. Níl feidhm ag an mblocdhíolúine dá bhrí sin.

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(1) agus Airteagal 101(3): Tá na páirtithe uile sa MT gníomhach i réimse na dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, ach is creat-chomhaontú ardleibhéil é an MT nach mbaineann leis na tionscadail T&F ar leith. Ní féidir a chinneadh, dá bhrí sin, cé acu an iomaitheoirí iarbhrí nó iomaitheoirí ionchasacha iad na páirtithe chun críocha an chomhaontaithe sin. Ní bheidh sé indéanta a gcaidreamh iomaíoch a mheasúnú ach amháin nuair a dhéanfaidh siad comhaontuithe T&F cur chun feidhme ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, ní chuireann an Meabhrán Tuisceana srian le hiomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1).

3. COMHAONTUITHE MAIDIR LE TÁIRGEADH

3.1. Réamhrá

^{172.} Soláthraítear treoraíocht sa Chaibidil seo i dtaca le measúnú ar chomhaontuithe maidir le táirgeadh cothrománach. Chun críche na Caibidle seo, ciallaíonn táirgeadh monarú earraí agus ullmhú seirbhísí¹⁴⁷.


173. Bíonn comhaontuithe maidir le táirgeadh éagsúil ó thaobh foirme agus raon feidhme de:

- (a) féadfar foráil a dhéanamh leo go ndéanfar an táirgeadh go comhpháirteach, mar shampla trí chomhfhiontar, trí fhoireann chomhpháirteach nó trí chomheagraíocht; nó
- (b) féadfar foráil a dhéanamh leo nach ndéanfaidh ach páirtí amháin nó dhá pháirtí nó níos mó an táirgeadh trí chineálacha comhair níos scaoilte i dtáirgeadh amhail comhaontuithe.

¹⁴⁷ Maidir le hullmhú na seirbhísí, féach go háirithe mír 200.

174. Ciallaíonn ‘comhaontuithe maidir le táirgeadh comhpháirteach’ comhaontuithe faoina gcomhaontaíonn dhá pháirtí nó níos mó táirgí áirithe a tháirgeadh go comhpháirteach. Féadfaidh foirmeacha éagsúla a bheith i gcomhtháirgeadh, mar shampla (i) comhfhiontar, is é sin le rá, cuideachta atá faoi chomhrialú a oibríonn saoráid táirgthe amháin nó níos mó¹⁴⁸, nó (ii) comhfhoireann nó comheagraíocht ina bhfuil líon cothrom nó líon míchothrom d’ionadaithe na bpáirtithe.
175. Is ionann comhaontuithe fochonraitheoireachta agus comhaontuithe ina gcuireann páirtí amháin (an ‘conraitheoir’) de chúram ar pháirtí eile (an ‘fochonraitheoir’) táirge a tháirgeadh. Sa Chaibidil seo, ciallaíonn comhaontuithe cothrománacha fochonraitheoireachta comhaontuithe fochonraitheoireachta idir gnóthais a oibríonn ar an margadh táirgí céanna ach ní gá go mbeadh siad ar an margadh geografach céanna, dá bhrí sin is cuma an iomaitheoirí iad na gnóthais. Áirítear le comhaontuithe cothrománacha fochonraitheoireachta comhaontuithe speisialtóireachta aontaobhacha agus cómhalartacha chomh maith le cineálacha eile comhaontuithe fochonraitheoireachta.
176. *Is éard is comhaontuithe aontaobhacha speisialtóireachta ann comhaontuithe idir dhá pháirtí nó níos mó atá gníomhach ar an margadh táirgí céanna, faoina n-aontaíonn páirtí amháin nó níos mó scor de tháirgí áirithe a tháirgeadh go hiomlán nó go páirteach nó staonadh ó na táirgí sin a tháirgeadh agus iad a cheannach ón bpáirtí nó ó na páirtithe eile a chomhaontaíonn na táirgí a tháirgeadh agus a sholáthar don pháirtí nó do na páirtithe a scoireann de na táirgí sin a tháirgeadh nó a staonann óna dtáirgeadh.*

Sampla de chomhaontú aontaobhach speisialtóireachta




177. Ciallaíonn *comhaontú speisialtóireachta cómhalartach* comhaontuithe idir dhá pháirtí nó níos mó atá gníomhach ar an margadh táirgí céanna, comhaontú faoina gcomhaontaíonn dhá pháirtí nó níos mó, ar bhonn cómhalartach, scor go hiomlán nó

¹⁴⁸ Féach míreanna 12 agus 46. Ní chumhdaítear leis na Treoirínte sin oibríochtaí ar comhchruinniú atá iontu de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán um Chumaisc; áirítear leis sin comhfhiontar lánfheidhme a chruthú.


go páirteach de tháirgí áirithe ach atá éagsúil a tháirgeadh, nó stionadh ó na táirgí sin a tháirgeadh, agus na táirgí sin a cheannach ó cheann amháin nó níos mó de na páirtithe eile a chomhaontaíonn iad a tháirgeadh agus a sholáthar don pháirtí nó do na páirtithe a scoireann nó a stionann óna dtáirgeadh.

Sampla de chomhaontú speisialtóireachta cómhalartach



178. Baineann an treoraíocht a thugtar sa Chaibidil seo freisin le *cineálacha eile de chomhaontuithe cothrománacha fochonraitheoireachta*. Áirítear leis sin comhaontuithe fochonraitheoireachta lena ndírítear ar an táirgeadh a mhéadú, nach scoireann an conraitheoir ag an am céanna fúthu nó nach gcuireann sé teorainn lena tháirgeadh féin ar an táirge.

Sampla de chomhaontú speisialtóireachta atá dírithe ar tháirgeadh a mhéadú



179. Tá feidhm ag na Treoirínte seo maidir le gach cineál comhaontuithe cothrománacha maidir le táirgeadh comhpháirteach agus comhaontuithe cothrománacha fochonraitheoireachta¹⁴⁹.
180. Ar mhaithe leis an tseiftiúlacht, gnóthais a bheartaíonn comhaontuithe cothrománacha maidir le táirgeadh a dhéanamh, d'fhéadfadh sé gur mian leo a mheas

¹⁴⁹ Ní chumhdaítear comhaontuithe fochonraitheoireachta ingearacha leis na Treoirínte seo. Tugtar comhaontuithe fochonraitheoireachta ingearacha i gcrích idir cuideachtaí atá ag feidhmiú ar leibhéal éagsúla den slabhra táirgthe nó dáileacháin. Féadfaidh na comhaontuithe sin teacht faoi raon feidhme na dTreoirínte maidir le Sriantha Ingearacha agus, faoi réir coinníollacha áirithe, féadfaidh siad tairbhiú de VBER. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh na comhaontuithe sin cumhdaithe ag an bhfógra ón gCoimisiún an 18 Nollaig 1978 maidir lena mheasúnú ar chomhaontuithe fochonraitheoireachta áirithe i ndáil le hAirteagal 85(1) de Chonradh CEE, (IO C 1, 3.1.1979, lch. 2) ('an Fógra Fochonraitheoireachta').

ar dtús cé acu is féidir lena gcomhaontú tairbhiú den RB Speisialtóireachta nó nach féidir¹⁵⁰. Tá an díolúine a sholáthraítear leis an RB Speisialtóireachta bunaithe ar an toimhde — sa mhéid go bhfuil comhaontú táirgeachta faoi raon feidhme Airteagal 101(1) agus go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach san RB Speisialtóireachta — comhlíonfaidh sé ceithre choinníoll charnacha Airteagal 101(3) i gcoitinne. I gcás ina gcomhlíonann comhaontú táirgeachta coinníollacha an RB Speisialtóireachta, tá sé comhoiriúnach d’Airteagal 101 agus níl gá le haon mheasúnú breise¹⁵¹. I gcás nach gcumhdaítear comhaontú táirgeachta leis an RB Speisialtóireachta agus nach gcomhlíonann sé coinníollacha an Rialacháin sin, is gá measúnú aonair a dhéanamh faoi Airteagal 101 chun a chinneadh, ar an gcéad dul síos, cé acu a shriantar nó nach sriantar an iomaíocht leis an gcomhaontú de réir bhrí Airteagal 101(1) agus, más amhlaidh go srianann, cé acu a chomhlíonann an comhaontú gach ceann de na ceithre choinníoll a leagtar amach in Airteagal 101(3).

181. Tá an Chaibidil seo struchtúrtha mar a leanas:

- (a) Soláthraítear treoraíocht le Roinn 3.2 maidir le margaí atá ábhartha a shainnithint le haghaidh an mheasúnaithe ar chomhaontuithe maidir le táirgeadh;
- (b) Soláthraítear treoraíocht le Roinn 3.3 maidir le RB Speisialtóireachta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na coinníollacha chun comhaontuithe speisialtóireachta a dhíolmhú, an tairseach maidir leis an sciar den mhargadh, agus na cruashrianta agus na srianta eisiata;
- (c) Soláthraítear treoraíocht le Roinn 3.4 maidir leis an measúnú aonair ar chomhaontuithe táirgeachta faoi Airteagal 101(1);
- (d) Soláthraítear treoraíocht le Roinn 3.5 maidir leis an measúnú aonair ar chomhaontuithe táirgeachta faoi Airteagal 101(3);
- (e) Soláthraítear treoraíocht le Roinn 3.6 maidir leis an measúnú aonair ar chomhaontuithe maidir le bonneagar teileachumarsáide móibílí a chomhroinnt faoi Airteagal 101(1) agus Airteagal 101(3).

3.2. Margaí ábhartha

182. Leis an bhFógra maidir leis an Sainiú Margaidh leagtar amach na príomhchritéir agus an fhianaise a úsáideann an Coimisiún chun margaí ábhartha a shainmhíniú agus dlí iomaíochta an Aontais á fhorfheidhmiú aige (féach freisin mír 44). Tá na critéir sin infheidhme maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhaontuithe táirgeachta faoi Airteagal 101.

183. Beidh tionchar ag comhaontuithe maidir le táirgeadh ar na margaí a bhfuil baint dhíreach ag an gcomhar leo, eadhon na margaí lena mbaineann na táirgí a tháirgtear faoin gcomhaontú maidir le táirgeadh. D’fhéadfadh tionchar a bheith ag comhaontuithe maidir le táirgeadh freisin ar mhargaí réamhtheachtacha, iartheachacha nó comharsanachta an mhargaidh a bhfuil baint dhíreach ag an

¹⁵⁰ Rialachán (AE) Uimh. 2023/1067 ón gCoimisiún an 01 Meitheamh 2023 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe speisialtóireachta (IO L 143, 2.6.2023, lch. 20-26).

¹⁵¹ Mura dtarraingíonn agus go dtí go dtarraingíonn an Coimisiún nó údarás iomaíochta náisiúnta tairbhe na blocdhíolúine siar i gcás aonair (féach Roinn 3.3.7).

gcomhar leo (*'margaí iarmharta'*)¹⁵². Is dócha go mbeidh na margaí iarmharta sin ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na margaí sin spleách ar a chéile agus cé acu atá nó nach bhfuil seasamh láidir ag na páirtithe ar an margadh iarmharta.

184. Chun críocha an RB Speisialtóireachta, ciallaíonn 'margadh ábhartha' an táirge agus an margadh geografach lena mbaineann na táirgí a tháirgtear faoin gcomhaontú speisialtóireachta, agus, ina theannta sin, i gcás inar táirgí idirmheánacha iad na táirgí speisialtóireachta a úsáideann ceann amháin nó níos mó de na páirtithe go hiomlán nó go páirteach faoi chuing mar ionchur le haghaidh táirgí iartheachtacha, don mhargadh táirgí agus geografach lena mbaineann na táirgí iartheachtacha sin.

3.3. RB Speisialtóireachta

185. Leis an RB Speisialtóireachta díolmhaítear comhaontuithe áirithe maidir le táirgeadh ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1)¹⁵³. Tá an díolúine a sholáthraítear leis an RB Speisialtóireachta bunaithe ar an toimhde — sa mhéid a bhfuil comhaontú maidir le táirgeadh faoi raon feidhme Airteagal 101(1) agus go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach san RB Speisialtóireachta — comhlíonfaidh sé ceithre choinníoll charnacha Airteagal 101(3) i gcoitinne. Ar mhaithe leis an tseiftiúlacht, gnóthais a bheartaíonn comhaontuithe maidir le táirgeadh a dhéanamh, d'fhéadfadh sé gur mian leo a mheas ar dtús cé acu is féidir lena gcomhaontú tairbhiú den RB Speisialtóireachta nó nach féidir.

186. Comhaontuithe táirgeachta a chomhlíonann coinníollacha an RB Speisialtóireachta, tá siad comhoiriúnach d'Airteagal 101 agus níl gá le haon mheasúnú breise¹⁵⁴. I gcás nach gcomhlíonfaidh comhaontú táirgeachta coinníollacha an RB Speisialtóireachta, is gá measúnú aonair a dhéanamh faoi Airteagal 101 chun a chinneadh, ar an gcéad dul síos, cé acu a shriantar nó nach sriantar an iomaíocht leis an gcomhaontú de réir bhrí Airteagal 101(1)¹⁵⁵ agus, más amhlaidh go srianann, cé acu a chomhlíonann an comhaontú na ceithre choinníoll charnacha a leagtar amach in Airteagal 101(3).

3.3.1. Comhaontuithe maidir le táirgeadh arna gcumhdach ag an RB Speisialtóireachta

187. Cumhdaítear leis an RB Speisialtóireacht na cineálacha comhaontuithe cothrománacha seo a leanas: (a) comhaontuithe aontaobhacha speisialtóireachta, (b) comhaontuithe cómhalartacha speisialtóireachta, agus (c) comhaontuithe maidir le táirgeadh comhpháirteach. Úsáidtear an téarma 'comhaontú speisialtóireachta' sa RB Speisialtóireachta chun tagairt a dhéanamh do na trí chineál comhaontuithe cothrománacha maidir le táirgeadh. I ngach cás, féadfaidh an comhaontú a bheith bainteach le monarú earraí agus/nó le hullmhú seirbhísí¹⁵⁶.
188. In Airteagal 1(1), pointe (1) (a) den RB Speisialtóireachta sainmhínítear *comhaontuithe speisialtóireachta aontaobhacha* mar a leanas:
- (a) tá baint ag dhá pháirtí nó níos mó leis an gcomhaontú;

¹⁵² Féach Airteagal 2(5), an chéad mhír de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle.

¹⁵³ Le Rialachán (CEE) Uimh. 2821/71 tugtar de chumhacht don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 101(3), bac a chur le rialachán ar chomhaontuithe arb é is cuspóir dóibh speisialtóireacht lena n-áirítear comhaontuithe atá riachtanach chun í a bhaint amach.

¹⁵⁴ Mura dtarraingíonn agus go dtí go dtarraingíonn an Coimisiún nó údarás iomaíochta náisiúnta tairbhe na bloodhíolúine siar i gcás aonair (féach Roinn 3.3.7).

¹⁵⁵ Maidir leis an measúnú ar chomhaontuithe speisialtóireachta faoi Airteagal 101(1), féach Roinn 3.4.

¹⁵⁶ Féach aithris 6 agus Airteagal 1(1), pointe (5) den RB Speisialtóireachta.

- (b) tá na páirtithe sa chomhaontú gníomhach cheana féin ar an margadh céanna táirgí;
 - (c) comhaontaíonn ceann amháin nó níos mó de na páirtithe scor go hiomlán nó go páirteach nó staonadh ó tháirgí áirithe a tháirgeadh agus iad a cheannach ó cheann amháin nó níos mó de na páirtithe eile; agus
 - (d) comhaontaíonn páirtí nó páirtithe éagsúla na táirgí sin a tháirgeadh agus a sholáthar don pháirtí nó do na páirtithe eile a scoireann nó a staonann ó na táirgí sin a tháirgeadh.
189. Ní éilíonn an sainmhíniú ar chomhaontuithe speisialtóireachta aontaobhacha (i) go mbeadh na páirtithe gníomhach ar an margadh geografach céanna, nó (ii) na páirtithe a scoireann de tháirgí áirithe ach táirgí éagsúla a tháirgeadh chun acmhainn a laghdú (e.g. monarchana a dhíol, línte táirgeachta a dhúnadh). Is leor go laghdóidh na páirtithe sin a méid táirgeachta.
190. In Airteagal 1(1), pointe (1) (b) den RB Speisialtóireachta sainmhínítear *comhaontuithe speisialtóireachta cómhalartacha* mar a leanas:
- (a) tá baint ag dhá pháirtí nó níos mó leis an gcomhaontú;
 - (b) tá na páirtithe sa chomhaontú gníomhach cheana féin ar an margadh céanna táirgí;
 - (c) go gcomhaontaíonn dhá pháirtí nó níos mó, ar bhonn cómhalartach, go hiomlán nó go páirteach, scor de tháirgí áirithe ach táirgí éagsúla a tháirgeadh nó staonadh ó tháirgí áirithe a tháirgeadh agus na táirgí sin a cheannach ó na páirtithe eile; agus
 - (d) go gcomhaontaíonn ceann amháin nó níos mó de na páirtithe eile na táirgí sin a tháirgeadh agus a sholáthar do na páirtithe a scoirfidh de na táirgí sin a tháirgeadh nó a staonann ó na táirgí sin a tháirgeadh.
191. Ní éilíonn an sainmhíniú ar chomhaontuithe speisialtóireachta cómhalartacha (i) go mbeadh na páirtithe gníomhach ar an margadh geografach céanna, nó (ii) na páirtithe a scoireann de tháirgí áirithe ach táirgí éagsúla a tháirgeadh chun acmhainn a laghdú (mar shampla, monarchana a dhíol, línte táirgeachta a dhúnadh). Is leor go laghdóidh na páirtithe sin a méid táirgeachta.
192. In Airteagal 1(1), pointe (1) (c) den RB Speisialtóireachta sainítear *comhaontuithe maidir le táirgeadh comhpháirteach*. mar a leanas:
- (a) tá baint ag dhá pháirtí nó níos mó leis an gcomhaontú; agus
 - (b) comhaontaíonn na páirtithe táirgí áirithe a tháirgeadh i gcomhpháirt lena chéile.
193. Mar sin féin, ní shainmhínítear an téarma ‘comhpháirteach’ sa RB Speisialtóireachta i gcomhthéacs an táirgthe. Chun críocha an RB Speisialtóireachta, féadfaidh an táirgeadh comhpháirteach a bheith i bhfoirm ar bith (mar shampla, comhghnóthas, comheagraíocht, comhfhoireann). Ina theannta sin, i gcás comhaontuithe maidir le táirgeadh comhpháirteach níl aon cheanglas go gcaithfidh páirtí amháin nó níos mó scor nó staonadh ó tháirgeadh táirgí ar bith.
- 3.3.2. *Forálacha eile arna gcumhdach leis an RB Speisialtóireachta*
194. Tá feidhm ag an díolúine a sholáthraítear leis an RB Speisialtóireachta freisin maidir le forálacha áirithe a úsáidtear go coitianta i gcomhaontuithe maidir le táirgeadh.

195. *Forálacha maidir le cearta maoinne intleachtúla a shannadh nó a cheadúnú do cheann amháin nó níos mó de na páirtithe.* Foráiltear le hAirteagal 2(3) den RB Speisialtóireachta go bhfuil feidhm ag an mblocdhíolúine freisin maidir le comhaontuithe ina bhfuil forálacha maidir le cearta maoinne intleachtúla a shannadh nó a cheadúnú do cheann amháin nó níos mó de na páirtithe, ar choinníoll go gcomhlíonann na forálacha sin dhá choinníoll charnacha:
- (a) tá baint dhíreach acu le cur chun feidhme an chomhaontaithe speisialtóireachta agus tá siad riachtanach chun é sin a chur chun feidhme; agus
 - (b) ní hionann iad agus príomhchuspóir an chomhaontaithe.
196. *Forálacha maidir le hoibleagáidí soláthair nó ceannaigh.* Foráiltear le hAirteagal 2(4), pointe (a) den RB Speisialtóireachta go bhfuil feidhm ag an mblocdhíolúine freisin maidir le comhaontuithe speisialtóireachta faoina nglacann na páirtithe le hoibleagáidí soláthair eisiacha agus oibleagáidí ceannaigh eisiacha¹⁵⁷, a shainítear mar a leanas:
- (a) Ciallaíonn *oibleagáid soláthair eisiach* oibleagáid gan na táirgí speisialtóireachta a sholáthar do ghnóthas iomaíoch seachas páirtí nó páirtithe sa chomhaontú speisialtóireachta (féach Airteagal 1(1), pointe (10) den RB Speisialtóireachta). Ciallaíonn táirgí speisialtóireachta na táirgí a tháirgtear faoi chomhaontú speisialtóireachta (féach Airteagal 1(1), pointe (6) den RB Speisialtóireachta).
 - (b) Ciallaíonn *oibleagáid ceannaigh eisiach* oibleagáid na táirgí speisialtóireachta a cheannach ó pháirtí nó ó pháirtithe sa chomhaontú speisialtóireachta agus uathu sin amháin (féach Airteagal 1(1), pointe (11) den RB Speisialtóireachta).
- 3.3.3. *Dáileadh faoin RB Speisialtóireachta*
197. Foráiltear le hAirteagal 2(4), pointe (b) den RB Speisialtóireachta go bhfuil feidhm ag an mblocdhíolúine freisin maidir le comhaontuithe speisialtóireachta lena bhforáiltear do dháileadh comhpháirteach na dtáirgí speisialtóireachta. Tá saoirse fós ag na páirtithe chun na táirgí speisialtóireachta a dhíol go neamhspleách freisin.
198. In Airteagal 1(1), pointe (13) den RB Speisialtóireachta sainítear ‘*dáileadh*’ mar na táirgí speisialtóireachta a dhíol agus a sholáthar do chustaiméirí, lena n-áirítear tráchtálú na dtáirgí sin.
199. In Airteagal 1(1), pointe (12) den RB Speisialtóireachta sainítear, sainmhínítear ‘*comhpháirteach*’ i gcomhthéacs an dáilte mar:
- (a) dáileadh arna chur i gcrích ag foireann, eagraíocht nó gnóthas comhpháirteach, nó
 - (b) dáileadh arna dhéanamh ag dáileoír tríú páirtí a chomhlíonann dhá choinníoll charnacha:
 - (a) déanann páirtithe an chomhaontaithe speisialtóireachta an dáileadh a cheapadh go comhpháirteach (ar bhonn eisiach nó neamheisiach); agus

¹⁵⁷ Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór oibleagáidí soláthair agus ceannaigh a áireamh i gcomhaontuithe speisialtóireachta aontaobhacha agus cómhálartacha chun teacht faoi na sainmhínithe ar na comhaontuithe sin a leagtar amach in Airteagal 1 den RB Speisialtóireachta (féach míreanna 188 agus 190).

- (b) ní iomaitheoir iarbhír ná ionchasach é de chuid na bpáirtithe sa chomhaontú speisialtóireachta.

3.3.4. *Seirbhísí faoin RB Speisialtóireachta*

- 200. Tá feidhm ag an RB Speisialtóireachta maidir le comhaontuithe speisialtóireachta a bhaineann le hullmhú seirbhísí. Tagraíonn ullmhú seirbhísí do ghníomhaíochtaí a dhéantar go réamhtheachtach ó sholáthar seirbhísí do chustaiméirí (Airteagal 1(1), pointe (5) den RB Speisialtóireachta). Áirítear ar shamplaí d'ullmhú seirbhísí ardán a chruthú nó a oibriú trína soláthrófar seirbhísí.
- 201. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris 6 den RB Speisialtóireachta, ní thagann soláthar seirbhísí do chustaiméirí faoi raon feidhme an RB Speisialtóireachta, ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn na páirtithe seirbhísí a ullmhaítear faoin gcomhaontú speisialtóireachta a sholáthar go comhpháirteach.

3.3.5. *Tairseach maidir le sciar den mhargadh agus fad na díolúine*

3.3.5.1. *Tairseach maidir le sciar den mhargadh*

- 202. Is féidir le comhaontuithe speisialtóireachta tairbhiú den bhlocdhíolúine má chomhlíontar na tairseacha seo a leanas maidir leis an scair den mhargadh , a leagtar amach in Airteagal 3 den RB Speisialtóireachta:

- (a) Ní mó ná 20 % sciar na bpáirtithe le chéile den mhargadh ar an margadh ábhartha nó ar na margaí ábhartha lena mbaineann na táirgí speisialtóireachta.
- (b) I gcás inar táirgí idirmheánacha iad na táirgí speisialtóireachta a úsáideann ceann amháin nó níos mó de na páirtithe na táirgí sin go hiomlán nó go páirteach faoi chuing chun táirgí iartheachtacha áirithe a tháirgeadh, ar táirgí iad a dhíolann na páirtithe freisin, beidh an díolúine arna soláthar leis an RB Speisialtóireachta ag brath ar an méid seo a leanas:
 - (a) nach mó ná 20 % sciar na bpáirtithe le chéile den mhargadh ar an margadh nó ar na margaí ábhartha lena mbaineann an táirge speisialtóireachta; agus
 - (b) nach mó ná 20 % sciar na bpáirtithe le chéile den mhargadh ar an margadh nó ar na margaí ábhartha lena mbaineann na táirgí iartheachtacha. Faoin RB Speisialtóireachta, sainmhínítear ‘táirge iartheachtach’ mar tháirge dá n-úsáideann páirtí amháin nó níos mó táirge speisialtóireachta mar ionchur ag páirtí amháin nó níos mó agus a dhíolann na páirtithe sin ar an margadh (Airteagal 1(1), pointe (7) den RB Speisialtóireachta).

3.3.5.2. *Sciartha den mhargadh a ríomh*

- 203. Déantar foráil leis an RB Speisialtóireachta nach mór sciartha na bpáirtithe den mhargadh a ríomh ar bhonn sonraí a bhaineann le luach na ndíolachán ar an margadh (Airteagal 4(a) den RB Speisialtóireachta). Mura bhfuil sonraí maidir le luach na ndíolachán ar an margadh ar fáil, féadfar meastacháin a úsáid atá bunaithe ar fhaisnéis margaidh iontaofa eile (lena n-airítear méideanna díolachán ar an margadh).
- 204. Beidh feidhm ag an tairseach maidir le scair an mhargaidh ar feadh fhad an chomhaontaithe speisialtóireachta. Chun comhlíonadh an choinníll seo a mheasúnú, ní mór scaireanna na bpáirtithe den mhargadh a ríomh bunaithe ar shonraí a bhaineann leis an mbliain féilire roimh dháta an mheasúnaithe (Airteagal 4(b) den RB Speisialtóireachta).

205. I gcásanna áirithe, ní bheidh sonraí na bliana féilire roimhe sin ionadaíoch do sheasamh na bpáirtithe sa mhargadh ábhartha nó sna margáí ábhartha. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, i margáí a bhfuil éileamh cnapánach nó neamhrialta ina saintréithe acu. Is féidir samplaí d'éileamh cnapánach a fháil i margáí tairisceana, áit a bhféadfaidh scaireanna den mhargadh athrú go suntasach ó bhliain go chéile ag brath ar cé acu a dhámhtar conradh ar pháirtí nó nach ndámhtar. I gcás nach bhfuil an bhliain féilire roimhe sin ionadaíoch ar sheasamh na bpáirtithe sa mhargadh ábhartha nó sna margáí ábhartha, tá an sciar den mhargadh le ríomh mar mheán na sciartha den mhargadh a bhí ag na páirtithe sna trí bliana féilire roimhe sin.

3.3.5.3. Fad na díolúine

206. Níl teorainn ama leis an díolúine a sholáthraítear leis an RB Speisialtóireachta. Tá feidhm ag an díolúine ar feadh ré an chomhaontaithe speisialtóireachta fad is a chomhlíonfar tairseach scair an mhargaidh agus coinníollacha eile an RB Speisialtóireachta.

207. Foráiltear le hAirteagal 4(d) den RB Speisialtóireachta go leanfaidh an blocdhíolúine d'fheidhm a bheith aici ar feadh tréimhse 2 bhliain féilire as a chéile i ndiaidh na bliana inar sáraíodh an tairseach 20 % den chéad uair, nuair nach mó sciar na bpáirtithe le chéile den mhargadh ar dtús ná 20 %, ach go n-ardaíonn sé os cionn 20 % ina dhiaidh sin i gceann amháin ar a laghad de na margáí lena mbaineann an comhaontú speisialtóireachta.

3.3.6. Cruashrianta sa RB Speisialtóireachta

3.3.6.1. Cruashrianta

208. Tá liosta de chruashrianta in Airteagal 5 den Rialachán maidir leis an Rialachán Speisialtachta. Is cruashrianta ar an iomaíocht iad srianta tromchúiseacha a dhéanfaidh dochar ginearálta don mhargadh agus do thomhaltóirí.

209. I gcás ina gcuimseofar ceann amháin nó níos mó de na srianta crua sin a liostaítear in Airteagal 5 den RB Speisialtóireachta le comhaontú speisialtóireachta, tá an comhaontú ar fad eisiata ón mblocdhíolúine.

210. Is féidir na cruashrianta atá liostaithe in Airteagal 5 den Rialachán maidir le RB Speisialtóireachta a ghrúpáil sna catagóirí seo a leanas:

- (a) praghsanna a shocrú i gcás táirgí speisialtóireachta a dhíol le tríú páirtithe;
- (b) aschur nó díolacháin a theorannú; agus
- (c) leithdháileadh margáí nó custaiméirí.

211. Féadfar srianta den sórt sin a bhaint amach (a) go díreach nó go hindíreach, agus (b) ina n-aonar nó in éineacht le tosca eile atá faoi smacht na bpáirtithe sa chomhaontú speisialtóireachta.

3.3.6.2. Eisceachtaí

212. Déantar foráil in Airteagal 5 den RB Speisialtóireachta freisin maidir le roinnt eisceachtaí ó na cruashrianta sin. Is féidir le comhaontuithe speisialtóireachta ina bhfuil na forálacha díolmhaithe sin tairbhiú den díolúine fós má chomhlíontar na coinníollacha eile sa RB Speisialtóireachta.

- (a) *Praghsanna a shocrú.* I gcomhthéacs an dáilte chomhpháirtigh, ceadáítear le RB Speisialtóireachta na praghsanna a ghearrtar ar chustaiméirí láithreacha a shocrú (Airteagal 5(a)).

- (b) Teorannú aschuir nó díolachán.
 - (a) I gcomhthéacs *comhaontuithe speisialtóireachta aontaobhacha nó cómhálartacha*, ceadáítear leis an RB Speisialtóireachta forálacha maidir le méid comhaontaithe na dtáirgí (i) a scoireann páirtí nó páirtithe de mhonarú nó d’ullmhú agus/nó (ii) a dhéanann páirtí nó páirtithe a tháirgeadh don pháirtí nó do na páirtithe eile (Airteagal 5(b), pointe (i));
 - (b) I gcomhthéacs *comhaontuithe maidir le táirgeadh comhpháirteach*, ceadáítear leis an RB Speisialtóireachta forálacha maidir le hacmhainní agus méideanna táirgeachta le haghaidh na bpáirtithe a shocrú i dtaca le táirgí speisialtóireachta (Airteagal 5(b), pointe (ii));
 - (c) I gcomhthéacs *an dáilte chomhpháirtigh*, ceadáítear leis an RB Speisialtóireachta forálacha lena socraítear spriocanna díolacháin maidir le táirgí speisialtóireachta (Airteagal 5(b), pointe (iii)).

3.3.7. *Tarraingt siar sochair an RB Speisialtóireachta*

213. Foráiltear le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 7 den RB Speisialtóireachta go bhféadfaidh an Coimisiún nó na húdaráis iomaíochta náisiúnta an tairbhe a bhaineann leis an mblocdhíolúine a aistarraingt de bhun fhorálacha Airteagal 29(1) agus Airteagal 29(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 faoi seach, go háirithe i gcás ina gcinnfidh siad, i gcás aonair, go bhfuil éifeachtaí, mar sin féin, ag comhaontú speisialtóireachta atá cumhdaithe ag an mblocdhíolúine nach bhfuil ag luí le hAirteagal 101(3). Soláthraítear in Airteagal 6(2) den RB Speisialtóireachta liosta neamh-uileghabhálach de chásanna ina bhféadfaidh an Coimisiún smaoineamh ar an gcumhacht seo a úsáid, mar atá i gcás ina bhfuil an margadh ábhartha comhchruinnithe go mór agus an iomaíocht lag cheana féin, mar shampla de bharr aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) suíomhanna margaidh aonair rannpháirtithe eile sa mhargadh;
- (b) na naisc idir rannpháirtithe eile sa mhargadh arna gcruthú le comhaontuithe speisialtóireachta comhthreomhara;
- (c) na naisc idir na páirtithe agus rannpháirtithe eile sa mhargadh.

214. Mar shampla, d’fhéadfadh páirtí amháin nó níos mó de na páirtithe i gcomhaontú speisialtóireachta a bheith ina bpáirtithe i gcomhaontuithe speisialtóireachta ar leithligh le rannpháirtithe eile sa mhargadh. De rogha air sin, d’fhéadfadh naisc chonartha nua nó struchtúracha a bheith ag páirtí amháin nó níos mó le rannpháirtithe eile sa mhargadh a bhaineann le margáí eile.

215. Tá an treoraíocht a thugtar i gCaibidil 2 ar chomhaontuithe T&F maidir leis an nós imeachta chun leas na blocdhíolúine a tharraingt siar i gcásanna aonair agus iarmhairtí na haistarraingthe ábhartha freisin chun leas an BER Speisialaithe a tharraingt siar (féach Roinn 2.2.6).

3.3.8. *Idirthréimhse*

216. Déantar foráil leis an RB Speisialtóireachta maidir le hidirthréimhse 2 bhliain (ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2025) ar lena linn sin nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1) maidir le comhaontuithe atá i bhfeidhm cheana féin an 30 Meitheamh 2023, ar comhaontuithe iad nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh díolúine dá bhforáiltear san RB Speisialtóireachta; ach

comhlíonann siad na coinníollacha le haghaidh díolúine dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1218/2010 ón gCoimisiún¹⁵⁸.

3.4. Measúnú aonair ar chomhaontuithe maidir le táirgeadh faoi Airteagal 101(1)

217. I gcás nach dtairbheoidh comhaontú maidir le táirgeadh den díolúine dá bhforáiltear leis an RB Speisialtóireachta, is gá measúnú aonair a dhéanamh faoi Airteagal 101. Is é an chéad chéim sa mheasúnú a chinneadh cé acu a chuireann nó nach gcuireann an comhaontú srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1)¹⁵⁹. Má chuireann an comhaontú srian le hiomaíocht de bhrí na forála sin, is é an dara céim a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an comhaontú coinníollacha Airteagal 101(3).¹⁶⁰

3.4.1. *Príomhábhair inní na hiomaíochta*

218. Féadfaidh comhaontuithe maidir le táirgeadh ábhair inní éagsúla a ardú, lena n-áirítear:

- (a) teorainn dhíreach iomaíochta idir na páirtithe;
- (b) iompar iomaíoch na bpáirtithe a chomhordú mar sholáthróirí; nó
- (c) foriamh frithiomaíoch trú páirtithe i margadh iarmharta.

219. D'fhéadfadh sé go mbeadh *teorannú díreach ar an iomaíocht idir na páirtithe* mar thoradh ar chomhaontuithe maidir le táirgeadh. Mar thoradh ar chomhaontuithe maidir le táirgeadh, agus go háirithe comhfhiontair maidir le táirgeadh¹⁶¹, d'fhéadfadh na páirtithe ailíniú díreach a dhéanamh ar leibhéal aschuir, cáilíocht táirgí, an praghas ar a ndíolann an comhfhiontar a chuid táirgí, nó paraiméadair eile atá tábhachtach ó thaobh na hiomaíochta de (e.g. nuálaíocht nó inbhuanaitheacht). D'fhéadfadh sé sin srian a chur ar an iomaíocht fiú má dhíolann na páirtithe táirgí arna dtáirgeadh faoin gcomhaontú go neamhspleách.

220. D'fhéadfadh *comhordú iompar iomaíoch na bpáirtithe mar sholáthraithe* a bheith ina thoradh ar chomhaontuithe maidir le táirgeadh, is é sin le rá, *toradh claonpháirteach*, as a n-eascraíonn praghsanna níos airde, aschur laghdaithe, cáilíocht táirgí laghdaithe, éagsúlacht táirgí laghdaithe nó nuálaíocht laghdaithe¹⁶². Is dóichí go mbeidh toradh claonpháirteach ann sna cásanna seo a leanas:

- (a) tá cumhacht mhargaidh ag na páirtithe; agus
- (b) is ann do thosca lena gcuirtear le comhordú den sórt sin, amhail:
 - (a) i gcás ina méadaíonn an comhaontú maidir le táirgeadh comhchoitiantacht costas na bpáirtithe (is é sin le rá, cion na gcostas inathraitheach atá i gcoiteann ag na páirtithe) go feadh méid a chuireann ar a gcumas toradh claonpháirteach a bhaint amach, nó

¹⁵⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1218/2010 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe speisialtóireachta (IO L 335, 18.12.2010, lch. 43).

¹⁵⁹ Murab amhlaidh an cás, níl feidhm ag Airteagal 101 agus ní gá aon mheasúnú eile a dhéanamh.

¹⁶⁰ Féach Roinn 3.5.

¹⁶¹ Féach mír 46 ('comhfhiontair lánfheidhme') agus mír 12 ('dliteanas i leith sáruithe ar Airteagal 101').

¹⁶² Féadfaidh comhordú ar iompar na bpáirtithe mar cheannaitheoirí a bheith mar thoradh ar chomhaontuithe maidir le táirgeadh. Sa chás sin, mar a mhínítear i mír 6, féadfaidh an treoraíocht a thugtar i gCaibidil 4 (Comhaontuithe ceannaigh) a bheith ábhartha, de bhreis ar an treoraíocht a thugtar sa Chaibidil 3 seo.

- (b) nuair a bhaineann an comhaontú le malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus a bhféadfadh toradh claonpháirteach a bheith uirthi.
221. Féadfaidh foriamh frithiomaíoch tríú páirtithe i margaí iartheachacha a bheith mar thoradh ar chomhaontuithe maidir le táirgeadh i gcásanna ina mbaineann an comhaontú táirgthe le táirge idirmheánach arb ionann é agus cuid mhór de chostais athraitheacha táirge deiridh a bhfuil na páirtithe in iomaíocht le chéile ina leith. Sa chás sin, féadfaidh na páirtithe a bheith in ann úsáid a bhaint as an gcomhaontú maidir le táirgeadh chun praghas an táirge idirmheánach a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, costais a n-iomaitheoirí iartheachacha a ardú. D'fhéadfadh sé sin an iomaíocht iartheachach a lagú agus praghsanna deiridh níos airde a bheith mar thoradh air.
- 3.4.2. *Srianta iomaíochta de réir cuspóra*
222. Go ginearálta, i gcás comhaontuithe lena mbaineann (a) socrú praghsanna, (b) aschur a theorannú nó (c) margaí comhroinnte nó custaiméirí comhroinnte, déantar an iomaíocht a shrianadh de réir cuspóra.
223. Mar sin féin, i gcomhthéacs comhaontuithe maidir le táirgeadh, ní bheidh feidhm aige sin sna cásanna seo a leanas:
- (a) comhaontaíonn na páirtithe ar an *aschur a bhaineann go díreach leis an gcomhaontú maidir le táirgeadh* (mar shampla, acmhainn agus méid táirgthe comhfhiontair nó an méid táirgí eisfhoinisithe a comhaontaíodh), ar choinníoll nach gcuirfear deireadh le paraiméadair eile na hiomaíochta (praghsanna, mar shampla); nó
- (b) comhaontú maidir le táirgeadh lena bhforáiltear freisin maidir le dáileadh comhpháirteach na dtáirgí arna monarú go comhpháirteach, beartaítear *na praghsanna díolacháin do na táirgí sin a shocrú go comhpháirteach*, agus is iad na táirgí sin amháin, ar an gcoinníoll go bhfuil gá leis an srian go hoibiachtúil chun an comhaontú um tháirgeadh comhpháirteach agus dáileadh comhpháirteach a chur chun feidhme agus go bhfuil sé comhréireach chun cuspóirí an chomhaontaithe sin a bhaint amach.
224. I gcás nach dtagann comhaontú maidir le táirgeadh faoi thoirmeasc Airteagal 101(1) toisc go bhfuil éifeachtaí neodracha nó dearfacha aige ar an iomaíocht agus go bhfuil srian maidir le socrú praghsanna ann dá dtagraítear i mír 223(b), éalóidh an srian coimhdeach sin ón toirmeasc a leagtar síos freisin in Airteagal 101(1)¹⁶³.
225. I gcás ina bhfuil srian a bhaineann le haschur dá dtagraítear i mír 223(a) i gcomhaontú maidir le táirgeadh nach srian coimhdeach é a éalaíonn ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1)¹⁶⁴, is gá a mheasúnú an dóigh go dtarlóidh an comhaontú éifeachtaí sriantacha a bheith acu ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). Ní dhéanfar measúnú ar leithligh ón gcomhaontú maidir le táirgeadh ar an srian sin, ach déanfar measúnú air i bhfianaise éifeachtaí foriomlána an chomhaontaithe maidir le táirgeadh ina iomláine.

¹⁶³ Féach mír 34.

¹⁶⁴ Féach mír 34.

3.4.3. Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht

226. Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá sé d'éifeacht ag an gcomhaontú maidir le táirgeadh srian a chur ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) nó nach bhfuil, is gá tosca éagsúla a chur san áireamh. Áirítear orthu sin:

- (a) cé acu atá nó nach bhfuil na páirtithe sa chomhaontú ina n-iomaitheoirí iarbhír nó féideartha¹⁶⁵;
- (b) an staid a bheadh i réim in éagmais an chomhaontaithe, lena n-áirítear aon srian atá ann;
- (c) saintréithe an mhargaidh ábhartha agus cé acu atá cumhacht mhargaidh ag na páirtithe sa chomhaontú nó nach bhfuil;
- (d) cineál agus raon feidhme an chomhair;
- (e) na táirgí lena mbaineann an comhar.

3.4.3.1. Comhaontuithe maidir le táirgeadh nach dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha mar thoradh orthu

227. Ní dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha mar thoradh ar chomhaontuithe áirithe maidir le táirgeadh:

- (a) comhaontuithe maidir le táirgeadh idir gnóthais nach iomaitheoirí iarbhír nó ionchasacha iad. Go ginearálta, ní féidir le comhaontuithe den sórt sin srian a chur ar an iomaíocht ach amháin i gcás ina bhfuil forálacha iontu a chuireann cosc ar an iomaíocht ó thrú páirtithe;
- (b) comhaontuithe maidir le táirgeadh a chuireann ar chumas na bpáirtithe táirge a sheoladh nach mbeidís in ann a tháirgeadh ar shlí eile, ar bhonn fachtóirí oibiachtúla (mar shampla, i ngeall ar a gcumas teicniúil), agus nach mbíonn toradh claonpháirteach mar thoradh orthu i leith táirgí eile a bhfuil na páirtithe san iomaíocht ina leith;
- (c) comhaontuithe maidir le táirgeadh a dhéanann difear do mhargaí nach bhfuil cumhacht mhargaidh ag na páirtithe iontu¹⁶⁶, lena n-áirítear comhaontuithe a bhaineann leas as an bhFógra *De Minimis*¹⁶⁷.

3.4.3.2. Cumhacht mhargaidh

228. Mura rud é go bhfuil cumhacht mhargaidh acu, ní bheidh na páirtithe sa chomhaontú in ann praghsanna a choinneáil go brabúsach os cionn an leibhéil iomaíochta, nó aschur, cáilíocht nó éagsúlacht táirgí a choimeád ar bun go brabúsach faoi bhun an méid a bheadh de dhíth de bharr iomaíochta. Is é (a) sciar na bpáirtithe astu féin agus le chéile den mhargadh is túsphointe don anailís ar chumhacht an mhargaidh. Is gnách go leanfar sin le (b) cóimheas comhchruinnithe agus líon na ngníomhaithe sa mhargadh agus (c) fachtóirí dinimiciúla amhail iontráil ionchasach, agus sciartha athraitheacha sa mhargadh, chomh maith le (d) tosca ábhartha eile.

¹⁶⁵ Féach mír 16.

¹⁶⁶ Féach Roinn 3.4.3.2.

¹⁶⁷ Féach mír 41. I roinnt mhaith cásanna, tiocfaidh comhaontuithe maidir le táirgeadh idir FBManna faoi raon feidhme an Fhógra *De Minimis*. Mar sin féin, níl feidhm ag an bhFógra sin maidir le comhaontuithe ina bhfuil srianta ar an iomaíocht de réir cuspóra.

(a) *Sciartha den mhargadh*

229. Ní dócha go mbeidh cumhacht margaidh ag gnóthais faoi leibhéal áirithe sciar den mhargadh.
230. *RB Speisialtóireachta*: Tairbhíonn comhaontuithe speisialtóireachta¹⁶⁸ den RB Speisialtóireachta má thugtar i gcrích iad idir pháirtithe a bhfuil sciar den mhargadh acu le chéile nach mó ná 20 % sna margaí ábhartha¹⁶⁹, agus go gcomhlíonfar na coinníollacha eile maidir le cur i bhfeidhm an RB Speisialtóireachta.
231. *Taobh amuigh den RB Speisialtóireachta*: I gcás comhaontuithe cothrománacha maidir le táirgeadh, nach ionann iad agus comhaontuithe speisialtóireachta mar a shainmhínítear iad sa RB Speisialtóireachta, ní dócha, i bhformhór na gcásanna, go mbeidh cumhacht mhargaidh ann, má tá sciar den mhargadh in éineacht ag na páirtithe sa chomhaontú nach mó ná 20 % ar na margaí ábhartha é.
232. Mar a mhínítear i mír 183, d'fhéadfadh éifeachtaí iarmharta a bheith ag comhaontú maidir le táirgeadh ar mhargaí réamhtheachtacha, iartheachacha nó comharsanachta an mhargaidh a bhfuil baint dhíreach ag an gcomhar leo (mar shampla, i gcás ina mbaineann an comhaontú le táirgí idirghabhálaí a úsáidtear mar ionchuir do tháirgí iartheachacha). Is mó an seans go mbeidh éifeachtaí sriantacha i margaí iarmharta má tá na margaí spleách ar a chéile agus má tá cumhacht mhargaidh ag na páirtithe ar an margadh iarmharta.
233. *Sciar den mhargadh os cionn 20 %*: Má tá sciar margaidh na bpáirtithe le chéile os cionn 20 %, is gá measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí sriantacha atá ag an gcomhaontú maidir le táirgeadh. Go ginearálta, dá airde sciartha margaidh na bpáirtithe le chéile, is ea is mó an baol go méadófar leis an gcomhaontú maidir le táirgeadh dreasachtaí na bpáirtithe chun a gcuid praghsanna a mhéadú (agus/nó go laghdófar cáilíocht agus/nó raon a gcuid táirgí).

(b) *Cóimheas chomhdhlúthacht an mhargaidh*

234. Go ginearálta, is dóichí go mbeidh tionchar sriantach ag comhaontú maidir le táirgeadh ar an iomaíocht i margadh comhchruinnithe (is é sin margadh ina bhfuil líon teoranta gníomhaithe) ná mar a bheadh i margadh nach bhfuil comhchruinnithe. D'fhéadfadh comhaontú maidir le táirgeadh i margadh comhdhlúthaithe an riosca a mhéadú go mbeadh toradh claonpháirteach ann fiú mura mbeadh ach sciar measartha den mhargadh ag na páirtithe. Mar sin féin, ní gá margadh atá thar a bheith comhchruinnithe a bheith i gceist ar an bhfíoras go bhfuil sciar margaidh ag na páirtithe le chéile atá beagán níos airde ná 20 %, agus ar an bhfíoras sin amháin.

(c) *Tosca dinimiciúla*

235. Fiú má tá sciartha na bpáirtithe sa chomhaontú den mhargadh agus cóimheas chomhdhlúthacht an mhargaidh ard, d'fhéadfadh na rioscaí go mbeidh tionchar sriantach ar an iomaíocht a bheith íseal fós má tá an margadh dinimiciúil, is é sin le rá, margadh ina dtarlaíonn iontráil agus ina n-athraíonn sciar den mhargadh go minic.

(d) *Tosca eile atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chumhacht mhargaidh*

236. Maidir le líon agus déine na nasc (mar shampla, comhaontuithe comhair eile) idir na hiomaitheoirí sa mhargadh; cumas na gcustaiméirí soláthróirí a athrú, agus/nó an

¹⁶⁸ Féach Airteagal 2(1) den RB Speisialtóireachta.

¹⁶⁹ Féach Roinn 3.3.5.1.

dóchúlacht go méadóidh iomaitheoirí an soláthar má thagann ardú ar phraghsanna, d'fhéadfaidís a bheith ábhartha freisin chun measúnú a dhéanamh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil cumhacht mhargaidh ag na páirtithe.

237. Ina theannta sin, i gcás ina gcomhoibríonn gnóthas a bhfuil cumhacht mhargaidh aige i margadh amháin le hiontrálaí féideartha, mar shampla, le soláthraí an táirge chéanna i margadh geografach comharsanachta, féadfaidh an comhaontú cumhacht mhargaidh an tsealbhóra a mhéadú. D'fhéadfadh éifeachtaí sriantacha a bheith mar thoradh air sin más rud é: (a) go bhfuil iomaíocht iarbhír i margadh an tsealbhóra reatha lag cheana féin, agus (b) gur foinse shuntasach srianta iomaíochta í bagairt na hiontrála.

3.4.3.3. Teorannú díreach ar an iomaíocht idir na páirtithe

238. Is féidir iomaíocht idir na páirtithe i gcomhaontú maidir le táirgeadh a theorannú go díreach ar bhealaí éagsúla. Mar shampla:

(a) Féadfaidh na páirtithe i gcomhfhiontar táirgthe, mar shampla, teacht ar chomhaontú chun aschur an chomhfhiontair a theorannú i gcomparáid leis an méid a chuirfeadh na páirtithe chuig an margadh dá gcinneadh gach páirtí a n-aschur astu féin;

(b) I gcás ina gcinntear na príomhthréithe táirgí sa chomhaontú maidir le táirgeadh, féadfaidh sé sin deireadh a chur le hiomaíocht idir na páirtithe maidir le príomhpharaiméadair (mar shampla, cáilíocht agus/nó raon táirgí nó nuálaíochta), gan beann ar cé acu atá dáileadh comhpháirteach i gceist leis an gcomhaontú freisin nó nach bhfuil. Is ábhartha an t-inní sin go háirithe i dtionscail inarb é an táirgeadh an phríomhghníomhaíocht eacnamaíoch, amhail tionscail monaraíochta nó tionscail phróiseála bia;

(c) D'fhéadfadh comhfhiontar a ghearrann praghas ard aistriú ar na páirtithe na costais ionchuir do na páirtithe a mhéadú, rud a d'fhéadfadh praghsanna iartheachacha níos airde a chruthú. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé brabúsach d'iomaitheoirí tríú páirtí a bpraghsanna a mhéadú mar fhreagra, ag cur, ar an gcaoi sin, le harduithe ar phraghsanna sa mhargadh ábhartha.

239. Go ginearálta, baineann riosca níos airde maidir le héifeachtaí sriantacha le comhaontuithe maidir le táirgeadh lena ndéantar foráil freisin maidir le dáileadh comhpháirteach (is iad sin na táirgí a dhíol go comhpháirteach) ná comhaontuithe táirgeachta atá teoranta do tháirgeadh. Bíonn an comhar níos gaire don tomhaltóir i gceist le dáileadh comhpháirteach agus go minic mbíonn socrú comhpháirteach praghsanna agus díolachán i gceist, is iad sin, cleachtais a bhfuil na rioscaí is mó ag baint leo ó thaobh iomaíochta de.

3.4.3.4. Toradh claonpháirteach agus foriamh frithiomaíoch

240. Braitheann an dóchúlacht go mbeidh toradh claonpháirteach agus/nó foriamh frithiomaíoch ann ar chumhacht na bpáirtithe sa mhargadh chomh maith le saintréithe an mhargaidh ábhartha. Is féidir cur le cumas na bpáirtithe chun toradh claonpháirteach agus/nó foriamh frithiomaíoch a bhaint amach trí *inter alia*, comhchoitiantacht na gcostas nó trí mhalartú faisnéise a thagann as an gcomhaontú maidir le táirgeadh.

(a) *Comhchoitiantacht costas*

241. I gcás ina bhfuil cumhacht mhargaidh ag páirtí amháin nó níos mó de na páirtithe i gcomhaontú maidir le táirgeadh agus go méadaítear comhchoitiantacht costas na bpáirtithe go leibhéal suntasach leis an gcomhaontú, féadfaidh sé sin cumas na bpáirtithe a mhéadú chun toradh claonpháirteach a bhaint amach ar phraghsanna (lena n-áirítear praghsanna níos airde a ghearradh le haghaidh táirgí idirmheánacha) chun iomaitheoirí tríú páirtí i margaí iartheachacha a fhoriamh).
242. Tagraíonn comhchoitiantacht na gcostas do chion na gcostas athraitheach atá ag na páirtithe sa chomhaontú. Is iad na costais ábhartha costais athraitheacha na dtáirgí a bhfuil na páirtithe sa chomhaontú maidir le táirgeadh in iomaíocht ina leith. Dá bhrí sin, is lú an seans go dtiocfaidh méadú ar chomhchoitiantacht na gcostas le comhaontú i gcás ina mbaineann an comhar le táirgí a bhfuil tráchtálú costasach ag teastáil uathu (mar shampla, táirgí nua nó ilchineálacha óna dteastaíonn margaíocht chostasach) nó táirgí a bhfuil costais iompair arda acu agus nach n-áirítear sa chomhar dáileadh comhpháirteach na dtáirgí sin.
243. D'fhéadfadh méadú ar chomhchoitiantacht na gcostas cur le cumas na bpáirtithe freisin toradh claonpháirteach a bhaint amach i margaí iartheachacha. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, i gcás ina mbaineann an comhaontú maidir le táirgeadh le táirge idirmheánach arb ionann é agus cuid mhór de na costais athraitheacha a bhaineann le táirge deiridh a bhfuil na páirtithe in iomaíocht le chéile ina leith. Sa chás sin, féadfaidh na páirtithe leas a bhaint as an gcomhaontú maidir le táirgeadh chun praghas an táirge idirmheánaigh a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, na praghsanna deiridh a ardú¹⁷⁰.

(b) *Malartuithe faisnéise*

244. D'fhéadfadh malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a bheith ag teastáil chun comhaontú maidir le táirgeadh den sórt sin a chur chun feidhme, mar shampla faisnéis maidir le costais táirgeachta agus próisis táirgthe. I gcás nach dtagann an comhaontú maidir le táirgeadh féin faoi réim thoirmeasc Airteagal 101(1) toisc go bhfuil éifeachtaí neodracha nó dearfacha aige ar an iomaíocht, ní thagann malartú faisnéise atá coimhdeach leis an gcomhaontú sin faoi réim an toirmisc sin ach oiread¹⁷¹. Is amhlaidh an cás má tá gá leis an malartú faisnéise go hoibiachtúil chun an comhaontú maidir le táirgeadh a chur chun feidhme agus má tá sé comhréireach lena chuspóirí¹⁷². Mar shampla, d'fhéadfadh gá a bheith le malartú faisnéise maidir le méideanna díolacháin agus praghsanna chun comhaontú maidir le táirgeadh a chur chun feidhme lena ndéantar foráil maidir le dáileadh comhpháirteach, ach go ginearálta ní bheidh gá leis i gcás nach n-áirítear dáileadh comhpháirteach sa chomhaontú.
245. I gcás ina dtéann an malartú faisnéise thar a bhfuil riachtanach go hoibiachtúil chun an comhaontú maidir le táirgeadh a chur chun feidhme nó i gcás nach bhfuil sé comhréireach le cuspóirí an chomhaontaithe sin, ba cheart é a mheasúnú trí úsáid a

¹⁷⁰ Lena n-áirítear tríd an bpraghas a ghearrann na páirtithe ar an táirge idirmheánach a ardú ar iomaitheoirí tríú páirtí sa mhargadh iartheachach, ar iomaitheoirí iad atá ag brath ar na páirtithe chun an táirge idirmheánach a sholáthar.

¹⁷¹ Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard v an Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 89.

¹⁷² Féach freisin Roinn 1.2.6 agus mír 369.

bhaint as an treoraíocht a thugtar i gCaibidil 6¹⁷³. Má thagann an malartú faisnéise faoi Airteagal 101(1), d'fhéadfadh sé coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh fós.

3.5. Measúnú aonair ar chomhaontuithe maidir le táirgeadh faoi Airteagal 101(3)

246. I gcás ina gcuireann comhaontú maidir le táirgeadh srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1)¹⁷⁴ agus nach gcomhlíontar leis coinníollacha na díolúine arna soláthar leis an RB Speisialtóireachta¹⁷⁵, is gá measúnú a dhéanamh maidir le cé acu a chomhlíonann an comhaontú na ceithre choinníoll charnacha a leagtar amach in Airteagal 101(3) agus a bhfuil cur síos orthu i Roinn 1.2.7 nó nach gcomhlíonann. Is ábhartha na tosca seo a leanas chun na coinníollacha sin a chur i bhfeidhm maidir le comhaontuithe maidir le táirgeadh.

3.5.1. Gnóthachain éifeachtúlachta

247. Ní mór don comhaontú maidir le táirgeadh cuidiú le feabhas a chur ar tháirgeadh nó dáileadh earraí, nó le dul chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn.

248. D'fhéadfadh comhaontuithe maidir le táirgeadh gnóthachain éifeachtúlachta a chruthú trí na nithe seo a leanas, mar shampla:

- (a) a chumasú do ghnóthais costais a shábháil a dhúblóidís murach sin;
- (b) cuidiú le gnóthais cáilíocht na dtáirgí a fheabhsú trí scileanna comhlántacha agus a bhfios gnó a chur le chéile;
- (c) é a chur ar a gcumas do ghnóthais éagsúlacht a dtáirgí a mhéadú, nárbh fhéidir leo a cheannach, nó nárbh fhéidir leo a bhaint amach, murach sin;
- (d) gnóthais a chumasú chun feabhas a chur ar theicneolaíochtaí táirgthe nó chun táirgí nua (amhail táirgí inbhuanaithe) a sheoladh, nach mbeidís in ann a dhéanamh murach sin (mar shampla, de bharr chumas teicniúil na bpáirtithe);
- (e) spreagadh a thabhairt do ghnóthais agus é a chur ar a chumas dóibh a n-acmhainn táirgthe a oiriúnú ionas go dtiocfaidh borradh tobann ar an éileamh nó laghdú tobann ar sholáthar táirgí áirithe, a d'fhéadfadh ganntanais a bheith mar thoradh orthu;
- (f) a chur ar chumas gnóthas táirgeadh ar chostas níos ísle i gcásanna ina gcuireann an comhar ar chumas na bpáirtithe táirgeacht a mhéadú i gcás ina dtagann laghdú ar chostais imeallacha le haschur, is é sin barainneachtaí scála a bhaint amach;
- (g) coigilteas costais a sholáthar trí bhíthin barainneachtaí raon feidhme, má cheadaíonn an comhaontú do na páirtithe líon na gcineálacha éagsúla táirgí a tháirgeann siad a mhéadú.

249. Féadfar, leis na gnóthachain éifeachtúlachta sin, cur le margadh inmheánach athléimneach. Mar shampla, d'fhéadfadh comhaontú maidir le táirgeadh athléimneacht a mhéadú trí tháirgeadh a athlonnú go limistéir atá níos gaire d'fhoinní fuinnimh inbhuanaithe.

¹⁷³ Féach freisin mír 6.

¹⁷⁴ Féach Roinn 3.4.

¹⁷⁵ Féach Roinn 3.3.

3.5.2. *Fíor-riachtanas*

250. Níor cheart srianta a fhorchur leis an gcomhaontú maidir le táirgeadh nach bhfuil fíor-riachtanach chun éifeachtúlachtaí de réir bhrí Airteagal 101(3) a bhaint amach.
251. Ní chomhlíonann srianta a théann thar a bhfuil riachtanach chun na gnóthachain éifeachtúlachta a ghintear le comhaontú maidir le táirgeadh a bhaint amach coinníollacha Airteagal 101(3). Mar shampla, ní mheasfar de ghnáth go bhfuil srianta a fhorchuirtear i gcomhaontú maidir le táirgeadh ar iompar iomaíoch na bpáirtithe i ndáil le haschur lasmuigh den chomhar fíor-riachtanach. Ar an gcaoi chéanna, ní mheasfar go bhfuil socrú comhpháirteach praghsanna fíor-riachtanach mura mbeidh foráil maidir le dáileadh comhpháirteach leis an gcomhaontú maidir le táirgeadh.

3.5.3. *Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí*

252. Ní mór don chomhaontú maidir le táirgeadh ligean do thomhaltóirí sciar cothrom den tairbhe dá thoradh a fháil. Ní mór gnóthachain éifeachtúlachta a bhainfear amach trí shrianta fíor-riachtanacha a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí go feadh méid atá níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht, mar shampla i bhfoirm praghsanna níos ísle nó cáilíocht nó éagsúlacht táirgí níos fearr.
253. Ní leor gnóthachain éifeachtúlachta chun tairbhe na bpáirtithe amháin nó coigilteas costais arb é laghdú aschuir nó leithdháileadh margaidh is cúis leo chun coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh.
254. Is dóichí go gcuirfear coigiltis ó thaobh costais athraitheacha ar aghaidh chuig tomhaltóirí ná coigilteas ó thaobh costais sheasta¹⁷⁶.
255. Ina theannta sin, dá airde an chumhacht atá ag na páirtithe sa mhargadh, is é is lú an dóchúlacht go gcuirfidh siad na gnóthachain éifeachtúlachta ar aghaidh go dtí na tomhaltóirí go feadh méid atá níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht.

3.5.4. *Gan deireadh a chur leis an iomaíocht*

256. Ní mór nach dtabharfaidh an comhaontú maidir le táirgeadh caoi do na páirtithe ar dheireadh a chur le hiomaíocht i ndáil le cuid mhór de na táirgí atá i gceist.
257. Ní mór anailís a dhéanamh ar an gcoinníoll sin sa mhargadh ábhartha lena mbaineann na táirgí atá faoi réir an chomhaontaithe agus i margaí iarmharta ar bith ina bhfuil éifeachtaí sriantacha ann mar gheall ar an gcomhaontú.

3.6. **Comhaontuithe maidir le bonneagar teileachumarsáide móibílí a chomhroinnt**

258. Cuireann an Roinn seo treoraíocht ar fáil maidir leis an measúnú iomaíochta ar chineál sonrach comhaontaithe maidir le táirgeadh: comhaontuithe maidir le bonneagar teileachumarsáide móibílí a chomhroinnt¹⁷⁷ (dá ngairtear ‘CCLanna’(‘comhaontuithe comhroinnte líonra’) sa Roinn seo). Is comhaontuithe iad seo faoina gcomhroinneann oibreoirí líonraí teileachumarsáide móibílí úsáid codanna dá mbonneagar líonra, costais oibriúcháin agus an costas a bhaineann le huasghrádú

¹⁷⁶ Féach mír 98 de Threoirlínte Airteagal 101(3).

¹⁷⁷ Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann an téarma ‘bonneagar móibíleach’ sa Roinn seo le húsáid an bhonneagair ní hamháin le haghaidh seirbhísí móibíleacha teileachumarsáide, amhail leathanbhanda gan sreang, ach freisin le haghaidh rochtain gan sreang ar shuíomh sonrach a sholáthar, amhail Rochtain Fhosaithe Gan Sreang (‘FWA’) a úsáidtear mar rogha mhalartach ar naisc le sreang.

agus cothabháil ina dhiaidh sin¹⁷⁸. Tá tábhacht ar leith ag baint le líonraí nascachta chun geilleagar digiteach agus sochaí dhigiteach a fhorbairt, agus is ábhartha iad do beagnach gach gnólacht agus tomhaltóir. Is minic a thionsaíonn oibreoirí líonraí teileachumarsáide móibílí a n-acmhainní chun seirbhísí teileachumarsáide móibílí a thairiscint ar bhealach níos cost-éifeachtaí.

259. D'fhéadfaí foráil a dhéanamh CCLanna maidir le bonneagar bunúsach suímh a chomhroinnt amhail crainn, caibinéid, aeróga nó soláthairtí cumhachta ('comhroinnt éighníomhach' nó 'comhroinnt suímh'). Féadfaidh oibreoirí líonraí teileachumarsáide móibílí an Líonra Rochtana Raidió ('RAN') a chomhroinnt freisin ag na suíomhanna amhail stáisiúin trasghlacadóra boinn nó nóid rialtóra ('comhroinnt ghníomhach' nó 'comhroinnt RAN'). nó a speictream, amhail bandaí minicíochta ('comhroinnt speictrim')¹⁷⁹. D'fhéadfadh deighilt gheografach a bheith i gceist le CCLanna, trína gcomhroinneann oibreoirí líonraí teileachumarsáide móibílí a bhfreagrachtaí as an mbonneagar agus an trealamh a shuiteáil, a chothabháil agus a oibriú ina gcéiríochta faoi seach.
260. Aithníonn an Coimisiún gur féidir le CCLanna buntáistí a sholáthar i dtéarmaí laghduithe costais agus feabhsuithe ar cháilíocht agus ar rogha. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go rachadh laghduithe ar an gcostas a bhaineann le soláthar céimneach agus cothabháil chun tairbhe do thomhaltóirí i bhfoirm praghsanna níos ísle nó tuilleadh infheistíochta i mbonneagar. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh feabhsuithe ar cháilíocht seirbhísí nó réimse níos leithne táirgí agus seirbhísí eascairt ó líonraí agus teicneolaíochtaí nua a chur i bhfeidhm níos tapúla, ó chumhdach níos leithne nó ó eangacha líonra níos dlúithe. Féadfaidh CCLanna comhroinnt bonneagair mhóibíligh a cheadú freisin go dtiocfaidh iomaíocht chun cinn nach mbeadh ann murach sin¹⁸⁰. Chinn an Coimisiún go ginearálta gur féidir le hoibreoirí líonraí móibíleacha leas a bhaint as líonraí móra éifeachtúla¹⁸¹ trí chomhaontuithe

¹⁷⁸ Cumhdaítear leis an treoraíocht sa Roinn seo comhaontuithe a bhaineann le comh-imscaradh bonneagair ag oibreoirí líonraí teileachumarsáide móibílí. Leis an roinn seo ní chumhdaítear comhaontuithe a bhaineann le soláthar táirgí rochtana mórdhíola teileachumarsáide móibílí.

¹⁷⁹ Féadfaidh oibreoirí teileachumarsáide móibílí dul i mbun cineálacha eile comhroinnthe freisin: seachas an chuid RAN dá líonra a chomhroinnt, féadfaidh siad nóid áirithe dá gceoighréasáin a chomhroinnt freisin, amhail lárionaid lasacháin seirbhíse móibílí agus eintitis bainistíochta móibílí.

¹⁸⁰ Mar shampla, d'fhéadfadh comhroinnt bonneagair mhóibíligh iomaíocht a cheadú ar an leibhéal miondíola nach mbeadh ann in éagmais an chomhaontaithe. Féach de réir analaí Breithiúnas an 2 Bealtaine 2006, *O2 (an Ghearmáin) v An Coimisiún*, T-328/03, EU:T:2006:116 míreanna 77 go 79. Baineann an breithiúnas seo le comhaontuithe náisiúnta fánaíochta, ach is féidir na prionsabail a chur i bhfeidhm *mutatis mutandis* maidir le comhaontuithe comhroinnthe bonneagair shoghluaiste.

¹⁸¹ Cuireann an creat rialúcháin don chumarsáid leictreonach ar chumas údaráis na mBallstát comhroinnt bonneagair a fhorchur ar oibreoirí líonraí i gcúinsí áirithe, mar shampla, i limistéir gheografacha ina bhfuil bacainní eacnamaíochta nó fisiceacha dosháraithe ar mhacasamhlú an bhonneagair agus úsáideoirí deiridh i mbaol a bhaint de nascacht dhigiteach. Féach Airteagal 61(4) de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú) ('an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach') (IO L 321, 17.12.2018, Ith. 36). Féach freisin an Moladh (AE) 2020/1307 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2020 maidir le bosca uirlisí coiteann de chuid an Aontais chun an costas a bhaineann le líonraí fíor-ardacmhainne a imscaradh a laghdú agus rochtain thráthúil agus neamhdhíobhálach don infheistíocht ar speictream raidió 5G a áirithiú, chun nascacht a chothú chun tacú le téarnamh eacnamaíoch ón ngéarchéim COVID-19 san Aontas. Cuirtear i dtábhacht sa mholadh 'go dteastaíonn imscaradh cille i bhfad níos dlúithe ó líonraí 5G i mbandaí minicíochta níos airde i gcomparáid le glúine teicneolaíochta roimhe seo. Is féidir le comhroinnt bonneagair éighníomhach agus ghníomhach agus le rolladh amach comhpháirteach an bhonneagair gan sreang an costas a bhaineann le cur chun feidhme den sórt sin a laghdú (lena n-áirítear costais incriminteacha), [...], agus ar an gcaoi sin dlús a

comhroinnte bonneagair mhóibíleacha a dhéanamh gan gá a bheith le comhdhlúthú trí chumaisc.

261. Measann an Coimisiún nach gcuirfí srian, i bprionsabal, le hagóid de réir bhrí Airteagal 101(1) le CCLanna, lena n-áirítear comhroinnt speictrim a d'fhéadfadh a bheith ann, ach amháin má tá siad ina n-uirlis chun dul i mbun cairtéil.
262. D'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh tionchar sriantach ar an iomaíocht ag comhaontuithe comhroinnte bonneagair mhóibíleacha. Féadfaidh siad teorainn a chur leis an iomaíocht bhonneagair a tharlódh in éagmais an chomhaontaithe¹⁸². D'fhéadfadh laghdú ar an iomaíocht bonneagair teorainn a chur le hiomaíocht maidir le soláthar seirbhísí teileachumarsáide móibíleacha ar an leibhéal mhórdhíola agus ar an leibhéal miondhíola araon. Is amhlaidh atá toisc go bhféadfadh tionchar a bheith ag iomaíocht níos teoranta ar leibhéal an bhonneagair ar pharaiméadair amhail líon, suíomh agus acmhainn suiteáilte na suíomhanna bonneagair, infhaighteacht nasc aisiompair,¹⁸³ le haghaidh suíomhanna ina gcomhlonnaíonn páirtithe an CCL a dtrealamh cumarsáide móibílí, uainiú rolladh amach suíomhanna nua, chomh maith le méid na hacmhainne arna suiteáil ag gach suíomh¹⁸⁴, rud a d'fhéadfadh, ina dhiaidh sin, difear a dhéanamh do cháilíocht na seirbhíse agus do na praghsanna ar leibhéal mórdhíola agus ar leibhéal miondhíola araon.
263. D'fhéadfadh comhaontuithe comhroinnte bonneagair mhóibíligh neamhspleáchas cinnteoireachta na bpáirtithe a laghdú agus teorainn a chur lena gcumas nó lena ndreasachtaí chun dul i mbun iomaíochta bonneagair lena chéile. D'fhéadfadh sé sin, ar a sheal, solúbthacht na bpáirtithe a laghdú i nuálaíocht agus i dteicneolaíocht/difreáil táirgí ar na margaí mórdhíola agus miondhíola teileachumarsáide móibílí agus ar an gcaoi sin teorainn a chur leis an iomaíocht eatarthu.¹⁸⁵ Dá bhrí sin, is féidir le comhaontuithe comhroinnte bonneagair mhóibíligh – mar gheall ar a n-éifeachtaí ar struchtúr an mhargaidh – dochar a dhéanamh do thomhaltóirí deiridh trí rogha níos lú, cáilíocht níos ísle seirbhísí, chomh maith le moilleanna ar nuálaíocht.¹⁸⁶ Mar shampla, d'fhéadfadh sé seo tarlú mar gheall ar théarmaí teicniúla¹⁸⁷, conartha¹⁸⁸ nó airgeadais áirithe sa

chur lena luas, tacú le cumhdach líonra méadaithe agus úsáid níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla an speictrim raidió a chumasú chun leas na dtomhaltóirí. Ba cheart do na húdaráis inniúla, dá bhrí sin, é a mheas go dearfach, go háirithe i réimsí le haischur eacnamaíoch teoranta', féach aithris 26 agus pointe 20(f), IO L 305, 21.9.2020, lch. 33.

¹⁸² Ní mór an iomaíocht atá i gceist a thuiscint laistigh den chomhthéacs iarbhír ina dtarlódh sí murach an comhaontú; d'fhéadfaí amhras a bheith ann, go háirithe, faoin gcur isteach ar an iomaíocht má tá gá leis an gcomhaontú chun go rachaidh gnóthas i bhfód ar limistéar nua. Breithiúnas an 2 Bealtaine 2006, *O2 (An Ghearmáin) v An Coimisiún*, T-328/03, mír 68.

¹⁸³ Nascann naisc aisiompair cnámh droma an líonra leis na codanna is forimeallaí den líonra.

¹⁸⁴ Mar shampla, d'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag srianta ar acmhainn suiteáilte, mar aon le srianta arna dtiomáint ag an ngréasán comhroinnte aisiompair, ar sholáthar seirbhísí mórdhíola d'oibreoírí líonraí fíorúla móibíleacha ('MVNOnna') agus seirbhísí fánaíochta (idirnáisiúnta agus náisiúnta).

¹⁸⁵ Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022 *Comhroinnt líonra – Poblacht na Seice*, AT.40305, aithris 89.

¹⁸⁶ Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022 *Comhroinnt líonra – Poblacht na Seice*, AT.40305, aithris 89.

¹⁸⁷ Mar thoradh ar chomhaontuithe comhroinnte bonneagair mhóibíligh, féadfaidh cásanna a bheith ann ina mbíonn páirtí amháin ag coinneáil siar páirtí eile: mar shampla, i gcás nach dtacaíonn bonneagar an líonra mhóibíligh atá á oibriú ag páirtí amháin i limistéar áirithe le teicneolaíocht áirithe ar mhaith leis an bpáirtí eile a úsáideann an bonneagar sin sa limistéar sin a imscaradh. Féach freisin an cinneadh ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022, *Comhroinnt líonra – Poblacht na Seice*, AT.40305, aithris, roinn 4.4.1, aithrisí 91 agus 106.

¹⁸⁸ Mar shampla, má aontaíonn dhá pháirtí ar scoilt gheografach (i gcás (i) gurb é páirtí A an t-oibreoír líonra do limistéar geografach A agus gurb é páirtí B an t-oibreoír líonra do limistéar B; (ii) ina leanann

chomhaontú¹⁸⁹. I gcás inar iomaitheoirí iad na páirtithe sa CCL, féadfaidh malartuithe faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a bheith ina n-ábhar inní maidir leis an iomaíocht má sháraíonn an malartú faisnéise an méid atá riachtanach go hoibiachtúil agus atá comhréireach chun an comhaontú a chur chun feidhme.

264. Le CCLanna éilítear measúnú aonair faoi Airteagal 101.¹⁹⁰ Ag brath ar fhíorais an cháis, d'fhéadfadh go mbeadh cuid de na tosca seo a leanas nó gach ceann díobh ábhartha don mheasúnú:

- (a) cineál agus doimhneacht na comhroinnte (lena n-áirítear an méid neamhspleáchais a choinníonn na hoibreoirí líonraí teileachumarsáide móibíil)¹⁹¹;
- (b) raon feidhme na seirbhísí comhroinnte agus na dteicneolaíochtaí comhroinnte, cuspóir na comhroinnte (speictrim), fad agus struchtúr an chomhair arna chur ar bun leis na comhaontuithe;
- (c) raon feidhme geografach agus cumhdach margaidh an CCL (mar shampla, cumhdach an daonra agus cé acu a bhaineann an comhaontú le limistéir dhlúthdhaonra nó nach mbaineann)¹⁹²;
- (d) saintréithe agus struchtúr an mhargaidh ábhartha (scaireanna margaidh na bpáirtithe, an méid speictrim atá ag na páirtithe, dlúth na hiomaíochta idir na páirtithe, an líon oibreoirí lasmuigh den chomhaontú agus méid an bhrú iomaíoch a chuireann siad i bhfeidhm, bacainní iontrála, comhaontuithe le tríú páirtithe (amhail úinéirí tríú páirtí de chodanna de bhonneagar líonra nó soláthróirí seirbhíse tríú páirtí, mar shampla, soláthraithe seirbhísí túir));
- (e) líon na CCLanna sa mhargadh ábhartha agus líon agus céannacht na n-oibreoirí líonra rannpháirteacha.

265. Cé go mbeidh gá i gcónaí le measúnú cás ar chás a dhéanamh ar bhonn na tosca thuas, measann an Coimisiún, chun nach measfar CCL, *prima facie*, gur dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha aige de réir bhrí Airteagal 101(1), ní mór dó na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh, ar a laghad:

- (a) Rialaíonn agus oibríonn na hoibreoirí rannpháirteacha a gcroí-líonra féin agus níl aon dídhreasacht theicniúil, chonarhach, airgeadais nó eile ann lena gcuirtear cosc ar gach oibreoir aon imscaradh agus uasghrádú bonneagair is mian leis a chur chun feidhme go haontaobhach;

an dá pháirtí ar aghaidh ag oibriú agus ag iomaíocht lena chéile; (iii) ina bhfuil an t-oibreoir líonra do limistéar ar leith freagrach as cinntí infheistíochta thar ceann an dá oibreoir don limistéar sin) agus má thugann an comhaontú an ceart don oibreoir líonra diúltú na fairsingithe líonra a iarrann an páirtí eile a chur chun feidhme.

¹⁸⁹ Mar shampla, i gcás deighilte geografacha, nuair a ghearrann páirtí amháin uasghrádú líonra ar an bpáirtí eile ar phraghas atá níos airde ná na bunchostais incriminteacha.

¹⁹⁰ Breithiúnas an 2 Bealtaine 2006, *O2 (An Ghearmáin) v An Coimisiún*, T-328/03, EU:T:2006:116, míreanna 65 go 71.

¹⁹¹ Cinneadh ón gCoimisiún an 16 Iúil 2003, *T-Mobile Deutschland/O2 na Gearmáine: Network Sharing Rahmenvertrag*, COMP/38.369, aithris 12; an Cinneadh ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2003, *O2 UK Limited / T-Mobile UK Limited ('UK Network Sharing Agreement')*, COMP/38.370, aithris 11.

¹⁹² Féach comhsheasamh Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) maidir le comhroinnt bonneagair mhóibíiligh an 13 Meitheamh 2019, Roinn 4.2. Comhroinnt ghníomhach.

- (b) Coinníonn na hoibreoirí rannpháirteacha oibríochtaí neamhspleácha miondíola agus mórdhíola (neamhspleáchas teicniúil, tráchtála agus cinnteoireachta eile). Áirítear leis sin an saoirse praghsanna a shocrú ar a seirbhísí, na paraiméadair táirge/bhuachtair a chinneadh agus a seirbhísí a idirdhealú bunaithe ar cháilíocht agus ar pharaiméadair eile;
- (c) Coinníonn na hoibreoirí rannpháirteacha an cumas straitéisí neamhspleácha speictrim a leanúint¹⁹³;
- (d) Ní mhalartaíonn na hoibreoirí rannpháirteacha níos mó faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de ná mar atá fíor-riachtanach chun comhroinnt an bhonneagair mhóibíligh a chur i bhfeidhm agus, i gcás inar gá, tá na bacainní riachtanacha ar mhalartú faisnéise curtha i bhfeidhm.

266. Ar deireadh, soláthraítear an treoraíocht ghinearálta seo a leanas maidir leis na cineálacha éagsúla comhaontuithe i ndáil le bonneagar móibíleach a chomhroinnt.¹⁹⁴:

- (a) Ní dócha go n-eascróidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht as comhaontuithe maidir le comhroinnt éighníomhach¹⁹⁵, ar choinníoll (i) go gcoinníonn oibreoirí líonra leibhéal suntasach neamhspleáchais agus solúbthachta maidir lena straitéis ghnó, saintréithe a seirbhísí agus a n-infheistíochtaí líonraí a shainiú agus (ii) nach bhfuil rochtain ar bhonneagar éighníomhach sa mhargadh ábhartha srianta (i ndáil leis sin, is iad na fachtóirí ábhartha atá le cur san áireamh, mar shampla, oibleagáidí rialála nó socrúithe tráchtála atá ann cheana a chuireann srian le rochtain den sórt sin);
- (b) Is mó an seans go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht mar thoradh ar chomhaontuithe gníomhacha comhroinnte¹⁹⁶. Is amhlaidh atá toisc, i gcomparáid le comhroinnt éighníomhach, gurb é a bhíonn i gceist le comhroinnt ghníomhach go hiondúil comhar níos fairsinge maidir le comhpháirteanna den líonra ar dócha go mbeidh tionchar acu ní hamháin ar chumhdach ach ar imscaradh neamhspleách acmhainne freisin;
- (c) Is comhar níos forleithne iad comhaontuithe um chomhroinnt speictrim (dá ngairtear ‘comhthiomsú speictrim’ freisin) agus d’fhéadfaidís tuilleadh srianta a chur ar chumas na bpáirtithe idirdhealú a dhéanamh idir a dtairiscintí miondíola agus/nó a dtairiscintí mórdhíola agus teorainn dhíreach a chur leis an iomaíocht eatarthu¹⁹⁷. Cé go bhféadfadh údaráis rialála comhroinnt speictrim

¹⁹³ Amhail, mar shampla, speictream a fháil go neamhspleách; cinntí neamhspleácha maidir le conas speictream den sórt sin a úsáid agus cé na bandaí speictrim, agus cé acu a roinnfear nó nach roinnfear an speictream nuair a gheofar é.

¹⁹⁴ Ag brath ar éabhlóid na teicneolaíochta ábhartha (RAN) le himeacht ama, d’fhéadfadh an t-idirdhealú seo idir comhroinnt éighníomhach, ghníomhach agus speictrim éirí níos lú ábhartha do CCLanna amach anseo. Mar sin féin, is dócha go mbeidh na prionsabail a leagtar amach sa mhír seo fós ábhartha maidir le measúnú ar CCLanna amach anseo, ag brath freisin ar an ról a bheidh ag comhpháirteanna crua-earraí na teicneolaíochta (RAN) amach anseo i dtéarmaí difreála. Mar shampla, amach anseo, d’fhéadfadh níos lú difreála a bheith ann ar leibhéal na gcomhpháirteanna crua-earraí de RAN ach féadfar níos mó difreála a dhéanamh ar leibhéal na mbogearraí.

¹⁹⁵ Féach mír 259.

¹⁹⁶ Féach mír 259.

¹⁹⁷ Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbaineann an téarma ‘comhroinnt speictrim’ sa Roinn seo ach leis an gcineál comhaontaithe comhroinnte bonneagair ina n-úsáideann dhá oibreoir iomaíochta líonraí teileachumarsáide móibíilí nó níos mó mar acmhainn chomhroinnte (‘i.e. comhthiomsú’) a sealúchais speictrim faoi seach i mbanda speictrim amháin nó níos mó. Ní bhaineann an treoraíocht sa Roinn seo maidir le comhroinnt speictrim le cineálacha eile comhroinnte speictrim, mar shampla idir

raidió a cheadú nuair a dheonaíonn siad cearta chun speictream raidió a úsáid¹⁹⁸, éilíonn na comhaontuithe seo measúnú níos cúramaí faoi Airteagal 101 ná cineálacha eile comhroinnte líonra¹⁹⁹.

3.7. Samplaí

267. Teorannú díreach iomaíochta

Sampla 1

Cás: Cinneann cuideachtaí A agus B, dhá sholáthróirí de tháirge X, a seanmhonarchana táirgthe atá ann cheana féin a dhúnadh agus monarcha táirgthe nua níos mó agus níos éifeachtaí a thógáil a bheidh á hoibriú ag comhfhiontar, agus a mbeidh acmhainneacht níos mó aici ná acmhainneacht iomlán sheanmhonarchana Chuideachtaí A agus B. Tá iomaitheoirí ag baint úsáide as a monarchana táirgthe reatha féin ag lánacmhainneacht agus níl aon síneadh beartaithe acu. Tá sciartha 20 % agus 25 % faoi seach den mhargadh ag Cuideachtaí A agus B sa mhargadh ábhartha do tháirge X. Tá an margadh comhchruinnithe, marbhánta, ní raibh aon dul isteach le déanaí agus bhí na sciartha den mhargadh cobhsaí le himeacht ama. Is cuid mhór de chostais athraitheacha Chuideachta A agus Chuideachta B do tháirge X iad costais táirgthe. Is mionghníomhaíocht eacnamaíoch é tráchtáil i dtéarmaí costais agus tábhacht straitéiseach i gcomparáid le táirgeadh: tá costais mhargaíochta íseal, toisc go bhfuil táirge X aonchineálach agus bunaithe, agus nach príomhthiománaí iomaíochta é an t-iompar.

Anailís:

Infheidhmeacht RB Speisialtóireachta: Níl feidhm ag an RB Speisialtóireachta toisc go sáraíonn an sciar den mhargadh atá ag na páirtithe le chéile 20 % ar an margadh ábhartha do tháirge X. Dá bhrí sin, is gá measúnú aonair a dhéanamh ar an gcomhaontú maidir le táirgeadh.

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(1): Más rud é go mbeadh comhroinnt mórchuid a gcostas athraitheach le haghaidh táirge X ag Cuideachtaí A agus B mar thoradh ar an gcomhfhiontar, is dócha go gcuirfidh sé teorainn dhíreach ar an iomaíocht eatarthu. D'fhéadfadh sé a fhágáil ar na páirtithe aschur an chomhfhiontair a theorannú i

neamhiomaitheoirí (lena n-áirítear idir oibreoirí líonraí teileachumarsáide móibíle agus oibreoirí líonraí teileachumarsáide neamh-mhóibíle) a úsáideann na bandaí speictrim céanna ar bhealach dinimiciúil, rud a chothóidh úsáid éifeachtúil acmhainne ganna den sórt sin agus deiseanna nua chun 5G a chur in úsáid. Thairis sin, níor cheart an téarma 'Comhroinnt Speictrim' sa Roinn seo a mheascadh leis an rud ar a dtugtar 'Comhroinnt Dinimiciúil Speictrim', ar teicneolaíocht é lena gceadaítear acmhainní acmhainneachta oibreora mhóibíle a leithdháileadh go dinimiciúil i mbanda speictrim ar leith, chun gur féidir níos mó ná glún amháin teicneolaíochta móibíle a oibriú go comhuaineach, amhail 3G, 4G agus 5G, ar an mbanda speictrim sin.

¹⁹⁸ Airteagal 47(2) den Chód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach. Ina theannta sin, féadfaidh údarais inniúla, agus coinníollacha á gceangal acu le cearta úsáide aonair do speictream raidió, foráil a dhéanamh maidir leis na féidearthachtaí seo a leanas: (a) bonneagar éighníomhach nó gníomhach a bhraitheann ar speictream raidió, nó ar speictream raidió a chomhroinnt; (b) comhaontuithe rochtana fánaíochta tráchtála; (c) bonneagar le haghaidh soláthar líonraí nó seirbhísí a bhraitheann ar úsáid speictrim raidió a leathadh amach go comhphárteach.

¹⁹⁹ Mar shampla, i gcás comhaontú comhroinnte bonneagair mhóibíle idir dhá oibreoir mhóibíleacha a bhfuil sciar ard den mhargadh acu le chéile agus lena gcumhdaítear cuid mhór de chríoch Ballstáit, lena mbaineann comhroinnt speictrim, is dóichí go mbeidh grinn-imscrúdú ag teastáil. Mar sin féin, i gcúinsí áirithe (mar shampla mura bhfuil an comhaontú teoranta ach do limistéir inar tearc an daonra), d'fhéadfadh sé nach mbeadh na héifeachtaí sriantacha sin ag na comhaontuithe sin.

gcomparáid leis an toradh a bheadh acu ar an margadh dá gcinneadh gach ceann acu a n-aschur leo féin. I bhfianaise na srianta teoranta a fheidhmeoidh iomaitheoirí ó thaobh acmhainneachta de, d'fhéadfadh praghsanna níos airde a bheith mar thoradh ar an aschur laghdaithe sin.

Dá bhrí sin, is dócha go mbeadh srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) ar mhargadh tháirge X mar thoradh ar an gcomhfhiontar táirgeachta.

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(3): D'fhéadfadh an comhfhiontar an t-aschur a mhéadú ar phraghsanna níos ísle chun tairbhe na dtomhaltóirí dá gcuirfí monarcha táirgthe nua in ionad an dá sheanmhonarcha táirgthe níos lú. Mar sin féin, ní dhéanfaidh an comhaontú maidir le táirgeadh coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh ach amháin más féidir leis na páirtithe a chruthú go mbeadh na gnóthachain éifeachtúlachta suntasach, agus gur dócha go gcuirfí ar aghaidh chuig na tomhaltóirí iad chomh mór sin gur mhó iad ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht.

268. Torthaí claonpháirteacha agus naisc idir iomaitheoirí

Sampla 2

Cás: Cruthaíonn dhá sholáthróir, Cuideachtaí A agus B, comhfhiontar táirgthe chun táirge Y a mhonarú. Tá scaireanna margaidh 15 % agus 10 % faoi seach ag cuideachtaí A agus B sa mhargadh do tháirge Y. Tá trí ghníomhaí eile ar an margadh: Cuideachta C ag a bhfuil sciar den mhargadh de 30 %, Cuideachta D ag a bhfuil 25 % agus Cuideachta E ag a bhfuil 20 %. Tá monarcha táirgthe chomhpháirteach ag Cuideachta B in éineacht le Cuideachta D cheana féin. Tá Táirge Y aonfhoirmeach; tá an teicneolaíocht bhunúsach simplí agus is beag idir na costais athraitheacha atá ag soláthróirí.

Anailís:

Infheidhmeacht RB Speisialtóireachta: Níl feidhm ag an RB Speisialtóireachta toisc go sáraíonn an sciar den mhargadh atá ag na páirtithe le chéile 20 % ar an margadh ábhartha do tháirge Y. Dá bhrí sin, is gá measúnú aonair a dhéanamh ar an gcomhaontú maidir le táirgeadh.

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(1): Is fíorbheagán gníomhaithe a bhfuil sciar comhchosúil den mhargadh agus costais táirgthe athraitheacha comhchosúla acu is príomhthréith don mhargadh. Chuirfidh an comhfhiontar idir Cuideachtaí A agus B nasc breise idir na soláthróirí sa mhargadh, rud a mhéadóidh an comhchruinniú sa mhargadh *de facto*, toisc go nascfadh sé Cuideachta D le Cuideachtaí A agus B freisin. Is dócha go méadóidh an comhar sin an riosca go mbeidh toradh claonpháirteach ann agus mar sin is dócha go gcuirfear srian leis ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1).

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(3): Ní dhéanfar coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh ach amháin i gcás gnóthachan suntasach éifeachtúlachta a chuirtear ar aghaidh chuig tomhaltóirí a mhéid gur mhó iad ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht. Mar sin féin, sa sampla seo, i bhfianaise chineál aonchineálach táirge Y agus simplíocht a bhunteicneolaíochta, is cosúil nach dócha go mbeidh sé sin amhlaidh.

269. Foriamh frithiomaíoch

Sampla 3

Cás: Bhunaigh cuideachtaí A agus B comhfhiontar táirgthe don táirge idirmheánach X a chlúdaíonn a dtáirgeadh iomlán de tháirge X. Is príomhionchur é Táirge X chun táirge iartheachtach Y a tháirgeadh agus níl aon chineál táirge eile inionadaithe mar ionchuir. Is ionann costais táirgthe X agus 50 % de chostais athraitheacha an táirge dheiridh Y ar ina leith a théann cuideachtaí A agus B san iomaíocht iartheachtach freisin. Tá sciar 20 % an ceann ag cuideachtaí A agus B araon ar an margadh iartheachtach le haghaidh táirge Y. Bhí teacht isteach teoranta ann ar an margadh iartheachtach sin agus tá na sciartha den mhargadh cobhsaí le himeacht ama. Chomh maith lena n-éileamh féin ar tháirge X a chumhdach (úsáid faoi údarú), tá sciar margaidh 30 % ag an dá Chuideachta A agus B ar an margadh le haghaidh táirge X (díolacháin le tríú páirtithe). Tá bacainní móra ar iontráil ar an margadh ag táirge X agus tá táirgeoirí atá ann cheana ag feidhmiú i ngar do lánacmhainneacht. Ar an margadh do tháirge Y, tá dhá sholáthróir shuntasacha eile, a bhfuil sciar 15 % den mhargadh ag gach ceann acu, agus roinnt iomaitheoirí beaga. Cruthaítear leis an gcomhfhiontar barainneachtaí scála i bhfoirm laghdú ar chostais sheasta cheanncheathrú na bpáirtithe..

Anailís:

Infheidhmeacht RB Speisialtóireachta: Níl feidhm ag an RB Speisialtóireachta toisc go sáraíonn an sciar den mhargadh atá ag na páirtithe le chéile 20 % ar an margadh don táirge idirmheánach X agus ar an margadh don táirge iartheachtach Y araon. Dá bhrí sin, is gá measúnú aonair a dhéanamh ar an gcomhaontú maidir le táirgeadh.

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(1): De bhua an chomhfhiontair táirgthe agus an sciar aird den mhargadh réamhtheachtach atá acu le chéile i ndáil le táirge X, bheadh sé de chumas ag Cuideachtaí A agus B soláthairtí ionchuir fhíor-riachtanaigh X dá n-iomaitheoirí sa mhargadh iartheachtach le haghaidh Y a rialú den chuid is mó. Is cosúil go gcuirfeadh sé sin ar a gcumas do Chuideachtaí A agus B costais a n-iomaitheoirí a ardú, trí phraghas X a ardú go saorga, nó trí aschur a laghdú. D'fhéadfadh sé sin iomaitheoirí Chuideachtaí A agus B a dhaingniú sa mhargadh do Y. Mar gheall ar an dóchúlacht seo go dtarlóidh imfhálú frithiomaíoch iartheachtacha, is dócha go gcuirfidh an comhaontú sin srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1).

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(3): Tá na barainneachtaí scála a ghintear leis an gcomhfhiontar táirgthe teoranta do chostais sheasta agus ní dócha gur mhó iad ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht agus, dá bhrí sin, is é is dóichí nach gcomhlíonfadh an comhaontú sin coinníollacha Airteagal 101(3).

270. Comhaontú maidir le táirgeadh mar leithdháileadh margaidh

Sampla 4

Cás: Déanann Cuideachtaí A agus B araon an dá tháirge X agus Y a mhonarú. Tá sciar 30 % den mhargadh ag Cuideachta A sa mhargadh le haghaidh tháirge X agus tá sciar 10 % aici sa mhargadh le haghaidh tháirge Y. Tá sciar 10 % den mhargadh ag Cuideachta B sa mhargadh le haghaidh tháirge X agus tá sciar 30 % aici sa mhargadh le haghaidh tháirge Y. Chun barainneachtaí scála i dtáirgeadh a bhaint amach, déanann Cuideachtaí A agus B comhaontú maidir le táirge faoina dtáirgfídh Cuideachta A táirge X amháin agus faoina dtáirgfídh Cuideachta B táirge Y amháin. Ní fhoráiltear sa chomhaontú go ndéanfaidh na páirtithe na táirgí a thras-sholáthar dá

chéile. Mar thoradh air sin, tar éis an chomhaontaithe, ní dhíolfaidh Cuideachta A ach táirge X agus ní dhíolfaidh Cuideachta B ach táirge Y. Maíonn na páirtithe, trí speisialtóireacht a dhéanamh ar an mbealach sin, go ndéanfaidh siad coigilteas suntasach ar chostais sheasta, mar gheall ar bhairneachtaí scála, agus go bhfeabhsóidh siad a dteicneolaíochtaí táirgthe, trí dhíriú ar tháirge amháin in aghaidh na cuideachta, rud a fhágann go mbeidh táirgí ar chaighdeán níos fearr acu.

Anailís:

Infheidhmeacht RB Speisialtóireachta: Níl feidhm ag an RB Speisialtóireachta toisc go bhfuil an sciar margaidh atá ag na páirtithe le chéile os cionn 20 % i ngach ceann de na margaí ábhartha le haghaidh táirgí X agus Y. Ar aon chuma, ní cháilíonn an comhaontú mar chomhaontú speisialtóireachta cómhalmartach laistigh den sainmhíniú san RB Speisialtóireachta toisc nach n-aontaíonn na páirtithe na táirgí a scoirfidh siad dá dtáirgeadh a sholáthar dá chéile. Dá bhrí sin, tá gá le measúnú aonair ar an gcomhaontú táirgthe.

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(1): Faoi gcomhaontú, comhaontaíonn Cuideachtaí A agus B scor de bheith ag táirgeadh (agus ag díol) táirgí a bhfuil siad in iomaíocht ina leith. Mar sin de, níl sé mar chuspóir ag an gcomhaontú iomaíocht a shrianadh de réir bhrí Airteagal 101(1).

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(3): Maidir leis na gnóthachain éifeachtúlachta líomhnaithe a éiríonn as an gcomhaontú (laghdú ar chostais sheasta agus feabhas a chur ar an teicneolaíocht táirgthe, tá siad nasctha leis an leithdháileadh margaidh, mar sin ní dócha gur mó iad ná éifeachtaí sriantacha an chomhaontaithe, agus dá bhrí sin ní chomhlíonann an comhaontú coinníollacha Airteagal 101(3). Ar chaoi ar bith, má mheasann Cuideachta A nó B go mbeadh sé níos éifeachtaí díriú ar tháirge amháin, ní féidir léi ach an cinneadh aontaobhach a dhéanamh gan ach X nó Y a tháirgeadh gan aontú go ndíreoidh an chuideachta eile ar tháirgeadh an táirge eile.

271. Iomaitheoirí ionchasacha

Sampla 5

Cás: Táirgeann Cuideachta A an táirge deiridh X agus táirgeann Cuideachta B an táirge deiridh Y. Baineann táirgí X agus Y le margaí táirgí ar leithligh, ina bhfuil cumhacht mhargaidh ag Cuideachtaí A agus B araon, agus tá scaireanna aonair margaidh os cionn 20 % ag gach cuideachta acu. Úsáideann an dá chuideachta táirge Z mar ionchur agus táirgí X agus Y faoi seach á dtáirgeadh acu agus táirgeann siad araon Z le haghaidh úsáide faoi chuing amháin. Is féidir táirge X a tháirgeadh trí chlaochlú simplí a dhéanamh ar Z agus tá ullmhúcháin déanta ag Cuideachta B chun dul isteach sa mhargadh le haghaidh táirge X agus tá an chuma ar an scéal go rachaidh sé isteach sa mhargadh sin an bhliain seo chugainn. Aontaíonn Cuideachtaí A agus B le chéile Z a tháirgeadh, rud a ghineann barainneachtaí scála measartha, agus comhaontaíonn siad deireadh a chur le táirgeadh neamhspleách Z. Mar chuid den chomhaontú, aontaíonn Cuideachta B gan dul isteach sa mhargadh le haghaidh táirge X sna 5 bliana amach romhainn.

Anailís:

Infheidhmeacht RB Speisialtóireachta: Níl feidhm ag an RB Speisialtóireachta toisc go bhfuil an sciar margaidh os cionn an tairsí 20 % i gcás na margaí iarteachtacha le haghaidh na dtáirgí deiridh X agus Y. Tá na margaí sin ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na tairsí maidir leis an sciar den mhargadh toisc go n-úsáideann na

páirtithe an táirge lena mbaineann an comhaontú maidir le táirgeadh (táirge idirmheánach Z) mar ionchur chun X agus Y a tháirgeadh.

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(1): Ní iomaitheoirí iarbhrí iad Cuideachtaí A agus B maidir le táirgí X, Y ná Z. Mar sin féin, toisc go bhfuil sé beartaithe aici dul isteach sa mhargadh do tháirge X laistigh de 1 bhliain amháin, tá Cuideachta B ina iomaitheoir ionchasach ag Cuideachta A ar an margadh sin. Mar sin de leis an gcomhaontú maidir le táirgeadh comhpháirteach cuirtear srian ar an iomaíocht sa mhargadh le haghaidh tháirge X de réir bhrí Airteagal 101(1) tríd an srian a fhorchuirtear le hiontráil beartaithe Chuideachta B a bhaint.

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(3): Ní dócha go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 101(3) toisc gur measartha iad na gnóthachain éifeachtúlachta i bhfoirm barainneachtaí scála arna nginiúint leis an gcomhaontú maidir le táirgeadh comhpháirteach, agus mar sin ní dócha go sáródh siad éifeachtaí sriantacha an chomhaontaithe ar an iomaíocht sa mhargadh do tháirge X, áit a bhfuil cumhacht mhargaidh ag Cuideachta A.

272. Malartú faisnéise

Sampla 6

Cás: Táirgeann cuideachtaí A agus B araon Z, ceimiceán tráchtearra. Is táirge aonchineálach é Z a mhonaraítear de réir caighdeáin Eorpaigh nach gceadaíonn aon éagsúlachtaí táirgí. Is comhpháirt shuntasach de chostas iomlán tháirge Z iad costais táirgthe. Tá sciar den mhargadh de 20 % ag Cuideachta A agus tá sciar 25 % ag Cuideachta B ar an margadh uile-Aontais do Z. Tá ceithre mhonaróir eile ar an margadh, agus sciartha den mhargadh dar luach 20 %, 15 %, 10 % agus 10 % faoi seach acu. Tá monarcha táirgthe Chuideachta A lonnaithe i mBallstát X i dtuaisceart na hEorpa ach tá monarcha táirgthe Chuideachta B lonnaithe i mBallstát Y i ndeisceart na hEorpa. Cé go bhfuil formhór chustaiméirí Chuideachta A lonnaithe i dtuaisceart na hEorpa, tá roinnt custaiméirí ag Cuideachta A freisin i ndeisceart na hEorpa. Is i ndeisceart na hEorpa atá formhór custaiméirí Chuideachta B, cé go bhfuil roinnt custaiméirí aige i dtuaisceart na hEorpa freisin. Faoi láthair, cuireann Cuideachta A táirge Z a mhonaraítear ina monarcha táirgthe i mBallstát X sa tuaisceart ar fáil dá custaiméirí i ndeisceart na hEorpa agus iompraíonn sí chuig deisceart na hEorpa é le trucaílí. Ar an gcaoi chéanna, cuireann Cuideachta B táirge Z a mhonaraítear ina monarcha táirgthe i mBallstát Y sa deisceart ar fáil dá custaiméirí i ndeisceart na hEorpa agus iompraíonn sí chuig deisceart na hEorpa é le trucaílí. Tá costais iompair ard go leor, ach níl siad chomh hard sin go bhfágtar go bhfuil seachadadh ag Cuideachta A go deisceart na hEorpa agus seachadadh ag Cuideachta B do thuaisceart na hEorpa neamh-bhrabúsach.

Cinneann Cuideachtaí A agus B go mbeadh sé níos éifeachtúla dá stadfadh Cuideachta A de Z a iompar ó Bhallstát X go deisceart na hEorpa agus dá stadfadh Cuideachta B de Z a iompar ó Bhallstát Y go tuaisceart na hEorpa. Mar sin féin, is mian leis an dá chuideachta a gcuid custaiméirí reatha a choinneáil. Chun é sin a dhéanamh, tá sé beartaithe ag Cuideachtaí A agus B comhaontú babhtála a dhéanamh a ligeann dóibh cainníocht bhliantúil chomhaontaithe Z a cheannach ó mhonarcha an pháirtí eile d'fhonn an Z ceannaithe a dhíol leo siúd dá gcustaiméirí atá lonnaithe níos gaire do mhonarcha an pháirtí eile. Chun praghas ceannaigh a ríomh nach dtugann fabhar do pháirtí amháin thar an bpáirtí eile agus lena dtugtar aird chuí ar chostais táirgthe éagsúla na bpáirtithe agus ar choigiltis éagsúla ar chostais iompair,

agus chun a áirithiú go bhféadfaidh an dá pháirtí corrlach iomchuí a bhaint amach, comhaontaíonn siad a costais a bhaineann le táirge Z (is é sin costais táirgthe agus costais iompair) a nochtadh dá chéile.

Anailís:

Infheidhmeacht RB Speisialtóireachta: Níl feidhm ag an RB Speisialtóireachta, toisc nach gcomhfhreagraíonn an comhaontú babhtála d'aon chineál comhaontuithe a chumhdaítear leis an RB Speisialtóireachta.

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(1): Cé go ndéanann Cuideachtaí A agus B — ar iomaitheoirí iad — codanna dá dtáirgeadh a bhabhtáil, ní eascraíonn ábhair inní i ndáil le hiomaíocht as an bhfóras sin ann féin. Foráiltear leis an gcomhaontú freisin, áfach, go malartófar faisnéis maidir le costais táirgthe agus iompair idir na páirtithe i dtaca le táirge Z a dtéann siad in iomaíocht ina leith. Is mó an malartú faisnéise idir iomaitheoirí ná an méid is gá chun an comhaontú babhtála a chur chun feidhme. I bhfianaise struchtúr sách comhdhlúthaithe an mhargaidh, nádúr aonchineálach táirge Z agus toisc go bhfuil costais táirgthe agus iompair ina gcuid mhór de chostais iomlána an táirge agus mar sin gur paraiméadar tábhachtach iomaíochta iad, d'fhéadfadh toradh claonpháirteach a bheith mar thoradh ar mhalartú faisnéise. I bhfianaise na sciatha suntasacha den mhargadh atá ag na páirtithe, is dócha mar sin de go mbeidh éifeachtaí sriantacha ag an gcomhaontú ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1).

Measúnú aonair faoi Airteagal 101(3): Leis an gcomhaontú cruthófar gnóthachain éifeachtúlachta i bhfoirm coigilteas costais do na páirtithe, ach ní cosúil go bhfuil ábhar an mhalartaithe faisnéise fíor-riachtanach chun na héifeachtúlachtaí sin a bhaint amach. D'fhéadfadh na páirtithe coigilteas costais den chineál céanna a bhaint amach trí chomhaontú ar fhoirmle phraghais nach mbeadh nochtadh a gcostas táirgthe ná iompair i gceist léi. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an comhaontú babhtála coinníollacha Airteagal 101(3) ina fhoirm reatha.

4. COMHAONTUITHE CEANNAIGH

4.1. Réamhrá

273. Tugtar treoraíocht sa Chaibidil maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhaontuithe a bhaineann le ceannach comhpháirteach táirgí ag níos mó ná gnóthas amháin. Is éard atá i gceist le ceannach comhpháirteach gníomhaíochtaí ceannaigh a chomhthiomsú agus is féidir é a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí chuideachta atá faoi chomhrialú, trí chuideachta ina bhfuil geallta neamhrialaithe ag gnóthais, trí chomharchumann, trí shocrú conarthach nó trí fhoirmeacha comhair níos scaoilte, mar shampla i gcás ina ndéanann ionadaí ceannacháin a chaibidliú nó a thabhairt chun críche thar ceann roinnt gnóthas (dá ngairtear 'socruithe ceannaigh chomhpháirtigh' le chéile).

274. Is ann do shocruithe ceannaigh chomhpháirtigh i réimsí éagsúla eacnamaíocha. Féadfaidh siad foráil a dhéanamh go bhféadfaidh na comhaltaí ceannacháin chomhpháirteacha a dhéanamh, nó féadfar iad a theorannú d'idirbheartaíocht chomhpháirteach maidir le praghsanna ceannaigh, do chodanna an phraghais cheannaigh nó do théarmaí agus coinníollacha eile le soláthróir, agus na hidirbhearta ceannaigh iarbhír a fhágáil le tabhairt i gcrích ag gach páirtí ina n-aonar, ar bhonn na bpraghsanna agus/nó na dtéarmaí agus na coinníollacha a caibidliúdh i gcomhpháirt. Aon uair a dhéantar tagairt sa Chaibidil seo do cheannach comhpháirteach,

cumhdaítear leis seo ceannacháin chomhpháirteacha agus praghsanna ceannaigh nó gnéithe de na praghsanna sin nó téarmaí agus coinníollacha eile a chaibidliú i gcomhpháirt. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí eile amhail dáileadh comhpháirteach, rialú cáilíochta agus trádastóráil, a bheith i gceist le socrú ceannaigh chomhpháirtigh, agus dúbláil na gcostas seachadta á seachaint. Ag brath ar an earnáil, féadfaidh na ceannaitheoirí na táirgí a ceannaíodh i gcomhpháirt a thomhailt nó iad a úsáid mar ionchur dá ghníomhaíochtaí féin, mar is amhlaidh i gcás, mar shampla, fuinneamh nó leasacháin. Mar mhalairt air sin, féadfaidh na ceannaitheoirí na táirgí a athdhíol mar is amhlaidh i gcás, mar shampla, earraí tomhaltóra a ghluaiseann go tapa (mar shampla, bia, táirgí tí nó táirgí cúraim phearsanta, etc.) nó táirgí leictreonaice do thomhaltóirí. Is minic a thugtar 'comhghuaillíochtaí miondíola' ar ghrúpaí de mhiondíoltóirí neamhspleácha, slabhraí miondíola nó grúpaí miondíoltóirí a dhéanann ceannach comhpháirteach²⁰⁰.

275. Is é is aidhm ghinearálta do shocruithe ceannaigh chomhpháirtigh méid áirithe cumhachta ceannaitheora a chruthú vis-à-vis soláthróirí, nach mbainfeadh comhalta aonair an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh amach dá ngníomhóidís go neamhspleách óna chéile. D'fhéadfadh praghsanna níos ísle, níos éagsúla nó níos mó táirgí ar chaighdeán níos fearr do thomhaltóirí a bheith mar thoradh ar chumhacht an cheannaitheora i socrú ceannaigh chomhpháirtigh. Féadfaidh sé freisin ligean do na comhaltaí, go háirithe gnóthais níos lú, téarmaí ceannaigh níos fearr a fháil agus, dá réir sin, a bheith fós iomaíoch ar an margadh/na margáí díola iartheachacha agus iad ag tabhairt aghaidh ar iomaitheoirí láidre. Is féidir le gnóthais ceannach comhpháirteach a dhéanamh freisin chun ganntanais a sheachaint nó chun dul i ngleic le briseadh i dtáirgeadh táirgí áirithe, rud a sheachnaíonn briseadh sa slabhra soláthair. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé, i gcúinsí áirithe, go n-eascródh ábhair inní ó thaobh na hiomaíochta de as ceannach comhpháirteach mar a leagtar amach i Roinn 4.2.3.
276. D'fhéadfadh comhaontuithe cothrománacha agus ingearacha a bheith i gceist le socruithe ceannaigh chomhpháirtigh. I gcásanna den sórt sin, tá gá le hanailís dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, ní mór measúnú a dhéanamh ar an gcomhaontú cothrománach nó ar na comhaontuithe cothrománacha idir na gnóthais iomaíocha atá ag gabháil do cheannach comhpháirteach nó na cinntí arna nglacadh ag an gcomhlachas gnóthas ceannaigh de réir na bprionsabal atá leagtha amach sna Treoirí seo. Má bhaintear de thátaí as an measúnú sin nach bhfuil an socrú ceannaigh chomhpháirtigh ina chúis inní maidir le hiomaíocht, is gá measúnú breise a dhéanamh ar aon chomhaontú ingearach ábhartha idir an socrú ceannaigh chomhpháirtigh agus comhalta aonair den socrú sin agus idir an socrú ceannaigh

²⁰⁰ Féach Colen, L., Bouamra-Mechemache. Z., Daskalova, V., Nes, K., *Retail alliances in the agricultural and food supply chain* [Comhaontais mhiondíola i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia], EUR 30206 EN, an Coimisiún Eorpach, 2020, ISBN 978-92-76-18585-7, doi:10.2760/33720, JRC120271. Leis an tuarascáil seo de chuid JRC soláthraítear go háirithe tíopeolaíocht na gcomhghuaillíochtaí miondíola (féach Roinn 2.3 ina ndéantar idirdhealú idir (i) grúpaí de mhiondíoltóirí neamhspleácha, (ii) comhghuaillíochtaí miondíola náisiúnta agus (iii) comhghuaillíochtaí miondíola idirnáisiúnta nó Eorpacha. Murab ionann agus grúpaí de mhiondíoltóirí neamhspleácha, de ghnáth ní cheannaíonn comhghuaillíochtaí miondíola náisiúnta agus idirnáisiúnta táirgí i gcomhpháirt ó sholáthróirí agus ní dhéanann siad ach coinníollacha ceannaigh áirithe a chaibidliú le monaróirí táirgí brandáilte, amhail, mar shampla, lacáistí breise a dheonú ag an monaróir mar mhalairt ar sholáthar seirbhísí áirithe ag na miondíoltóirí. Tá feidhm ag na coinníollacha seo de bhreis ar na coinníollacha a comhaontaíodh le comhaltaí aonair na comhghuaillíochta.

chomhpháirtigh agus na soláthróirí. Ní mór úsáid a bhaint as VBER agus na Treoirlínte Ingearacha agus measúnú á dhéanamh ar chomhaontuithe ingearacha den sórt sin. Ní thiomhdítear go bhfuil comhaontuithe ingearacha nach bhfuil cumhdaithe ag VBER neamhdhleathach ach teastaíonn scrúdú aonair faoi Airteagal 101 ina leith.

4.2. Measúnú faoi Airteagal 101(1)

4.2.1. *Príomhábhair inní na hiomaíochta*

277. D'fhéadfadh socrúithe ceannaigh chomhpháirtigh idir iomaitheoirí iarbhír nó ionchasacha srianta a chur ar an iomaíocht ar mhargadh/mhargaí ceannaigh réamhtheachtacha agus/nó ar mhargadh/mhargaí díola iartheachacha, amhail praghsanna méadaithe nó aschur laghdaithe, cáilíocht nó éagsúlacht na dtáirgí, nó nuálaíocht, leithdháileadh margaidh, nó foriamh frithiomaíoch ceannaitheoirí eile.

4.2.2. *Srianta iomaíochta de réir cuspóra*

278. Go ginearálta ní hionann socrúithe ceannaigh chomhpháirtigh agus srianadh ar an iomaíocht de réir réada más rud é go mbaineann siad i ndáiríre le ceannach comhpháirteach, mar atá i gcás ina ndéanann beirt cheannaitheoirí nó níos mó comhaontú a chaibidliú go comhpháirteach agus a thabhairt i gcric le soláthróir áirithe maidir le téarma trádála amháin nó níos mó a rialaíonn soláthar táirgí chuig na ceannaitheoirí comhoibríocha.

279. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir socrúithe ceannaigh chomhpháirtigh agus cairtéil ceannaitheoirí arb é is aidhm dóibh srian a chur ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach contrártha d'Airteagal 101(1).²⁰¹ Is éard atá i gcairtéil cheannaitheora comhaontuithe nó cleachtais chomhbheartaithe idir dhá cheannaitheoir nó níos mó, gan dul i mbun caibidlíochta comhpháirtí vis-à-vis an soláthróir, lena ndéantar na nithe seo a leanas:

- (a) iompar iomaíoch aonair na gceannaitheoirí sin ar an margadh ceannaigh a chomhordú nó tionchar a imirt ar na paraiméadair ábhartha iomaíochta trí chleachtais amhail socrú nó comhordú praghsanna ceannaigh nó codanna díobh (lena n-áirítear comhaontuithe lena socraítear pá nó gan praghas do tháirge a íoc); cuótaí ceannaigh a leithdháileadh nó margaí agus soláthróirí a chomhroinnt; nó
- (b) tionchar a imirt ar chaibidlíocht aonair na gceannaitheoirí le soláthróirí nó ar cheannacháin aonair ó sholáthróirí, mar shampla trí chomhordú a dhéanamh ar straitéisí caibidlíochta na gceannaitheoirí nó trí mhalartú maidir le stádas na gcaibidlíochtaí sin le soláthróirí.

280. I gcás ina ndéileálann ceannaitheoirí ina n-aonar le soláthróirí (is é sin nach ndéanann siad caibidlíocht chomhpháirteach leis an soláthróir), ní mór dóibh a gcinntí ceannaigh a dhéanamh go neamhspleách agus ní fhéadfaidh siad éiginnteacht straitéiseach a bhaint eatarthu féin maidir lena n-iompraíocht sa todhchaí ar an margadh trí chomhaontuithe nó trí chleachtais chomhbheartaithe. Ní fhéadfaidh ceannaitheoirí ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha ceannaigh (praghas, cainníocht, foinse soláthair, cáilíocht nó paraiméadair eile iomaíochta) a shocrú

²⁰¹ Breithiúnas an 7 Samhain 2019, *Campine*, T-240/17, EU:C:2019:778, mír 297; féach freisin breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, mír 37; breithiúnas an 13 Nollaig 2006, *French Beef*, cásanna uamtha, T-217/03 agus T-245/03, EU:T:2006:391, mír 83 agus na míreanna ina dhiaidh sin.

eatarthu féin ar dtús sula ndéanfaidh gach ceannaitheoir caibidlíocht aonair agus ceannach ón soláthróir.

281. D'fhéadfadh cairtéal ceannaitheoirí a bheith ann freisin nuair a chomhaontaíonn ceannaitheoirí faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalartú eatarthu féin faoina rúin cheannaigh féin nó faoina gcaibidlíocht le soláthróirí, lasmuigh d'aon socrú ceannaigh chomhpháirtigh dáiríre a idirghníomhaíonn le soláthróirí i dteannta a chéile, thar ceann a chomhaltaí²⁰². Baineann sé sin, go háirithe, le malartuithe idir ceannaitheoirí faoi na praghsanna ceannaigh a íocfaidh siad (praghsanna uasta, lascainí íosta agus gnéithe eile de phraghsanna), téarmaí agus coinníollacha eile ceannaigh, foinsí soláthair (i dtéarmaí soláthróirí agus críocha), méideanna agus cainníochtaí, cáilíocht nó paraiméadair eile iomaíochta (mar shampla uainiú, seachadadh agus nuálaíocht).
282. Nochtann cairtéal ceannaitheoirí de réir a nádúir méid dóthanach dochair don iomaíocht ionas nach gá measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige. Dá bhrí sin, ar choinníoll go ndéanann sé difear do thrádáil idir na Ballstáit, is éard a bheidh ann ná srianadh iomaíochta trí réad de réir bhrí Airteagal 101(1). Dá bhrí sin, ní éilítear, i bprionsabal, sainmhíniú ar an margadh/na margáí ábhartha le measúnú a dhéanamh ar chairtéil cheannaitheora, contrártha do chairtéil chomhpháirteacha, ní cheanglaítear leis go ndéanfaí breithniú ar sheasamh margaidh na gceannaitheoirí ar an margadh ceannaigh réamhtheachtach ná nach mbeidh siad in iomaíocht sa mhargadh díola iartheachtach²⁰³. Fágann na tosca seo a leanas gur lú an seans gurb ionann socrú ceannacháin a dhéantar idir ceannaitheoirí agus cairtéal ceannaitheoirí:
- (a) Cuireann an socrú ceannaigh chomhpháirtigh in iúl do sholáthróirí go seolfar an chaibidlíocht thar ceann a gcomhaltaí agus go mbeidh na comhaltaí faoi cheangal ag na téarmaí agus na coinníollacha comhaontaithe maidir lena gceannach aonair, nó go gceannaíonn an socrú ceannaigh chomhpháirtigh thar ceann a gcomhaltaí. Ní éilíonn sé sin go nochtfaí leis an socrú ceannaigh chomhpháirtigh céannacht a chomhaltaí, go háirithe i gcás inar gnóthais bheaga nó mheánmhéide iad agus/nó nach bhfuil ach sciar teoranta de cheannacháin an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh ó sholáthróir. Mar sin féin, níl sé de fhreagracht ar sholáthróirí bearta a dhéanamh chun fáil amach faoi shocrú ceannaigh chomhpháirtigh a bheith ann, mar shampla trí thríú páirtithe nó trí thuarascálacha preasa. É sin ráite, ní cheanglaítear faoi rúndacht cairtéal ceannaitheoirí a chur ar bun²⁰⁴.
- (b) Rinne comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh cineál, raon feidhme agus feidhmiú a gcomhair a shainiú i gcomhaontú i scríbhinn, ionas gur féidir a fhíorú *ex-post* go bhfuil Airteagal 101 á chomhlíonadh aige agus gur féidir é a sheiceáil i gcomparáid le hoibriú iarbhír an tsocraithe ceannaigh

²⁰² Féach Caibidil 6 maidir le malartú faisnéise agus, go háirithe, Roinn 6.2.6 a bhfuil feidhm aici freisin maidir le malartú faisnéise idir ceannaitheoirí atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

²⁰³ Ní mór aon éifeacht ar son iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag comhaontú a chur san áireamh go cuí mar ghnéithe comhthéacs chun críocha é a chatagóiriú mar shrianadh de réir cuspóra, a mhéid is féidir leo an measúnú foriomlán i dtaobh an bhfuil an comhaontú a chur faoi cheist díobhálach a dhóthain don iomaíocht; féach mír 28.

²⁰⁴ Ghearr an Coimisiún pionós ar chairtéil ceannaitheoirí nár fheidhmigh go hiomlán faoi rún ach ar cuireadh tús leo ar bhealach trédhearcach ar a laghad. Féach Cinneadh 2003/600/CE ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2003, *Mairteoil na Fraince*, IO L 209, 19.8.2003, lch. 12.

chomhpháirtigh. Mar sin féin, ní féidir le comhaontú i scríbhinn ann féin an socrú a chosaint ar fhorfheidhmiú an dlí iomaíochta.

283. Féadfaidh socrúithe ceannaigh chomhpháirtigh rannchuidiú nó feidhmiú mar uirlis freisin chun gabháil do chairtéil díoltóirí, is é sin le rá, comhaontú idir iomaitheoirí chun praghsanna díolacháin a shocrú, chun teorainn a chur le margaí aschuir nó sciartha nó custaiméirí ar mhargaí díola iartheachtacha. Sa chás sin, féadfar an socrú ceannaigh chomhpháirtigh a mheasúnú in éineacht leis an gcairtéal ar an margadh díola iartheachtach.
284. Is cineál baghcait chothrománaigh é socrú ceannaigh chomhpháirtigh a bhfuil sé mar aidhm aige iomaitheoir iarbhír nó ionchasach a eisiáimh ón margadh díolachán iartheachtacha nó ó na margaí díola iartheachtacha agus is ionann é agus srian ar an iomaíocht de réir cuspóra. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir baghcait chothrománacha agus baghcait ingearacha, is é sin comhaontú idir ceannaitheoirí staonadh ó cheannach ó sholáthróirí áirithe ar an margadh réamhtheachtach. Cé go bhféadfadh baghcat ingearach a bheith mar shrian ar an iomaíocht de réir cuspóra i gcúinsí áirithe, ní hamhlaidh de ghnáth. Mar shampla, maidir le comhaontú idir ceannaitheoirí gan táirgí a cheannach a thuilleadh ó sholáthróirí áirithe mar gheall ar shaintréithe táirgí áirithe, próisis táirgthe nó dálaí oibre, mar shampla toisc go bhfuil na táirgí a thairgtear neamh-inbhuanaithe de bhrí gur mian leis na ceannaitheoirí táirgí inbhuanaithe amháin a cheannach, níl de chuspóir leis srian a chur ar an iomaíocht. Ní mór mar sin baghcat ingearach a bhreithniú ina gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch chun a n-iarmhairtí iarbhír nó na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith aige ar an iomaíocht a mheas.

4.2.3. Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht

285. Ní mór measúnú a dhéanamh ar shocrúithe ceannaigh chomhpháirtigh, trína n-idirghníomhaíonn ceannaitheoirí i gcomhpháirt le soláthróirí tríd an socrú, ina gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch maidir leis an tionchar iarbhír agus an tionchar is dócha a bheidh acu ar an iomaíocht. Ní mór a chumhdach leis an measúnú na héifeachtaí diúltacha féideartha ar an margadh ceannaigh nó ar na margaí ceannaigh araon a chumhdach, i gcás ina mbíonn an socrú ceannaigh chomhpháirtigh ag idirghníomhú le soláthróirí, agus ar mhargadh an díola nó ar na margaí ina bhféadfaidh na páirtithe sa socrú ceannaigh chomhpháirtigh dul san iomaíocht mar dhíoltóirí. Sa mheasúnú sin, déanfaidh an Coimisiún comparáid idir éifeachtaí iarbhír nó éifeachtaí dóchúla an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh ar an margadh/na margaí ceannaigh agus díola ábhartha i leith na staide a bheadh i réim in éagmais an tsocraithe shonraigh sin.
286. Go ginearálta, is lú seans go n-eascróidh ábhair inní ó thaobh iomaíochta de as socrúithe ceannaigh chomhpháirtigh i gcás nach bhfuil cumhacht mhargaidh ag na comhaltaí ar an margadh díola nó ar na margaí ábhartha.
287. Féadfaidh srianta áirithe arna bhforchur ar a chomhaltaí le socrú ceannaigh chomhpháirtigh a bheith lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) i gcás ina mbeidh siad teoranta don mhéid is gá go hoibiachtúil agus atá comhréireach chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an socrú i gceart agus go gcuirfidh sé ar chumas na gcomhaltaí cumhacht an cheannaitheora a fheidhmiú vis-à-vis na soláthróirí²⁰⁵.

²⁰⁵ Breithiúnas an 15 Nollaig 1994, *Gøttrup-Klim*, C-250/92, EU:C:1994:413, mír 34. Féach freisin Roinn 1.2.6 maidir le srianta coimhdeacha.

D'fhéadfadh feidhm a bheith aige sin, mar shampla, maidir le foráil a chuireann toirmeasc ar chomhaltaí páirt a ghlacadh i socrú ceannaigh chomhpháirtigh iomaíocha a mhéid a chuirfeadh sé sin feidhmiú ceart an tsocraithe ceannaigh agus a chumhacht ceannaitheora i gcontúirt.

4.2.3.1. Margáí ábhartha

288. Tá dhá mhargadh ann a bhféadfadh socrú ceannaigh chomhpháirtigh difear a dhéanamh dóibh. Ar an gcéad dul síos, an margadh nó na margáí a mbaineann an socrú ceannaigh chomhpháirtigh go díreach leo, is é sin an margadh/na margáí ceannaigh ábhartha ina dtéann comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh i gcomhpháirt i mbun caibidlíochta le soláthróirí nó ina gceannaíonn siad i gcomhpháirt uathu. Ar an dara dul síos, an margadh nó na margáí díola iartheachacha, is é sin an margadh/na margáí ina bhfuil comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh gníomhach mar dhíoltóirí ina n-aonar.
289. Leanann sainmhíniú na margáí ceannaigh ábhartha na prionsabail a leagtar amach san Fhógra maidir leis an Sainiú Margaidh agus is ar choincheap na hinionadaitheachta chun srianta iomaíochta a shainaitheant atá sé bunaithe. Is é an t-aon rud a bhaineann go sonrach le margáí ceannaigh, i gcomparáid le margáí díola, ná nach mór inionadaitheacht a shainiú ó thaobh an tsoláthair de seachas ó thaobh an éilimh de. Is é sin le rá, tá roghanna malartacha na soláthróirí cinntitheach chun na srianta iomaíochta atá ar cheannaitheoirí a shainaitheant. D'fhéadfaí anailís a dhéanamh ar na roghanna malartacha sin, mar shampla, trí scrúdú a dhéanamh ar an bhfreagairt is dóigh a thabharfaidh an soláthróir ar laghdú beag ach neamhbhuan ar an bpraghas a thairgtear le haghaidh a dtáirgí. Nuair a bheidh an margadh ábhartha sainithe, féadfar sciar margaidh chomhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh a ríomh bunaithe ar luach nó ar mhéid cheannacháin na gcomhaltaí de na táirgí ábhartha mar sciar de na díolacháin iomlána sa mhargadh ceannaigh ábhartha.
290. Sa bhreis air sin, más iomaitheoirí iad na comhaltaí ar mhargadh díola amháin nó níos mó, tá na margáí sin ábhartha don mheasúnú freisin. Déantar na margáí ábhartha díola a shainiú tríd an modheolaíocht atá leagtha síos san Fhógra maidir leis an Sainiú Margaidh.

4.2.3.2. Cumhacht mhargaidh

291. Níl aon dearbhthairseach ann ar féidir a thoimhdiú ina leith go bhfuil cumhacht mhargaidh ag na comhaltaí i socrú ceannaigh chomhpháirtigh ionas gur dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) mar thoradh ar an socrú ceannaigh chomhpháirtigh. I bhformhór na gcásanna, áfach, ní dócha go mbeidh cumhacht mhargaidh ann más rud é go bhfuil sciar margaidh in éineacht ag na comhaltaí sa socrú ceannaigh chomhpháirtigh nach mó ná 15 % ar an margadh/na margáí ceannaigh ábhartha chomh maith le sciar comhcheangailte den mhargadh nach mó ná 15 % ar an margadh/na margáí díola ábhartha. In aon chás, mura sáraíonn sciartha margaidh na gcomhaltaí le chéile 15 % ar an margadh ceannaigh agus ar an margadh díola araon, is dócha go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 101(3), mura rud é go bhfuil srian iomaíochta de réir cuspóra i gceist leis an socrú.
292. Sciar den mhargadh os cionn na tairsí sin i margadh amháin nó sa dá mhargadh, ní thugann sé sin le tuiscint ann féin gur dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht mar thoradh ar an socrú ceannaigh chomhpháirtigh. Chun socrú ceannaigh chomhpháirtigh a dhéanamh ina bhfuil sciar den mhargadh ag na comhaltaí le chéile

a sháraíonn na tairisín, is gá measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar an tionchar atá aige ar an margadh agus aird á tabhairt ar thosca amhail comhdhlúthacht an mhargaidh, ar chorrailigh bhrabúis, ar cé chomh gar is atá an iomaíocht, ar nádúr na dtáirgí atá faoi réir an tsocraithe ceannaigh agus an chumhacht frithchúitimh a d'fhéadfadh a bheith ag soláthróirí láidre.

293. San anailís ar cé acu atá nó nach bhfuil cumhacht an cheannaitheora ag na comhaltaí i socrú ceannaigh chomhpháirtigh le chéile, tá líon agus déine na nasc idir iomaitheoirí sa mhargadh ceannaigh ábhartha freisin. Mar shampla, féadfaidh roinnt de na comhaltaí céanna páirt a ghlacadh i socrú ceannaigh eile freisin.
294. Má tá méid suntasach cumhachta ceannaitheora ar an margadh ceannaigh ag na páirtithe sa socrú ceannaigh chomhpháirtigh, tá baol ann go ndéanfaidh siad dochar don iomaíocht réamhtheachtach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le díobháil do thomhaltóirí iartheachtacha. Mar shampla, trí chumhacht an cheannaitheora a fheidhmiú go comhpháirteach d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do dhreasachtaí infheistíochta agus iallach a chur ar sholáthróirí raon nó cáilíocht na dtáirgí a tháirgeann siad a laghdú. D'fhéadfadh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a bheith mar thoradh air sin, amhail laghdú cáilíochta, laghdú ar iarrachtaí nuálaíochta, nó i ndeireadh thiar thall an soláthar fo-optamach. Ina theannta sin, féadfaidh miondíoltóirí cumhacht an cheannaitheora a fheidhmiú agus soláthróirí a imirt in aghaidh a chéile trí éagsúlacht táirgí ina gcuid siopaí a theorannú i gcomhpháirt, rud a dhéanfaidh dochar do thomhaltóirí iartheachtacha.
295. Is mó an riosca go bhféadfadh socrú ceannaigh chomhpháirtigh infheistíochtaí nó nuálaíochtaí soláthraithe a dhídhreasú i gcás ina ndéanann na ceannaitheoirí i gcomhpháirt cuntas a thabhairt ar sciar mór de cheannacháin ábhartha, go háirithe i gcás ina ndéileálann na ceannaitheoirí sin le soláthróirí nach bhfuil cumhacht frithchúitimh acu. D'fhéadfadh soláthróirí den sórt sin a bheith an-leochaileach maidir le laghdú ar bhrabúis, go háirithe i gcás ina bhfuil infheistíochtaí sonracha déanta ag acu chun soláthar a dhéanamh do chomhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh. Is lú an dóchúlacht go dtarlódh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht más rud é go bhfuil leibhéal suntasach cumhachta díoltóra frithchúitimh ag soláthróirí (nach gá gurb ionann é agus ceannasacht) ar an margadh ceannaigh nó ar mhargaí ceannaigh, mar shampla, toisc go ndíolann siad táirgí nó seirbhísí is gá do cheannaitheoirí a bheith acu chun dul san iomaíocht sa mhargadh díola iartheachtach nó sna margaí díola iartheachtacha.
296. Féadfar cumhacht ceannaitheora na bpáirtithe sa socrú ceannaigh chomhpháirtigh a úsáid freisin chun ceannaitheoirí iomaíocha ón margadh ceannaigh a fhoriamh tríd an rochtain atá acu ar sholáthróirí éifeachtúla a theorannú agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí sriantacha an tsocraithe ar an iomaíocht. Is é is dóichí nach bhfuil ann ach líon teoranta soláthróirí agus go bhfuil bacainní ar iontráil ar thaobh an tsoláthair den mhargadh ceannaigh réamhtheachtach.
297. I gcás inar iomaitheoirí iarbhir nó ionchasacha iartheachtacha iad comhaltaí socraithe ceannaigh chomhpháirtigh, féadfar a ndreasachtaí chun dul san iomaíocht ar phraghas ar an margadh/na margaí díola iartheachtacha a bheith laghdaithe go mór má cheannaíonn siad i gcomhpháirt sciar suntasach de na táirgí a bhfuil siad san iomaíocht ina leith go hiartheachtach. Ar an gcéad dul síos, má tá méid suntasach cumhachta margaidh ag na comhaltaí i dteannta a chéile ar an margadh/na margaí díola (nach gá gurb ionann sin agus ceannasacht), is lú an dóchúlacht go gcuirí ar aghaidh chuig tomhaltóirí na praghsanna ceannaigh níos ísle arna mbaint amach tríd

an socrú ceannaigh chomhpháirtigh. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás ina bhfuil acmhainn theoranta ag iomaitheoirí comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh, mar gheall ar a suíomh lag sa mhargadh, chun dul san iomaíocht go héifeachtach ar an margadh díola. Ar an dara dul síos, dá airde an sciar den mhargadh atá ag comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh le chéile ar an margadh díola iartheachtach, is mó an baol go ndéanfaí comhordú ar dhíol iartheachtach mar thoradh ar chomhordú ar cheannach réamhtheachtach. Bíonn an riosca sin an-ard má chuireann an socrú ceannaigh chomhpháirtigh srian ar chumas a gcomhaltaí méideanna breise den ionchur sa mhargadh ceannaigh a cheannach go neamhspleách, nó má dhéanann sé an cumas sin a dhídhreasú. Ba cheart oibleagáid ar na comhaltaí a gceanglais uile nó an chuid is mó díobh a cheannach tríd an socrú ceannaigh chomhpháirtigh, d'fhonn seasamh caibidlíochta sách láidir a áirithiú i leith soláthróirí láidre, a mheasúnú agus fachtóirí á gcur san áireamh amhail an raon feidhme (toirt nó sciar de na ceannacháin lena mbaineann) agus fad na hoibleagáide, an sciar den mhargadh atá ag comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh le chéile ar an margadh/na margaí ceannaigh ábhartha agus ar an margadh/na margaí díola ábhartha.

298. Mar sin féin, mura bhfuil ceannaitheoirí atá in iomaíocht lena chéile gníomhach ar an margadh díola ábhartha céanna (mar shampla, miondíoltóirí atá gníomhach i margaí geografacha éagsúla agus nach féidir a mheas gur iomaitheoirí ionchasacha iad), is lú seans go mbeidh éifeachtaí sriantacha ag an socrú ceannaigh chomhpháirtigh ar an iomaíocht sa mhargadh díola/sna margaí díola.

4.2.3.3. Toradh claonpháirteach

299. D'fhéadfadh toradh claonpháirteach a bheith ar shocruithe ceannaigh chomhpháirtigh má éascaíonn siad comhordú iompraíocht na bpáirtithe ar mhargadh an díola i gcás inar iomaitheoirí iarbhir nó ionchasacha iad. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, go háirithe, má chabhraíonn struchtúr an mhargaidh sa mhargadh díola le claonpháirteachas (mar shampla toisc go bhfuil an margadh comhchruinnithe agus go léiríonn sé méid suntasach trédhearcachta). Is dóichí go mbeidh toradh claonpháirteach ann freisin má tá sciar ard den mhargadh sa mhargadh díola ag comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh le chéile agus má théann an socrú níos faide ná ceannach comhpháirteach nó caibidlíocht chomhpháirteach ar théarmaí ceannaigh. Mar shampla, d'fhéadfaí toradh claonpháirteach den sórt sin a éascú i gcás ina gcomhaontódh comhaltaí an tsocraithe na méideanna a cheannóidh siad tríd an socrú nó ina gcomhordóidh siad uainiú na lascaíní ar phraghas díola nó na tionscnaimh díolacháin sa mhargadh díolacháin iartheachtacha, rud a chuirfeadh srian suntasach ar an iomaíocht eatarthu ar an margadh díola.
300. Is féidir claonpháirteachas a éascú freisin má bhaineann na páirtithe leibhéal ard comhchoitiantachta costas amach trí cheannach comhpháirteach, ar choinníoll go bhfuil cumhacht mhargaidh ag na páirtithe sa mhargadh díola agus go gcuidíonn na gnéithe margaidh le comhordú. Is mó an seans go mbeadh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht má bhíonn cion suntasach dá gcostais athraitheacha sa mhargadh díola i gcoiteann ag na páirtithe. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh freisin má dhéanann monaróirí agus díoltóirí táirge deiridh cion ard dá n-ionchur a cheannach go comhpháirteach. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh freisin i gcás ina gceannaíonn miondíoltóirí atá gníomhach ar an margadh/na margaí miondíola ábhartha céanna sciar suntasach de na táirgí a thairgeann siad lena n-atdhíol le chéile. Seachas an

raon feidhme do chlaonpháirteachas mol agus spóca a mhéadú²⁰⁶, d'fhéadfadh miondíoltóirí atá ina gcomhaltaí de shocrú ceannaigh chomhpháirtigh a bheith níos sásta géilleadh d'arduithe praghais ó sholáthróirí má tá a fhios acu go mbainfidh na harduithe sin leis an gcuid is mó dá n-iomaitheoirí sna margáí díola iartheachtacha, agus gur féidir iad a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí mar thoradh.

301. D'fhéadfadh malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, amhail praghsanna ceannaigh (nó codanna díobh) agus méideanna, a bheith de dhíth chun socrú ceannaigh chomhpháirtigh a chur chun feidhme. Mura dtagann an comhaontú ceannaigh chomhpháirtigh féin faoi réim thoirmeasc Airteagal 101(1) toisc go bhfuil éifeachtaí neodracha nó dearfacha aige ar an iomaíocht, ní thagann malartú faisnéise atá coimhdeach leis an socrú sin faoi réim an toirmisc sin ach oiread²⁰⁷. Beidh sé sin amhlaidh má tá an malartú faisnéise riachtanach go hoibiachtúil chun an socrú ceannaigh chomhpháirtigh a chur chun feidhme agus go bhfuil sé comhréireach lena chuspóirí²⁰⁸. I gcás ina dtéann an malartú faisnéise thar a bhfuil riachtanach go hoibiachtúil chun an socrú ceannaigh chomhpháirtigh a chur chun feidhme nó i gcás nach bhfuil sé comhréireach le cuspóirí an tsocraithe sin, ba cheart é a mheasúnú trí úsáid a bhaint as an treoraíocht a thugtar i gCaibidil 6²⁰⁹. Má thagann an malartú faisnéise faoi Airteagal 101(1), d'fhéadfadh sé coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh fós.
302. D'fhéadfadh malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de comhordú a éascú maidir le praghsanna díolacháin agus aschur, rud a d'fhágfadh go mbeadh toradh claonpháirteach ann ar na margáí díola. Féadfar éifeachtaí iarmharta ó mhalartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a íoslaghdú, mar shampla, i gcás ina gcomhthiomsaítear sonraí leis an socrú ceannaigh chomhpháirtigh atá bunaithe mar eintiteas ar leithligh agus nach gcuireann aon fhaisnéis ar aghaidh do na ceannaitheoirí rannpháirteacha, nó trí bhearta teicniúla nó praiticiúla a chur i bhfeidhm chun rochtain ar fhaisnéis den sórt sin a theorannú agus a rúndacht a chosaint. Féadfaidh comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh d'fhoirne glana nó do rialacha éifeachtacha rúndachta d'fhoireann ábhartha an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh agus dá chomhaltaí a leanfadh d'fheidhm a bheith acu i gcás go bhfillleann foireann áirithe ar chomhaltaí aonair an tsocraithe nó ar fhoireann áirithe nó go n-aistríonn comhaltaí chuig socrú ceannaigh chomhpháirtigh eile. Ina theannta sin, níor cheart go mbeadh malartuithe faisnéise frithiomaíochacha nó cineálacha eile comhordaithe idir na socruithe éagsúla ceannaigh mar thoradh ar rannpháirtíocht gnóthais i roinnt socruithe ceannaigh chomhpháirtigh.
303. I gcomhthéacs caibidlíochtaí comhpháirteacha maidir le téarmaí agus coinníollacha le soláthróirí féadfaidh socrú ceannaigh chomhpháirtigh (i.e. a chomhaltaí nó an t-eintiteas dlíthiúil arna bhunú acu) a chumhacht ceannaitheora a fheidhmiú trí, mar shampla, bhagairt a dhéanamh ar an gcaibidlíocht a thréigean nó deireadh a chur leis an gceannach mura dtairgeann an soláthróir téarmaí agus coinníollacha níos fearr nó praghsanna níos ísle. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh na contrapháirtithe i gcaibidlíochtaí den sórt sin bhagairt a dhéanamh stop a chur le caibidlíocht nó táirgí a sholáthar ina gcuid caibidlíochta le ceannaitheoirí.

²⁰⁶ Féach Roinn 6.2.4.2.

²⁰⁷ Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard v an Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 89.

²⁰⁸ Féach mír 369.

²⁰⁹ Féach freisin mír 6.

304. Féadfar a mheas go bhfuil bagairtí comhchaibidlíochta den sórt sin ina gcuid dhílis den socrú ceannaigh chomhpháirtigh i gcás ina mbaineann siad leis na táirgí atá faoi réir na caibidlíochta agus gur táirgí sealadacha iad, agus scoirfidh siad sin nuair a bheidh a gcuid caibidlíochta tosaithe ag na páirtithe nó nuair a bheidh comhaontú tugtha i gcrích ag na páirtithe. Gan dochar d'fheidhmiú dlíthe náisiúnta níos déine a chuireann toirmeasc ar iompar aontaobhach nó cleachtais éagóracha trádála²¹⁰, ní hionann bagairtí den sórt sin de ghnáth agus srian ar an iomaíocht de réir cuspóra²¹¹. Déanfar aon tionchar ar an iomaíocht a eascraíonn as na bagairtí sin a mheasúnú faoi Airteagal 101(1) i bhfianaise éifeachtaí foriomlána an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh agus staid mhargaidh na gcomhaltaí a chuireann na bagairtí i bhfeidhm á cur san áireamh²¹². Baineann sampla de bhagairtí comhchoiteanna a d'fhéadfaí a mheas mar chuid dhílis de shocrú ceannaigh chomhpháirtigh le comhaltaí de chomhghuaillíocht mhiondíola orduithe stad a chur ar tháirgí áirithe ó sholáthróirí le linn a gcuid caibidlíochta faoi na téarmaí agus coinníollacha maidir le soláthar na dtáirgí sin amach anseo. Mar thoradh ar na stadanna sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na táirgí a roghnaigh comhaltaí aonair an chomhaontais nach raibh an chomhghuaillíocht ar fáil go sealadach ina gcuid siopaí go dtí go mbeidh an comhaontas miondíola agus an soláthróir tar éis téarmaí agus coinníollacha na soláthairtí amach anseo a chomhaontú. Go ginearálta, ní dhéanfaidh (bagairtí) stadanna den sórt sin difear suntasach d'iomaíocht sa mhargadh díola iartheachtach nó sna margáí díola iartheachacha i gcás ina leanann miondíoltóirí de bheith ag tairiscint táirgí atá ionadach ar na táirgí atá i gceist agus a mhéid gur féidir le custaiméirí ar an margadh/na margáí díola na táirgí sin nó táirgí ionadacha a cheannach ó iomaitheoirí comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh.

4.3. Measúnú faoi Airteagal 101(3)

4.3.1. Gnóthachain éifeachtúlachta

305. Is féidir le socrú ceannaigh chomhpháirtigh a bheith ina gcúis le gnóthachain éifeachtúlachta shuntasacha. Go háirithe, d'fhéadfadh coigilteas costais a bheith mar thoradh orthu amhail laghdú ar phraghsanna ceannaigh, ar chostais táirgthe agus ar chostais idirbhearta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh socrú ceannaigh chomhpháirtigh a bheith ina gcúis le gnóthachain éifeachtúlachta cháilíochtúla, mar shampla trí sholáthróirí a spreagadh a bheith nuálach agus táirgí nua nó feabhsaithe a thabhairt isteach ar an margadh nó, go háirithe i gcás soláthróirí níos lú, trí dháileadh a gcuid táirgí a leathnú chuig líon níos mó ceannaitheoirí agus margáí. Is féidir le héifeachtaí cáilíochtúla den sórt sin dul chun tairbhe tomhaltóirí, trí spleáchas a laghdú agus trí ghanntanais a sheachaint trí shlabhraí soláthair níos athléimní agus trí

²¹⁰ Mar shampla, reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia (IO L 111, 25.4.2019, lch. 59) a thrasú, nó atá níos déine ná Airteagal 102 trí thoirmeasc nó trí smachtbhannaí a fhorchur ar iompraíocht mhí-úsáideach i leith gnóthas atá i gcleithiúnas go heacnamaíoch, féach Airteagal 3(2) agus Aithris 8 de Rialachán (CE) 1/2003.

²¹¹ Féach mír 278.

²¹² Féadfaidh bagairtí den sórt sin a bheith mar chuid lárnach den mhargáil éifeachtach chun praghsanna níos iomaíche a bhaint amach. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh bagairtí den sórt sin tarlú freisin i gcomhthéacs socrú ceannaigh chomhpháirtigh a bhfuil d'éifeacht leo go gcuirtear srian leis an iomaíocht. Mar sin, ann féin, ní fianaise ar dhochar iomaíoch nó ar an easpa dochar iomaíoch é na bagairtí sin a thabhairt faoi deara.

rannchuidiú le margadh inmheánach níos athléimní, mar shampla, trí chógais nó fuinneamh a cheannach i gcomhpháirt.

4.3.2. *Fíor-riachtanas*

306. Ní chomhlíonann srianta a théann thar a bhfuil riachtanach chun na gnóthachain éifeachtúlachta a ghintear le comhaontú ceannaigh chomhpháirtigh a bhaint amach coinníollacha Airteagal 101(3). Mar shampla, coigilteas costais nach de thoradh an cheannaigh chomhpháirtigh féin iad ach a bhaintear amach de bharr gníomhaíochtaí breise arna ndéanamh leis an socrú ceannaigh chomhpháirtigh, amhail lóistíocht, iompar nó stóráil, ní féidir iad a mheas mar ghnóthachain éifeachtúlachta de chuid an tsocraithe ach amháin más gá an ghníomhaíocht bhreise sin chun go bhfeidhmeoidh an socrú ceannaigh agus nach bhféadfaí iad a bhaint amach le modhanna nach bhfuil chomh sriantach céanna. D'fhéadfadh oibleagáid chun ceannach nó caibidlíocht a dhéanamh go heisiach tríd an socrú ceannaigh chomhpháirtigh a bheith fíor-riachtanach, i gcásanna áirithe, chun an méid cumhachta ceannaitheora nó méid is gá a bhaint amach chun barainneachtaí scála a réadú. Mar sin féin, ní mór an oibleagáid sin a mheasúnú i gcomhthéacs an cháis aonair.

4.3.3. *Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí*

307. Ní mór gnóthachain éifeachtúlachta, amhail laghdú costas ar éifeachtúlachtaí cáilíochtúla i bhfoirm táirgí nua nó táirgí feabhsaithe a thabhairt isteach ar an margadh, ar táirgí iad a mbaintear amach trí shrianta fíor-riachtanacha, a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí go feadh méid atá níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a eascraíonn as an socrú ceannaigh chomhpháirtigh. Dá bhrí sin, ní leor coigilteas costais nó éifeachtúlachtaí eile nach dtéann chun tairbhe ach do na comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh. Ina ionad sin, ní mór coigilteas costais a chur ar aghaidh chuig custaiméirí na gcomhaltaí. Mar shampla, i gcás costais ceannaigh níos ísle, d'fhéadfadh pas ar aghaidh tarlú trí phraghsanna níos ísle ar an margadh díola nó ar na margáí díola.

308. Bíonn dreasacht ag cuideachtaí cuid ar a laghad de laghdú ar chostais athraitheacha a thabhairt dá gcustaiméirí féin. Leis an gcorrlach brabúis níos airde a eascraíonn as laghduithe ar chostais athraitheacha, tugtar dreasacht tráchtála nach beag do chuideachtaí aschur a mhéadú trí laghduithe ar phraghsanna. Mar sin féin, na comhaltaí sin de shocrú ceannaigh chomhpháirtigh a bhfuil cumhacht mhargaidh acu le chéile sna margáí díola ábhartha, d'fhéadfadh sé nach mbeadh fonn orthu laghduithe ar chostais athraitheacha a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí. Ina theannta sin, is lú seans go gcuirfeadh laghduithe ar chostais sheasta (amhail íocaíochtaí cnapshuime a dhéanann soláthróirí) ar aghaidh chuig tomhaltóirí, toisc nach dtugann siad go minic dreasacht do chuideachtaí aschur a leathnú. Dá bhrí sin, éilítear measúnú cúramach ar an socrú ceannaigh chomhpháirtigh sonrath chun a mheas an gcruthaíonn sé dreasacht eacnamaíoch chun aschur a leathnú agus, dá bhrí sin, chun laghduithe costas nó éifeachtúlachtaí a chur ar aghaidh²¹³. Ar deireadh, is neamhdhóchúil go háirithe é praghsanna díolacháin níos ísle do chustaiméirí má chuirtear teorainn leis an socrú ceannaigh chomhpháirtigh (nó má dhídhreasáíonn sé) cumas a chomhaltaí méideanna breise ó sholáthróir faoi leith a cheannach tríd an

²¹³ Mar shampla, cé go bhféadfadh foirm chonarthaigh d'íocaíocht chnapshuime a bheith i gceist le lacáiste, d'fhéadfadh sé a bheith ag brath go héifeachtach ar spriocanna díolacháin áirithe lena bhfuil coinne a bheith bainte amach ag an gceannaitheoir nuair a dhéanfar an conradh a athchaibidlíú an bhliain dár gcionn. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh an íocaíocht a bheith ag brath ar sholáthar seirbhísí áirithe.

socrú ceannaigh chomhpháirtigh nó go neamhspleách lasmuigh den socrú. Go deimhin, le socrúithe ceannaigh chomhpháirtigh a chuireann teorainn le hordú neamhspleách méideanna breise ag a gcomhaltaí, tugtar dreasacht chun praghsanna díolacháin a ardú. Is amhlaidh atá toisc gurb é an éifeacht a bheidh ag teorainn a chur le ceannach ionchuir go comhpháirteach, go ginearálta, ná teorainn a chur le méid na ndíolachán sa mhargadh díola nó sna margáí díola.

4.3.4. *Gan deireadh a chur leis an iomaíocht*

309. Ní féidir coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh má thugtar caoi do na páirtithe ar dheireadh a chur le hiomaíocht i leith cuid mhór de na táirgí atá i gceist. Ní mór an coinníoll sin a chomhlíonadh sna margáí ceannaigh agus sna margáí díolacháin ábhartha araon.

4.4. **Samplaí**

310. Cairtéal ceannaitheoirí

Sampla 1

Cás: Bailíonn roinnt mhaith gnóthais bheaga fóin phóca úsáidte trí ionaid díola, áit a dtugtar ar ais iad nuair a cheannaítear fón póca nua. Díolann na bailitheoirí sin fóin phóca úsáidte le gnóthais athchúrsála a bhaineann amhábhair luachmhara amhail ór, airgead agus copar astu, lena n-athúsáid mar rogha mhalartach níos inbhuanaithe ar mhianadóireacht. Aontaíonn cúig ghnóthas athchúrsála, arb ionann iad agus 12 % den mhargadh ceannaigh d'fhóin phóca úsáidte, uasphraghas ceannaigh coiteann in aghaidh an fhóin. Chomh maith leis sin, coinníonn na cúig ghnóthas athchúrsála sin a chéile ar an eolas maidir leis an bplé praghais atá á dhéanamh acu ina n-aonar le bailitheoirí fóin póca úsáidte, agus maidir leis na tairiscintí atá déanta ag na bailitheoirí dóibh, agus an praghas in aghaidh an fhóin a aontaíonn siad ar deireadh a íoc leis na bailitheoirí.

Anailís: Tá na cúig ghnóthas athchúrsála uile páirteach i gcairtéal ceannaitheoirí. Déanann siad a gcuid caibidlíochta féin le bailitheoirí na bhfón póca agus ceannaíonn siad uathu ina n-aonar. Níl aon socrú ceannaigh chomhpháirtigh i gceist a dhéanann ionadaíocht ar na ceannaitheoirí i gcomhpháirt sna caibidlíochtaí leis na bailitheoirí nó i gceannach ó na bailitheoirí. Gan beann ar an sciar measartha beag den mhargadh atá ag na gnóthais athchúrsála le chéile ar an margadh ceannaigh do dhramhaíl leictreonach, cáilíonn an comhaontú eatarthu mar shrian ar an iomaíocht de réir cuspóra. Dá bhrí sin, ní gá an margadh ábhartha a shainiú ná measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí iarbhir nó ionchasacha an chairtéil ar an margadh.

311. Caibidlíocht chomhpháirteach ar ionchuir monaróirí

Sampla 2

Cás: Tá sciar de 40 % den mhargadh ceannaigh ábhartha i mBallstát A ag cúig mhonaróir cruach iomaíoch le chéile. Bhunaigh na monaróirí cruach comhfhiontar, a oibríonn siad féin agus ar a bhfuil siad ina n-úinéirí, a dhéanfaidh caibidlíocht maidir le ceannach amhiarainn ar a son. Éilíonn agus faigheann an comhfhiontar laghdú 20 % ar phraghas ceannaigh amhiarainn i mBallstát A. In ionad bheith in iomaíocht lena chéile ar an margadh ceannaigh, ceannaíonn na cúig mhonaróir cruach

amhiarann ag an bpraghas ceannaigh atá caibidlithe ag an gcomhfhiontar. Níl aon fhianaise ann gur ísligh úinéirí comhfhiontair a gcuid praghsanna cruach sa mhargadh ceannaigh mar thoradh ar na praghsanna níos ísle a d'íoc siad as amhiarann.

Anailís: Is socrú ceannaigh chomhpháirtigh é an comhfhiontar a dhéanann caibidlíocht le soláthróirí thar ceann na gcúig mhonaróir cruach. Bhí na cúig mhonaróir cruach, páirtithe sa chomhfhiontar, in ann praghas níos ísle a fháil dá gceannacháin amhairinn. Ceannaíonn na páirtithe sa chomhfhiontar amhiarann ar bhonn aonair, cé go ndéantar ceannacháin ar bhonn an phraghais atá caibidlithe ag an gcomhfhiontar. Níl sé mar chuspóir ag bunú agus cur chun feidhme an chomhfhiontair srian a chur leis an iomaíocht. Maidir leis an gceist an imreoidh an comhfhiontar tionchar sriantach ar an iomaíocht, beidh sé sin ag brath, mar shampla, ar cé acu a thiocfaidh comhchoitiantacht shuntasach costais as agus an léireoidh an socrú ceannaigh chomhpháirtigh fíor-riosca claonpháirteachais ar an margadh díola le haghaidh cruach. Mura dtiocfaidh athrú ar rudaí, d'fhéadfadh an fíoras nár ísligh aon cheann de na monaróirí cruach is páirtí sa chomhfhiontar a cuid praghsanna le haghaidh cruach a bheith ina chomhartha ar chlaonpháirteachas den sórt sin.

312. Caibidlíocht chomhpháirteach arna déanamh ag comhghuaillíocht mhiondíola Eorpach

Sampla 3

Cás: Déanann comhghuaillíocht mhiondíola Eorpach, a bhfuil seacht slabhra móra miondíola mar chomhaltaí aige, agus gach ceann acu ag oibriú i margaí náisiúnta éagsúla, caibidlíocht go comhpháirteach le monaróir branda mór a dhéanann brioscaí milse agus súnna torthaí, ag a bhfuil sciar 30 % den mhargadh sna catagóirí táirge sin, ar théarmaí áirithe le haghaidh comhaontú soláthair amach anseo. Tá sciar den mhargadh ag an gcomhghuaillíocht nach mó ná 18 % ar gach margadh ceannaigh (náisiúnta) ábhartha agus tá sciar den mhargadh ag gach comhalta idir 15 % agus 20 % ar na margaí miondíola (áitiúla) ábhartha ina mBallstát féin. Ní iontrálaithe féideartha iad na comhaltaí den chomhghuaillíocht i margaí díolacháin a chéile. Cumhdaítear go háirithe leis an gcaibidlíocht lacáiste breise ón monaróir leis na miondíoltóirí. Déanann an dá thaobh dianmhargáil chun an margadh is fearr is féidir a fháil. Ag pointe áirithe sa chaibidlíocht, iarrann an comhaontas miondíola ar a chomhaltaí stop a chur go sealadach le táirgí a ordú ón dá chatagóir atá á gcaibidliú leis an monaróir chun an brú a mhéadú. Agus an cinneadh sin á chur chun feidhme, cinneann gach comhalta den chomhaontas cad iad na táirgí ón monaróir sna catagóirí sin a stopfaidh sé a ordú le linn na dúsháinne sa chaibidlíocht, agus tosaíochtaí áitiúla tomhaltóirí ar na margaí díola á gcur san áireamh. I ndeireadh na dála, tar éis babhta eile caibidlíochta, comhaontaíonn an monaróir agus an chomhghuaillíocht maidir leis an lacáiste breise a dheonóidh an monaróir le comhaltaí aonair na comhghuaillíochta agus déanann siad a n-orduithe a atosú maidir le raon iomlán na dtáirgí ón monaróir.

Anailís: Ní cairtéal ceannaitheoirí é an chomhghuaillíocht mhiondíola Eorpach agus ní srian de réir cuspóra ar an iomaíocht í. Cáilíonn sé mar shocrú ceannaigh chomhpháirtigh fiú mura ndéanann sé ach caibidlíocht i gcomhpháirt ar lacáiste

áirithe mar chuid den idirbheart soláthair níos leithne idir an monaróir agus comhaltaí na comhghuaillíochta miondíola, a gceannaíonn siad go leithleach ar a mbonn na cainníochtaí is gá de tháirgí an mhonaróra. Níl na slabhraí miondíola náisiúnta ar comhaltaí den chomhghuaillíocht iad gníomhach sna margaí díola céanna agus níl siad ina n-iomaitheoirí féideartha ar a chéile. Dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha ag an socrú ceannaigh chomhpháirtigh ar an iomaíocht idir miondíoltóirí sna margaí díola iarthachtacha. Ina theannta sin, bíonn ar na miondíoltóirí aghaidh a thabhairt ar bhrú leordhóthanach iomaíochta ó mhiondíoltóirí iomaíocha nach bhfuil ag glacadh páirte sa socrú ceannaigh chomhpháirtigh. D'fhéadfadh sé go n-éileodh an socrú go mba ghá fós measúnú ar éifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ar an iomaíocht réamhtheachtach mar thoradh ar an lacáiste breise (mar shampla i dtéarmaí nuálaíocht laghdaithe ag soláthróirí). Dealraíonn sé nach dócha éifeachtaí diúltacha den sórt sin, áfach, i bhfianaise an sciar margaidh nach mó ná 18 % ar gach margadh ceannaigh ábhartha atá ag na páirtithe le chéile. Ní mór stopadh sealadach orduithe a mheasúnú i dteannta le héifeachtaí foriomlána an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh. Ní bhaineann beart den sórt sin ach leis na catagóirí táirgí atá á gcaibidliú leis an monaróir agus ní cosúil sé go ndéanann sé dochar do thomhaltóirí go díreach nó go hindíreach, go háirithe, a mhéid a thairgeann na miondíoltóirí sin táirgí ionadacha nó a mhéid atá miondíoltóirí iomaíocha ann ónar féidir le tomhaltóirí na táirgí céanna a cheannach, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh tairbhe ann do thomhaltóirí i bhfoirm praghsanna níos ísle tar éis teacht ar chomhaontú.

313. Ceannach comhpháirteach ag gnóthais bheaga a bhfuil sciartha measartha den mhargadh acu le chéile

Sampla 4

Cás: Tugann 150 mhiondíoltóir beaga comhaontú i gcrích chun socrú ceannaigh chomhpháirtigh a chruthú. Tá oibleagáid orthu méid íosta a cheannach tríd an socrú, arb ionann é agus thart ar 50 % de chostais iomlána gach miondíoltóra. Is féidir leis na miondíoltóirí níos mó ná an t-íosmhéid a cheannach tríd an socrú, agus féadfaidh siad ceannach a dhéanamh lasmuigh den socrú freisin. Tá sciar margaidh 23 % acu le chéile ar na margaí ceannaigh agus díola araon. Is dhá iomaitheoir mhóra iad Gnóthas A agus Gnóthas B ar comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh iad. Tá sciar 25 % ag Gnóthas A ar na margaí ceannaigh agus díola araon, agus tá sciar 35 % ag Gnóthas B. Níl aon bhacainn ann a chuirfeadh cosc ar na hiomaitheoirí níos lú eile socrú ceannaigh chomhpháirtigh a dhéanamh freisin. Baineann an 150 miondíoltóir coigilteas costais substaintiúil amach trí cheannach i gcomhpháirt tríd an socrú ceannaigh chomhpháirtigh.

Anailís: Ní cairtéal ceannaitheoirí é an socrú ceannaigh chomhpháirtigh agus ní cháilíonn sé mar shrian ar an iomaíocht de réir cuspóra. Sáraíonn an sciar den mhargadh atá ag na miondíoltóirí rannpháirteacha le chéile ar na margaí ceannaigh agus díola an tearmainn bhog de 15 % ach tá siad srianta ag Gnóthais A agus B, ag a bhfuil sciartha níos airde den mhargadh ar an dá margadh. Is íseal fós an dóchúlacht go ndéanfar na soláthróirí táirge a dhídhreasú ó infheistíochtaí nó nuálaíocht leis an socrú ceannaigh chomhpháirtigh, i bhfianaise an sciar den mhargadh atá ag na

comhaltaí le chéile ar an margadh ceannaigh. Braitheann sé sin freisin, áfach, ar an leibhéal cumhachta díoltóra frithchúití atá ag soláthróirí ar an margadh ceannaigh agus, i gcás soláthróirí nach bhfuil cumhacht díoltóra acu, ar cé acu atá infheistíochtaí sonracha do chustaiméirí déanta acu le haghaidh na gcomhaltaí den socrú ceannaigh chomhpháirtigh nó nach bhfuil. Cé go mbaineann na miondíoltóirí rannpháirteacha leibhéal ard comhchoitiantachta costas amach, ní dócha go mbeidh cumhacht mhargaidh acu ar an margadh díola de bharr láithreach Ghnóthais A agus B sa mhargadh, atá níos láidre ina n-aonar ná na miondíoltóirí atá páirteach sa socrú ceannaigh chomhpháirtigh in éineacht a chéile. Dá dheasca sin, ní dócha go mbeidh na 150 miondíoltóir in ann a n-iompraíocht a chomhordú maidir le praghsanna díola agus toradh claonpháirteach a bhaint amach ar an margadh díola a chuirfeadh cosc orthu praghsanna ceannaigh níos ísle nó lacáistí gaolmhara a chur ar aghaidh. Dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) mar thoradh ar an socrú ceannaigh chomhpháirtigh. Ina theannta sin, tagann roinnt éifeachtúlachtaí as an gcomhar trí bharrainneachtaí scála a d'fhéadfadh praghsanna díola a laghdú níos mó agus na miondíoltóirí a dhéanamh níos iomaíche ar an margadh díola i leith Ghnóthais A agus B.

314. Comhchoitiantacht costas agus cumhachta margaidh ar an margadh díola

Sampla 5

Cás: Tugann dhá shlabhra ollmhargaí iomaíocha comhaontú i gcrích chun táirgí arb ionann iad agus thart ar 80 % dá gcostais athraitheacha a cheannach i gcomhpháirt. Maidir leis na margáí ceannaigh ábhartha do na catagóirí éagsúla táirgí, tá sciartha idir 25 % agus 40 % den mhargadh ag na páirtithe le chéile. Maidir leis an margadh díola ábhartha, tá sciar 60 % den mhargadh acu le chéile agus tá ceithre mhiondíoltóir shuntasacha eile ann a bhfuil sciar 10 % den mhargadh ag gach ceann díobh. Ní dócha go rachfar isteach sa mhargadh.

Anailís: Ní cairtéal ceannaitheoirí é an comhaontú ceannaigh agus ní cháilíonn sé mar shrian iomaíochta de réir cuspóra. Is dócha, áfach, go dtabharfadh sé an cumas do na páirtithe a n-iompraíocht ar an margadh díola a chomhordú, rud a chruthódh toradh claonpháirteach. Tá cumhacht mhargaidh ag na páirtithe ar an margadh díola, mar gheall ar an líon i bhfad níos lú iomaitheoirí sa mhargadh sin, agus eascraíonn comhchoiteannachta costas nach beag as an gcomhaontú ceannaigh. Ina theannta sin, ní dócha go rachaidh siad isteach sa mhargadh. Dhéanfaí an dreasacht atá ann do na páirtithe a n-iompar a chomhordú a threisiú dá mbeadh struchtúir a gcostais cosúil cheana féin sula dtabharfaí an comhaontú i gcrích. Thairis sin, le corrlaigh chomhchosúla na páirtithe, mhéadófaí tuilleadh an riosca go mbeadh toradh claonpháirteach ann. Cruthaíonn an comhaontú sin an baol freisin go bhféadfadh na páirtithe éileamh a choinneáil siar agus, dá bhrí sin, mar thoradh ar cheannacháin laghdaithe, go bhféadfaí méid na ndíolachán a laghdú freisin, rud a mhéadódh praghsanna díola iartheachacha. Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) mar thoradh ar an gcomhaontú ceannaigh. Cé gur dócha go n-eascróidh gnóthachain éifeachtúlachta as an gcomhaontú i bhfoirm coigiltis chostais, i ngeall ar chumhacht mhargaidh nach beag na bpáirtithe ar an margadh díola, ní dócha go gcuirfear na gnóthachain sin ar aghaidh chuig tomhaltóirí go feadh méid atá níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht. Dá bhrí sin, ní dócha go gcomhlíonfaidh an comhaontú ceannaigh coinníollacha Airteagal 101(3).

315. Páirtithe atá gníomhach i margáí geografacha ar leithligh

Sampla 6

Cás: Déanann sé mhiondíoltóir mhóra, a bhfuil gach ceann díobh lonnaithe i mBallstát éagsúil, socrú ceannaigh chomhpháirteach chun roinnt táirgí plúrbhunaithe cruithneachta dúraim brandáilte a cheannach i gcomhpháirt. Ceadaíonn an socrú do na miondíoltóirí táirgí brandáilte eile den chineál céanna a cheannach lasmuigh den chomhar. Tá sciar den mhargadh de thuairim is 22 % ar an margadh ceannaigh ábhartha, atá ar fud an Aontais, ag comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh. Sa mhargadh ceannaigh tá trí cheannaitheoir mhóra eile de mhéid comhchosúil leis an socrú ceannaigh chomhpháirtigh. Tá sciar margaidh idir 20 % agus 30 % ag gach ceann de chomhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh ar na margaí díola ar a bhfuil siad gníomhach agus ar margaí náisiúnta iad. Níl aon cheann de na páirtithe gníomhach i margadh díola Ballstáit ina bhfuil páirtí eile gníomhach. Ní iontrálaithe féideartha iad na páirtithe i margaí díola náisiúnta a chéile.

Anailís: Ní cairtéal ceannaitheoirí é an socrú ceannaigh chomhpháirtigh agus ní cháilíonn sé mar shrian ar an iomaíocht de réir cuspóra. Tríd an socrú, beidh na miondíoltóirí rannpháirteacha in ann dul in iomaíocht leis na ceannaitheoirí móra eile atá ann cheanna ar an margadh ceannaigh agus praghsanna nó téarmaí agus coinníollacha níos fearr a fháil ná mar a gheofaí dá gceannóidís ina n-aonar. Is íseal fós an dóchúlacht go ndéanfar na soláthróirí táirge a dhídhreasú ó infheistíochtaí nó nuálaíocht leis an socrú ceannaigh chomhpháirtigh, i bhfianaise an sciar den mhargadh atá ag na rannpháirtithe le chéile ar an margadh ceannaigh. Braitheann sé sin freisin, áfach, ar an leibhéal de chumhacht díoltóra frithchúitimh atá ag soláthróirí ar an margadh ceannaigh agus, i gcás soláthróirí nach bhfuil cumhacht díoltóra acu, cé acu atá infheistíocht shonrach do chustaiméirí déanta acu le haghaidh na gceannaitheoirí atá ina bpáirtithe sa socrú nó nach bhfuil. I gcomparáid leis an margadh ceannaigh ar fud an Aontais, tá na margaí díola náisiúnta i bhfad níos lú (maidir le láimhdeachas agus raon feidhme geografach) agus sna margaí sin d'fhéadfadh sé go mbeadh cumhacht mhargaidh áirithe ag roinnt comhaltaí den socrú. Cé go bhfuil sciar níos mó ná 15 % den mhargadh ag comhaltaí an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh, i dteannta a chéile, ar na margaí ceannaigh áfach, níl na páirtithe in ann a n-iompar ar na margaí náisiúnta díola a chomhordú ós rud é nach iomaitheoirí iarbhir ná féideartha iad ar na margaí iartheachacha sin. Dá dheasca sin, ní dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) mar thoradh ar an socrú ceannaigh chomhpháirtigh. Fiú dá mbeadh éifeachtaí sriantacha ag an socrú ar an iomaíocht, áfach, is dócha go gcomhlíonfadh sé na coinníollacha a bhaineann leis an díolúine faoi Airteagal 101(3). Eascraíonn costais ceannaigh níos ísle as an socrú ceannaigh chomhpháirtigh nach mbeadh na comhaltaí in ann a fháil dá ndéanfaidís caibidlíocht ar phraghsanna go neamhspleách. I bhfianaise staid na gcomhaltaí aonair ar an margadh iartheachach, áit nach bhfuil siad i láthair i margaí díola a chéile ach áit a dtugann siad aghaidh ar iomaíocht shuntasach ó mhiondíoltóirí eile (a shealbhaíonn 70 % ar a laghad den mhargadh díola) dealraíonn sé gur dócha go dtabharfar na praghsanna ceannaigh níos ísle sin ar aghaidh do thomhaltóirí. Go deimhin, ba cheart dreasacht a bheith ag comhaltaí den socrú chun cuid den laghdú ar chostais athraitheacha ar a laghad a thabhairt ar aghaidh dá gcustaiméirí féin trí dhíolacháin iartheachacha a mhéadú trí íslithe praghsais.

316. Malartú faisnéise

Sampla 7

Cás: Cuireann trí mhonaróir iomaíocha A, B agus C de chúram ar shocrú ceannaigh chomhpháirtigh neamhspleách táirge Z a cheannach, ar táirge idirmheánach é a úsáideann na trí mhonaróir chun an táirge deiridh X a tháirgeadh. Ní fachtóir shuntasach costais iad costais Z maidir le X a tháirgeadh. Ní nochtar ach don socrú ceannaigh chomhpháirtigh an fhaisnéis go léir atá riachtanach don cheannach comhpháirteach (mar shampla sonraíochtaí cáilíochta, cainníochtaí, dátaí seachadta, uasphragsanna ceannaigh) agus ní roinntear le comhaltaí eile den socrú í. Comhaontaíonn an socrú ceannaigh chomhpháirtigh na pragsanna ceannaigh le soláthróirí go léir táirge Z. Tá sciar margaidh 30 % in éineacht a chéile ag A, B agus C ar gach margadh ceannaigh agus díola. Tá sé iomaitheoir acu sna margáí ceannaigh agus díola, agus tá sciar den mhargadh ag dhá cheann díobh de 20 %.

Anailís: Ní cairtéal ceannaitheoirí é an socrú ceannaigh chomhpháirtigh agus ní srian de réir cuspóra ar an iomaíocht é. Tá sciar margaidh 30 % ag na comhaltaí den socrú ceannaigh chomhpháirtigh le chéile ar na margáí ceannaigh agus díola araon, ar léir go sáraíonn sé an tearmann bog de 15 %. Ar an gcaoi sin, féadfar méid suntasach cumhachta margaidh a thabhairt dóibh ar na margáí ceannaigh agus díola araon. Bíonn iomaíocht roimh chomhaltaí an tsocraithe ó iomaitheoirí iomaí, áfach, sa mhargadh réamhtheachtach agus sa mhargadh iartheachtach araon. Tá staid mhargaidh shuntasach ag dhá cheann de na hiomaitheoirí sin ar a laghad (sciar margaidh 20 % faoi seach) a ligeann dóibh srian iomaíoch éifeachtach a chur ar na comhaltaí den socrú. Dealraíonn sé, dá bhrí sin, nach dócha go bhfuil méid suntasach cumhachta margaidh ag na comhaltaí den socrú ceannaigh chomhpháirtigh ar na margáí díola chun bheith in ann na hiomaitheoirí sin a eisiamh ón margadh ceannaigh. Ina theannta sin, tá an socrú teoranta do cheannach táirge Z, nach fachtóir suntasach costais é maidir le táirgeadh tháirge X. Ciallaíonn sé sin nach ionchur suntasach é le haghaidh ghníomhaíochtaí na bpáirtithe ar na margáí díola agus nach mbeidh leibhéal ard comhchoitiantachta costas mar thoradh air. Tá A, B agus C fós ag ceannach nó ag táirgeadh ar leithligh na n-ionchur eile le haghaidh tháirge X, arb ionann iad agus fachtóirí costais níos suntasaí, agus tá iomaíocht éifeachtach rompu ó na sé iomaitheoir atá fágtha, agus óna chéile freisin, ar an margadh le haghaidh tháirge X.

Dá bhrí sin, ní dócha go gcuirfidh an socrú ceannaigh chomhpháirtigh srian ar an iomaíocht ar na margáí ceannaigh nó díola de réir bhrí Airteagal 101(1), nó, in aon chás, féadfaidh sé na ceithre choinníoll charnacha a chomhlíonadh a ghabhann le hAirteagal 101(3).

Ina theannta sin, maidir le malartú faisnéise, ní thiocfaidh sé faoi thoirmeasc Airteagal 101(1) má tá gá go hoibiachtúil leis le haghaidh chur chun feidhme an tsocraithe ceannaigh chomhpháirtigh le haghaidh tháirge Z agus má tá sé i gcomhréir leis, nach gcumhdaíonn ach na paraiméadair sin a bhfuil gá leo le haghaidh comhalta den socrú chun comhaontú a thabhairt i gcrích le soláthróirí. Ós rud é nach roinntear faisnéis idir na comhaltaí aonair, ach díreach leis an socrú ceannaigh chomhpháirtigh, ní dhéantar aon mhalartú díreach faisnéise idir A, B agus C agus dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh toradh claonpháirteach atá contrátha d'Airteagal 101(1) mar thoradh ar aistriú na faisnéise.

5. COMHAONTUITHE TRÁCHTÁLAÍOCHTA

5.1. Réamhrá

317. Is éard atá i gceist le comhaontuithe tráchtálaíochta comhar idir iomaitheoirí maidir lena dtáirgí ionadaíoch a dhíol, a dháileadh nó a chur chun cinn. Féadfaidh raon feidhme an-éagsúil a bheith ag an gcineál seo comhaontaithe, ag brath ar na feidhmeanna tráchtálaíochta a chumhdaítear leis an gcomhar. Ag taobh amháin den speictream, d'fhéadfadh cinneadh comhpháirteach a bheith mar thoradh ar chomhaontuithe comhdhíola maidir leis na gnéithe tráchtála uile a bhaineann leis an táirge a dhíol, lena n-áirítear an praghas. Ag an taobh eile, tá comhaontuithe níos teoranta nach dtugann aghaidh ach ar fheidhm tráchtálaíochta ar leith amháin, amhail dáileadh, seirbhís iar-dhíola, nó fógraíocht.
318. Catagóir thábhachtach de na comhaontuithe níos teoranta sin is ea comhaontuithe dáileacháin. Cumhdaíonn VBER agus na Treoirínte Ingearacha i bprionsabal comhaontuithe dáileacháin mura bhfuil na páirtithe sa chomhaontú ina n-iomaitheoirí iarbhir nó ionchasacha. Má chomhaontaíonn iomaitheoirí a dtáirgí ionadaíoch a dháileadh (go háirithe má dhéanann siad amhlaidh ar mhargaí geografacha éagsúla) tá baol ann go mbeidh sé mar chuspóir nó mar éifeacht ag na comhaontuithe na margáí a dheighilt idir na páirtithe nó go dtiocfaidh toradh claonpháirteach astu. D'fhéadfadh sé sin a bheith fíor i gcás comhaontuithe cómhálartacha agus neamh-chómhalartacha idir iomaitheoirí, a gcaithfear measúnú a dhéanamh orthu ar dtús, dá bhrí sin, de réir na bprionsabal a leagtar amach sa Chaibidil seo. Más é conclúid an mheasúnaithe sin go mbeadh comhar idir iomaitheoirí i réimse an dáilte inghlactha i bprionsabal, beidh gá le measúnú breise chun scrúdú a dhéanamh ar na srianta ingearacha a áirítear sna comhaontuithe sin. Ba cheart an dara céim sin den mheasúnú a bheith bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach sna Treoirínte Ingearacha.
319. Is é an t-aon eisceacht ar an bpróiseas dhá chéim a luaitear sa mhír roimhe seo ná i gcás comhaontuithe dáileacháin neamh-chómhalartacha idir iomaitheoirí sa chás (a) gur monaróir, mórdhíoltóir nó allmhaireoir agus dáileoir earraí an soláthróir, agus gur dáileoir é an ceannaitheoir agus nach gnóthas iomaíoch é ag leibhéal an mhonaróra, an mhórdhíola nó an allmhairithe, nó, (b) gur soláthróir seirbhísí ar roinnt leibhéal trádála é an soláthróir, agus go soláthraíonn an ceannaitheoir a sheirbhísí ar an leibhéal miondíola agus nach gnóthas iomaíoch é ar an leibhéal trádála ina gceannaíonn sé seirbhísí an chonartha²¹⁴. Sna cásanna sin is féidir leis an gcomhaontú dáileacháin tairbhiú de VBER agus sa chás sin níl feidhm ag na Treoirínte seo²¹⁵. Tugtar treoraíocht bhreise i mír 43 maidir leis an ngaol ginearálta idir na Treoirínte seo agus VBER agus na Treoirínte Ingearacha.

²¹⁴ Airteagal 2(4) de VBER.

²¹⁵ Níl feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 2(4) VBER maidir le (i) malartú faisnéise idir an soláthróir agus an ceannaitheoir nach bhfuil baint dhíreach aige leis an gcomhaontú ingearach a chur chun feidhme nó nach bhfuil riachtanach chun táirgeadh nó dáileadh earraí nó sheirbhísí an chonartha a fheabhsú, nó nach gcomhlíonann ceachtar den dá choinníoll sin (Airteagal 2(5) (VBER) nó (ii) comhaontuithe ingearacha a bhaineann le soláthar seirbhísí idirghabhála ar líne i gcás ina bhfuil soláthraí na seirbhísí idirghabhála ar líne ina ghnóthas iomaíoch ar an margadh ábhartha le haghaidh na n-earraí nó na seirbhísí idirghafa a dhíol (Airteagal 2(6) VBER). Sna cásanna sin, tá feidhm ag na Treoirínte seo i dteannta leis na Treoirínte Ingearacha. Bíonn gá le measúnú aonair faoi Airteagal 101 le haghaidh malartuithe faisnéise agus comhaontuithe den sórt sin. D'fhéadfadh na Treoirínte Ingearacha a bheith ábhartha maidir le measúnú ar aon srian ingearach, agus d'fhéadfadh treoraíocht

320. Ba cheart idirdhealú breise a dhéanamh idir comhaontuithe faoina gcomhaontaíonn na páirtithe tráchtálaíocht chomhpháirteach agus sin amháin, agus comhaontuithe ina mbaineann an tráchtálaíocht le cineál eile comhair go réamhtheachtach, amhail táirgeadh comhpháirteach nó ceannach comhpháirteach. Agus anailís á déanamh ar chomhaontuithe tráchtálaíochta ina gcomhcheanglaítear céimeanna éagsúla comhair, is gá an measúnú a dhéanamh i gcomhréir le míreanna 6-8.
321. Tá eisiaimh ó chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) ann maidir le tráchtálú táirgí talmhaíochta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta.²¹⁶

5.2. Measúnú faoi Airteagal 101(1)

5.2.1. Príomhábhair inní na hiomaíochta

322. Is féidir srianta iomaíochta a bheith mar thoradh ar chomhaontuithe tráchtálaíochta ar bhealaí éagsúla. Ar an gcéad dul síos, agus an rud is tábhachtaí, d'fhéadfadh socrú praghsanna a bheith mar thoradh ar chomhaontuithe tráchtálaíochta.
323. Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh comhaontuithe tráchtálaíochta teorainneacha ar aschur a éascú freisin, mar go bhféadfaidh na páirtithe cinneadh a dhéanamh maidir le méid na dtáirgí atá le cur ar an margadh, agus leis sin soláthar a laghdú.
324. Ar an tríú dul síos, féadfar comhaontuithe tráchtálaíochta a úsáid mar mhodh ag na páirtithe chun na margáí a roinnt nó chun orduithe nó custaiméirí a leithdháileadh, mar shampla i gcásanna ina bhfuil monarchana táirgthe na bpáirtithe lonnaithe i margáí geografacha éagsúla nó i gcásanna ina mbeidh na comhaontuithe cómhalartach.
325. Ar an gceathrú dul síos, d'fhéadfadh malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a bheith mar thoradh ar chomhaontuithe tráchtálaíochta a bhaineann le gnéithe laistigh nó lasmuigh de raon feidhme an chomhair nó le comhchoitiantacht costas — go háirithe maidir le comhaontuithe nach gcuimsítear socrú praghsanna leo — a bhféadfadh toradh claonpháirteach a bheith mar thoradh orthu.
326. Ar an taobh eile, ní dócha go ginearálta go mbeidh comhaontú tráchtálaíochta ina chúis inní maidir leis an iomaíocht más gá go hoibiachtúil cead a thabhairt do pháirtí amháin dul isteach i margadh nach bhféadfadh sé dul isteach ann ina aonar nó le líon níos lú páirtithe ná mar atá ag glacadh páirte sa chomhar, mar shampla, mar gheall ar na costais atá i gceist. I gcás den sórt sin, níl na páirtithe sa chomhaontú ina n-iomaitheoirí féideartha nó iarbhír a chéile agus, dá bhrí sin, ní bheidh srian ar an iomaíocht eatarthu mar éifeacht ag an gcomhaontú.
327. Dá bhrí sin, is í an phríomhcheist maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhaontú tráchtálaíochta cómhalartach cé acu atá an comhaontú riachtanach go hoibiachtúil chun go bhféadfaidh na páirtithe dul isteach i margáí a chéile nó nach bhfuil. Más ea, ní chruthaíonn an comhaontú fadhbanna iomaíochta. Má fhéadann páirtí dul isteach i margadh páirtí eile gan an comhaontú, áfach, agus má laghdaíonn an comhaontú neamhspleáchas cinnteoireachta an chéad pháirtí maidir leis an bhféidearthacht chun dul isteach i margadh an pháirtí eile, is dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht mar thoradh air. Tá feidhm ag an bprionsabal céanna maidir le

ábhartha a bheith sna Treoirínte reatha maidir leis an measúnú ar éifeachtaí claonpháirteacha féideartha.

²¹⁶ Féach freisin mír 47.

comhaontuithe tráchtálaíochta neamh-chómhalartacha. Tá baol na n-éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht níos lú, áfach, le haghaidh comhaontuithe neamh-chómhalartacha, mar is lú an seans go mbeadh dreasacht fhrithpháirteach ag na páirtithe chun margaí nó custaiméirí a leithdháileadh.

5.2.2. *Srianta iomaíochta de réir cuspóra*

328. Ar an gcéad dul síos, cuireann comhaontuithe tráchtálaíochta srian leis an iomaíocht de réir cuspóra má tá siad ina n-uirlis chun cairtéal faoi cheilt a dhéanamh. I gcás ar bith, is dócha go gcuirfidh comhaontuithe tráchtálaithe lena mbaineann socrú praghsanna, srianta ar aschur nó deighilt an mhargaidh srian ar an iomaíocht de réir cuspóra, seachas i gcás ina bhfuil na srianta sin coimhdeach le príomhaidhm an chomhaontaithe agus ina bhfuil an phríomhaidhm sin lasmuigh de thoirmeasc Airteagal 101(1).
329. Tá socrú praghsanna ar cheann de na príomhábhair inní maidir le hiomaíocht a eascraíonn as comhaontuithe tráchtálaíochta idir iomaitheoirí. Is gnách go mbíonn comhordú ar bheartas praghsála monaróirí nó soláthraithe seirbhíse iomaíocha mar thoradh ar chomhaontuithe atá teoranta do dhíol comhpháirteach agus i gcomhaontuithe tráchtálaíochta ginearálta ina n-áirítear praghsáil chomhpháirteach. Ní hamháin go bhféadfaidh comhaontuithe den sórt sin deireadh a chur le hiomaíochas praghsanna idir na páirtithe i leith táirgí ionadacha ach féadfaidh siad freisin líon iomlán na dtáirgí atá le seachadadh ag na páirtithe faoi chuimsiú córais chun orduithe a leithdháileadh a shrianadh. Dá bhrí sin, is dócha go gcuirfidh comhaontuithe den sórt sin srian le hiomaíocht de réir cuspóra.
330. Ní athraíonn an measúnú má tá an comhaontú neamheisiach (is é sin le rá, i gcás ina bhfuil saoirse ag na páirtithe díol ar bhonn aonair lasmuigh den chomhaontú), a fhad agus is féidir teacht ar an gconclúid go ndéanfar comhordú ar na praghsanna a ghearrann na páirtithe ar a gcustaiméirí uile nó ar chuid dá gcustaiméirí mar thoradh ar an gcomhaontú.
331. Ar an gcaoi chéanna, ábhar inní mór ó thaobh na hiomaíochta de is féidir teacht as comhaontuithe tráchtálaíochta is ea na srianta ar aschur. I gcás ina gcinneann na páirtithe sa chomhaontú go comhpháirteach cainníocht na dtáirgí atá le margú, d'fhéadfaí an soláthar atá ar fáil de na táirgí conarthacha a laghdú, rud a mhéadóidh a bpraghas. Ba cheart go mbeadh sé de shaoirse fós ag gach ceann de na páirtithe sa chomhaontú, i bprionsabal, a chinneadh go neamhspleách a aschur a mhéadú nó a laghdú chun freastal ar éileamh an mhargaidh. Tá riosca na dteorainneacha ar aschur níos teoranta i gcás comhaontuithe tráchtálaíochta neamheisiacha, ar choinníoll go mbeidh sé de shaoirse ag na páirtithe fós agus go mbeidh siad ar fáil i ndáiríre chun freastal ar bhonn aonair ar aon éileamh breise agus ar choinníoll nach n-eascraíonn comhordú ar bheartas soláthair na bpáirtithe as an gcomhaontú.
332. Féadtar comhaontuithe tráchtálaíochta idir páirtithe atá gníomhach i margaí geografacha éagsúla nó i leith catagóirí difriúla custaiméara a úsáid freisin mar ionstraim deighilte margaidh. Má úsáideann na páirtithe comhaontú tráchtálaíochta cómhálartach chun táirgí a chéile a dháileadh d'fhonn deireadh a chur le hiomaíocht iarbhír nó fhéideartha eatarthu trí mhargaí nó custaiméirí a leithdháileadh, is dócha go mbeidh sé mar chuspóir ag an gcomhaontú srian a chur leis an iomaíocht. Mura mbeidh an comhaontú cómhálartach, níl riosca chomh mór sin ann go ndéanfar deighilt níos lú ar an margadh. Is gá measúnú a dhéanamh mar sin féin, áfach, ar cé acu an bunús é an comhaontú neamh-chómhalartach le haghaidh comhthuisceana idir na páirtithe go staonfaidh siad ó dhul isteach i margaí a chéile nó nach ea.

5.2.3. Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht

333. Comhaontú tráchtálaíochta nach bhfuil sriantach de réir cuspóra, is féidir éifeachtaí sriantacha a bheith aige fós ar an iomaíocht. Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí comhaontuithe tráchtálaíochta ar an iomaíocht, is gá na fachtóirí atá luaite i mír 32 a chur san áireamh, chomh maith leis an treoraíocht bhreise seo a leanas a bhaineann go sonrach leis an gcineál sin comhaontaithe.
334. Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí comhaontú tráchtálaíochta, tá gá leis na margaí táirge agus geografacha ábhartha a shainmhíniú agus staideanna na bpáirtithe faoi seach ar na margaí sin a chinneadh. Is iad na margaí lena mbaineann an comhar go díreach na margaí lena mbaineann na táirgí atá faoi réir an chomhaontaithe agus ina ndéanfaidh na páirtithe na táirgí sin a thráchtáil go comhpháirteach. Mar sin féin, ós rud é go bhféadfadh comhaontú tráchtálaíochta i margadh amháin difear a dhéanamh d'iompar iomaíoch na bpáirtithe i margaí comharsanacha a bhfuil dlúthbhaint acu leis an margadh a mbaineann an comhar go díreach leis (margaí iarmharta), is gá aon mhargadh iarmharta den sórt sin a shainmhíniú freisin.²¹⁷
335. I gcásanna nach gcuireann comhaontuithe tráchtálaíochta idir iomaitheoirí srian de réir cuspóra ar an iomaíocht, is gnách nach mbeidh éifeachtaí sriantacha acu ar an iomaíocht ach má tá méid áirithe cumhachta margaidh ag na páirtithe. Chun a mheasúnú cé acu atá an chumhacht mhargaidh sin ag na páirtithe nó nach bhfuil, is gá a chur san áireamh go bhféadfadh sé gurbh ann do chumhacht ceannaitheora frithchúitimh a gcuid custaiméirí. I gcás go bhfuil cumhacht mhargaidh go comhpháirteach ag na páirtithe, is gnách gur dóigh go mbeidh an cumas acu praghsanna a ardú nó aschur, cáilíocht táirgí, éagsúlacht táirgí nó nuálaíocht a laghdú. Ina theannta sin, faoi chomhaontú tráchtálaíochta, comhthiomsaíonn na páirtithe (cuid de) na gníomhaíochtaí dá gcuid a bhaineann leis an margadh, is é sin gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar díreach acu ar a gcuid custaiméirí. Méadaíonn an tionchar díreach sin ar chustaiméirí an riosca go bhféadfadh éifeachtaí frithiomaíocha teacht chun cinn ó chomhaontuithe tráchtálaíochta.

5.2.3.1. Toradh claonpháirteach

336. Mar sin féin, féadfaidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a bheith mar thoradh ar chomhaontú comhpháirteach tráchtálaíochta nach mbaineann socrú praghsanna, teorannú aschuir ná deighilt mhargaidh leis, má mhéadaíonn sé comhchoitiantacht costas athraitheach na bpáirtithe go leibhéal ar dócha go mbeadh toradh claonpháirteach mar thoradh air. Is dócha go mbeadh sé amhlaidh i gcás ina bhfuil cion ard dá gcostais inathraitheacha i gcoiteann ag na páirtithe roimh an gcomhaontú. I gcás den sórt sin, is féidir leis an incrimint bhreise i gcomhchoitiantacht (is é sin costais tráchtálaithe an táirge atá faoi réir an chomhaontaithe), fiú más teoranta í, an difear a dhéanamh sa mhéid is go mbeadh toradh claonpháirteach i gceist. Os a choinne sin, má tá an incrimint mór, d'fhéadfaí go mbeidh riosca ard ann maidir le toradh claonpháirteach fiú má tá an leibhéal tosaigh de chomhchoitiantacht na gcostas íseal.
337. Is ar chumhacht margaidh na bpáirtithe agus ar shaintréithe an mhargaidh ábhartha a bhraitheann an dóchúlacht go mbeidh toradh claonpháirteach ann. Ní féidir le

²¹⁷ Mar shampla, i gcás comhaontú tráchtálaíochta i margadh geografach sonrach, margaí geografacha eile ina bhfuil na páirtithe sa chomhaontú gníomhach; nó margaí um sholáthar ionchur a cheannaítear i gcomhpháirt don tráchtáil ar na táirgí conarthacha.

comhchoitiantacht na gcostas an riosca a bhaineann le toradh claonpháirteach a mhéadú ach amháin má tá cumhacht mhargaidh ag na páirtithe agus más ionann na costais tráchtálaíochta agus sciar mór de na costais athraitheacha a bhaineann leis na táirgí lena mbaineann. Cuireann comhchoitiantacht costas tráchtálaíochta leis an riosca go mbeidh toradh claonpháirteach ann má bhaineann an comhaontú tráchtálaíochta le táirgí lena mbaineann tráchtálaíocht chostasach, mar shampla, ardchostais dáileacháin nó margaíochta. Dá réir sin, féadfaidh fiú comhaontuithe nach mbaineann ach le fógraíocht chomhpháirteach nó le cur chun cinn comhpháirteach a bheith ina gcúis le héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht más rud é go ndéanann na gníomhaíochtaí sin suas cion suntasach de chostais athraitheacha an táirge.

338. D'fhéadfadh malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, go háirithe maidir le straitéis mhargaidh agus praghsáil a bheith ag teastáil chun comhaontú tráchtálaíochta comhpháirtí a chur chun feidhme. Mura dtagann an comhaontú tráchtálaíochta féin faoi réim thoirmeasc Airteagal 101(1) toisc go bhfuil éifeachtaí neodracha nó dearfacha aige ar an iomaíocht, ní thagann malartú faisnéise atá coimhdeach leis an gcomhaontú sin faoi réim an toirmisc sin ach oiread²¹⁸. Beidh sé sin amhlaidh má tá an malartú faisnéise riachtanach go hoibiachtúil chun an comhaontú tráchtálaíochta a chur chun feidhme agus má tá sé comhréireach lena chuspóirí²¹⁹. I gcás ina dtéann an malartú faisnéise thar a bhfuil riachtanach go hoibiachtúil chun an comhaontú tráchtálaíochta a chur chun feidhme nó i gcás nach bhfuil sé comhréireach le cuspóirí an chomhaontaithe sin, ba cheart é a mheasúnú trí úsáid a bhaint as an treoraíocht a thugtar i gCaibidil 6²²⁰. Má thagann an malartú faisnéise faoi Airteagal 101(1), d'fhéadfadh sé coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh fós.

5.2.3.2. Comhar nach cúis inní é de ghnáth

339. Mar a luadh cheana i mír 335, maidir le comhaontuithe tráchtálaíochta idir iomaitheoirí nach gcuireann srian de réir cuspóra ar an iomaíocht, is gnách nach mbeidh éifeachtaí sriantacha acu ar an iomaíocht ach má tá méid áirithe cumhachta margaidh ag na páirtithe. I bhformhór na gcásanna, ní dócha go mbeidh cumhacht mhargaidh ann má tá sciar den mhargadh nach mó ná 15 % ag na páirtithe le chéile sa mhargadh nó sna margaí ina ndéanann siad na táirgí conarthacha a thráchtáil go comhpháirteach. Ar chaoi ar bith, i gcás nach mó ná 15 % é sciar na bpáirtithe le chéile den mhargadh, is dócha go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 101(3).
340. Má tá an sciar den mhargadh atá ag na páirtithe le chéile níos mó ná 15 %, ní féidir a thiomhniú nach mbeidh éifeachtaí sriantacha ag a gcomhaontú agus dá bhrí sin, is gá measúnú a dhéanamh ar an tionchar is dócha a bheidh ag an gcomhaontú tráchtálaíochta comhpháirtí ar an margadh (na margaí) ábhartha.

5.3. Measúnú faoi Airteagal 101(3)

5.3.1. Gnóthachain éifeachtúlachta

341. Féadfaidh gnóthachain éifeachtúlachta nach beag eascairt as comhaontuithe tráchtálaíochta. Beidh na héifeachtúlachtaí atá le cur san áireamh agus measúnú á

²¹⁸ Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard v An Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 89.

²¹⁹ Féach freisin Roinn 1.2.6 maidir le srianta coimhdeacha.

²²⁰ Féach freisin mír 6.

dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann comhaontú tráchtálaíochta coinníollacha Airteagal 101(3) ag brath ar nádúr an chomhair agus na páirtithe sa chomhar. De ghnáth, ní féidir bonn cirt a bheith le praghsanna a shocrú, ach amháin má tá sé fíor-riachtanach chun feidhmeanna margadóir eile a chomhtháthú, agus má eascróidh éifeachtúlachtaí suntasacha as an gcomhtháthú sin. Is féidir le dáileadh comhpháirteach móréifeachtúlachtaí a ghiniúint, a eascraíonn as barainneachtaí scála nó as barainneachtaí raon feidhme, go háirithe i gcás táirgeoirí beaga nó grúpaí de mhiondíoltóirí neamhspleácha, mar shampla i gcás ina mbaineann siad leas as ardáin dáileacháin nua chun dul in iomaíocht le hoibreoirí móra. Is féidir dáileadh comhpháirteach ach go háirithe a úsáid chun cuspóirí comhshaoil a chomhlíonadh, a d'fhéadfadh a bheith ina n-éifeachtúlachtaí de réir bhrí Airteagal 101(3), ar choinníoll go bhfuil siad oibiachtúil, coincreiteach agus infhíoraithe²²¹. Is féidir le comhaontuithe tráchtálaíochta rannchuidiú le margadh inmheánach athléimneach agus éifeachtúlachtaí a ghiniúint a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí trí spleáchas a laghdú agus/nó trí ghanntanais agus suaitheadh i slabhraí soláthair a mhaolú, mar shampla i gcás ina cheadaíonn siad do pháirtí dul isteach i margadh nach bhféadfadh sé dul isteach ann go neamhspleách.

342. Ní mór na gnóthachain éifeachtúlachta a bheith mar thoradh ar chomhtháthú ghníomhaíochtaí eacnamaíochta na bpáirtithe. Ní féidir coigiltis a chur san áireamh nach n-eascraíonn ach as deireadh a chur le costais atá mar dhlúthchuid den iomaíocht. Mar shampla, i gcás laghdú ar chostais iompair a tharlaíonn díreach mar thoradh ar leithdháileadh custaiméirí, gan comhtháthú ar bith ar chórais loighistice na bpáirtithe, ní féidir glacadh leis sin mar ghnóthachan éifeachtúlachta de réir bhrí Airteagal 101(3).

343. Ní mór do na páirtithe sa chomhaontú gnóthachain éifeachtúlachta a léiriú. Gné thábhachtach i ndáil leis sin a bheadh i rannchuidiú na bpáirtithe le caipiteal suntasach, le teicneolaíocht shuntasach, nó le sócmhainní eile. Is féidir glacadh freisin le coigiltis costais a ghintear trí laghdú ar dhúbailt acmhainní agus áiseanna. I gcás nach bhfuil ach gníomhaireacht díolacháin gan aon infheistíocht i gceist leis an tráchtálaíocht chomhpháirteach, áfach, ní dócha go gcomhlíonfaidh sí coinníollacha Airteagal 101(3).

5.3.2. *Fíor-riachtanas*

344. Ní chomhlíonfar coinníollacha Airteagal 101(3) le srianta a sháróidh an méid is gá chun na gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach a ghintear leis an gcomhaontú tráchtálaíochta. Tá tábhacht ar leith le ceist an fhíor-riachtanais i gcás na gcomhaontuithe sin a bhaineann le praghsanna a shocrú nó le margáí a dheighilt, rud nach féidir a mheas ach faoi imthosca eisceachtúla a bheith fíor-riachtanach.

5.3.3. *Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí*

345. Ní mór gnóthachain éifeachtúlachta a bhainfear amach trí shrianta fíor-riachtanacha a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí go feadh méid atá níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a eascraíonn as an gcomhaontú tráchtálaíochta. D'fhéadfadh an cur ar aghaidh sin tarlú i bhfoirm praghsanna níos ísle nó cáilíocht nó éagsúlacht níos fearr táirgí. Dá airde cumhacht mhargaidh na bpáirtithe, áfach, is ea is lú an dóchúlacht go gcuirfear gnóthachain éifeachtúlachta ar aghaidh chuig tomhaltóirí go feadh méid atá níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht. I

²²¹ Féach ach go háirithe Caibidil 9, mír 559 faoi chomhaontuithe inbhuanaitheachta.

gcás ina bhfuil sciar den mhargadh faoi bhun 15 % ag na páirtithe le chéile, is dóichí go gcuirfear ar aghaidh chuig tomhaltóirí go leordhóthanach aon ghnóthachan éifeachtúlachta a chruthófar mar thoradh ar an gcomhaontú.

5.3.4. *Gan deireadh a chur leis an iomaíocht*

346. Ní féidir coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh má thugtar caoi do na páirtithe ar dheireadh a chur le hiomaíocht i leith cuid mhór de na táirgí atá i gceist. Ní mór comhlíonadh an choinníll sin a mheasúnú i dtaobh gach margaidh ábhartha, mar atá na margaí siúd lena mbaineann na táirgí atá faoi réir an chomhair agus aon mhargadh iarmharta.

5.4. **Cuibhreannais tairisceana**

347. Tagraíonn an téarma cuibhreannais tairisceana do chás ina gcomhoibríonn dhá pháirtí nó níos mó chun tairiscint chomhpháirteach a thíolacadh in iomaíocht soláthair phoiblí nó phríobháidigh.²²²

348. Chun críche na Roinne seo, ní mór cuibhreannais tairisceana a idirdhealú ó chamastaíl tairiscintí (nó tairiscint chlaonpháirteach), is é sin comhaontuithe neamhdhleathacha idir oibreoirí eacnamaíocha, d'fhonn iomaíocht i nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí a shaobhadh. Tá camastaíl tairiscintí ar cheann de na srianta is tromchúisí ar an iomaíocht, agus é comhionann le srian de réir cuspóra agus d'fhéadfadh sí foirmeacha éagsúla a ghlacadh, amhail ábhar tairiscintí gach páirtí a chomhaontú roimh ré (go háirithe an praghas) chun tionchar a imirt ar thoradh an nós imeachta dámhachtana, staonadh ó thairiscint a chur isteach, an margadh a leithdháileadh bunaithe ar thíreolaíocht, an t-údarás conarthach nó ábhar an tsoláthair nó scéimeanna uainíochta a chur ar bun do roinnt nósanna imeachta. Is é is aidhm do na cleachtais sin uile a chur ar chumas tairgeora réamhchinntithe conradh a dhaingniú agus ag an am céanna an tuiscint a chruthú go bhfuil an nós imeachta fíor-iomaíoch²²³. Faoi dhlí na hiomaíochta, is cineál cairtéil é camastaíl tairiscintí a chuimsíonn ionramháil nós imeachta tairisceana chun conradh a dhámhachtain²²⁴.

349. Is gnách nach mbíonn rannpháirtíocht chomhpháirteach sa phróiseas tairisceana i gceist le camastaíl tairiscintí. De ghnáth is comhaontú faoi cheilt nó intuigthe atá ann idir rannpháirtithe ionchasacha chun comhordú a dhéanamh ar a gcinntí maidir le

²²² Is féidir comhar maidir le tairiscint a chur chun feidhme trí fochonraitheoireacht, i gcás ina n-aontaíonn an tairgeoir oifigiúil, má dhéantar conradh a dhámhachtain air, go ligfidh sé cuid den ghníomhaíocht ar fochonradh le páirtí amháin eile nó níos mó, nó trí chuibhreannas, i gcás ina bhfuil na comhpháirtithe uile sa chuibhreannas páirteach sa phróiseas tairisceana, trí heintiteas dlíthiúil de ghnáth a bhunaítear go sonrach chun críche an nós imeachta sin. Ó thaobh an tsoláthair phoiblí de, is é an difríocht idir fochonraitheoireacht agus cuibhreannas ná, sa chéad chás, go bhféadfadh sé nach mbeadh ar an gconraitheoir ceannais ainmneacha a chuid fochonraitheoirí a nochtadh láithreach, agus i gcás cuibhreannais, go bhfógraítear ainmneacha chomhaltaí an chuibhreannais láithreach don údarás tairisceana. Ó thaobh dhlí na hiomaíochta de, is cineálacha tairisceana comhpháirtí iad fochonraitheoireacht agus cuibhreannais araon. Sa Roinn seo úsáidfean an téarma cuibhreannais tairisceana ar mhaithe le simplíocht in áit tairiscint chomhpháirteach. Anuas air sin, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir cásanna i) ina n-aontaítear ar an bhfochonraitheoireacht roimh an tairiscint, agus ii) ina n-aontaítear ar an bhfochonraitheoireacht agus ina dtéitear isteach inti tar éis an conradh a dhámhadh. Is gnách gurb é sa chéad chás amháin gurb ionann fochonraitheoireacht agus tairiscint chomhpháirteach, agus i roinnt cásanna, cineál camastaíola tairiscintí.

Fógra ón²²³ gCoimisiún maidir le huirlisí chun dul i ngleic le claonpháirteachas sa soláthar poiblí agus treoraíocht maidir le conas an foras eisiaimh gaolmhar a chur i bhfeidhm, IO C 91, 18.3.2021, lch. 1.

²²⁴ Breithiúnas an 14 Eanáir 2021, *Kilpailu- ja Kuluttajavirasto*, C-450/19, EU:C:2021:10, mír 35.

rannpháirtíocht sa phróiseas tairisceana, a bhfuil an dealramh air gur cinní neamhspleácha iad. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, níl an t-idirdhealú idir camastaíl tairiscintí agus foirmeacha dlisteanacha tairisceana comhpháirtí simplí, go háirithe i gcás fochonraitheoireachta. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur léiriú féideartha ar chlaonpháirteachas iad cásanna ina dtras-fhochonradhann dhá thairgeoir a chéile, ós rud é go gceadaíonn comhaontuithe fochonraitheoireachta den sórt sin do na páirtithe, de ghnáth, eolas a bheith acu ar thairiscint airgeadais a chéile, rud a d'fhéadfadh amhras a tharraingt ar neamhspleáchas na bpáirtithe agus a dtairiscintí féin á bhfoirmliú acu. Ní ann do thoimhde ginearálta, áfach, gurb ionann fochonraitheoireacht idir tairgeoirí a ghlacann páirt sa nós imeachta céanna agus claonpháirteachas idir na gnóthais atá i gceist²²⁵.

350. Is féidir comhtháthú suntasach acmhainní agus ghníomhaíochtaí na bpáirtithe a bheith i gceist le comhaontuithe cuibhreannais tairisceana, go háirithe i gcás ina ndéantar cineálacha táirgthe chomhpháirtigh a áireamh sa ghníomhaíocht atá faoi réir na tairisceana. I gcásanna ina bhfuil tráchtálú comhpháirteach coimhdeach le comhtháthú ghníomhaíochtaí táirgthe na bpáirtithe (táirgeadh comhpháirteach), sa phróiseas táirgthe, is sa ghníomhaíocht táirgthe a bhfuil croílár an chomhaontaithe bunaithe agus ní mór an measúnú iomaíoch a dhéanamh agus úsáid á baint as na rialacha agus an treoraíocht a bhfuil feidhm acu i ndáil le comhaontuithe maidir le táirgeadh comhpháirteach. I gcásanna den sórt sin, de ghnáth ní dhéantar socrú praghsanna do tháirgí ná do sheirbhísí an chonartha a mheas mar shrian de réir cuspóra agus beidh gá le measúnú ar bhonn éifeachta (féach thuas, mír 223 i ndáil le comhaontuithe maidir le táirgeadh).
351. Go ginearálta, maidir le comhaontuithe cuibhreannais a chuimsíonn tráchtálú comhpháirteach go príomha nó go heisiach áfach, ní mór iad a mheas mar chomhaontuithe tráchtálaíochta agus, dá bhrí sin, ba cheart measúnú a dhéanamh orthu i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chaibidil seo.
352. Ní chuirfidh comhaontú cuibhreannais tairisceana — beag beann ar a cháilíocht dhlíthiúil — srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) má cheadaíonn sé do na páirtithe páirt a ghlacadh i dtionscadail nach mbeidís in ann tabhairt fúthu ar bhonn aonair. Sa chás sin, níl na páirtithe sa chomhaontú cuibhreannais tairisceana ina n-iomaitheoirí iarbhir nó féideartha i dtéarmaí an tionscadal a chur chun feidhme. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina sholáthraíonn na páirtithe i gcomhaontú cuibhreannais tairisceana seirbhísí éagsúla atá comhlántach chun críche na rannpháirtíochta sa nós imeachta tairisceana. D'fhéadfadh sé sin a bheith i gceist freisin i gcás nach féidir le páirtithe chomhaontú an chuibhreannais tairisceana, cé go bhfuil siad uile gníomhach sa mhargadh/sna margaí céanna, an Conradh a dhéanamh ina n-aonar, mar shampla de bharr mhéid an tionscadail nó chastacht an tionscadail.
353. Braitheann an measúnú ar cibé acu an bhféadann na páirtithe dul san iomaíocht i nós imeachta tairisceana ina n-aonar, agus mar sin gur iomaitheoirí iad, ar an gcéad dul síos ar na ceanglais a áirítear sna rialacha tairisceana. Mar sin féin, maidir leis an bhféidearthacht theoriciúil go ndéanfadh na páirtithe an ghníomhaíocht chonarthathe ina n-aonar, ní fhágann sé sin go huathoibríoch gur iomaitheoirí iad: is gá measúnú a dhéanamh féachaint an mbeidh gach páirtí in ann, go réalaíoch, an Conradh a chur i gcrích ina aonar, agus cúinsí sonracha an cháis á gcur san áireamh, amhail méid agus

²²⁵ Fógra ón gCoimisiún maidir le huirlisí chun dul i ngleic le claonpháirteachas sa soláthar poiblí agus treoraíocht maidir le conas an foras eisiaimh gaolmhar a chur i bhfeidhm, Roinn 5.6.

cumais an ghnóthais, an leibhéal riosca airgeadais a eascraíonn as an tionscadal chomh maith le leibhéal na n-infheistíochtaí is gá le haghaidh an tionscadail, agus acmhainn an ghnóthais a ndéantar measúnú air faoi láthair agus amach anseo i bhfianaise na gceanglas conarthach²²⁶.

354. I gcás ina ndéantar foráil le nósanna imeachta tairisceana don fhéidearthacht tairiscintí a chur isteach le haghaidh codanna den chonradh (luchtóga), ní mór gnóthais ag a bhfuil an cumas tairiscint a chur isteach le haghaidh luchtóige amháin nó níos mó – ach a d'fhéadfadh nach mbeidís in ann tairiscint a chur isteach don chonradh iomlán – a mheas mar iomaitheoirí agus tá feidhm ag Airteagal 101(1) i bprionsabal. Sa chineál seo cáis, is minic go dtugann gnóthais údar lena gcomhar sa chomhaontú cuibhreannais tairisceana ar an mbonn go gceadaíonn sé dóibh tairiscint a dhéanamh ar an gconradh iomlán agus ar an gcaoi sin lacáiste comhcheangailte a thairiscint don chonradh iomlán. Ní athraíonn sé sin, áfach, an fíoras gur iomaitheoirí iad na páirtithe do chuid den nós imeachta tairisceana ar a laghad agus, dá bhrí sin, tá feidhm ag Airteagal 101(1). Ní mór aon éifeachtúlacht a mhaítear i dtaobh na tairisceana comhpháirtí don chonradh iomlán a mheasúnú i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 101(3).
355. Mura féidir a eisiáil go bhféadfadh gach páirtí sa chomhaontú cuibhreannais tairisceana dul in iomaíocht ar bhonn aonair sa nós imeachta tairisceana (nó má tá níos mó páirtithe sa chomhaontú cuibhreannais tairisceana ná mar is gá), féadfaidh an tairiscint chomhpháirteach iomaíocht a shrianadh de réir bhrí Airteagal 101(1). Is féidir an méid sin a bheith amhlaidh fiú mura bhfuil ach páirtí amháin sa chomhaontú in ann tairiscint a dhéanamh ar bhonn aonair.
356. Go ginearálta, i gcásanna ina bhfuil feidhm ag Airteagal 101(1) maidir le tairiscint chomhpháirteach, beidh gá le measúnú aonair a dhéanamh ar an gcomhaontú cuibhreannais tairisceana, agus gach toisc ábhartha curtha san áireamh, lena n-áirítear staid na bpáirtithe ar an margadh ábhartha, líon agus staid mhargaidh na rannpháirtithe dóchúla eile sa nós imeachta tairisceana, ábhar an chomhaontaithe cuibhreannais tairisceana, na táirgí nó na seirbhísí lena mbaineann agus na coinníollacha margaidh.
357. Féadfaidh an srian cáiliú mar shrian de réir cuspóra nó éifeachta, ag brath ar a bhfuil sa chomhaontú agus ar imthosca áirithe an cháis. Go ginearálta, agus le haghaidh cuibhreannais tairisceana nach mór a mheas mar chomhaontuithe tráchtálaíochta, tá feidhm ag na barúlacha a thugtar i míreanna 328-340. Ina theannta sin:
- (a) In imthosca ina bhfuil dhá pháirtí (nó níos mó) in ann tairiscint a dhéanamh ar bhonn aonair agus nach ndéantar cuid mhór comhtháthaithe ar acmhainní agus ghníomhaíochtaí na bpáirtithe, bheadh srian de réir cuspóra i gceist le tairiscint chomhpháirteach, mar go mbaineann socrú praghsanna idir iomaitheoirí léi agus nach ndealraítear go bhfuil an soláthar sin coimhdeach le fíorchoimhar idir na páirtithe;
 - (b) I gcás ina bhfuil níos mó páirtithe ná mar is gá i gcomhaontuithe cuibhreannais tairisceana, mura bhfuil ach aon pháirtí amháin a d'fhéadfadh tairiscint a dhéanamh ar bhonn aonair, i bprionsabal d'fhéadfadh sé nár leordhóthanach an fíoras go bhfuil níos mó páirtithe ná mar is gá chun srian de réir cuspóra a

²²⁶ Breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) Ltd agus Eile v An tÚdarás Iomaíochta agus Margaí*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 39.

aimsiú, toisc go bhféadfadh sé nach iomaitheoirí iarbhir ná ionchasacha iad na páirtithe. D'fhéadfadh fáthanna eile a bheith i gceist, áfach, le comhaontú cuibhreannais den sórt sin a mheas mar shrian de réir cuspóra, e.g. má théann páirtí a d'fhéadfadh tairiscint aonair a dhéanamh isteach i socrú tairisceana comhpháirtí le páirtí amháin eile nó níos mó agus é d'aidhm go sonrach acu teacht roimh thairiscint chomhpháirteach iomaíoch ó na páirtithe eile sin, fiú i gcomhpháirt le tríú páirtí;

- (c) Maidir le héifeachtaí frithiomaíocha agus in éagmais sriain de réir cuspóra, braitheann cé acu a fhéadann na cineálacha sin tairiscintí comhpháirteacha iomaíocht a shrianadh ar mheasúnú sonrach ar, i measc gnéithe eile, cén toradh is dóchúla a bheadh ar an iomaíocht mura mbeadh an comhaontú cuibhreannais tairisceana i gceist;
- (d) Níor cheart ach an fhaisnéis a bhfuil fíorghá léi chun an tairiscint a cheapadh agus an conradh a chomhlíonadh a chomhroinnt idir comhaltaí an chuibhreannais. Anuas air sin, ba cheart scaipeadh na faisnéise a shrianadh go baill foirne ábhartha ar bhonn 'riachtanais eolais'.

358. In aon chás, féadfaidh comhaontú cuibhreannais tairisceana idir iomaitheoirí a bhfuil feidhm ag Airteagal 101(1) maidir leo coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh. Féadfaidh éifeachtúlachtaí a bheith i bhfoirm praghsanna níos ísle, ach freisin cáilíocht níos fearr, rogha níos fearr nó réadú níos tapúla na dtáirgí nó na seirbhísí atá cumhdaithe e leis an nglao ar thairiscintí. Ina theannta sin, ní mór na coinníollacha eile atá in Airteagal 101(3) a chomhlíonadh (inaitheantacht, pas ar aghaidh chuig tomhaltóirí agus gan deireadh a chur leis an iomaíocht). I gcás nósanna imeachta tairisceana, is minic a bhíonn na coinníollacha sin idirnasctha: is fusa na gnóthachain éifeachtúlachta a bhaineann le tairiscint chomhpháirteach trí chomhaontú cuibhreannais tairisceana a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí — i bhfoirm praghsanna níos ísle nó cáilíocht níos fearr na tairisceana — mura gcuirtear deireadh le hiomaíocht maidir leis an tairiscint, agus má ghlacann iomaitheoirí éifeachtacha eile páirt sa nós imeachta tairisceana.

359. Go bunúsach, is féidir coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh má cheadaíonn an chomhtairiscint do na páirtithe tairiscint a chur isteach atá níos iomaíche ná na tairiscintí a bheadh curtha isteach acu ina n-aonar – i dtéarmaí praghsanna agus/nó cáilíochta — agus más mó na tairbhí a fhabhraíonn don eintiteas conarthach agus do na tomhaltóirí deiridh ná na srianta ar an iomaíocht. Ní mór éifeachtúlachtaí a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí agus ní chomhlíonfaidh siad coinníollacha Airteagal 101(3) mura dtéann siad chun tairbhe ach do na páirtithe sa chomhaontú cuibhreannais tairisceana.

5.5. Samplaí

360. Tráchtálaíocht chomhpháirteach is gá chun dul isteach i margadh

Sampla 1

Cás: Aontaíonn ceithre ghnóthas a chuireann seirbhísí níochnáin ar fáil i gcathair mhór gar do theorainn Ballstáit eile, a bhfuil sciar 3 % den mhargadh iomlán níochnáin ag gach ceann acu sa chathair sin, comhghléas margaíochta a chruthú chun seirbhísí níochnáin a dhíol le custaiméirí institiúideacha (is é sin le rá, óstáin, ospidéal agus oifigí), agus ag an am céanna a neamhspleáchas agus a saoirse a choinneáil chun dul san iomaíocht do custaiméirí áitiúla aonair. Chun díriú ar an deighleog nua éilimh (na custaiméirí institiúide) forbraíonn siad ainm branda coiteann, praghas

coiteann agus téarmaí caighdeánacha coiteanna, lena n-áirítear seachadtaí sceidealaithe agus am seachadta uasta de 24 uair an chloig. Bunaíonn siad lárionad glaonna coiteann ina bhféadfaidh custaiméirí institiúideacha a seirbhís bhailiúcháin agus/ nó seachadta a iarraidh. Fostaíonn siad fáilteoir (don ionad glaonna) agus roinnt tiománaithe. Déanann siad infheistíocht bhreise i veaineanna le haghaidh seoladh, agus i gcur chun cinn branda, chun a n-infheictheacht a mhéadú. Ní chuirtear deireadh go hiomlán lena gcostais bhonneagair aonair leis an gcomhaontú (ós rud é go gcoinníonn siad a n-áitreabh féin agus go bhfuil siad fós in iomaíocht lena chéile do na custaiméirí áitiúla aonair), ach méadaíonn sé a mbarainneachtaí scála agus cuireann sé ar a gcumas seirbhís níos cuimsithí a thairiscint do chatagóir nua custaiméirí, lena mbaineann uaireanta oscailte níos faide agus seoladh chuig cumhdach geografach níos leithne. D'fhonn inmharthanacht an tionscadail a áirithiú, tá sé fíor-riachtanach go rachadh na ceithre ghnóthas go léir isteach sa chomhaontú. Tá an margadh an-ilroinnte, agus níl sciar níos mó ná 15 % den mhargadh ag aon iomaitheoir aonair.

Anailís: Cé go bhfuil an sciar comhpháirteach den mhargadh atá ag na páirtithe faoi bhun 15 %, ós rud é go bhfuil socrú praghsanna i gceist leis an gcomhaontú, tá feidhm ag Airteagal 101(1) i bprionsabal. Ós rud é go bhfuil na páirtithe gníomhach i gcathair mhór atá gar do theorainn Ballstáit eile, glactar leis go ndéanfar difear don trádáil idir na Ballstáit. Mar sin féin, ní bheadh na páirtithe in ann seirbhísí níos áine a chur ar fáil do chustaiméirí institiúide, ar bhonn aonair nó i gcomhar le líon níos lú páirtithe ná na ceithre pháirtí atá rannpháirteach sa chomhaontú. Ós rud é gur féidir an srian ar shocrú praghsanna a mheas mar shrian fíor-riachtanach chun an branda coiteann a chur chun cinn agus chun go n-éireoidh leis an tionscadal, dealraíonn sé go bhfuil an srian sin coimhdeach do phríomhaidhm an chomhaontaithe, nach bhfuil frithiomaíoch, agus nach gcruthódh sé ar an iomlán, ábhair inní faoin iomaíocht.

361. Comhaontú tráchtálaíochta lena mbaineann níos mó páirtithe ná mar is gá chun dul isteach i margadh

Sampla 2

Cás: Tá feidhm ag na fíorais céanna atá i Sampla 1, mír 360, ach le príomhdhifríocht amháin: chun inmhathanacht an tionscadail a áirithiú, ní fhéadfadh ach trí cinn de na páirtithe an comhaontú a chur chun feidhme (seachas na ceithre pháirtí a bhí rannpháirteach sa chomhar i ndáiríre).

Anailís: Cé go bhfuil an sciar comhpháirteach den mhargadh atá ag na páirtithe faoi bhun 15 %, tá feidhm ag Airteagal 101(1) ar na cúiseanna céanna atá leagtha amach thuas faoi Shampla 1. Ní fhéadfadh líon níos lú ná na ceithre pháirtí an comhaontú a chur i gcrích. Toisc nach bhféadfadh páirtí ar bith an tionscadal a chur chun feidhme ina n-aonar, áfach, d'fhéadfadh nárbh leordhóthanach an fíoras go bhfuil níos mó páirtithe ná mar is gá, chun srian de réir cuspóra a aimsiú, ach amháin más aidhm don chomhaontú teacht roimh thionscnamh iomaíoch lena mbaineann ceann de na páirtithe. Maidir le héifeachtaí sriantacha féideartha, is gá anailís fhrithfhíorasach a dhéanamh. In aon chás, féadfar an comhaontú a mheasúnú faoi Airteagal 101(3). Tagann gnóthachain éifeachtúlachta as an gcomhaontú mar go bhfuil na páirtithe in ann seirbhísí feabhsaithe a thairiscint anois do chatagóir nua custaiméirí ar scála níos mó (nach mbeadh siad in ann freastal air ina n-aonar murach sin). I bhfianaise sciar iomlán na bpáirtithe den mhargadh atá faoi bhun 15 %, is dócha go dtabharfaidh siad aon ghnóthachain éifeachtúlachta ar aghaidh do thomhaltóirí. Is gá freisin a mheas an bhfuil na srianta a fhorchuirtear leis an gcomhaontú fíor-riachtanach chun na héifeachtúlachtaí a bhaint amach agus an gcuirtear deireadh leis an iomaíocht leis an gcomhaontú. Ós rud é gurb é aidhm an chomhaontaithe seirbhís níos cuimsithí a chur ar fáil (lena n-áirítear seoladh, nár tairgeadh roimhe sin) do chatagóir bhreise custaiméirí, faoi aon bhranda amháin a bhfuil téarmaí caighdeánacha comhchoiteanna aige, is féidir a mheas go bhfuil socrú na bpraghsanna fíor-riachtanach chun an branda coiteann a chur chun cinn agus, dá bhrí sin, rath an tionscadail agus na héifeachtúlachtaí a bheadh mar thoradh air sin. Ina theannta sin, agus ilroinnt an mhargaidh á cur san áireamh, ní chuirfear deireadh leis an iomaíocht leis an gcomhaontú. Ós rud é go bhfuil ceithre pháirtí sa chomhaontú (seachas na trí pháirtí a mbeadh fíorghá leo) ceadaítear cumas méadaithe agus cuidítear le comhlíonadh an éilimh ó roinnt custaiméirí institiúideacha ag an am céanna i gcomhréir leis na téarmaí caighdeánacha (is é sin le rá, na téarmaí uasta maidir le seachadadh a chomhlíonadh). Dá réir sin, is dócha gur mó na gnóthachain éifeachtúlachta ná na héifeachtaí sriantacha a eascraíonn as laghdú na hiomaíochta idir na páirtithe agus is dócha go gcomhlíonfaidh an comhaontú coinníollacha Airteagal 101(3).

362. Díol comhpháirteach ar an idirlíon

Sampla 3

Cás: Cruthaíonn roinnt siopaí speisialtacha beaga ar fud Ballstáit bonneagar gréasánbhunaithe leictreonach chun ciseáin bhronntanais torthaí a chur chun cinn, a dhíol agus a sheachadadh. Tá roinnt siopaí gréasán atá in iomaíocht le chéile agus sciарtha comparáideach agus teoranta den mhargadh acu. Comhroinneann na siopaí speisialtacha rannpháirteacha costais oibriúcháin an tsiopa gréasáin agus déanann siad infheistíocht chomhpháirteach i gcur chun cinn an bhranda. Tríd an siopa gréasáin, i gcás ina dtairgtear réimse leathan de chiseáin bhronntanais éagsúla,

ordáíonn custaiméirí (agus íocann siad as) an cineál ciseáin bhronntanais is mian leo a sheachadadh nó piocfaidh siad suas sa siopa é. Leithdháiltear an t-ordú ansin chuig an siopa speisialtacha a roghnaíonn an custaiméir nó, in éagmais rogha sainráite, chuig an siopa is gaire don seoladh seachadta nó is áisiúla don chustaiméir chun an t-ordú a bhailiú. Íocann gach siopa speisialtacha go haonarach na costais a bhaineann leis an gciseán bronntanais a chomhdhéanamh agus a sheachadadh chuig an gcustaiméir nó é a chur ar fáil le bailiú sa siopa. Coinníonn an siopa 90% den phraghas críochnaitheach, atá socraithe ag an mbonneagar gréasánbhunaithe agus a bhaineann go haonfhoirmeach le gach siopa speisialtacha rannpháirteach, agus úsáidtear an 10 % eile le haghaidh chur chun cinn comhchoiteann agus chostais reatha an tsiopa gréasáin. Seachas an táille a íoc, níl aon srian breise ar shiopaí speisialtacha maidir le páirt a ghlacadh sa bhonneagar gréasánbhunaithe, ar fud na críche náisiúnta. Thairis sin, tá siopaí speisialtacha a bhfuil a suíomh gréasáin cuideachta féin acu freisin in ann ciseáin bhronntanais torthaí a dhíol ar an idirlíon faoina n-ainm féin (agus i gcásanna áirithe déanann amhlaidh) agus dá bhrí sin is féidir leo dul san iomaíocht fós eatarthu féin lasmuigh den chomhar. Gealltar do chustaiméirí a cheannaíonn tríd an siopa gréasáin seachadadh ar an lá céanna nó gur féidir leo na ciseáin torthaí a bhailiú ón siopa ar an lá céanna agus is féidir leo am seachadta nó bailithe a roghnú a oireann dóibh chomh maith.

Anailís: Ag glacadh leis gur iomaitheoirí iad na siopaí speisialtacha, tá feidhm ag Airteagal 101(1) agus, ós rud é go mbaineann socrú praghsanna leis an gcomhaontú, is dócha go gcuirfidh sé srian ar an iomaíocht de réir cuspóra. Dá bhrí sin, is gá measúnú a dhéanamh ar an gcomhaontú faoi Airteagal 101(3). Is siopaí beaga iad na siopaí speisialtacha a ghlacann páirt sa chomhar agus tuigtear nach mbeidís in ann dul san iomaíocht ar bhonn náisiúnta le siopaí gréasáin eile. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnóthachain éifeachtúlachta amhail rogha níos fearr agus seirbhís ar chaighdeán níos airde agus laghdú ar chostais chuardaigh eascairt as an gcomhaontú, rud a théann chun tairbhe do thomhaltóirí agus ar dócha gur mó na nithe sin ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a eascraíonn as an gcomhaontú. Ós rud é go bhfuil na siopaí speisialtacha atá rannpháirteach sa chomhar fós in ann a dhíol go neamhspleách agus a bheith in iomaíocht lena chéile, trína siopaí ar an láthair agus ar an idirlíon, d'fhéadfaí an srian socraithe praghsanna atá teoranta don siopa gréasáin a mheas mar rud fíor-riachtanach do chur chun cinn an táirge (ós rud é nuair a bhíonn tomhaltóirí ag ceannach tríd an siopa gréasáin nach mbíonn fonn orthu déileáil leis an iliomad praghsanna éagsúla) agus na gnóthachain éifeachtúlachta ina dhiaidh sin. In éagmais srianta eile, comhlíonann an comhaontú coinníollacha Airteagal 101(3). Ina theannta sin, de bhrí gurb ann do shiopaí gréasáin suntasacha iomaíochta eile agus go leanann na páirtithe de bheith ag dul in iomaíocht le chéile trína siopaí speisialtacha ar an láthair nó ar an idirlíon, ní chuirfear deireadh leis an iomaíocht.

363. Comhfhiontar díolacháin

Sampla 4

Cás: Déanann gnóthais A agus B, atá lonnaithe in dhá Bhallstát éagsúla, boinn rothar a tháirgeadh. Tá sciar margaidh 14 % acu le chéile ar mhargadh uile-Aontais na mbonn rothar. Cinneann siad comhfhiontar díolacháin (nach bhfuil lánfheidhme) a bhunú chun na boinn a mhargú le táirgeoirí rothar agus a chomhaontú a dtáirgeadh go léir a dhíol tríd an gcomhfhiontar. Tá an bonneagar táirgthe agus iompair ar leithligh laistigh de gach páirtí i gcónaí. Maíonn na páirtithe go dtagann gnóthachain éifeachtúlachta nach beag ón gcomhaontú. Baineann na gnóthachain sin go príomha

le barainneachtaí scála méadaithe, agus go bhfuil siad in ann éilimh a gcustaiméirí atá ann cheana agus custaiméirí féideartha nua a chomhlíonadh agus dul in iomaíocht níos fearr le boinn allmhairithe a tháirgtear i dtríú tíortha. Déanann an comhfhiontar caibidlíocht ar na praghsanna agus leithdháileann sé orduithe ar an monarcha táirgthe is gaire, mar bhealach chun na costais iompair a chuíchóiriú agus seachadadh breise á dhéanamh don chustaiméir.

Anailís: Cé go bhfuil an sciar na bpáirtithe le chéile den mhargadh faoi bhun 15 %, tagann an comhaontú faoi Airteagal 101(1). Cuireann sé srian leis an iomaíocht de réir cuspóra ós rud é go bhfuil leithdháileadh custaiméirí agus socrú praghsanna ag an gcomhfhiontar i gceist leis. Níl na héifeachtúlachtaí a mhaítear a eascraíonn as an gcomhaontú mar thoradh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a chomhtháthú ná ar chomhinfheistíocht. Bheadh raon feidhme an-teoranta ag an gcomhfhiontar agus ní bheadh sé ina chomhéadan ach chun orduithe a leithdháileadh ar na monarchana táirgthe. Ní dócha, dá bhrí sin, go gcuirfí aon ghnóthachain éifeachtúlachta ar aghaidh chuig tomhaltóirí go feadh méid a bheadh níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a thiocthadh as an gcomhaontú. Dá bhrí sin, ní chomhlíonfaí coinníollacha Airteagal 101(3).

364. Ardán Dáileadh na Meán

Sampla 5

Cás: Cruthaíonn craoltóir teilifíse A agus craoltóir teilifíse B, a bhfuil an dá cheann díobh gníomhach go príomha sa mhargadh teilifíse saor go haer i mBallstát, comhfhiontar chun ardán ar líne le haghaidh físeán ar éileamh a sheoladh sa mhargadh náisiúnta céanna, ar a bhféadfaidh tomhaltóirí, faoi réir muirir, faire a dhéanamh ar scannáin nó ar shraitheanna arna dtáirgeadh ag an dá chraoltóir nó ag tríú páirtithe a bhfuil na cearta closamhairc ábhartha tugtha ar cheadúnas acu do cheann díobh. Tá sciar den mhargadh ag grúpa chraoltóir teilifíse A de thart ar 25 % sa mhargadh teilifíse saor go haer agus tá sciar den mhargadh ag craoltóir teilifíse B de thart ar 15 %. Tá dhá chraoltóir teilifíse mhóra eile ann a bhfuil sciartha den mhargadh acu idir 10 % agus 15 % agus sraith mionchraoltóirí. Is margadh óg é an margadh náisiúnta físeáin-ar-éileamh, ina mbeidh an comhfhiontar gníomhach go príomha, agus tá coinne leis go dtiocfaidh fás mór air go ginearálta. Déanfaidh an comhfhiontar an praghas chun faire ar fhíseán a chinneadh go lárnach, agus comhordóidh sé praghsanna chun ceadúnais físeáin ar éileamh a fháil sa mhargadh réamhtheachtach.

Anailís: I bhfianaise a sciar den mhargadh náisiúnta teilifíse agus a leabharlann mhór de chearta closamhairc, d'fhéadfadh A agus B araon ardán físeáin-ar-éileamh a sheoladh go neamhspleách. Dá bhrí sin, is iomaitheoirí ionchasacha iad i margadh na dtomhaltóirí nuaghinte le haghaidh físeáin-ar-éileamh. Ós rud é go gcuireann an comhaontú srian le dreasacht na bpáirtithe dul isteach sa mhargadh go neamhspleách, tá feidhm ag Airteagal 101(1). Thairis sin, cuireann an comhaontú deireadh le hiomaíochas praghsanna idir an dá chraoltóir agus bíonn comhordú maidir le praghsáil le haghaidh físeáin-ar-éileamh i gceist leis. Mar thoradh air sin, is éard atá sa chomhaontú, i bprionsabal, ná srianadh ar an iomaíocht de réir cuspóra. Maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3), ní cosúil go bhfuil na tairbhí a eascraíonn as raon méadaithe tairiscintí físeáin-ar-éileamh agus as nascleanúint níos éasca trí ábhar níos mó ná na héifeachtaí diúltacha ar an iomaíocht, rud a bheidh inaitheanta, agus na gníomhaíochtaí agus staid mhargaidh na ngnóthas lena mbaineann á gcur san áireamh. Thairis sin, is cosúil nach bhfuil gá leis na srianta chun na héifeachtúlachtaí

thuasluaite a bhaint amach, toisc go bhféadfaí iad sin a fháil le hardán oscailte agus le comhar atá go hiomlán teicniúil. Mar chonclúid, dealraíonn sé nach gcomhlíonann an comhaontú coinníollacha Airteagal 101(3).

365. Cuibhreannais tairisceana

Sampla 6

Cás: Is soláthraithe iomaíocha de tháirgí leighis speisialaithe d'ospidéal iad Gnóthais A agus B. Cinneann siad comhaontú cuibhreannais tairisceana a dhéanamh chun tairiscintí comhpháirteacha a chur isteach i sraith tairiscintí arna n-eagrú ag an gcóras sláinte náisiúnta i mBallstát, chun tacar táirgí íocshláinte plasma-díorthaithe a sholáthar d'ospidéal phoiblí. Is é an critéar chun conarthaí a dhámhachtain an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, agus cothromaíocht idir praghas agus cáilíocht á cur san áireamh. Go háirithe, bronntar pointí breise i gcás ina bhfuil sraith táirgí roghnacha san áireamh sa tairiscint. D'fhéadfadh Gnóthas A agus B araon dul san iomaíocht sna tairiscintí ina n-aonar, ar bhonn na gceanglas a áirítear sna rialacha tairisceana. I ndáiríre, tá Gnóthas A agus B san iomaíocht ina n-aonar cheana féin i gceann amháin de na tairiscintí ábhartha, a breithníodh do rannpháirtí eile mar go raibh tairiscintí aonair Ghnóthas A agus B níos ísle, ó thaobh praghais agus cáilíochta de, go háirithe mar gheall ar thairiscint theoranta ar tháirgí roghnacha. Go ginearálta, tá ar a laghad beirt rannpháirtithe eile sna nósanna imeachta tairisceana i gceist.

Anailís: Ós rud é go bhféadfadh Gnóthas A agus B araon dul in iomaíocht go haonarach sna tairiscintí, féadfaidh a rannpháirtíocht chomhpháirteach iomaíocht a shrianadh agus tá feidhm ag Airteagal 101(1). Dá bhrí sin, is gá measúnú a dhéanamh ar an gcomhaontú faoi Airteagal 101(3). De réir thoradh an nós imeachta tairisceana roimhe ina raibh na páirtithe san iomaíocht ar leithligh óna chéile, dealraíonn sé go mbeadh comhthairiscint níos iomaíche ná na tairiscintí aonair, i dtéarmaí praghsáil agus raon na dtáirgí a thairgtear, go háirithe táirgí roghnacha, rud a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis don údarás tairisceana. Dealraíonn sé go bhfuil an comhaontú cuibhreannais tairisceana fíor-riachtanach do na páirtithe lena mbaineann tairiscint fhíor-iomaíoch a chur isteach sna nósanna imeachta tairisceana, i gcomparáid leis na tairiscintí a chuireann na rannpháirtithe eile i láthair. Tuigtear go mbeadh na páirtithe in ann a léiriú go gcruthaíonn an tairiscint chomhpháirteach méid mór sineirgí a d'fhéadfadh éifeachtúlachtaí a bheith mar thoradh orthu – i bhfoirm praghsanna níos ísle agus cáilíocht mhéadaithe – as a dtiocfaidh tairiscint níos iomaíche ar a uain. Ní chuirtear deireadh le hiomaíocht sa nós imeachta tairisceana toisc go bhfuil ar a laghad beirt iomaitheoir ábhartha eile in ann páirt a ghlacadh go neamhspleách sa nós imeachta tairisceana. Tugann sé sin le tuiscint go bhféadfadh gnóthachain éifeachtúlachta na comhthairisceana dul chun tairbhe don eintiteas conarthach agus ar deireadh do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, is cosúil go gcomhlíonann an comhaontú coinníollacha Airteagal 101(3).

6. MALARTÚ FAISNÉISE

6.1. Réamhrá

366. Soláthraíonn an Chaibidil seo treoraíocht maidir le measúnú iomaíoch ar mhalartú faisnéise²²⁷. Is féidir malartú faisnéise a bheith i bhfoirmeacha éagsúla agus d'fhéadfadh sé tarlú i gcomhthéacsanna éagsúla.
367. Chun críocha na Caibidle seo, áirítear le malartú faisnéise malartú (i) ábhar digiteach amh, neamheagraithe a bhféadfadh gá a bheith aige le próiseáil chun é a dhéanamh úsáideach (amhshonraí); (ii) sonraí réamhphróiseáilte, atá ullmhaithe agus bailíochtaithe cheana féin; (iii) sonraí a ndearnadh cúbláil orthu chun faisnéis fhiúntach de chineál ar bith a sholáthar, chomh maith le (iv) faisnéis de chineál ar bith eile, lena n-áirítear faisnéis nach faisnéis dhigiteach í. Áirítear leis comhroinnt fhisiciúil faisnéise agus comhroinnt sonraí idir iomaitheoirí iarbhír nó ionchasacha²²⁸. Sa Chaibidil seo, cumhdaíonn an téarma 'faisnéis' gach cineál sonraí agus faisnéise a leagtar amach i bpointí (i) go (iv).
368. Féadfar faisnéis a mhalartú go díreach idir iomaitheoirí (i bhfoirm nochtá aontaobhaigh nó i malartú déthaobhach nó iltaobhach), nó go hindíreach, ag nó trí thríú páirtí (amhail soláthraí seirbhíse, ardán, uirlis ar líne nó algartam), trí ghníomhaireacht choiteann (mar shampla, comhlachas trádála), trí eagraíocht taighde margaidh, trí sholáthróirí nó trí chustaiméirí na bpáirtithe sa mhalartú, nó trí shuíomh gréasáin nó preaseisiúint. Féadfar an malartú a dhéanamh idir gnóthais atá in iomaíocht i leith an bhranda chéanna (iomaíocht aonbhranda) nó idir gnóthais atá san iomaíocht faoi bhrandaí éagsúla (iomaíocht idirbhranda). Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le foirmeacha díreacha agus indíreacha malartaithe faisnéise agus malartuithe faisnéise idir iomaitheoirí ion-bhranda agus idirbhranda.
369. D'fhéadfadh malartú faisnéise tarlú i gcomhthéacs cineáil eile comhaontaithe comhair chothrománaigh, mar shampla, comhaontú maidir le comhcheannach, comhaontú maidir le táirgeadh comhpháirteach nó comhaontú tráchtálaíochta comhpháirtí. Mura dtagann an comhaontú comhair féin faoi réim thoirmeasc Airteagal 101(1) toisc go bhfuil éifeachtaí neodracha nó dearfacha aige ar an iomaíocht, ní thagann malartú faisnéise atá coimhdeach leis an gcomhaontú sin faoi réim an toirmisc sin ach oiread. Beidh sé sin amhlaidh má tá gá leis an malartú faisnéise go hoibiachtúil chun an comhaontú comhair a chur chun feidhme agus má tá sé comhréireach lena chuspóirí (féach freisin Roinn 1.2.6)²²⁹. I gcás ina dtéann an malartú faisnéise thar a bhfuil riachtanach go hoibiachtúil chun an comhaontú comhair a chur chun feidhme nó i gcás nach bhfuil sé comhréireach le cuspóirí an chomhaontaithe sin, ba cheart é a mheasúnú trí úsáid a bhaint as an treoraíocht a

²²⁷ Sa mhéid gur sonraí pearsanta go hiomlán nó go páirteach an fhaisnéis a mhalartaítear, tá na Treoirí seo gan dochar do dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1). Níor cheart aon fhoráil de na Treoirí seo a chur i bhfeidhm ná a léirmhíniú ar bhealach a mhaolódh an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint nó a theorannóidh an ceart sin.

²²⁸ Úsáidtear an téarma comhroinnt sonraí chun tuairisc a thabhairt ar na foirmeacha agus na múnlaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le rochtain agus aistriú sonraí idir gnóthais. Cuimsíonn sé comhthiomsuithe sonraí, ina dtagann sealbhóirí sonraí le chéile chun acmhainní sonraí a chomhroinnt.

²²⁹ Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard v An Coimisiún*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 89.

thugtar sa Chaibidil seo²³⁰. I gcás inarb é an malartú faisnéise féin príomhchuspóir an chomhair, beidh forlámhas ag an treoraíocht a thugtar sa Chaibidil seo chun a mheas an gcuireann an comhar srian ar an iomaíocht. Má thagann an malartú faisnéise faoi Airteagal 101(1), d'fhéadfadh sé coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh fós.

370. Féadfaidh malartú faisnéise i gcomhthéacs comhaontaithe ingearaigh, i gcás ina ndéantar faisnéis a mhalartú idir soláthróir agus ceannaitheoir, tairbhiú den bhlocdhíolúine a sholáthraíonn an VBER²³¹. Beidh sé seo amhlaidh má tá baint dhíreach ag an bhfaisnéis a mhalartaítear le cur chun feidhme an chomhaontaithe ingearaigh idir na páirtithe sin agus go bhfuil gá léi chun táirgeadh nó dáileadh na n-earraí nó na seirbhísí conartha a fheabhsú.
371. Féadfar faisnéis a mhalartú freisin i gcomhthéacs próisis éadála. I gcásanna den sórt sin, ag brath ar na himthosca, féadfaidh an malartú a bheith faoi réir rialacha an Rialacháin um Chumaisc²³². Aon iompar lena gcuirtear srian leis an iomaíocht, ar iompar é nach bhfuil baint dhíreach aige le rialú a fháil agus nach bhfuil riachtanach chun é sin a chur chun feidhme, beidh sé faoi réir Airteagal 101 i gcónaí. Ní mór an measúnú seo a dhéanamh ar feadh an phróisis éadála, mar d'fhéadfadh an méid a bhaineann go díreach leis an éadail agus a bhfuil riachtanach chun í a chur i bhfeidhm a bheith ag brath ar an gcéim ag a bhfuil an próiseas éadála.
372. Féadfaidh malartú faisnéise tarlú freisin i gcomhthéacs tionscnamh rialála. I gcás ina spreagtar gnóthais faoin dlí nó faoi údarais phoiblí faisnéis a roinnt le gnóthais eile, nó i gcás ina bhfuil an rogha acu cinneadh a dhéanamh cén fhaisnéis a roinneadh siad le gnóthais eile, leanann Airteagal 101 d'fheidhm a bheith aige. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin nach féidir na gnóthais atá faoi réir ceanglais rialála na ceanglais sin a úsáid chun Airteagal 101 a sháru. Ba cheart dóibh raon feidhme an mhalartaithe faisnéise a shrianadh don mhéid a cheanglaítear leis an rialachán is infheidhme agus d'fhéadfadh go mbeadh orthu bearta réamhchúraim a chur chun feidhme i gcás ina malartaítear faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

Féadfar foráil a dhéanamh le Rialachán ón Aontas, mar shampla, don fhéidearthacht do ghnóthais faisnéis a roinnt chun an gá atá le tástáil ainmhithe a sheachaint nó a laghdú nó chun costais taighde a laghdú. Tá malartuithe den sórt sin faoi réir chur i bhfeidhm Airteagal 101. Dá bhrí sin, ní mór do ghnóthais atá

²³⁰ Féach freisin mír 6.

²³¹ Féach Airteagal 2(1) agus (5) de Rialachán (AE) 2022/720 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2022 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le catagóirí comhaontuithe ingearacha agus cleachtais chomhbheartaithe, (IO L 134, 11.5.2022, lch. 4). Le haghaidh liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí faisnéise a bhféadfadh baint dhíreach a bheith acu, ag brath ar na himthosca áirithe, le cur chun feidhme comhaontaithe ingearaigh agus a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun táirgeadh nó dáileadh na n-earraí nó na seirbhísí conartha a fheabhsú, féach mír 99 den Teachtaireacht ón gCoimisiún ar Threoirínte maidir le Srianta Ingearacha (IO C 248, 30.6.2022, lch. 1). I gcás ina rachaidh na páirtithe i gcomhaontú ingearach a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 2(4), pointe (a) nó (b) de Rialachán (AE) 2022/720 i mbun malartuithe faisnéise nach bhfuil baint dhíreach aici le cur chun feidhme a gcomhaontaithe ingearaigh, nó nach bhfuil riachtanach chun feabhas a chur ar tháirgeadh nó dáileadh na n-earraí nó na seirbhísí conartha, nó nach gcomhlíonann ceachtar den dá choinníoll sin, ní mór an malartú faisnéise a mheasúnú ar bhonn aonair faoi Airteagal 101 den Chonradh agus le cúnaimh na dTreoirínte seo.

²³² Airteagal 4(1) agus Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú (Rialachán CE um Chumaisc) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1). Féach freisin Fógra ón gCoimisiún maidir le srianta a bhaineann go díreach le comhchruinnithe agus atá riachtanach dóibh (IO C 56, 5.3.2005, lch. 24). Féach freisin breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2021, *Altice Europe v an Coimisiún*, T-425/18, EU:T:2021:607, mír 239.

rannpháirteach i malartuithe dá bhforáiltear le rialachán den sórt sin gan faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtann a straitéis mhargaidh nó faisnéis theicniúil a théann thar cheanglais an rialacháin a roinnt. Féadfaidh gnóthais a bheith in ann minicíocht an mhalartaithe a laghdú chun nach mbeidh an fhaisnéis chomh híogair ó thaobh na tráchtála de. I gcás inar féidir, ba cheart faisnéis nó raonta comhiomlánaithe a úsáid chun malartú sonraí gráinneacha nó sonraí is féidir a chur i leith gnóthais aonair a sheachaint. Féadfaidh gnóthais smaoineamh freisin ar sholáthraí seirbhíse tríú páirtí neamhspleách ('iontaobhaí') a úsáid, a bhaileoidh an fhaisnéis ó fhoinsí éagsúla ar bhonn comhaontuithe neamhnochna agus a dhéanfaidh na sonraí a chomhthiomsú, a fhíorú agus a chomhiomlánú ansin chun tacar sonraí ilchodach a chruthú a dhéanfar a roinnt leis na rannpháirtithe, ar tacar sonraí é le nach féidir sonraí inaitheanta a chur i leith gnóthais aonair.

6.2. Measúnú faoi Airteagal 101(1)

6.2.1. Réamhrá

373. Tá malartú faisnéise ina ghné choiteann de go leor margaí iomaíocha agus d'fhéadfadh sé go nginí cineálacha éagsúla gnóthachan éifeachtúlachta dá bharr. D'fhéadfadh sé fadhbanna maidir le neamhshiméadrachtaí faisnéise a réiteach²³³, rud a d'fhágfadh na margaí níos éifeachtúla. Le blianta beaga anuas, tá tábhacht mhéadaithe ag baint le comhroinnt sonraí mar mhodh chun bheith ina mbonn faisnéise do chinnteoireacht, mar shampla trí úsáid a bhaint as anailísíocht ar mhórshonraí agus teicnicí meaisínfhoghlama²³⁴. Thairis sin, féadfaidh gnóthais a n-éifeachtúlacht inmheánach a fheabhsú trí thagarmharcáil a dhéanamh in aghaidh dea-chleachtais a chéile. D'fhéadfadh malartú faisnéise cuidiú freisin le gnóthais costais a shábháil trí, mar shampla, a bhfardail a laghdú agus táirgí meatacha a sheachadadh níos tapúla do thomhaltóirí. Féadfaidh malartú faisnéise é a chur ar a chumas do ghnólachtaí táirgí nó seirbhísí nua nó níos fearr a fhorbairt nó oiliúint a chur ar algartaim ar bhonn níos leithne agus níos fiúntaí. Ina theannta sin, d'fhéadfadh malartuithe faisnéise dul chun tairbhe do thomhaltóirí go díreach trína gcostais chuardaigh a laghdú agus trí rogha a fheabhsú.
374. Is é príomhphrionsabal na hiomaíochta go gcinneann gach gnóthas go neamhspleách a iompar eacnamaíoch ar an margadh ábhartha. Leis an bprionsabal sin, ní chuirtear cosc ar ghnóthais iad féin a oiriúnú go stuama d'iompar atá ann cheana nó a bhfuil coinne leis ag a n-iomaitheoirí nó do na gnáthchoinníollacha atá sa mhargadh. Ní chuireann sé cosc ar aon teagmháil dhíreach nó indíreach idir gnóthais de chineál a imríonn tionchar ar iompar iomaitheora iarbhír nó ionchasaigh ar an margadh nó a nochtfaidh d'iomaitheoir den sórt sin an t-iompar a bhfuil cinneadh déanta ag gnóthas é féin a leanúint nó a bheartaíonn sé a ghlacadh ar an margadh, i gcás inarb é cuspóir nó éifeacht na dteagmhálacha sin coinníollacha iomaíochais nach gcomhfhreagraíonn do ghnáthchoinníollacha an mhargaidh atá i gceist a chruthú²³⁵.
375. Mar a shonraítear i mír 14, ní thagann malartú faisnéise faoi Airteagal 101(1) ach amháin má bhunaíonn sé nó má tá sé ina chuid de chomhaontú idir gnóthais, cleachtas comhbheartaithe nó cinneadh ó chomhlachas gnóthas. Ciallaíonn coincheap

²³³ Baineann teoiric eacnamaíoch ar neamhshiméadrachtaí faisnéise le staidéar a dhéanamh ar chinntí in idirbhearta i gcás ina bhfuil níos mó faisnéise ag páirtí amháin ná an ceann eile.

²³⁴ Spreagtar comhroinnt sonraí freisin sa Straitéis Eorpach maidir le Sonraí.

²³⁵ Breithiúnas an 21 Eanáir 2016, *Euras agus Eile*, C-74/14, EU:C:2016:42, mír 27 agus breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, míreanna 32-33.

cleachtas chomhbheartaithe, anuas ar na gnóthais atá rannpháirteach i gcomhar lena chéile, iompar ina dhiaidh sin ar an margadh agus caidreamh cúise agus éifeachta idir an dá cheann²³⁶. I gcás ina ndéantar faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalartú idir iomaitheoirí agus comhaontú frithiomaíoch á ullmhú, is leor sin chun a chruthú gurb ann do chleachtas comhbheartaithe de réir bhrí Airteagal 101(1). Chuige sin, ní gá a thaispeáint gur gheall na hiomaitheoirí sin go foirmiúil cúrsa áirithe iompair a ghlacadh, nó go ndearna na hiomaitheoirí claonpháirteachas maidir lena n-iompar amach anseo ar an margadh, nó go raibh leas tráchtála ag na hiomaitheoirí sa mhalartú²³⁷. Ina theannta sin, chun an gaol cúise agus éifeachta thuasluaite a bhunú, tá toimhde infhrisnéise ann go ndéanfaidh gnóthais a ghlacann páirt i gcleachtas comhbheartaithe agus a fhanann gníomhach ar an margadh an fhaisnéis a mhalartaítear lena n-iomaitheoirí a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu maidir lena n-iompar ar an margadh²³⁸.

376. Tá an Chaibidil seo struchtúrtha mar a leanas. Cuireann Roinn 6.2.2 i láthair an dá phríomhinní i ndáil le hiomaíocht atá bainteach le malartú faisnéise. Soláthraíonn Roinn 6.2.3 treoraíocht maidir le hábharthacht chineál na faisnéise a mhalartaítear don mheasúnú faoi Airteagal 101(1). Soláthraíonn Roinn 6.2.4 treoraíocht maidir le hábharthacht saintréithe na malairte. Soláthraíonn Roinn 6.2.5 treoraíocht maidir le hábharthacht saintréithe an mhargaidh. Cumhdaíonn Roinn 6.2.6 malartuithe faisnéise a chuireann srian ar an iomaíocht de réir cuspóra agus cumhdaíonn Roinn 6.2.7 malartuithe a chuireann srian ar an iomaíocht trí éifeacht. Soláthraíonn Roinn 6.3 treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) maidir le malartú faisnéise agus críochnaíonn an Chaibidil le roinnt samplaí, sreabhchairt le céimeanna féinmheasúnaithe agus forbhreathnú táblach ar chásanna éagsúla malartaithe faisnéise i Roinn 6.4.

6.2.2. *Príomhinní i ndáil le hiomaíocht a eascraíonn as malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de*²³⁹

6.2.2.1. Toradh claonpháirteach

377. Trí thrédhearcacht idir iomaitheoirí sa mhargadh a mhéadú go saorga, is féidir le malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de comhordú iompraíochta iomaíochta gnóthas a éascú agus féadfaidh srianta iomaíochta a bheith mar thoradh air²⁴⁰. Ar an gcéad dul síos, is dócha go n-éascóidh malartuithe faisnéise

²³⁶ Breithiúnas an 21 Eanáir 2016, *Eturas agus Eile*, C-74/14, EU:C:2016:42, míreanna 39-40; breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe v An Coimisiún*, C-286/13 P, AE:C:2015:184, mír 126

²³⁷ Breithiúnas an 26 Eanáir 2017, *Duravit agus Eile v An Coimisiún*, C-609/13 P, EU:C:2017:46, mír 135 agus breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *HSBC Holdings agus Eile v An Coimisiún*, C-883/19 P, EU:C:2023:11, mír 123.

²³⁸ Breithiúnas an 10 Samhain 2017, *ICAP agus Eile v An Coimisiún*, T-180/15, EU:T:2017:795, mír 57; breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, mír 51; breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe v An Coimisiún*, C-286/13 P, EU:C:2015:184, mír 127 agus breithiúnas an 8 Iúil 1999, *Hüls v An Coimisiún*, Cás C-199/92 P, EU:C:1999:358, míreanna 161-163.

²³⁹ Ciallaíonn úsáid an téarma ‘príomhábhair inní i ndáil le hiomaíocht’ nach bhfuil an tuairisc a dhéantar ina dhiaidh sin ar ábhair inní iomaíochta eisiach ná uileghabhálach.

²⁴⁰ Tá feidhm aige sin go háirithe i gcás ina bhfuil an malartú mar bhonn agus mar thaca ag socrú frithiomaíoch eile. Féach: breithiúnas an 26 Eanáir 2017, *Duravit agus Eile v An Coimisiún*, C-609/13 P, EU:T:2017:46, mír 134; breithiúnas an 7 Eanáir 2004, *Aalborg Portland agus Eile v An Coimisiún*, Cás C-204/00 P, C-205/00 P, C-211/00 P, C-213/00 P, C-217/00 P agus C-219/00 P, EU:C:2004:6, mír 281.

claonpháirteachas má cheadaíonn siad do ghnóthas a chur in iúl dá iomaitheoirí, trí aon mhodh, an t-iompar a bheadh inmhianaithe do na hiomaitheoirí sin a leanúint, nó an t-iompar a ghlacfadh an ghnóthas féin mar fhreagra ar iompar na n-iomaitheoirí céanna²⁴¹.

378. Ar an dara dul síos, féadfaidh malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chumasú ann féin do ghnóthais teacht ar chomhthuiscint ar théarmaí an chomhordaithe, agus is féidir toradh claonpháirteach a bheith mar thoradh air ar an margadh. Féadfaidh an malartú ionchais chomhsheasmhacha fhrithpháirteacha a chruthú maidir leis na héiginnteachtaí atá sa mhargadh. Ar an mbonn sin, féadfaidh gnóthais teacht ar chomhthuiscint maidir lena n-iompraíocht ar an margadh, fiú gan comhaontú follasach maidir le comhordú²⁴².
379. Ar an tríú dul síos, is féidir malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a úsáid mar mhodh chun cobhsaíocht inmheánach comhaontaithe frithiomaíoch nó cleachtas comhbheartaithe a mhéadú. Is féidir leis an malartú faisnéise an margadh a dhéanamh trédhearcach a dhóthain chun ligean do na gnóthais chlaonpháirteacha faireachán a dhéanamh ar cibé an bhfuil gnóthais eile ag imeacht ón toradh claonpháirteach agus, mar sin, fios a bheith acu cathain is ceart frithbheart a dhéanamh agus cé ina n-aghaidh. Is féidir malartuithe de shonraí reatha agus sonraí ón am atá caite a úsáid le haghaidh faireacháin den sórt sin. D'fhéadfadh sé sin cur ar chumas gnóthas toradh claonpháirteach a bhaint amach ar na margaí i gcás nach mbeidís in ann é sin a dhéanamh murach sin, nó d'fhéadfadh sé cur le cobhsaíocht toraidh chlaonpháirtigh atá ar an margadh cheana féin.

Mar shampla, is féidir le halgartaim éifeachtúlachtaí a ghiniúint. Féadfaidh siad costais agus bacainní iontrála a laghdú. Is féidir le gnóthais, mar shampla, algartaim a úsáid go neamhspleách chun faireachán a dhéanamh ar phraghsanna iomaitheoirí agus chun bheith ina mbonn faisnéise dá socrú praghsanna féin. Is féidir algartaim a úsáid freisin chun faireachán a dhéanamh ar chomhaontuithe frithiomaíocha (roimhe seo) idir iomaitheoirí, áfach. Nuair a úsáidtear iad mar chuid de ghníomh claonpháirteachais, is féidir le halgartaim a dhéanann faireachán ar phraghsanna trédhearcacht an mhargaidh a mhéadú, dialltaí praghsais a bhrath i bhfíor-am agus sásraí pionóis a dhéanamh níos éifeachtaí. Is féidir le gnóthais algartaim chomhordaithe iompraíochta a úsáid freisin chun teacht ar chomhaontú faoi pharaiméadair fhíor-riachtanacha iomaíochta. Ansin déantar gaireas d'algartaim chun claonpháirteachas a éascú (claonpháirteachas de réir cóid). Is cairtéal de ghnáth é claonpháirteachas de réir cóid ar pharaiméadair

²⁴¹ Mar sin is féidir le malartú faisnéise claonpháirteachas a éascú trí rannchuidiú le comhthuiscint ar scéim luaíochta-pionóis atá mar shaintréith de chomhaontuithe claonpháirteacha. Féadfaidh malartuithe príobháideacha nó poiblí a bheith i gceist le malartuithe faisnéise den sórt sin. Mar shampla, dá gcuirfeadh gnóthas in iúl go príobháideach dá iomaitheoirí gur cheart dóibh go léir praghsanna a ardú, nó díolacháin nó acmhainneacht a laghdú, nó cinntí gnó a dhéanamh i gcomhpháirt, ní bheadh aon amhras ach go mbeadh rún frithiomaíoch i gceist. Is dócha go mbeidh an éifeacht mar an gcéanna má chuireann an gnóthas an plean seo in iúl go poiblí ina ionad sin, mura féidir a léiriú go mbeidh custaiméirí ina dtairbhíthe den fhaisnéis, seachas an gnóthas féin, a chuid iomaitheoirí nó infheisteoirí amháin. Is é an fáth atá leis seo ná go mbeidh gnóthais, a gcuid iomaitheoirí agus a gcuid infheisteoirí ina dtairbhíthe de ghnáth de bhrabúis níos airde faoi scéim chlaonpháirteach, fad is a chailleann custaiméirí.

²⁴² Féach, mar shampla, breithiúnas an 7 Samhain 2019, *Campine agus Campine Recycling v An Coimisiún*, T-240/17, EU:T:2019:778, mír 305.

fhíor-riachtanacha iomaíochta agus dá bhrí sin is srian ar an iomaíocht de réir cuspóra é, gan beann ar choinníollacha an mhargaidh.

Tá an láimhseáil a dhéantar ar algartaim phraghsála faoi dhlí iomaíochta an Aontais bunaithe ar dhá phrionsabal thábhachtacha.

Ar an gcéad dul síos, má tá cleachtais phraghsála neamhdhleathach nuair a chuirtear chun feidhme iad as líne, tá dóchúlacht ard ann go mbeidh siad neamhdhleathach freisin nuair a chuirtear chun feidhme iad ar líne.

Ar an dara dul síos, ní féidir le gnólachtaí a bhfuil baint acu le cleachtais phraghsála neamhdhleathacha dliteanas a sheachaint ar an bhforas gur le halgartaim a cinneadh a gcuid praghsanna. Díreach mar fhostaí nó mar chomhairleoir seachtrach atá ag obair 'faoi threoir nó faoi rialú' gnólachta, fanann algartam faoi rialú an ghnólachta, agus dá bhrí sin tá an gnólacht faoi dhliteanas fiú má bhí algartaim ina mbonn faisnéise ar a ghníomhaíochtaí.

380. Is féidir malartú faisnéise a úsáid freisin mar mhodh chun cobhsaíocht sheachtrach i gcomhaontú frithiomaíoch nó i gcleachtas comhbheartaithe ar an margadh a mhéadú. Trí mhalartuithe lena ndéantar an margadh trédhearcach go leor, is féidir le gnóthais atá i mbun claonpháirteachais faireachán a dhéanamh ar cá háit agus ar cén uair atá gnóthais eile ag iarraidh dul isteach sa mhargadh, rud a fhágann gur féidir leis na gnóthais atá i mbun claonpháirteachais díriú ar an iontrálaí nua.

6.2.2.2. Foriamh frithiomaíoch

381. Seachas claonpháirteachas a éascú, d'fhéadfadh malartú faisnéise a bheith ina chúis le foriamh frithiomaíoch ar an margadh céanna ina dtarlaíonn an malartú nó ar mhargadh gaolmhar²⁴³.

382. Féadfaidh foriamh tarlú ar an margadh céanna nuair a chuireann malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de iomaitheoirí nach nglacann páirt sa mhalartú faoi mhíbhuntáiste mór ó thaobh na hiomaíochta de i gcomparáid leis na gnóthais atá rannpháirteach sa mhalartú. Tá an cineál sin foriaimh indéanta má tá tábhacht straitéiseach ag an bhfaisnéis lena mbaineann chun dul san iomaíocht ar an margadh agus má chumhdaíonn an malartú sciar mór den mhargadh ábhartha. D'fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh, mar shampla, i dtionscnaimh chomhroinnte sonraí, i gcás ina bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis na sonraí a roinntear, ina gcumhdaíonn na sonraí sin sciar mór den mhargadh agus ina gcuirtear cosc ar rochtain iomaitheoirí ar na sonraí comhroinnte²⁴⁴.

383. D'fhéadfadh foriamh frithiomaíoch tríú páirtithe i margadh gaolmhar a bheith mar thoradh ar mhalartú faisnéise freisin. Mar shampla, féadfaidh cuideachtaí atá

²⁴³ A mhéid a bhaineann le himní foriaimh a eascraíonn as comhaontuithe ingearacha, féach míreanna 18-22 de na Treoirí maidir le Srian Ingearacha.

²⁴⁴ Sa bhreithiúnas an 23 Samhain 2006, *Asnef-Equifax*, C-238/05, EU:C:2006:734, leagtar béim i míreanna 57-58 ar an tábhacht a bhaineann le hanailís a dhéanamh ar bhunstruchtúr an mhargaidh d'fhonn a fháil amach an dócha go mbeidh riosca foriaimh ann. Féach freisin: Cinneadh ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2022 i gCás AT.40511, *Insurance Ireland* cás inarbh ionann rannpháirtithe an mhalartaithe agus 98 % den mhargadh ábhartha.

comhtháite go hingearach agus a mhalartaíonn faisnéis i margadh réamhtheachtach cumhacht mhargaidh a fháil agus dul i mbun comhpháirteachais chun praghas ionchur lárnach a ardú le haghaidh margadh iartheachtach. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaidís costais a gcuid iomaitheoirí a ardú go hiartheachtach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le foriamh frithiomaíoch sa mhargadh iartheachtach. Ina theannta sin, féadfaidh gnóthais a úsáideann téarmaí neamh-thrédhearcacha agus idirdhealaitheacha maidir le rochtain ar fhaisnéis chomhroinnte srian a chur le cumas tríú páirtithe treochtaí i leith táirgí nua ionchasacha ar mhargaí gaolmhara a bhrath.

Féadfaidh roinnt gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais do thomhaltóirí, mar shampla, comhlachas a bhunú le bunachar sonraí comhroinnte ina mbeidh faisnéis do chustaiméirí. Cuireann gach comhalta den chumann faisnéis leis an mbunachar sonraí agus tá rochtain acu ar na sonraí, rud a ligeann dóibh measúnú níos fearr a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le seirbhísí airgeadais a sholáthar do chustaiméirí nua. Trí fhaisnéis chustaiméara a mhalartú éascaítear measúnuithe riosca na gcomhaltaí maidir leis na custaiméirí sin. Féadann sé sin iontráil sa mhargadh a éascú ar a uain agus dul chun tairbhe do na tomhaltóirí dá réir. Níl sé mar chuspóir ag bunachar sonraí den sórt sin iomaíocht a shrianadh de réir bhrí Airteagal 101(1).

D'fhéadfadh sé go mbeadh d'éifeacht ag bunachair shonraí chomhroinnte mar a dtugtar tuairisc thuas, áfach, an iomaíocht a shrianadh ag brath ar na coinníollacha eacnamaíocha ar an margadh/na margaí ábhartha agus ar shaintréithe sonracha an bhunachair sonraí lena mbaineann. Áirítear ar na saintréithe sin cuspóir an bhunachair sonraí agus na coinníollacha rochtana ar an mbunachar sonraí agus na coinníollacha rannpháirtíochta ann, chomh maith leis an gcineál faisnéise a mhalartaítear (mar shampla, cé acu an fhaisnéis phoiblí nó rúnda í, faisnéis chomhiomlánaithe nó mhionsonraithe, faisnéis stairiúil, faisnéis atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, an mhinicíocht lena ndéantar an bunachar sonraí a thabhairt cothrom le dáta agus ábharthacht na faisnéise chun praghsanna, méideanna nó coinníollacha seirbhíse a shocrú). Féadfaidh bunachar sonraí a chumhdaíonn cuid mhór den mhargadh ábhartha agus lena ndiúltaítear nó lena gcuirtear moill ar rochtain d'iomaitheoirí eile neamhshiméadracht faisnéise a chruthú, rud a chuirfeadh na hiomaitheoirí eile sin faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis na gnóthais atá rannpháirteach sa bhunachar sonraí. Féadfaidh critéir rochtana atá cothrom, oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach inni i ndáil le hiomaíocht a mhaolú²⁴⁵.

6.2.3. Cineál na faisnéise a mhalartaítear

6.2.3.1. Faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de

384. Tá feidhm ag Airteagal 101(1) i gcás inar dócha go mbeidh tionchar ag malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de ar straitéis tráchtála na n-iomaitheoirí, rud a chruthóidh nó a mbeadh in ann coinníollacha iomaíochais a chruthú nach gcomhfhreagraíonn do ghnáthchoinníollacha an mhargaidh atá i gceist maidir le cineál na dtáirgí nó na seirbhísí a thairgtear, méid agus líon na ngnóthas lena

²⁴⁵ Ní éilítear leis seo go bhfuil rochtain saor in aisce. Féadfar táille a mhuirearú, chomh fada agus atá an táille sin cothrom, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go n-iarrfaí ar thríú páirtithe sonraí a chur leis an mbunachar sonraí iad féin. Féach freisin: breithiúnas an 23 Samhain 2006, *Asnef-Equifax*, C-238/05, EU:C:2006:734, mír 60.

mbaineann agus méid an mhargaidh sin²⁴⁶. Is amhlaidh an cás nuair a laghdaíonn malartú faisnéise éiginnteacht maidir le hoibriú an mhargaidh atá i gceist²⁴⁷. Tá feidhm ag Airteagal 101(1) gan beann ar cé acu a bhaineann na gnóthais atá rannpháirteach sa mhalartú tairbhe éigin as a gcomhar nó nach mbaineann. Baineann sé le faisnéis atá tábhachtach i margáí a bhfuil iomaíocht éifeachtach iontu do ghnóthas a chosaint chun a staid iomaíoch ar an margadh/na margáí a choinneáil ar bun nó a fheabhsú.

385. Meastar go ginearálta go bhfuil faisnéis faoi phraghsáil íogair ó thaobh na tráchtála de agus d'fhéadfadh feidhm a bheith ag Airteagal 101(1) fiú mura mbíonn tionchar díreach ag an malartú ar na praghsanna a íocann úsáideoirí deiridh²⁴⁸. I measc na gcatagóirí eile faisnéise a d'fhéadfadh a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de, tá faisnéis faoi chostais, faoi thoilleadh, faoi tháirgeadh, faoi chainníochtaí, faoi sciartha den mhargadh, faoi chustaiméirí, faoi phleananna chun dul isteach sna margáí nó chun iad a fhágáil, nó faoi eilimintí tábhachtacha eile de straitéis gnólachta nach mbeadh ag gnóthais atá gníomhach i margadh fíor-iomaíoch dreasacht ina leith chun a nochtadh dá chéile. Ní hionann an fhaisnéis a mhalartófar a bheith mícheart nó míthreorach ann féin agus deireadh a chur leis an riosca go bhféadfadh tionchar a bheith aici ar iompar iomaitheoirí ar an margadh²⁴⁹.
386. Faisnéis nach mbíonn íogair ó thaobh na tráchtála de de ghnáth, áirítear léi, mar shampla, faisnéis a bhaineann le: feidhmiú nó staid ghinearálta tionscail; beartas poiblí nó ábhair rialála (a d'fhéadfaí a úsáid, mar shampla, i gcaidrimh phoiblí ar fud an tionscail nó i dtionscnaimh brústocaireachta); saincheisteanna teicniúla neamhrúnda atá ábhartha don tionscal i gcoitinne, amhail caighdeáin nó cúrsaí sláinte agus sábháilteachta; teicneolaíocht ghinearálta, neamhdhílseánaigh agus saincheisteanna gaolmhara, amhail saintréithe agus oiriúnacht trealamh ar leith (ach ní pleananna cuideachta ar leith maidir le trealamh sonrath nó teicneolaíocht shonrach a ghlacadh); deiseanna cur chun cinn ghinearálta a bhaineann leis an tionscal i gcoitinne (ach ní pleananna cur chun cinn cuideachta ar leith). Áirítear léi freisin sonraí neamhstraitéiseacha oideachais, teicniúla nó eolaíochas as a dtagann tairbhí do thomhaltóirí agus faisnéis neamhstraitéiseach a theastaíonn chun comhpháirtíochtaí nua gnó a thógáil idir gnóthais²⁵⁰.
387. D'fhéadfadh cúiseanna dlisteanacha a bheith ag gnóthais a scairshealbhóirí, infheisteoirí ionchasacha nó an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi staid agus feidhmíocht a ngnó. Ní féidir brath ar an mian seo tríd páirtithe nó an pobal a chur ar an eolas, áfach, chun faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtadh d'iomaitheoirí nach nochtadh gnóthais dá n-iomaitheoirí i margadh ina bhfuil iomaíocht éifeachtach.

²⁴⁶ Ní cháilíonn rochtain ar shonraí an ghnóthais féin, mar shampla sonraí úsáideoirí a ghintear trí úsáid a bhaint as ardán, mar mhalartú ar fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

²⁴⁷ Breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe v An Coimisiún*, C-286/13 P, EU:C:2015:184, mír 121 agus breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *HSBC Holdings agus Eile v An Coimisiún*, Cás C-883/19 P, EU:C:2023:11, mír 115

²⁴⁸ Breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe v An Coimisiún*, C-286/13 P, EU:C:2015:184, mír 123 agus breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, mír 36.

²⁴⁹ Breithiúnas an 15 Nollaig 2016, *Philips agus Philips France v An Coimisiún*, T-762/14, EU:T:2016:738, mír 91.

²⁵⁰ Níl an liosta seo uileghabhálach.

388. Go ginearálta, agus faoi ghnáthchoinníollacha iomaíocha, ní bhíonn dreasacht ag gnóthais faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a fhoilsiú. Má dhéanann siad amhlaidh, d'fhéadfadh go n-ardódh sé sin ceisteanna an bhfuil iomaíocht éifeachtach mar shaintréith ag an margadh atá i gceist. Is iondúil nach mbíonn faisnéis atá curtha san fhearann poiblí ar chúiseanna dlisteanacha – agus dá bhrí sin inrochtana go héasca (i dtéarmaí costais rochtana) ag gach iomaitheoir agus custaiméir²⁵¹ – íogair ó thaobh na tráchtála de²⁵².
389. Fiú má bhíonn faisnéis ar fáil go héasca (mar shampla, faisnéis arna foilsiú ag rialtóirí), d'fhéadfadh sé go laghdódh malartú faisnéise breise idir iomaitheoirí éiginnteacht straitéiseach sa mhargadh a thuilleadh. D'fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina malartaítear an fhaisnéis i bhfoirm níos lú comhiomlánaithe nó i bhfoirm níos gráinní, nó i gcás ina malartaítear an fhaisnéis níos minice ná mar a chuirtear ar fáil go poiblí í, nó nuair a chuirtear nótaí tráchta i gceangal leis an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a chur in iúl d'iomaitheoirí an ghníomhaíocht chomhpháirteach atá le déanamh. Sa chás sin, féadfaidh an malartú faisnéise srian a chur ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1).

6.2.3.2. Faisnéis chomhiomlánaithe i gcomparáid le faisnéis aonair

390. Braitheann cé acu atá nó nach bhfuil faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de ar a úsáidí atá sí d'iomaitheoirí. Go ginearálta, beidh faisnéis ina bhfuil go leor mionsonraí agus a cheadóidh an gnóthas/na gnóthais a sholáthair í a shainithint níos íogaire ó thaobh na tráchtála de. Féadfaidh malartuithe faisnéise aonair éascú a dhéanamh ar chomhthuiscint ar an margadh agus ar straitéisí pionóis, trí ligean do ghnóthais chomhordaithe diallóir nó iontrálaí nua a shonrú ar bhealach níos éasca.
391. Is lú an seans go mbeidh srian iomaíochta mar thoradh ar mhalartú faisnéise comhiomlánaithe, i gcás ina bhfuil sannadh faisnéise do ghnóthais áirithe sách deacair nó neamhchinnte, nó i gcás ina ndéantar na sonraí a chomhiomlánú thar raon táirgí éagsúla, go háirithe má tá saintréithe éagsúla ag na táirgí nó má bhaineann siad le margaí éagsúla. D'fhéadfadh sé go rachadh bailiú agus foilsiú faisnéise comhiomlánaithe faoin margadh (amhail sonraí díolacháin, sonraí maidir le hacmhainneachtaí, agus sonraí maidir le costais ionchuir agus comhpháirteanna) ag comhlachas trádála nó ag gnólacht faisnéise margaidh chun tairbhe d'iomaitheoirí agus do chustaiméirí araon trí chostais a shábháil agus trína chur ar a gcumas léargas foriomlán níos soiléire a fháil ar staid eacnamaíoch eanála. Le bailiú agus foilsiú faisnéise den sórt sin, d'fhéadfadh iomaitheoirí aonair roghanna níos eolasaí a

²⁵¹ Breithiúnas an 8 Iúil 2008, *BPB v an Coimisiún*, T-53/03, EU:T:2008:254, mír 236 agus breithiúnas an 2 Feabhra 2022, *Scania v An Coimisiún*, T-799/17, EU:T:2022:48, mír 347. Bíonn faisnéis san fhearann poiblí nuair a bhíonn sí ar fáil ó fhoinsí atá inrochtana don phobal. Ní bhíonn faisnéis poiblí má dhíspreagann na costais a bhaineann le bailiú na faisnéise gnóthais agus custaiméirí eile ó sin a dhéanamh. Ós rud é go bhféadfadh sé a bheith indéanta faisnéis áirithe a bhailiú ar an margadh, mar shampla trína bailiú ó chustaiméirí, ní gá go gciallódh sé sin gur sonraí margaidh atá inrochtana go héasca ag iomaitheoirí atá san fhaisnéis sin. Féach breithiúnas an 12 Iúil 2001, *Tate & Lyle agus Eile v An Coimisiún*, T-202/98, T-204/98 agus T-207/98, EU:T:2001:185, mír 60.

²⁵² Féach breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2020, *Casino, Guichard-Perrachon agus AMC v An Coimisiún*, T-249/17, EU:T:2020:458, míreanna 263-267 agus breithiúnas an 30 Meán Fómhair 2003, *Atlantic Container Line agus Eile v An Coimisiún*, T-191/98, T-212/98 go T-214/98, EU:T:2003:245, mír 1154. Féach freisin mír 398, a mhíníonn go bhféadfadh nochtadh poiblí i gcásanna áirithe a bheith mar chuid de bhealach cumarsáide idir iomaitheoirí chun rúin amach anseo a chur in iúl maidir le hiompar ar an margadh ar bhealach sonrath nó chun pointe fócasach a sholáthar do chomhordú idir iomaitheoirí agus go bhféadfadh sé teacht, dá réir sin, faoi réim Airteagal 101(1).

dhéanamh chun a straitéis iomaíoch aonair a oiriúnú go héifeachtúil do dhálaí an mhargaidh. Mura rud é go dtarlaíonn sé idir líon measartha beag gnóthas a bhfuil sciar sách mór den mhargadh ábhartha acu²⁵³, ní dócha go gcuirfear srian ar an iomaíocht mar thoradh ar mhalartú faisnéise comhiomlánaithe. Mar sin féin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfaí toradh claonpháirteach a éascú i margáí a bhfuil saintréithe sonracha acu, fiú trí fhaisnéis chomhiomlánaithe agus sonraí comhiomlánaithe a mhalartú.

Mar shampla, i gcás ina malartaíonn gnóthais atá an-daingean agus an-chobhsaí faisnéis faoi phraghsanna comhiomlánaithe, má aimsítear praghas margaidh faoi bhun leibhéal áirithe d'fhéadfadh go gcuirfí ar a gcumas dóibh a dhéanamh amach gur imigh ceann acu ón toradh claonpháirteach agus céimeanna díoltais ar fud an mhargaidh a ghlacadh. I bhfocail eile, chun claonpháirteachas a choinneáil cobhsaí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá i gcónaí le fios a bheith ag gnóthais i olagópach andocht agus cobhsaí, cé a d'imigh ón gclaonpháirteachas; b'fhéidir gur leor a fhoghlaim gur imigh 'duine éigin' uaidh.

392. Ag brath ar na himthosca, féadfaidh malartú amhshonraí a bheith níos lú íogair ó thaobh na tráchtála de ná malartú sonraí a próiseáladh cheana go faisnéis fhiúntach. Go háirithe, d'fhéadfadh malartú amhshonraí a bheith níos lú íogair ó thaobh na tráchtála de i gcás ina n-úsáideann gach páirtí a mhodh (dílseánach) féin chun na hamhshonraí a phróiseáil.

6.2.3.3. Aois na faisnéise

393. I roinnt mhaith tionscal, éiríonn faisnéis stairiúil sách tapa agus dá bhrí sin cailleann sé a híogaireacht ó thaobh na tráchtála de. Ní dócha go mbeidh toradh claonpháirteach mar thoradh ar fhaisnéis stairiúil a mhalartú toisc nach dócha go léireoidh sí iompar beartaithe na n-iomaitheoirí ná go gcuirfear comhthuisctint ar an margadh ar fáil léi²⁵⁴. I bprionsabal, dá sine an fhaisnéis, is amhlaidh is lú úsáidí a bhíonn sí chun claontaí a bhrath go tráthúil agus mar sin mar mhodh chun bagairt inchreidte frithbheartaíochta prasa a chruthú²⁵⁵. Mar sin féin, éilíonn sé sin measúnú cás ar chás a dhéanamh ar ábharthacht na faisnéise²⁵⁶.
394. Braitheann cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis stairiúil ar shaintréithe an mhargaidh ábhartha; minicíocht na caibidlíochta díola agus ceannaigh san earnáil, agus aois na faisnéise a mbítear ag brath uirthi go hiondúil san earnáil chun críche cinntí gnó. Mar shampla, is féidir a mheas go bhfuil faisnéis stairiúil má tá sí roinnt uaireanta níos sine ná meánfhad na dtimthriallta praghsála nó meánfhaid na gconarthaí sa tionscal, i gcás ina léiríonn an dara ceann díobh minicíocht na (hath)chaibidlíochta praghsais. Os a choinne sin, d'fhéadfadh éifeachtaí sriantacha a

²⁵³ Mar shampla, i gcás olagaplacht dhocht.

²⁵⁴ Féadfaidh comhlachais trádála sonraí stairiúla a bhailiú chun ionchur a sholáthar in athbhreithnithe ar bheartas poiblí nó chun anailís a dhéanamh ar thorthaí athbhreithnithe den sórt sin.

²⁵⁵ Mar shampla, i gcásanna san am a chuaigh thart mheas an Coimisiún gur sonraí stairiúla a bhí i gceist le malartú sonraí *gnóthas-shonracha* a bhí níos mó ná 1 bhliain d'aois agus nár chuir srianta ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1), cé go meastar go bhfuil faisnéis atá níos lú ná 1 bhliain d'aois mar fhaisnéis le déanaí; Cinneadh ón gCoimisiún i gCás IV/31.370, *UK Agricultural Tractor Registration Exchange*, aithris 50; Cinneadh ó gCoimisiún IV/36.069, *Wirtschaftsvereinigung Stahl*, IO L 1, 3.1.1998, lch. 10, aithris 17.

²⁵⁶ Ina breithiúnas an 12 Iúil 2019, *Sony agus Sony Electronics v An Coimisiún*, T-762/15, EU:T:2019:515, mír 127, mheas an Chúirt Ghinearálta, in imthosca an cháis, go raibh eolas ar thorthaí ceant roimhe sin an-ábhartha d'iomaitheoirí, chun críocha faireacháin agus ag féachaint do chonarthaí amach anseo.

bheith ag malartú faisnéise reatha ar an iomaíocht, go háirithe má mhéadaíonn an malartú go saorga trédhearcacht d'iomaitheoirí seachas do thomhaltóirí.

Mar shampla, má bhíonn gnóthais ag brath go hiondúil ar shonraí faoi thosaíochtaí tomhaltóirí (ceannacháin nó roghanna eile) le bliain anuas chun cinntí straitéiseacha gnó a bharrfheabhsú dá mbrandaí, beidh faisnéis a chumhdaíonn an tréimhse seo níos íogaire ó thaobh na tráchtála de de ghnáth ná sonraí níos sine. Sa chás sin, ní mheastar go bhfuil an fhaisnéis a bhaineann leis an mbliain seo caite 'stairiúil'.

I gcomhthéacs margaidh chobhsaí neamhchasta ina bhfuil bacainní móra ar iontráil, d'fhéadfadh claonpháirteachas a bheith mar thoradh ar mhalartú faisnéise le déanaí idir dlúth-iomaitheoirí. Mar shampla, trí fhaisnéis mhionsonraithe a mhalartú faoi dhíolacháin le déanaí, d'fhéadfadh sé go laghdófaí éiginnteacht faoi iompraíocht iomaitheoirí sa mhargadh amach anseo agus go ligfeadh sé do na páirtithe a n-iompraíocht féin sa mhargadh a oiriúnú dá réir.

6.2.4. Saintréithe an mhalartaithe faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de

395. Tá feidhm ag Airteagal 101(1) maidir le malartuithe ina malartaíonn iomaitheoirí go déthaobhach nó go hiltáobhach faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de. Áirítear leis na malartuithe sin socruithe comhroinnte sonraí, trína rannchuidíonn beirt iomaitheoirí nó níos mó sonraí le bunachar sonraí coiteann agus trína bhfaigheann siad rochtain ar chuid de na sonraí nó ar na sonraí go léir arna rannchuidiú ag iomaitheoirí eile. I gcás ina nglacann beirt iomaitheoirí nó níos mó páirt i malartú, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé riachtanach an malartú a shainiú go beacht mar chomhaontú idir gnóthais, mar chinneadh ó chomhlachas gnóthas nó mar chleachtas comhbheartaithe²⁵⁷. Ina theannta sin, i gcúinsí áirithe féadfaidh nochtadh aontaobhach nó malartú indíreach faisnéise a bheith ina chleachtas comhbheartaithe a thagann faoi raon feidhme Airteagal 101(1) freisin.

6.2.4.1. Nochtadh aontaobhach

396. D'fhéadfadh cás ina nochtadh gnóthas amháin faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de d'iomaitheoir a d'iarr an fhaisnéis sin nó ar a laghad a ghlacann léi, a bheith ina chleachtas comhbheartaithe i gcás ina ngníomhaíonn an t-iomaitheoir sin ar nochtadh den sórt sin agus ar choinníoll go bhfuil nasc cúise agus éifeacht idir an nochtadh agus iompar an iomaitheora ina dhiaidh sin ar an margadh²⁵⁸. I gcás ina nochtann gnóthas amháin faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de dá iomaitheoirí, laghdaítear an éiginnteacht straitéiseach maidir le hoibriú an mhargaidh do na hiomaitheoirí sin amach anseo agus méadaíonn sé an dóchúlacht go gcuirfear srian ar an iomaíocht agus ar iompraíocht chlaonpháirteach mura rud é go ndealaíonn iomaitheoirí iad féin go poiblí ón nochtadh²⁵⁹. Is féidir le nochtadh aontaobhach tarlú, mar shampla, trí theachtaireachtaí (comhrá), ríomhphoist, glaonna gutháin, ionchur in uirlis algartamach chomhroinnte, cruinnithe, etc. Ní bhaineann sé le hábhar cé acu

²⁵⁷ Féach breithiúnas an 23 Samhain 2006, *Asnef-Equifax*, C-238/05, EU:C:2006:734, míreanna 31-32.

²⁵⁸ Féach breithiúnas an 15 Márta 2000, *Cimenteries CBR v An Coimisiún*, T-25/95 agus Eile, EU:T:2000:77, mír 1849 agus breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, mír 51.

²⁵⁹ Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott an 19 Feabhra 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, Cás C-8/08, EU:C:2009:110, mír 54. Maidir le dealú: féach Breithiúnas an 20 Eanáir 2016, *Toshiba Corporation v An Coimisiún*, C-373/14 P, míreanna 62-63. Féach tuilleadh, mír 410.

a nochtfaidh ach gnóthas amháin go haontaobhach faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó a nochtfaidh na gnóthais rannpháirteacha go léir faisnéis den sórt sin.

397. I gcás ina bhfaigheann gnóthas faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de ó iomaitheoir le linn cruinnithe nó teagmhála eile, toimhdeofar go gcuirfidh an gnóthas sin an fhaisnéis sin san áireamh agus go n-oiriúnóidh sé a iompar margaidh dá réir, mura rud é go ndealaíonn sé é féin (mar shampla, trí fhreagra a thabhairt le ráiteas soiléir nach mian leis faisnéis den sórt sin a fháil²⁶⁰) nó go dtuairiscíonn sé í do na húdaráis riaracháin.

Mar shampla, is dócha go mbeidh rannpháirtíocht i gcruinniú²⁶¹ i gcás ina nochtfaidh gnóthas amháin a phleananna praghsála dá iomaitheoirí – gan na hiomaitheoirí sin iad féin a dhealú go poiblí – faoi réir Airteagal 101(1), fiú mura bhfuil comhaontú sainráite ann chun praghsanna a ardú²⁶². Ar an gcaoi chéanna, is dócha freisin go mbeidh tabhairt isteach riail phraghsála in uirlis algartamach chomhroinnte (mar shampla, riail chun an praghas is ísle ar ardán nó siopa ar líne áirithe +5 % a mheaitseáil, nó chun praghas iomaitheora ar leith a mheaitseáil - 5 %) faoi réir Airteagal 101(1), fiú in éagmais comhaontaithe sainráite chun praghsáil amach anseo a ailíniú.

Ar an taobh eile, má sheolann gnóthas amháin teachtaireacht ríomhphoist chuig seoltaí ríomhphoist pearsanta fostaithe ag gnóthais eile, ní thugann sé sin le fios ann féin gur cheart go mbeadh na faighteoirí ar an eolas faoi ábhar na teachtaireachta sin²⁶³. Féadfaidh sé, i bhfianaise comharthaí oibiachtúla agus comhsheasmhacha eile, údar a thabhairt leis an toimhde go raibh na faighteoirí ar an eolas faoin ábhar agus gur chuir siad an fhaisnéis san áireamh, ach ní mór go mbeadh an deis ag na faighteoirí sin fós an toimhde sin a fhrisnéis²⁶⁴.

398. Ós rud é go nochtfaidh gnóthas faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de trí fhógra poiblí (mar shampla, trí phost ar shuíomh gréasáin atá inrochtana don phobal, trí ráiteas ag ócáid phoiblí nó i nuachtán) ní fhágann sé ann féin an fhéidearthacht go bhféadfadh an fógra a bheith ina chleachtas comhbheartaithe de réir bhrí Airteagal 101(1). Go deimhin, d'fhéadfadh nochtadh poiblí a bheith mar chuid de bhealach cumarsáide idir iomaitheoirí i gcásanna áirithe chun rúin amach anseo iad féin a iompar ar an margadh ar bhealach sonrach a chur in iúl, nó chun pointe fócasach a sholáthar do chomhordú idir iomaitheoirí agus dá bhrí sin teacht faoi cheann Airteagal 101(1). Thairis sin, ós rud é gur fhoilsigh na páirtithe sa mhalartú an cineál céanna faisnéise roimhe seo (mar shampla, trí nuachtán nó ar a suímh

²⁶⁰ Féach breithiúnas an 21 Eanáir 2016, *Eturas agus Eile*, C-74/14, EU:C:2016:42, mír 48, breithiúnas an 8 Iúil 1999, *Hüls v An Coimisiún*, C-199/92 P, EU:C:1999:358, mír 162; breithiúnas an 8 Iúil 1999, *An Coimisiún v Anic Partecipazioni*, C-49/92 P, EU:C:1999:356, mír 121.

²⁶¹ Féach breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, mír 59.

²⁶² Féach breithiúnas an 12 Iúil 2001, *Tate & Lyle agus Eile v An Coimisiún*, T-202/98, T-204/98 agus T-207/98, EU:T:2001:185, mír 54.

²⁶³ Breithiúnas an 21 Eanáir 2016, *Eturas agus Eile*, C-74/14, EU:C:2016:42, míreanna 39-40.

²⁶⁴ Ina breithiúnas an 21 Eanáir 2016, *Eturas agus Eile*, C-74/14, EU:C:2016:42, mír 41, luaigh an Chúirt Bhreithiúnais samplaí de mhodhanna chun an toimhde seo a fhrisnéis: trína chruthú nach bhfuair an seolaí an teachtaireacht, nó nár fhéach siad ar an roinn atá i gceist, nó nár fhéach siad ar an teachtaireacht go dtí go raibh tamall caite ó seoladh í.

ghréasáin phoiblí) ní thugann sé le tuiscint nach gcuirfeadh malartú neamhphoiblí ina dhiaidh sin srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1)²⁶⁵.

Sampla tipiciúil de nochtadh aontaobhach san fhearann poiblí is ea an fhógraíocht a dhéanann oibreoirí stáisiún peitрил ar a bpraghsanna miondíola reatha (nó fógraíocht ar phraghsanna grósaeireachta ag miondíoltóirí, mar shampla). In éagmais comhaontaithe frithiomaíocha nó cleachtais chomhbheartaithe, téann fógraíocht den sórt sin chun sochair do thomhaltóirí, toisc go gcuideann sé leo stáisiúin pheitрил a chur i gcomparáid sula líonann siad a ngluaistéáin (nó comparáid a dhéanamh idir miondíoltóirí grósaeireachta sula gcinneann siad cá háit a théann siad ag siopadóireacht), fiú má cheadaíonn an fhógraíocht freisin stáisiúin pheitрил iomaíocha iad féin a chur ar an eolas faoi na praghsanna a mhuirearaíonn a n-iomaitheoirí in aice láimhe.

D'fhéadfadh fógraí a bheith i gceist le foirmeacha eile nochtá aontaobhaigh san fhearann poiblí a d'fhéadfadh a bheith mar chomhartha ar chleachtais chomhbheartaithe fhrithiomaíocha.

Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh a fhios ag an bpobal in earnáil ar leith go bhfuil costas soláthairtí ag méadú. Ag cruinnithe poiblí, amhail cruinnithe an chomhlachais trádála ábhartha, féadfaidh rannpháirtithe an feiniméan seo a lua. Cé go bhféadfadh iomaitheoirí tagairt a dhéanamh do chostas méadaitheach soláthairtí – toisc gur eolas poiblí iad – níor cheart dóibh meastóireacht a dhéanamh ar a bhfreagairt aonair ar na costais mhéadaitheacha seo go poiblí, toisc go laghdaítear éiginnteacht maidir lena n-iompar ar an margadh má dhéantar amhlaidh²⁶⁶. Bíonn an réasúnaíocht chéanna i gceist nuair a dhéanann ionadaithe cuideachtaí trácht ar imeachtaí margaidh trí fhógraí poiblí aontaobhacha agus nuair a nochtann siad a gcuid straitéisí maidir le conas ba cheart freagairt do choinníollacha athraitheacha an mhargaidh. Ní mór do ghnóthais an beartas a bheartaíonn siad a ghlacadh ar an margadh inmheánach a chinneadh go neamhspleách. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh gach iomaitheoir cinneadh a dhéanamh go neamhspleách cén freagra a bheidh aige ar chostas méadaitheach soláthairtí.

399. Déantar idirdhealú freisin idir, ar thaobh amháin, iomaitheoirí a fhaigheann faisnéis go neamhspleách nó a phléann praghsáil amach anseo le custaiméirí nó tríú páirtithe agus, ar an taobh eile, iomaitheoirí a phléann tosca socraithe praghsanna le hiomaitheoirí eile sula socraíonn siad a gcuid praghsanna féin²⁶⁷.
400. Mar a mhínítear i mír 425, trí fhaisnéis áirithe a chur san fhearann poiblí is féidir cuidiú le custaiméirí roghanna ceannaigh eolasacha a dhéanamh. Is lú an seans go mbeidh na héifeachtúlachtaí seo i gceist má bhaineann an fhaisnéis le rúin amach anseo, áfach. D'fhéadfadh sé gur lú an seans go gcruthóidh faisnéis phoiblí éifeachtúlachtaí má bhaineann sí le paraiméadair nach dtiocfadh chun cinn agus mura ndéanann sí an gnóthas i leith a chustaiméirí²⁶⁸.

²⁶⁵ Féach freisin mír 389.

²⁶⁶ Féach, mar shampla, breithiúnas an 14 Márta 2013, *Dole Food Company agus Dole Germany v An Coimisiún*, T-588/08, EU:T:2013:130, míreanna 291-295.

²⁶⁷ Breithiúnas an 24 Meán Fómhair 2019, *HSBC Holdings agus Eile v An Coimisiún*, T-105/17, EU:T:2019:675, mír 144.

²⁶⁸ Féach, mar shampla, Cinneadh ón gCoimisiún an 7 Iúil 2016, Cás AT.39850 *Loingseoireacht Coimeádán*, aithrisí 40-43.

Mar shampla, ní dhéanfaidh fógra poiblí aontaobhach a thagraíonn do rúin a bhaineann le praghsáil amach anseo (seachas cinneadh iarbhír praghsanna a athrú ó dháta áirithe ar aghaidh go luath amach anseo a chur in iúl) ceangal a chur ar an ngnóthas tríd an bhfógra a dhéanamh i leith a chustaiméirí, ach féadfaidh sé straitéis bheartaithe gnóthais ar an margadh a thabhairt le fios. Beidh sé seo amhlaidh go háirithe má tá an fhaisnéis sách sonrach. Dá bhrí sin, de ghnáth ní chruthaíonn fógraí den sórt sin sochair do thomhaltóirí agus d'fhéadfaidís claonpháirteachas a éascú.

D'fhéadfadh fógraí poiblí aontaobhacha a bheith ina dtásc ar chomhaontú bunúsach frithiomaíoch nó ar chleachtas comhbheartaithe. Mar shampla, ar mhargadh nach bhfuil ann ach dornán iomaitheoirí agus a bhfuil bacainní móra ar iontráil iontu, féadfaidh gnóthais a fhoilsíonn go leanúnach faisnéis nach dtugann aon tairbhe dealraitheach do thomhaltóirí (mar shampla, faisnéis faoi chostais T&F, costais a bhaineann le hoiriúnú do cheanglais chomhshaoil, etc.) a bheith ag gabháil d'iomaíocht a shrianadh de réir bhrí Airteagal 101(1). Féadfar na fógraí poiblí aontaobhacha a úsáid chun a socrúithe claonpháirteacha a chur chun feidhme nó chun faireachán a dhéanamh orthu. Braithfidh cé acu a aimsítear srian den sórt sin ar fhíorais uile an cháis ar leith nó nach n-aimsítear.

6.2.4.2. Malartú faisnéise indíreach

401. Is féidir malartuithe faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a dhéanamh idir iomaitheoirí trí bhíthin tríú páirtí, amhail soláthraí seirbhíse tríú páirtí (lena n-áirítear oibreoir ardáin nó soláthraí uirlisí optamaithe), comhghníomhaireacht (mar shampla eagraíocht trádála), soláthróir nó custaiméir²⁶⁹, nó algartam comhroinnte (dá ngairtear an 'tríú páirtí' le chéile). Mar is amhlaidh le malartuithe díreacha faisnéise, féadfaidh malartú indíreach éiginnteacht faoi ghníomhaíochtaí iomaitheoirí a laghdú agus toradh claonpháirteach ar an margadh a bheith mar thoradh air. Déantar an claonpháirteachas i gcásanna den sórt sin a éascú nó a fhorfheidhmiú tríd an tríú páirtí. Ag brath ar fhíorais an cháis, féadfar na hiomaitheoirí rannpháirteacha agus an tríú páirtí go léir a chur faoi dhliteanas as an gclaonpháirteachas sin. Níl an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1) dírithe ar pháirtithe comhaontuithe nó cleachtais chomhbheartaithe amháin atá gníomhach ar na margaí a ndéanann na comhaontuithe nó na cleachtais sin difear dóibh²⁷⁰.
402. I gcás ina malartaítear faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de go hindíreach, ceanglaítear anailís cás ar chás ar ról gach rannpháirtí chun a bhunú an ionann an malartú agus comhaontú frithiomaíoch nó cleachtas comhbheartaithe agus cé atá freagrach as an gclaonpháirteachas. Beidh ar an measúnú sin, go háirithe, a chur san

²⁶⁹ Ní chuireann dlí na hiomaíochta cosc ar chustaiméirí tairiscint praghsála soláthraí amháin a nochtadh go neamhspleách do sholáthraí eile d'fhonn coinníollacha tráchtála níos fearr a fháil, amhail praghas níos ísle. Ní mór cásanna den sórt sin a dhifreáil ó chásanna ina bhfuil eolas ag custaiméir ar shocrú frithiomaíoch idir soláthróirí agus ina malartaíonn sé faisnéis chun socrú den sórt sin a chur chun feidhme.

²⁷⁰ Breithiúnas an 10 Samhain 2017, *ICAP agus Eile v An Coimisiún*, T-180/15, EU:T:2017:795, mír 103; breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2015, *AC-Treuhand v An Coimisiún*, C-194/14 P, EU:C:2015:717, míreanna 27, 34-35. Féach freisin, breithiúnas an 30 Márta 2022, *Air Canada v An Coimisiún*, T-326/17, EU:T:2022:177, míreanna 370-371 inar bhunaigh an Chúirt Ghinearálta nach bhfuil dliteanas tríú páirtithe den sórt sin ag brath ar cé acu a bhí ról idirghabhálaí agus modhnóra a íoctar acu sa socrú nó nach raibh. Féach freisin mír 454.

áireamh leibhéal feasachta na soláthróirí nó na bhfaighteoirí faisnéise maidir leis na malartuithe idir faighteoirí eile nó soláthróirí faisnéise agus an tríú páirtí.

Is féidir roinnt cásanna a idirdhealú:

Tugtar comhaontuithe ‘mol agus spóca’ ar mhalartuithe faisnéise indíreacha áirithe. Mar shampla, is féidir monaróir coiteann nó soláthróir gníomhú mar mhol chun faisnéis a scaipeadh chuig dáileoirí nó miondíoltóirí iolracha, nó is féidir dáileoir nó miondíoltóir gníomhú mar mhol chun faisnéis a scaipeadh chuig monaróirí nó soláthróirí iolracha. Is féidir le hardán ar líne gníomhú freisin mar mhol i gcás ina ndéanann sé malartuithe faisnéise idir úsáideoirí gnó an ardáin a éascú, a chomhordú nó a fhorfheidhmiú, mar shampla, chun corrlaigh nó leibhéal praghsanna áirithe a fháil. Is féidir ardáin a úsáid freisin chun bearta teicniúla a fhorchur lena gcuirtear cosc ar úsáideoirí ardáin praghsanna níos ísle nó buntáistí eile a thairiscint do chustaiméirí deiridh.

Is féidir faisnéis a mhalartú go hindíreach trí algartam optamaithe comhroinnte a ghlacann cinntrí tráchtála bunaithe ar fhothaí sonraí ó iomaitheoirí atá íogair ó thaobh na tráchtála de. Cé go bhfuil sé dleathach sonraí atá ar fáil go poiblí a úsáid chun bogearraí algartamacha a fhothú, d’fhéadfadh sé gurbh ionann faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chomhiomlánú ina huirlis praghsála a chuireann cuideachta TF aonair ar fáil agus a bhfuil rochtain ag iomaitheoirí éagsúla uirthi agus claonpháirteachas cothrománach.

403. Iomaitheoirí a bhíonn ag malartú faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de go hindíreach (trí thríú páirtí) is féidir go bhfuil siad rannpháirteach i sárú ar Airteagal 101. Is amhlaidh a bheidh an cás nuair a aontaíonn an gnóthas, a roinneann an fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de go sainráite nó go hintuigthe leis an tríú páirtí gur féidir leis an tríú páirtí an fhaisnéis sin a roinnt le hiomaitheoirí an ghnóthais nó nuair a bhí sé beartaithe aige, tríd an tríú páirtí, faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtadh dá iomaitheoirí. Féadfaidh sé sin a bheith amhlaidh freisin dá bhféadfadh an gnóthas a roinneann an fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a thuar go réasúnta go roinnfeadh an tríú páirtí an fhaisnéis lena iomaitheoirí agus dá mbeadh sé sásta glacadh leis an riosca lena mbaineann²⁷¹. Bheadh an t-iomaitheoir a fuair an fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de rannpháirteach sa sárú chomh maith céanna, agus bheadh faoi dhliteanas ina leith, dá mbeadh sé ar an eolas faoi na cuspóirí frithiomaíocha atá á saothrú ag an ngnóthas atá ag roinnt na faisnéise agus ag an tríú páirtí, agus a raibh sé beartaithe aige rannchuidiú leis na cuspóirí sin trína iompar féin. Ar an taobh eile, ní bheidh an gnóthas a roinneann an fhaisnéis rannpháirteach i sárú i gcás ina bhfaigheann an tríú páirtí faisnéis gnóthais atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus, gan an gnóthas sin a chur ar an eolas, an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig iomaitheoirí an ghnóthais sin, nó i gcás nach féidir leis an gnóthas sin a thuar go réasúnta go gcuirfí an fhaisnéis ar aghaidh²⁷².
404. Ar an gcaoi chéanna, féadfar tríú páirtí a tharchuireann faisnéis maidir le gnóthais atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chur faoi dhliteanas i leith sáraithe freisin má tá sé

²⁷¹ Breithiúnas an 21 Iúil 2016, *VM Remonts agus Eile*, C-542/14, EU:C:2016:578, mír 31.

²⁷² Breithiúnas an 21 Iúil 2016, *VM Remonts agus Eile*, C-542/14, EU:C:2016:578, mír 30. Féach freisin mír 406 a mhíníonn go measfar gur chuir faighteoir faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de an fhaisnéis san áireamh mura bhfanann sé glan uaidh trí shoiléiriú nach mian leis faisnéis den sórt sin a fháil nó tríd an malartú a thuairisciú chuig na húdaráis riaracháin.

beartaithe aige rannchuidiú leis na comhchuspóirí atá á saothrú ag na rannpháirtithe sa mhalartú trína iompar féin agus má bhí sé ar an eolas faoin iompar iarbhír a bheartaigh nó a chuir gnóthais eile i bhfeidhm chun na cuspóirí frithiomaíocha céanna a bhaint amach nó má d'fhéadfadh sé go réasúnta iompar den sórt sin a thuar agus go raibh sé sásta an riosca a ghlacadh²⁷³.

6.2.4.3. Minicíocht an mhalartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de

405. Nuair a mhalartaítear faisnéis go minic lena n-éascaítear comhthuisceant níos fearr ar an margadh agus faireachán ar imeacht uaidh, méadaítear an riosca go mbeidh toradh claonpháirteach ann. I margaí éagobhsaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le malartú faisnéise níos minice chun toradh claonpháirteach a éascú seachas i margaí cobhsaí. I margaí a bhfuil conarthaí fadtéarmacha acu (ar conarthaí iad a léiríonn caibidlíocht maidir le díolachán agus ceannach nach minic) is leor, de ghnáth, faisnéis a mhalartú chomh minic céanna chun toradh claonpháirteach a bhaint amach. Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé nach leor malartuithe annamha chun toradh claonpháirteach a bhaint amach i margaí ina bhfuil conarthaí gearrthéarmacha a léiríonn athchaibidlíocht go minic²⁷⁴. Go ginearálta, braitheann a mhinice is gá faisnéis a mhalartú chun toradh claonpháirteach a éascú ar chineál, ar aois agus ar mhéid comhiomlánaithe na faisnéise sin²⁷⁵. Mar thoradh ar an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le sonraí fíor-ama maidir le cinnteoireacht ghnó, is é malartú faisnéise fíor-ama a bhaineann an buntáiste iomaíoch is airde amach. Is iad na himthosca agus an margadh atá i gceist a chinnfidh cad is malartú faisnéise minic nó ainmhinic ann²⁷⁶.

6.2.4.4. Beartha chun an riosca sáraithe ar dhlí na hiomaíochta a laghdú

406. Déantar gnóthais ar mian leo (nó ar gá dóibh) faisnéis a mhalartú atá íogair ó thaobh na tráchtála de a spreagadh bearta a chur chun feidhme chun rochtain ar an bhfaisnéis a shrianadh nó chun rialú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear aisti²⁷⁷. Ba cheart do ghnóthais machnamh a dhéanamh freisin ar an malartú a theorannú don mhéid is gá chun na críche beartaithe.

407. Is féidir le gnóthais, mar shampla, 'foirne glana' nó iontaobhaithe a úsáid chun faisnéis a fháil agus a phróiseáil. Go ginearálta, tagraíonn foireann ghlan do ghrúpa srianta daoine laistigh den ghnóthas nach bhfuil baint acu le hoibríochtaí tráchtála an ghnóthais agus atá faoi cheangal ag prótacail rúndachta dhiana maidir le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de²⁷⁸. Is tríú páirtí neamhspleách é iontaobhaí a sholáthraíonn seirbhísí don ghnóthas. Is féidir foireann ghlan nó iontaobhaí a úsáid,

²⁷³ Breithiúnas an 10 Samhain 2017, *ICAP agus Eile v An Coimisiún*, T-180/15, EU:T:2017:795, mír 100.

²⁷⁴ Mar shampla, d'fhéadfadh conarthaí ainmhinice an fhéidearthacht frithbheartaíochta a laghdú.

²⁷⁵ Ag brath ar struchtúr an mhargaidh agus ar chomhthéacs foriomlán an mhalartaithe, ní féidir a eisiáimh go bhféadfadh malartú aonraithe a bheith ina bhonn leordhóthanach do na gnóthais chun comhbheart a dhéanamh i ndáil lena n-iompraíocht sa mhargadh; féach breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, mír 59.

²⁷⁶ Mar shampla, i roinnt margaí amhail margaí ar líne nó ag miondíol peitрил, déantar cinntí praghsála roinnt uaireanta in aghaidh an lae. I margaí eile, ní dhéanann gnóthais athbhreithniú ar a bpraghsanna ach cúpla uair in aghaidh na bliana. D'fhéadfadh sé nach measfar gur minic é malartú faisnéise ráithiúil sa chéad cheann ach go measfar mar sin é sa dara ceann. I margaí airgeadais áirithe, tarlaíonn trádáil leis an oiread sin ardmhinicíochta go bhféadfar faisnéis a fhoilsítear le minicíocht laethúil a mheas mar ainmhinic.

²⁷⁷ D'fhéadfadh go mbeadh gá leis na bearta sin cheana féin chun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh, i gcás ina mbíonn sonraí pearsanta sa mhalartú.

²⁷⁸ Féach, Cinneadh ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2018 i gCás M.7993, *Altice/PT an Phortaingéil*, i mír 53.

chun críche foirmeacha eile comhaontuithe cothrománacha comhair á chur chun feidhme, chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis a sholáthraítear chun críocha comhair den sórt sin a mhalartú go heisiach ar bhonn riachtanas eolais agus ar bhealach comhiomlánaithe.

408. I bprionsabal, níor cheart rochtain a bheith ag rannpháirtithe i socrú comhalartach comhroinnte sonraí amhail comhthiomsú sonraí ach ar a gcuid faisnéise féin, agus ar fhaisnéis chríochnaitheach, chomhiomlán rannpháirtithe eile. Is féidir le bearta teicniúla agus praiticiúla a áirithiú nach féidir le rannpháirtí faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a fháil ó rannpháirtithe eile ina n-aonar. Is féidir bainistíocht comhthiomsaithe sonraí a shannadh d'iontaobhaí neamhspleách atá faoi réir dianrialacha rúndachta maidir leis an bhfaisnéis a fhaightear ó rannpháirtithe sa chomhthiomsú sonraí. Ba cheart do ghnóthais a bhainistíonn comhthiomsú sonraí a áirithiú freisin nach mbaileofar ach an fhaisnéis is gá chun cuspóir dlisteanach an chomhthiomsaithe sonraí a chur chun feidhme.
409. Is féidir le gnóthais bearta eile a dhéanamh chun an riosca a laghdú go ndéanfar faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalartú le linn idirghníomhaíochtaí le hiomaitheoirí (ionchasacha). Roimh theagmhálaithe atá beartaithe, ba cheart do ghnóthais athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar an gclár oibre agus ar chuspóir an chruinnithe nó glao a dhéanamh chun a áirithiú go ndéantar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a shainaithint roimh ré agus go nglacfar bearta iomchuí chun iad a sheachaint. Féadfaidh gnóthais a chinneadh freisin freastal ar an gcruinniú (na cruinnithe) nó ar an nglao (na glaonna) in éineacht le dlíodóir speisialaithe i ndlí na hiomaíochta. Le linn teagmhálaithe, ba cheart do rannpháirtithe cloí leis an gclár oibre agus, má ndéantar faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtadh nó a mhalartú, ba cheart dóibh agóidí a dhéanamh, a áirithiú go ndéantar a gcuid agóidí a thaifeadh i miontuairiscí an chruinnithe nó an ghlaog agus iad féin a dhealú go poiblí má tharlaíonn an malartú faisnéise d'ainneoin a gcuid agóidí. (féach mír 410). Ag áirithiú go ndéantar miontuairiscí beachta a tháirgeadh agus a scaipeadh go luath i ndiaidh gach teagmhálaithe féadfaidh gnóthais a shainaithint go tapa cé acu a rinneadh faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalartú go neamhaireach agus agóidí a dhéanamh láithreach i leith na miontuairiscí.
410. Le linn teagmhálaithe, féadfaidh gnóthas é féin a dhealú go poiblí ó aon mhalartú frithiomaíoch maidir le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de trí chur in iúl go soiléir do na rannpháirtithe eile sa mhalartú go bhfuil sé ina aghaidh. Chun a shuí an ndearna gnóthas é féin a dhealú i ndáiríre, is é an rud atá tábhachtach ná an tuiscint atá ag na rannpháirtithe eile sa mhalartú maidir le rúin an ghnóthais atá ag déanamh an dealaithe. Mar shampla, is féidir le gnóthas ar mian leis é féin a dhealú a rá láithreach agus go sainráite nach féidir leis páirt a ghlacadh i bpléití maidir leis an ábhar i gceist agus a iarraidh go n-athrófar an t-ábhar láithreach. Má dhéantar neamhaird ar an agóid agus ar an iarratas, ba cheart don ghnóthas an cruinniú nó an glao a fhágáil ar bhealach ina mbeidh an chúis atá leis a imeacht soiléir do gach atá i láthair. Ba cheart do ghnóthas a áirithiú go ndéantar a n-agóidí agus a n-imeacht a thaifeadh in aon mhiontuairiscí comhroinnte an chruinnithe nó, mura bhfuil miontuairiscí den sórt sin ann, taifead a dhéanamh maidir leis a n-imeacht ina gcuid nótaí féin ar an teagmháil.
411. Is féidir le gnóthais bearta a ghlacadh freisin chun teorainn a chur leis na rioscaí a bhaineann le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtadh go poiblí (féach mír 398). Sula nochtfar faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de, ní mór do

ghnóthas a fhíorú an bhfónann an fhaisnéis don chuspóir dlisteanach atá beartaithe agus an gá leibhéal mionsonraí an nochtta don chuspóir sin. Déantar nochtadh poiblí na faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de maidir le hiompar beartaithe ar phraghsanna agus ar chainníochtaí neamhchinnteacht straitéiseach sa mhargadh a laghdú agus d'fhéadfadh sé go mbeidh toradh claonpháirteach mar thoradh air. Ní bhíonn faisnéis chomhiomlánaithe agus stairiúil chomh straitéiseach go ginearálta. Ba cheart go mbeadh aon fhaisnéis straitéiseach fógartha teoranta don ghnóthas é féin gan é a shíneadh chuig an earnáil nó an tionscal. Go háirithe, ba cheart go seachnódh gnóthais fógraí poiblí maidir le céimeanna straitéiseacha a bhraitheann ar ghníomhaíochtaí a n-iomaitheoirí (ionchasacha). Ag brath ar an gcomhthéacs, gnóthais atá ag tabhairt aghaidh ar fhógraí poiblí ag iomaitheoirí a nochtann faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de, d'fhéadfaidís an riosca go ndéanfaí sárúithe ar dhlí na hiomaíochta a laghdú trí iad féin a dhealú go poiblí uathu nó trí na fógraí a thuairisciú do na húdaráis phoiblí.

Mar shampla, tá trí ghnóthas A B agus C in iomaíocht ar mhargadh miondíola áirithe, agus bíonn orthu dul i ngleic le costais mhéadaitheacha. Níor cheart do gnóthas A ráitis phoiblí a dhéanamh ag tabhairt le fios go leanfar leis an earnáil a bheith brabúsach a fhad agus a chuireann B agus C freisin na costais mhéadaitheacha sin ar aghaidh chuig tomhaltóirí. Ná níor cheart dó fógairt go bhfuil sé inmhiannaithe go gcuirfeadh B agus C na costais sin ar aghaidh. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart do A fógairt go poiblí nach mbeidh sé in ann a sheachaint na costais mhéadaitheacha seo a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí mar tá sé beartaithe ag B agus C an rud céanna a dhéanamh.

6.2.5. *Saintréithe an mhargaidh*

412. Is ar na saintréithe margaidh a bhraitheann an dóchúlacht go mbeidh malartú faisnéise ann mar thoradh ar chlaonpháirteachas nó foriamh. Is féidir go ndéanfaidh an malartú faisnéise féin difear do na saintréithe margaidh sin. Áirítear ar shaintréithe ábhartha an mhargaidh ina leith seo, i measc nithe eile, an leibhéal trédhearcachta i margadh, líon na ngnóthas atá gníomhach sa mhargadh (comhdhlúthacht an mhargaidh), bacainní ar iontráil atá ann, cé acu atá nó nach bhfuil an táirge nó an tseirbhís a bhaineann leis an malartú aonchineálach, cé acu atá nó nach bhfuil na gnóthais lena mbaineann cosúil lena chéile (castacht an mhargaidh), chomh maith le cobhsaíocht dálaí éilimh agus soláthair ar an margadh²⁷⁹.

Ní liosta uileghabhálach é an liosta saintréithe ábhartha margaidh seo a leanas, mar go bhféadfadh saintréithe margaidh eile a bheith ábhartha freisin chun measúnú a dhéanamh ar mhalartuithe faisnéise áirithe.

Trédhearcacht: Dá thrédhearcaí is atá an margadh is ea is lú an neamhchinnteacht ar ar féidir iomaíocht a bheith ann, rud a chruthaíonn, dá réir sin, fadhbanna do mhalartuithe breise²⁸⁰.

Comhdhlúthacht an mhargaidh: Is fusa teacht ar chomhthuiscint maidir le téarmaí an chomhordaithe agus faireachán a dhéanamh ar dhialltaí i margáí nach bhfuil ach líon beag iomaitheoirí i láthair ann. I gcás ina mbíonn margadh an-chomhchruinnithe, d'fhéadfadh malartú faisnéise áirithe, ag brath ar an gcineál

²⁷⁹ Níl an liosta saintréithe seo uileghabhálach; d'fhéadfadh saintréithe margaidh eile a bheith ábhartha freisin chun measúnú a dhéanamh ar mhalartuithe faisnéise áirithe.

²⁸⁰ Féach freisin mír 389.

faisnéise a mhalartaítear go háirithe, a chur ar chumas gnóthas a bheith ar an eolas faoi staid an mhargaidh agus faoi straitéis tráchtála a n-iomaitheoirí aonair, rud a shaobhann iomaíocht ar an margadh agus a mhéadaíonn an dóchúlacht claonpháirteachais, nó fiú é a éascú. Ar an taobh eile, má tá margadh ilroinnte, d'fhéadfadh malartú faisnéise idir iomaitheoirí a bheith neodrach, nó fiú dearfach, maidir le cineál iomaíoch an mhargaidh²⁸¹.

Bacainní ar iontráil: Toisc bacainní ar iontráil a bheith ann tá sé níos deacra do dhaoine taobh amuigh dochar a dhéanamh don toradh claonpháirteach trí theacht isteach sa mhargadh agus iad siúd atá ann cheana agus atá i mbun claonpháirteachais a shladghearradh ar an margadh. Toisc bacainní ar iontráil a bheith ann, is dóichí go mbeadh toradh claonpháirteach ar an margadh indéanta agus inbhuanaithe.

Castacht an mhargaidh: Nuair a bhíonn costais, custaiméirí éilimh, sciaranna den mhargadh, raon táirgí, acmhainneachtaí etc. comhchosúla ag gnóthais, is dóchúla go dtiocfaidís ar chomhthuisceint maidir le téarmaí an chomhordaithe toisc go bhfuil na dreasachtaí atá acu níos ailínithe. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca toradh claonpháirteach a bhaint amach ar phraghas le haghaidh táirge aonchineálaigh ná mar a bheadh sé ar go leor praghsanna i margadh ina bhfuil roinnt mhaith táirgí difreáilte, cé go bhféadfadh forbairtí teicniúla amhail úsáid uirlisí rianaithe praghsanna, claonpháirteachas a éascú i leith táirgí difreáilte.

Cobhsaíocht an mhargaidh: Is mó seans go mbeidh torthaí claonpháirteacha ann freisin i gcás ina bhfuil dálaí an éilimh agus an tsoláthair ar an margadh réasúnta cobhsaí. D'fhéadfadh éileamh luaineach, fás substaintiúil inmheánach ag gnóthais áirithe sa mhargadh, nó gnóthais nua a theacht isteach go minic, a léiriú nach bhfuil an margadh cobhsaí a dhóthain chun comhordú a bheith dóchúil²⁸², nó go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar ag malartuithe níos minice ar an iomaíocht.

6.2.6. Iomaíocht a shrianadh de réir cuspóra

413. Mar a leagtar amach i Roinn 1.2.4, le roinnt comhaontuithe nochtar iontu féin agus ag féachaint d'ábhar a bhforálacha, a gcuspóirí agus an comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid díobh iad, méid díobhála shuntasach don iomaíocht chun gur féidir a mheas nach gá measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtaí. Go háirithe, measfar malartú faisnéise a bheith ina shrian ar an iomaíocht de réir cuspóra i gcás ina mbeidh an fhaisnéis íogair ó thaobh na tráchtála de agus ina bhféadfadh an malartú deireadh a chur le héiginnteacht idir rannpháirtithe a mhéid a bhaineann le huainiú, méid agus mionsonraí na modhnuithe a bheidh le glacadh ag na gnóthais lena mbaineann ina n-iompar ar an margadh²⁸³. Agus measúnú á dhéanamh aige ar cibé an srian leis an iomaíocht de réir cuspóra é malartú, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar ábhar agus ar chuspóirí an mhalartaithe faisnéise agus ar an gcomhthéacs

²⁸¹ Féach Breithiúnas an 23 Samhain 2006, *Asnef-Equifax*, C-238/05, EU:C:2006:734, mír 58 agus an cásdlí a luaitear ann.

²⁸² Féach Cinneadh ón gCoimisiún i gCásanna IV/31.370 agus 31.446, *UK Agricultural Tractor Registration Exchange*, IO L 68, 13.3.1992, lch. 19, aithris 51 agus breithiúnas an 27 Deireadh Fómhair 1994, *Deere v an Coimisiún*, T-35/92, EU:T:1994:259, mír 78.

²⁸³ Breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe v an Coimisiún*, C-286/13 P, AE:C:2015:184, mír 122; breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, mír 41; breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *HSBC Holdings agus Eile v An Coimisiún*, C-883/19 P, EU:C:2023:11, míreanna 115-116; breithiúnas an 8 Iúil 2020, *Infineon Technologies v an Coimisiún*, T-758/14 RENV, EU:T:2020:307, mír 100.

dlíthiúil agus eacnamaíoch ina ndéantar é²⁸⁴. Agus measúnú á dhéanamh ar an gcomhthéacs, is gá cineál na n-earraí nó na seirbhísí a ndéantar difear dóibh a chur san áireamh, mar aon leis na fíordhálaí a bhaineann le feidhmiú agus struchtúr an mhargaidh nó na margaí i gceist²⁸⁵.

414. Agus faisnéis a mhalartú a bhaineann le hiompraíocht ghnóthais sa todhchaí maidir le praghsanna nó cainníochtaí²⁸⁶ is fíordhócha go mbeidh toradh claonpháirteach mar thoradh air. Ag brath ar na cuspóirí atá an malartú ag iarraidh a bhaint amach, agus an comhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch de, is féidir go mbeidh srianta ar an iomaíocht de réir cuspóra i gceist le malartuithe cineálacha eile faisnéise. Dá bhrí sin, caithfear measúnú a dhéanamh ar mhalartuithe faisnéise ar bhonn cás ar chás.

Maidir le malartuithe ar measadh i gcásanna aonair mar a shonraítear le srianta de réir cuspóra - i bhfianaise ábhair na faisnéise a roinneadh, na cuspóirí atá á saothrú agus an comhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch - áirítear na nithe seo a leanas:

- (a) Rúin praghsála atá ann faoi láthair agus praghsála gnóthais sa todhchaí a mhalartú le hiomaitheoirí²⁸⁷;
- (b) Na hacmhainneachtaí táirgeachta atá ag gnóthas faoi láthair agus a bheidh aige amach anseo a mhalartú le hiomaitheoirí²⁸⁸;
- (c) Straitéis tráchtála bheartaithe gnóthais atá ann faoi láthair²⁸⁹ nó straitéis tráchtála bheartaithe gnóthais sa todhchaí²⁹⁰ a mhalartú le hiomaitheoirí;
- (d) Réamhaisnéisí de chuid gnóthais a bhaineann le héileamh atá ann faoi láthair agus éileamh a bheidh ann amach anseo a mhalartú le hiomaitheoirí²⁹¹;
- (e) Réamhaisnéisí de chuid gnóthais a bhaineann le sonraí díolacháin sa todhchaí a mhalartú le hiomaitheoirí²⁹²;

²⁸⁴ Féach, mar shampla, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2009, *GlaxoSmithKline*, C-501/06 P, C-513/06 P, C-515/06 P agus C-519/06 P, EU:C:2009:610, mír 58; breithiúnas an 20 Samhain 2008, *BIDS*, C-209/07, EU:C:2008:643, mír 15 agus tuilleadh.

²⁸⁵ Breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2018, *Philips agus Philips France v An Coimisiún*, C-98/17 P, EU:C:2018:774, mír 35.

²⁸⁶ D'fhéadfadh, mar shampla, díolta sa todhchaí atá beartaithe, sciарtha den mhargadh, agus díolta do chríocha ar leith nó díolta do ghrúpaí custaiméirí ar leith a bheith san áireamh i bhfaisnéis maidir le cainníochtaí sa todhchaí atá beartaithe.

²⁸⁷ Féach, mar shampla, breithiúnas an 8 Iúil 2020, *Infineon Technologies v An Coimisiún*, T-758/14 RENV, EU:T:2020:307, mír 96; breithiúnas an 15 Nollaig 2016, *Philips agus Philips France v An Coimisiún*, T-762/14, EU:T:2016:738, míreanna 134-136. Ní gá baint dhíreach a bheith ag an bhfaisnéis le praghsanna. D'fhéadfadh srian de réir cuspóra a bheith i malartuithe maidir le faisnéis ar gné chinntitheach den phraghas atá le híoc ag an úsáideoir deiridh í. Féach, breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus Eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, mír 37.

²⁸⁸ Breithiúnas an 8 Iúil 2020, *Infineon Technologies v an Coimisiún*, T-758/14 RENV, EU:T:2020:307, míreanna 85 agus 96; breithiúnas an 15 Nollaig 2016, *Philips agus Philips France v An Coimisiún*, T-762/14, EU:T:2016:738, mír 104.

²⁸⁹ Breithiúnas an 8 Iúil 2020, *Infineon Technologies v an Coimisiún*, T-758/14 RENV, EU:T:2020:307, mír 70.

²⁹⁰ Breithiúnas an 8 Iúil 2020, *Infineon Technologies v an Coimisiún*, T-758/14 RENV, EU:T:2020:307, mír 98.

²⁹¹ Breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2015, *Samsung SDI agus Eile v An Coimisiún*, T-84/13, EU:T:2015:611, mír 51.

²⁹² Breithiúnas an 8 Iúil 2020, *Infineon Technologies v an Coimisiún*, T-758/14 RENV, EU:T:2020:307, mír 96.

- (f) Malartú le hiomaitheoirí saintréithe táirgí a bheidh ábhartha do thomhaltóirí amach anseo²⁹³;

Sna cásanna uile seo, measadh gur féidir leis an bhfaisnéis a malartaíodh éiginnteacht a bhaint idir na rannpháirtithe maidir le huainiú, méid agus mionsonraí na modhnuithe a bheidh le glacadh ag na gnóthais lena mbaineann ina n-iompar ar an margadh.

415. Léirítear leis na samplaí a thugtar i mír 414, nach bhfuil aon nasc díreach ag teastáil idir an fhaisnéis a mhalartaítear agus praghsanna tomhaltóirí chun an malartú le bheith ina shrianadh de réir cuspóra²⁹⁴. Thairis sin, d'fhonn a shuí an bhfuil srian iomaíochta de réir cuspóra, is é an critéar cinntitheach cineál na dteagmhálacha, seachas a minicíocht²⁹⁵.

Mar shampla: Tá inní ar ghrúpa iomaitheoirí go bhféadfadh a gcuid táirgí a bheith faoi réir ceanglas comhshaoil a éiríonn níos déine agus níos déine. I gcomhthéacs comhiarrachtaí brústocaireachta, tagann siad le chéile go rialta agus déanann siad tuairimí a mhalartú. D'fhonn teacht ar chomhsheasamh maidir le tograí reachtacha a bheidh ann amach anseo, malartaíonn siad faisnéis áirithe a bhaineann le saintréithe comhshaoil a dtáirgí reatha. Fad is a bheidh an fhaisnéis sin stairiúil agus nach féidir leis na gnóthais a bheith ar an eolas faoi straitéisí margaidh atá beartaithe ag a n-iomaitheoirí, ní hionann an malartú agus srian de réir bhrí Airteagal 101(1).

Má thosaíonn na gnóthais, áfach, ag malartú faisnéise maidir lena bhforbairt táirgí atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, nó má nochtann siad conas a d'fhreagródh siad ar iompar a chéile, tá baol ann go mbeadh tionchar ag malartuithe den sórt sin ar iompraíocht na n-iomaitheoirí sa mhargadh. Mar shampla, d'fhéadfadh na hiomaitheoirí, mar thoradh ar mhalartú den sórt sin, teacht ar chomhthuiscint gan táirgí atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil a chur ar an margadh ná mar a cheanglaítear faoin dlí. Déanann comhordú den sórt sin difear d'iompar na bpáirtithe sa mhargadh agus cuireann sé srian ar an iomaíocht maidir le saintréithe an táirge agus rogha tomhaltóirí. Dá bhrí sin, measfar é a bheith ina shrian ar an iomaíocht de réir cuspóra.

416. Ag brath ar an gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch agus ar na cuspóirí atá gnóthas ag iarraidh a bhaint amach, féadfar a mheas freisin gur srian de réir cuspóra é nochtadh poiblí ina dtugtar le fios rúin amach anseo an ghnóthais maidir le príomhpharaiméadair iomaíochta, praghsanna nó cainníochtaí mar shampla. Ar an gcaoi chéanna, maidir le nochtadh poiblí nach dtairbhíonn custaiméirí ar bhealach soiléir ach a thugann le fios d'iomaitheoirí cén chaoi ar cheart dóibh gníomhú, nó na hiarmhairtí a bhaineann le gníomhú nó d'fhailí gníomhú ar bhealach áirithe, nó cén

²⁹³ Cinneadh ón gCoimisiún an 8 Iúil 2021 i gCás AT.40178 *Astaíochtaí Gluaisteáin*, aithrisí 84, 107 agus 124-126.

²⁹⁴ Féach breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *HSBC Holdings agus Eile v an Coimisiún*, C-883/19 P, EU:C:2023:11, míreanna 120-121, lena soiléirítear go bhfuil Airteagal 101 ceaptha ní hamháin leasanna láithreacha iomaitheoirí nó tomhaltóirí aonair a chosaint ach freisin chun struchtúr an mhargaidh a chosaint agus, dá bhrí sin, iomaíocht ann féin a chosaint.

²⁹⁵ Breithiúnas an 7 Samhain 2019, *Campine agus Campine Recycling v An Coimisiún*, T-240/17, EU:T:2019:778, mír 308.

chaoi a bhfreagróidh an gnóthas d'iompar iomaitheoirí, measfar gur srian de réir cuspóra é.

417. Féadfar a mheas gur cairtéal é malartú faisnéise más comhaontú nó cleachtas comhbheartaithe idir dhá iomaitheoir a bhfuil sé d'aidhm aige a n-íompraíocht iomaíoch a chomhordú nó tionchar a imirt ar na paraiméadair ábhartha iomaíochta sa mhargadh idir beirt iomaitheoirí nó níos mó. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás ina mbaineann an malartú le praghsanna ceannaigh nó díola nó coinníollacha trádála eile a shocrú nó a chomhordú, lena n-áirítear i ndáil le cearta maoinne intleachtúla, leithdháileadh cuótaí táirgeachta nó díolachán, margáí agus custaiméirí a roinnt, lena n-áirítear camastaíl tairiscintí, srianta ar allmhairí nó ar onnmhairí nó caingne frithiomaíochta in aghaidh iomaitheoirí eile. Ní hamháin go gcuirtear srian ar an iomaíocht de réir cuspóra ag malartuithe faisnéise ar cairtéil iad de réir bhrí Airteagal 101(1), ach, ina theannta sin, ní dócha go gcomhlíonfaidh siad coinníollacha Airteagal 101(3). Féadfar, le malartú faisnéise, cur chun feidhme cairtéil a éascú freisin trína chur ar chumas gnóthas faireachán a dhéanamh ar cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann rannpháirtithe na téarmaí comhaontaithe. Déanfar measúnú ar na cineálacha malartuithe faisnéise sin mar chuid den chairtéal.
418. Go ginearálta, ní hionann socruithe comhroinnte sonraí lena gcuireann iomaitheoirí éagsúla agus srian ar an iomaíocht de réir cuspóra má bhunaítear go bhfuil fíoréifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta acu lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i mír 419.

Mar shampla, ní dócha go measfar gur srian de réir cuspóra é comhthiomsú sonraí ina ndéantar sonraí atá íogair (go páirteach) ó thaobh na tráchtála de a mhalartú a théann i ngleic le neamhshiméadracht faisnéise i margadh neamhdhlúthach agus a mbeidh sochair do thomhaltóirí mar thoradh air má áirithíonn na rannpháirtithe gur riachtanach agus comhréireach aon sonraí íogaire a mhalartaíonn siad tríd an gcomhthiomsú chun an aidhm i bhfabhar na hiomaíochta a bhaint amach. Is féidir le rannpháirtithe, mar shampla, brath a mhéid is féidir ar shonraí comhiomlána agus stairiúla; minicíocht an mhalartaithe a laghdú, agus bearta a chur chun feidhme chun rochtain ar an bhfaisnéis mhalartaithe a shrianadh agus/nó rialú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear aisti. Ba cheart do rannpháirtithe a áirithiú go gcuirtear an socrú ar bun ar bhealach trédhearcach.

419. Ar deireadh, ba cheart go gcuirfí san áireamh leis an measúnú lena chinneadh más srian de réir cuspóra é aon argóint a chuireann na páirtithe ar aghaidh go bhfuil an malartú i bhfabhar na hiomaíochta. Ina leith sin, ní féidir ach gurb ann d'éifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta den sórt sin bac a chur le saintréithiú an mhalartaithe mar shrian de réir cuspóra. Ní mór d'éifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta den sórt sin a bheith léirithe, ábhartha, bainteach go sonrach le malartú na faisnéise lena mbaineann agus sách suntasach le húdar a thabhairt le hamhras réasúnach maidir le cé acu atá an malartú ina chúis le leibhéal leordhóthanach díobhála don iomaíocht²⁹⁶. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo, beidh gá le measúnú iomlán ar éifeachtaí an mhalartaithe faisnéise chun a chinneadh an srian ar an iomaíocht trí éifeacht atá ann (féach Roinn 6.2.7).

²⁹⁶ Breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *HSBC Holdings agus Eile v an Coimisiún*, C-883/19 P, EU:C:2023:11, míreanna 195-205.

6.2.7. *Iomaíocht a shrianadh de réir éifeachta*

420. Is féidir go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht fós ag malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de nach nochtann ann féin leibhéal leordhóthanach dochair d'iomaíocht i bhfianaise an ábhair, na gcuspóirí agus an chomhthéacs dhlíthiúil agus eacnamaíoch ar cuid de ²⁹⁷.
421. Mar a léirítear i Roinn 1.2.5, ní mór anailís a dhéanamh ar na héifeachtaí seo ar an iomaíocht ar bhonn cás ar chás ós rud é go mbraitheann toradh an mheasúnaithe ar mheascán d'fhachtóirí éagsúla a bhaineann go sonrach leis an gcás. Sa mheasúnú sin, déanfaidh an Coimisiún comparáid idir éifeachtaí iarbhir nó éifeachtaí féideartha an mhalartaithe faisnéise ar an mhargadh agus an staid a bheadh i réim in éagmais an mhalartaithe shonraigh faisnéise sin²⁹⁸. D'fhonn éifeachtaí sriantacha a bheith ag malartú faisnéise ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1), ní mór gur dócha go mbeidh tionchar díobhálach suntasach aige ar oibriú an mhargaidh atá i gceist, trí thionchar a bheith aige ar cheann amháin (nó níos mó) de na paraiméadair iomaíochta sa mhargadh sin, lena n-áirítear, mar shampla, praghas, aschur, cáilíocht táirgí, éagsúlacht táirgí nó nuálaíocht.
422. Chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí sriantacha a d'fhéadfadh a bheith ann, tá an cineál faisnéise a mhalartaítear (féach Roinn 6.2.3), saintréithe an mhalartaithe (féach Roinn 6.2.4) agus saintréithe an mhargaidh (féach Roinn 6.2.5)²⁹⁹ ábhartha.
423. Chun go mbeidh éifeachtaí sriantacha ag malartú faisnéise ar an iomaíocht, ní mór do na gnóthais atá páirteach sa mhalartú sciar leordhóthanach den mhargadh ábhartha a chumhdach³⁰⁰. Murach sin, d'fhéadfadh iomaitheoirí nach nglacann páirt sa mhalartú srian a chur le haon iompraíocht fhrithiomaíoch de chuid na ngnóthas lena mbaineann. Ní féidir an méid atá i gceist le 'sciar sách mór den mhargadh' a shainmhíniú san achomaireacht agus braithfidh sé ar imthosca sonracha gach cáis, ar struchtúr an mhargaidh agus ar an gcineál malairte atá i gceist³⁰¹.
424. Is lú seans go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht ag malartú faisnéise nach gcuireann mórán leis an trédhearcacht i margadh ná mar a bheadh ag malartú faisnéise a chuireann go mór leis an trédhearcacht. Dá bhrí sin, is meascán den leibhéal trédhearcachta atá ann cheana agus den chaoi a n-athróidh an leibhéal malartaithe an leibhéal sin lena gcinnfear cé chomh dóchúil go mbeidh éifeachtaí sriantacha ag an malartú faisnéise ar an iomaíocht. Is mó seans go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht mar thoradh ar mhalartú faisnéise in olagaplachtaí dochta, cé nach dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha den sórt sin i margaí an-ilroinnte mar thoradh ar mhalartuithe.

²⁹⁷ Níl feidhm ag an treoraíocht sa chuid eile den Roinn 6.2.7 seo ach maidir le malartuithe faisnéise nach gcuirtear srian de réir cuspóra leis an iomaíocht leo.

²⁹⁸ Breithiúnas an 28 Bealtaine 1998, *John Deere*, C-7/95 P, EU:C:1998:256, mír 76.

²⁹⁹ Breithiúnas an 23 Samhain 2006, *Asnef-Equifax*, C-238/05, EU:C:2006:734, mír 54.

³⁰⁰ I gcásanna áirithe, ní féidir malartú faisnéise sochair a ghiniúint ach amháin nuair atá sciar leordhóthanach den mhargadh cumhdaithe. D'fhéadfadh an cás a bheith amhlaidh i dtiomsú faisnéise san earnáil seirbhísí airgeadais, i gcás inar féidir úsáid de chláir creidmheasa neamhcheangailteacha agus tiomsuithe comhpháirteacha eolas maidir le rioscaí a fheabhsú agus rátáil rioscaí le haghaidh cuideachtaí aonair a éascú.

³⁰¹ Ina Chinneadh an 30 Meitheamh 2022 i gCás AT.40511, *Insurance Ireland*, Rinne an Coimisiún amach gur chumhdaigh malartú cuid shuntasach den mhargadh ábhartha. Sa chás sin, b'ionann rannpháirtithe an mhalartaithe agus 98 % den mhargadh ábhartha.

6.3. Measúnú faoi Airteagal 101(3)

6.3.1. Gnóthachain éifeachtúlachta³⁰²

425. D'fhéadfadh gnóthachain éifeachtúlachta teacht as malartú faisnéise, ag brath ar an gcineál faisnéise a malartaíodh, saintréithe an mhalartaithe agus struchtúr an mhargaidh. I gcomhthéacs an mheasúnaithe faoi Airteagal 101(3), cuirfear san áireamh aon éifeacht i bhfabhar na hiomaíochta a leanann as malartú faisnéise.

Seo a leanas samplaí d'éifeachtúlachtaí a d'fhéadfaí a chur san áireamh:

Is féidir le gnóthais éirí níos éifeachtúla trína bhfeidhmíocht a thagarmharcáil i gcomparáid leis na dea-chleachtais sa tionscal.

D'fhéadfadh malartú faisnéise cur le margadh athléimneach trína chur ar chumas gnóthas freagairt d'athruithe ar an soláthar agus ar an éileamh níos tapúla agus trí ligean dóibh rioscaí inmheánacha agus seachtracha a bhaineann le suaitheadh nó leochaileachtaí sa slabhra soláthair a mhaolú.

D'fhéadfadh malartú faisnéise dul chun tairbhe do thomhaltóirí agus do ghnóthais araon trína chur ar a gcumas dóibh comparáid a dhéanamh ar an bpraghas nó ar gcáilíocht táirgí, mar shampla trí liostaí sárdhíola nó sonraí comparáide praghsanna a fhoilsiú. D'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, cuidiú le tomhaltóirí agus le gnóthais chun roghanna feasacha a dhéanamh (agus a gcostais chuardaigh a laghdú).

D'fhéadfadh go mbeidh malartú faisnéise i bhfoirm chomhroinnte sonraí fíor-riachtanach le haghaidh forbairt táirgí, seirbhísí agus teicneolaíochtaí nua.

Is féidir go mbeadh comhthiomsú sonraí ar tháirgeoirí a bhíonn ag soláthar táirgí inbhuanaithe nó ar táirgeoirí ag úsáid próisis táirgthe inbhuanaithe mar chuidiú do ghnóthais a n-oibleagáidí inbhuanaitheachta faoi dhlí an Aontais nó náisiúnta a chomhlíonadh.

Is féidir le malartuithe faisnéise maidir le tomhaltóirí idir gnóthais atá ag soláthar seirbhísí árachais do thomhaltóirí eolas maidir le rioscaí a fheabhsú agus rátáil rioscaí ag cuideachtaí aonair a éascú. D'fhéadfadh é sin dul chun tairbhe do thomhaltóirí ina sheal trína chur ar a gcumas dóibh rochtain a fháil ar sheirbhísí árachais nach mbeadh ar fáil dóibh gan próifíl riosca chuimsitheach.

Féadfaidh comhroinnt sonraí idir margaí ríomhthráchtála faoi dhíoltóirí ar líne ag glacadh páirt i gcleachtais neamhdhleathacha amhail díol táirgí góchumtha sainaitheint táirgí góchumtha ag margaí aonair a éascú, agus tomhaltóirí a chosaint ó tháirgí den sórt sin a cheannach.

Is féidir le malartú faisnéise gaibhniú tomhaltóirí a laghdú, rud a chothóidh iomaíocht níos láidre. Is amhlaidh atá toisc go mbaineann faisnéis go ginearálta le caidreamh agus go gcaillfeadh tomhaltóirí an tairbhe a bhainfeadh siad as an bhfaisnéis a cruthaíodh ina gcaidreamh le soláthróir amháin agus iad ag aistriú chuig soláthróir eile.

6.3.2. Fíor-riachtanas

426. Ní chomhlíontar coinníollacha Airteagal 101(3) leis na srianta a théann thar a bhfuil riachtanach chun na gnóthachain éifeachtúlachta a ghintear le malartú faisnéise a

³⁰² Níl an plé ar ghnóthachain éifeachtúlachta a d'fhéadfadh teacht as malartú faisnéise uileghabhálach.

bhaint amach. D’fhonn an coinníoll maidir le fíor-riachtanas a chomhlíonadh, beidh ar na páirtithe a chruthú go bhfuil cineál na faisnéise a malartaíodh agus saintréithe an mhalartaithe ar na modhanna a bhfuil an srian is lú ag baint leo chun na gnóthachain éifeachtúlachta a mhaítear a chruthú. Go háirithe, níor cheart go mbeadh faisnéis i gceist leis an malartú, ar faisnéis í a théann thar na hathróa atá ábhartha chun na gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach .

Mar shampla, chun críche tagarmharcála, ní bheadh malartú sonraí indibhidiúlaithe fíor-riachtanach de ghnáth, toisc go bhféadfadh faisnéis chomhiomlánaithe (mar shampla, trí chineál éigin rangaithe tionscail) na gnóthachain éifeachtúlachta maíte a ghiniúint agus riosca níos ísle a bheith ann go dtiocfadh toradh claonpháirteach as.

6.3.3. Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí

427. Ní mór gnóthachain éifeachtúlachta a bhainfear amach trí shrianta riachtanacha a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí go feadh méid atá níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a bhíonn ann mar thoradh ar mhalartú faisnéise. Dá ísle cumhacht mhargaidh na ngnóthas atá páirteach sa mhalartú faisnéise, is ea is dóchúla go gcuirfí na gnóthachain éifeachtúlachta ar aghaidh chuig tomhaltóirí go feadh méid a bheidh níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht.

6.3.4. Gan deireadh a chur leis an iomaíocht

428. Ní féidir coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh más féidir leis na gnóthais atá páirteach sa mhalartú faisnéise deireadh a chur leis an iomaíocht i gcás cuid shubstaintiúil de na táirgí lena mbaineann.

6.4. Samplaí, céimeanna féinmheasúnúcháin agus tábla ina dtugtar treoraíocht maidir le dlíteanas i gcásanna éagsúla

429. Tagarmharcáil

Sampla 1

Cás: Is minic a mhalartaíonn trí ghnóthas a bhfuil sciar margaidh 80 % acu i margadh atá cobhsaí, neamhchasta³⁰³, agus dlúth, a bhfuil bacainní móra ar iontráil ann, faisnéis neamhphoiblí eatarthu féin go díreach faoi chuid shubstaintiúil dá gcostais athraitheacha aonair. Maíonn na gnóthais go ndéanann siad é sin chun a bhfeidhmíocht a thagarmharcáil in aghaidh a n-iomaitheoirí chun a bheith níos éifeachtúla.

Anailís: Is féidir go mbeidh faisnéis ar chostais íogair ó thaobh na tráchtála de agus trí na páirtithe malartaithe d’fhéadfaí éiginnteacht a bhaint nó a laghdú maidir le huainiú, méid agus mionsonraí na modhnuithe a bheidh le glacadh ina n-iompar ar an margadh. Ag brath ar mheasúnú ar a ábhar, a chuspóirí agus an comhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch, d’fhéadfadh an malartú seo bheith ina shárú ag an ábhar. A mhéid a bhaineann le maíomh na bpáirtithe go bhfuil cuspóir i bhfabhar na hiomaíochta ag an malartú faisnéise, ní mór d’éifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta den sórt sin a bheith léirithe, ábhartha, bainteach go sonrach le malartú na faisnéise lena mbaineann agus sách suntasach le húdar a thabhairt le hamhras réasúnach maidir le cé acu atá an malartú ina chúis le leibhéal leordhóthanach díobhála don iomaíocht nó nach bhfuil.

³⁰³

Féach mír 412.

Mura nochtar ann féin leis an malartú faisnéise leibhéal leordhóthanach dochair don iomaíocht toisc nach mbaineann sé éiginnteacht maidir le hiompar na rannpháirtithe aonair ar an margadh, beidh gá ann measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí ar an margadh. I ngeall ar struchtúr an mhargaidh, an sciar mór margaidh atá ag na rannpháirtithe sa mhalartú faisnéise, an fíoras go mbaineann an fhaisnéis a mhalartaítear le cuid mhór de chostais athraitheacha na ngnóthas, agus go háirithe, má dhéantar na sonraí a mhalartú i bhfoirm aonair, is dócha go n-éascóidh an malartú faisnéise toradh claonpháirteach. Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha ag an gcomhaontú ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). Ní dócha go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 101(3) mar go bhfuil modhanna ann nach bhfuil chomh sriantach sin chun na gnóthachain éifeachtúlachta a mhaítear a bhaint amach, mar shampla trí bhíthin tríú páirtí a úsáid chun na sonraí a bhailiú, a chur i ndíth ainm agus a chomhiomlánú i gcineál éigin de rangú tionscail. Ar deireadh, sa chás seo, ós rud é go ndéanann na páirtithe olagaplacht an-daingean, neamhchasta agus chobhsaí, d'fhéadfadh fiú malartú sonraí comhiomlánaithe toradh claonpháirteach sa mhargadh a éascú.

430. Socrú comhroinnte sonraí chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais soláthair

Sampla 2

Cás: Tá roinnt táirgeoirí táirgí riachtanacha leighis gníomhach ar mhargadh a mbíonn ganntanas soláthair ag baint leis go minic. D'fhonn an soláthar a fheabhsú agus an táirgeadh a mhéadú ar an mbealach is éifeachtaí agus is caoithiúla, beartaíonn an comhlachas tionscail sonraí éilimh agus soláthair a bhailiú agus a shamhaltú le haghaidh na n-ábhar fíor-riachtanach lena mbaineann. Ina theannta sin, bhaileodh an comhlachas sonraí chun acmhainn táirgthe, stoic reatha agus an acmhainneacht chun an slabhra soláthair a bharrfheabhsú a shainaithe. Chomhroinneadh an comhlachas torthaí a bhailithe agus a shamhaltaithe sonraí lena chomhaltaí trí bhealaí neamhphoiblí.

Anailís: Tá cuspóir i bhfabhar na h-iomaíochta ag an socrú comhroinnte sonraí agus, ag brath ar mheasúnú ar an gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch, i bprionsabal ní hionann é agus srian ar an iomaíocht de réir cuspóra. Dá bhrí sin, is gá measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí ar an margadh. Ós rud é go bhfuil na sonraí a bailíodh íogair ó thaobh na tráchtála de, is féidir go mbeadh d'éifeacht ag an malartú iomaíocht idir na táirgeoirí rannpháirteacha a shrianadh. Ina theannta sin, féadfar táirgeoirí nach comhaltaí den comhlachas tionscail iad a chur faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht i gcomparáid leis na gnóthais a ghlacann páirt sa chóras malairte. Chun an riosca claonpháirteachais a sheachaint, d'fhéadfaí roinnt beart a dhéanamh. Mar shampla, d'fhéadfadh gnólacht comhairleachta a cheapadh chun cuidiú leis an gcomhlachas na sonraí a bhailiú agus iad a chomhiomlánú i múnla, faoi réir comhaontuithe neamhnocta arna dtabhairt i gcrích le gach táirgeoir. D'fhéadfaí sonraí comhiomlánaithe a chur ar ais do na táirgeoirí d'fhonn a n-úsáid, a dtáirgeadh agus a soláthar acmhainne aonair a athchothromú agus a oiriúnú.

Dá mbeadh malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de idir na táirgeoirí fíor-riachtanach (de bhreis ar an bhfaisnéis a bhaileodh agus a roinneadh an comhlachas tionscail agus an chomhairleacht i bhfoirm comhiomlánaithe), (mar shampla, chun a shainaithe go comhpháirteach cá háit is fearr an táirgeacht a athrú nó acmhainn a mhéadú), bheadh gá le malartuithe breise den sórt sin a theorannú go docht don mhéid atá fíor-riachtanach chun na haidhmeanna a bhaint amach go héifeachtach. Ba ghá aon fhaisnéis agus aon mhalartú a bhaineann leis an tionscadal a dhoiciméadú go

maith chun trédhearcacht na n-idirghníomhaíochtaí a áirithiú. Bheadh ar na rannpháirtithe gealltanais a thabhairt aon phlé ar phraghsanna nó aon chomhordú ar pharaiméadair eile nach bhfuil fíor-riachtanach chun na haidhmeanna i bhfabhar na hiomaíochta atá luaite a bhaint amach a sheachaint. Ba cheart an tionscadal a bheith teoranta ó thaobh ama freisin ionas go gcuirfear deireadh láithreach leis na malartuithe a luaite a thiocfaidh deireadh leis an riosca go mbeidh ganntanais soláthair ina bhgairt atá práinneach go leor chun bonn cirt a thabhairt don chomhar. Is é an sainchomhairleoir amháin a gheobhadh na sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus a mbeadh sé de chúram air iad a chomhiomlánú. D'fhéadfaí ábhair inní maidir le foriamh a laghdú dá gcuirfí an socrú comhroinnte sonraí ar fáil do gach monaróir a tháirgeann an táirge ábhartha, is cuma an ball den chomhlachas tionscail ábhartha é nó nach ea.

431. Fógraí poiblí a úsáid

Sampla 3

Cás: Is minic a fhógraíonn ceithre sholáthróir a bhfuil sciar 70 % den mhargadh acu le chéile praghsanna todhchaí go poiblí trína bpostáil ar a suíomh gréasáin agus preasráitis ghaolmhara a eisiúint. De ghnáth bíonn eatramh roinnt míonna idir dáta an fhógra praghais agus an dáta ar a bhfuil na praghsanna fógartha ar fáil do chustaiméirí orduithe a chur isteach. De ghnáth bíonn eatramh de roinnt míonna idir dáta an fhógra praghais agus an dáta ar a bhfuil na praghsanna fógartha ar fáil do chustaiméirí chun orduithe a chur. Is minic a dhéanann na soláthróirí athbhreithniú ar na praghsanna fógartha le linn an eatraimh sin. Go tráthrialta tugann feidhmeannaigh na soláthróirí barúlacha poiblí maidir le fógraí praghsanna a n-iomaitheoirí ag míniú conas ar cheart do na hiomaitheoirí athbhreithniú a dhéanamh ar a bpraghsanna. Maíonn na soláthróirí go ndéanann siad seo chun infheisteoirí a chur ar an eolas maidir le feidhmíocht a gcuideachta amach anseo.

Anailís: Is fíordhócha go mbeidh toradh claonpháirteach mar thoradh ar fhaisnéis a bhaineann le hiompar gnóthais amach anseo maidir le praghsanna nó cainníochtaí. Tá an fhaisnéis a fógraíodh go poiblí íogair ó thaobh na tráchtála de agus, i dteannta le barúlacha na bhfeidhmeannach, is féidir leis an malartú éiginnteacht idir na rannpháirtithe a bhaint maidir le rúin phraghsála amach anseo. Ní dócha go dtairbheoidh custaiméirí de chumarsáid phoiblí den sórt sin, mar shampla trína chur ar a gcumas dóibh cinntí eolasacha ceannaigh a dhéanamh, mar gur minic a athraítear a praghsanna fógartha roimh an dáta ar a dtiocfaidh siad i bhfeidhm. Ní dhealraítear dá bhrí sin, gur iarracht dlisteanach chun custaiméirí a chur ar an eolas iad na fógraí praghais. Thairis sin, féadfaidh barúlacha poiblí na bhfeidhmeannach maidir le praghsanna soláthróirí iomaitheoirí ligean do na soláthróirí rannpháirteacha comhthuiscint a fhorbairt ar scéim luaíochta-pionóis atá mar shaintréith de chomhaontuithe claonpháirteacha. Ag brath ar eilimintí eile an chomhthéacs dhlíthiúil agus eacnamaíoch, dealraítear gur féidir leis an malartú éiginnteacht a bhaint idir na rannpháirtithe maidir le huainiú, méid agus mionsonraí na modhnuithe a bheidh le glacadh ag na gnóthais lena mbaineann ina n-iompar ar an margadh. Is dócha, dá bhrí sin, go measfar gur srian de réir cuspóra é an malartú.

432. Fógraí poiblí aontaobhacha

Sampla 4

Cás: Tagraíonn POF de tháirgeoir mór táirge aonchineálaigh go poiblí i nglao tuillimh thráthrialta don ghá atá ann freagairt do mhéaduithe praghais amhábhair le

déanaí agus aghaidh a thabhairt ar na corrlaigh bhrabúis ró-íseal atá ann faoi láthair trí mhéadú praghais ar fud an tionscail. Luann sí go dtiocfadh sí le haon mhéadú praghais a d'fhógródh iomaitheoirí sa mhargadh. Léiríonn sí freisin an díongbháilteacht atá aici go bhfuil “féinsmacht go leor” ag an tionscal anois bheith ar an eolas chun “na corrlaigh a cheartú arís”. I ndeireadh na dála, a deir sí, d'éirigh leis an tionscal méaduithe praghsanna a chur chun feidhme 10 mbliana ó shin, nuair a bhí sé i staid chomhchosúil.

Anailís: Is féidir ráitis an POF sa ghlaio tuillimh a léamh mar chuireadh aontaobhach chun dul i mbun claonpháirteachais. Leis an bhfíoras go dtarlaíonn an fógra go poiblí ní eisiatar ann féin gur féidir leis a bheith ina chleachtas comhbheartaithe de réir bhrí Airteagal 101(1). Is féidir go gcuirfidh na ráitis pointe fócasach ionchasach le haghaidh comhordú idir iomaitheoirí. Má dhéanann, mar shampla, iomaitheoirí eile ráitis chomhaimseartha nó má fheidhmíonn siad sa mhargadh ar bhealach a léiríonn gur chuir siad an cuireadh chun dul i mbun claonpháirteachais san áireamh agus a bplean gníomhaíochta féin ar an margadh amach anseo á chinneadh, agus, ag brath ar an gcomhthéacs dlí agus eacnamaíoch, is féidir go mbeidh an t-iompar ina shrian iomaíochta de réir cuspóra de réir bhrí Airteagal 101(1). Féadfaidh iomaitheoirí eile an riosca sin a theorannú trí iad féin a dhealú go poiblí ó na fógraí nó trí na fógraí a thuairisciú do na húdaráis phoiblí.

433. Comhroinnt sonraí chun dul i ngleic le góchumadh

Sampla 5


Cás: Saináithnítear úinéir branda ar roinnt cuntais ardáin na meán sóisialta a bhfuil ainm acu comhchosúil le ceann dá bhranda. Nuair a sheiceálann úinéir an bhranda na cuntais faoi seach, suíonn sí go bhfuil táirgí góchumtha á ndíol faoina branda ar ardáin na meán sóisialta agus trí nasc atreoraithe chuig suíomh gréasáin ghóchumtha. Téann ionadaithe dlíthiúla an úinéara branda i dteagmháil le ceann de na hardáin mheán sóisialta chun (i) an cuntas a dhíothú agus bac a chur ar an úsáideoir cuntais nua a chruthú sa todhchaí, agus (ii) faisnéis a sholáthar don ardán chun an góchumadóir a shainaithint agus é d'aidhm acu caingeán dlí a thionscnamh, amhail ainm, seoladh, seoladh IP, ríomhphost, etc. Iarrann úinéir an bhranda ansin ar na hardáin meán sóisialta an fhaisnéis sin a chomhroinnt le hidirghabhálaithe agus ardáin eile chun go seachnófaí siopadóireacht ardáin a bhfuil sé de chuspóir aici earraí a táirgeadh go neamhdhleathach a sháraíonn cearta maoinne intleachtúla a chur chun cinn nó a dhíol.

Anailís: Tá an malartú faisnéise idir ardáin na meán sóisialta beartaithe chun cosc a chur le díol táirgí góchumtha agus, i bhfianaise an chuspóra seo, ní hionann é agus srian ar an iomaíocht de réir cuspóra. Thairis sin, maidir le hábhar an mhalartaithe, ní dócha gurb ionann an fhaisnéis a malartaíodh agus faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de. Bheadh gá ann aon mhalartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de bheith teoranta don mhéid atá riachtanach go hoibiachtúil chun an góchumadóir a shainaithint go héifeachtach. Chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart na malartuithe a dhoiciméadú.

Ní chuirfear gníomhaithe margaidh eile nach bhfuil tionchar díreach ag gníomhaíocht ghóchumtha orthu faoi mhíbhuntáiste iomaíochta de thoradh an mhalartaithe faisnéise, ó nach ndéanann díolacháin earraí góchumtha a chosc difear dóibh. D'fhonn an baol claonpháirteachais a sheachaint, áfach, d'fhéadfaí roinnt

beart a dhéanamh amhail comhaontuithe um neamhnochtadh a chur i gcrích idir na páirtithe.

Céimeanna féinmheasúnúcháin do ghnóthais atá ag smaoineamh ar fhaisnéis a mhalartú*



**Is céimeanna táscacha iad na céimeanna measúnaithe seo agus níl siad beartaithe a bheith uileghabhálach. Tá gá fós le hanaílís ar bhonn cás ar chás a dhéanamh de bhun Chaibidil 6 lena chinneadh an srian iomaíochta de réir cuspóra nó éifeachta atá sa mhalartú faisnéise d'ainneoin cur chun feidhme na mbeart chun íogaireacht na faisnéise ó thaobh na tráchtála de a laghdú nó chun an bealach a dhéantar an fhaisnéis a úsáid a theorannú agus/nó a rialú.*

435. Dliteanas maidir le malartuithe faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de i socruithe éagsúla³⁰⁴.

Formáid an mhalartaithe	Dliteanas A	Dliteanas B	Dliteanas C
Malartú díreach idir A agus B	Is ea	Is ea	-
Malartú díreach ó A go B	Is ea ³⁰⁵	Má tá B gníomhach ar an margadh go fóill, is féidir leis na húdaráis seasamh ar an toimhde go gcuireann B an fhaisnéis san áireamh mura bhfanann sé glan uaidh go poiblí nó mura dtuairiscíonn sé í do na húdaráis	-
Nochtadh poiblí ag A; faigheann B é	Is ea, más rud é gur cleachtas comhbheartaithe é an nochtadh	Is féidir gur cleachtas comhbheartaithe atá ann más féidir leis na húdaráis a léiriú gur iarr B an fhaisnéis nó gur ghlac sé léi. Is féidir leis na húdaráis seasamh ar an toimhde go gcuireann B an fhaisnéis san áireamh mura bhfanann sé glan uaidh go poiblí nó mura dtuairiscíonn sé an nochtadh do na húdaráis	-
Malartú indíreach ó A trí C go B	Beidh A faoi dhliteanas má thoiligh sé go sainráite nó go hintuigthe le C an fhaisnéis a nochtadh go B, nó go raibh sé ar an eolas maidir leis agus sásta glacadh leis an riosca	Beidh B faoi dhliteanas má iarr sé nó ghlac sé leis an bhfaisnéis agus ghníomhaigh sé uirthi. Is féidir leis na húdaráis seasamh ar an toimhde go gcuireann B an fhaisnéis san áireamh mura bhfanann sé glan uaidh go poiblí nó mura dtuairiscíonn sé an nochtadh do na húdaráis	Beidh B faoi dhliteanas mar éascaitheoir má bhí sé ar an eolas maidir le cuspóirí frithiomaíochas A agus go raibh sé de rún aige cur leis na cuspóirí sin

³⁰⁴ Tugtar leis an tábla seo forbhreathnú ar na fachtóirí ábhartha agus measúnú a dhéanamh ar dhliteanas maidir le malartuithe faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de i gcomhthéacsanna éagsúla. Is tábla tásach é nach bhfuil críochnaitheach.

³⁰⁵ Má dhéanann B é féin a dhealú go poiblí nó má thuairiscíonn sé an malartú do na húdaráis, bheadh dliteanas A ag brath ar cé acu is féidir a bhunú go bhfuil cleachtas comhbheartaithe ann nó nach féidir.

7. COMHAONTUITHE UM CHAIGHDEÁNÚ

7.1. Réamhrá

436. Is é is príomhchuspóir do chomhaontuithe um chaighdeánú ceanglais theicniúla nó cháilíochta a shainiú a bhféadfadh táirgí atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, próisis táirgthe, próisis díchill chuí sa slabhra luacha, seirbhísí nó modhanna a chomhlíonadh³⁰⁶. D'fhéadfadh roinnt nithe a bheith i gceist le comhaontuithe um chaighdeánú, amhail caighdeánú ar ghráid nó ar thoisí éagsúla de tháirge ar leith, nó caighdeánú ar shonraíochtaí teicniúla i margaí táirgí nó seirbhísí ina bhfuil comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht le táirgí nó seirbhísí eile fíor-riachtanach. Is féidir glacadh freisin leis na téarmaí maidir le rochtain ar mharc cáilíochta ar leith nó maidir le formheas ó chomhlacht rialála mar chaighdeán, chomh maith le comhaontuithe lena leagtar amach caighdeáin inbhuanaitheachta. Cé go bhfuil na caighdeáin inbhuanaitheachta cosúil leis na comhaontuithe caighdeánaithe a dtugtar aghaidh orthu sa Chaibidil seo, tá gnéithe áirithe speisialta acu freisin. Dá bhrí sin, tugtar treoraíocht maidir le caighdeáin inbhuanaitheachta i gCaibidil 9.
437. Ní chumhdaítear leis na Treoirlínte seo caighdeáin theicniúla a ullmhú agus a tháirgeadh mar chuid d'fheidhmiú cumhachtaí poiblí³⁰⁷. Tá na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰⁸ faoi réir dhlí na hiomaíochta a mhéid is féidir a mheas gur gnóthas nó comhlachas gnóthas iad de réir bhrí Airteagal 101 agus Airteagal 102³⁰⁹. Ní chumhdaítear leis na Treoirlínte seo caighdeáin a bhaineann le soláthar seirbhísí gairmiúla, amhail rialacha maidir le ligean isteach do ghairm liobrálach.

7.2. Margaí ábhartha

438. Féadfaidh comhaontuithe um chaighdeánú éifeachtaí a imirt ar cheithre mhargadh a d'fhéadfadh a bheith ann, margaí a shaineofar i gcomhréir leis an bhFógra maidir leis an Sainiú Margaidh. Ar an gcéad dul síos, féadfaidh tionchar a bheith ag forbairt caighdeáin ar na margaí le haghaidh earraí nó seirbhísí lena mbaineann an caighdeán. Ar an dara dul síos, i gcás ina mbaineann forbairt an chaighdeáin le teicneolaíocht a fhorbairt nó a roghnú nó ina ndéantar na cearta maoinne intleachtúla a mhargú ar leithligh ó na táirgí lena mbaineann, is féidir leis an gcaighdeán éifeachtaí a bheith aige ar an margadh teicneolaíochta ábhartha³¹⁰. Ar an tríú dul síos, d'fhéadfaí difear a

³⁰⁶ Is féidir caighdeánú a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, idir glacadh caighdeán atá bunaithe ar chomhthoil ag comhlachtaí caighdeán idirnáisiúnta, Eorpacha nó náisiúnta, trí bhíthin sonraíochtaí teicniúla bunaithe ar chomhthoil ama bhforbairt ag cuibhreannais agus fóraim, go comhaontuithe idir gnóthais neamhspleácha.

³⁰⁷ Féach breithiúnas an 26 Márta 2009, *Selex Sistemi Integrati v An Coimisiún*, C-113/07 P, EU:C:2009:191, mír 92.

³⁰⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

³⁰⁹ Féach breithiúnas an 12 Bealtaine 2010, *EMC Development v An Coimisiún*, T-432/05, EU:T:2010:189.

³¹⁰ Féach Caibidil 2 faoi chomhaontuithe T&F chomh maith leis na Treoirlínte maidir le hAirteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le comhaontuithe maidir leis an aistriú teicneolaíochta, (IO C 89, 28.3.2014, lch. 3, míreanna 20 go 26) ('Treoirlínte maidir le hAistriú Teicneolaíochta') a thugann aghaidh ar ghnéithe de shainmhíniú margaidh a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo i réimse an cheadúnaithe cearta teicneolaíochta. Mar shampla de shainmhíniú margaidh bunaithe ar na

dhéanamh do mhargadh na forbartha caighdeán má tá roinnt comhlachtaí forbartha caighdeán nó comhaontuithe éagsúla um chaighdeánú ann. Ar an gceathrú dul síos, i gcás inarb ábhartha, d'fhéadfadh forbairt caighdeán difear a dhéanamh do mhargadh ar leith tástála agus deimhniúcháin.

7.3. Measúnú faoi Airteagal 101(1)

7.3.1. *Príomhábhair inní na hiomaíochta*

439. Go hiondúil bíonn éifeachtaí suntasacha dearfacha eacnamaíocha ag comhaontuithe um chaighdeánú³¹¹, mar shampla déantar dul i bhfód eacnamaíoch ar an margadh inmheánach a chur chun cinn agus spreagtar forbairt táirgí nó margáí nua agus feabhsaithe, mar aon le dálaí feabhsaithe soláthair. Is gnách, dá bhrí sin, go ginearálta go méadaíonn caighdeáin iomaíochas agus go laghdaíonn siad costais aschuir agus díolacháin, rud a théann chun tairbhe do na geilleagair ina n-iomláine. Féadfaidh caighdeáin cáilíocht táirge, sábháilteacht a chothabháil agus a fheabhsú, faisnéis a sholáthar agus idir-inoibritheacht agus comhoiriúnacht a áirithiú (rud a mhéadaíonn an luach do thomhaltóirí).

440. I gcomhthéacs na gcaighdeán a bhaineann le cearta maoine intleachtúla ('CMI')³¹², is féidir idirdhealú a dhéanamh idir trí phríomhghrúpa gnóthas, a bhfuil leasanna difriúla acu sa phróiseas forbartha caighdeán.

- (a) Ar an gcéad dul síos, tá gnóthais réamhtheachtacha amháin ann nach ndéanann ach teicneolaíochtaí a fhorbairt agus a mhargú. Áirítear air sin freisin gnóthais a fhaigheann teicneolaíochtaí chun críche na teicneolaíochtaí sin a cheadúnú. Is é an t-ioncam ceadúnaithe an t-aon fhoinse ioncaim atá acu agus is é an dreasacht atá acu a gcuid ríchíosanna a uasmhéadú.
- (b) Ar an dara dul síos, tá gnóthais iarteachtacha ann nach ndéanann ach táirgí a mhonarú nó seirbhísí a sholáthar atá bunaithe ar theicneolaíochtaí arna bhforbairt ag cinn eile agus nach bhfuil i seilbh CMI ábhartha. Is costas iad ríchíosanna dóibh, agus ní foinse ioncaim iad, agus is éard atá i ndreasacht na ríchíosanna ná na ríchíosanna a laghdú.
- (c) Ar deireadh, tá gnóthais chomhtháite ann a fhorbraíonn teicneolaíocht atá cosanta ag CMI agus a dhéanann táirgí a mhonarú a bhfuil ceadúnas ag teastáil uathu ina leith. Bíonn dreasachtaí measctha ag na gnóthais sin. Ar thaobh amháin, d'fhéadfaidís ioncam ceadúnaithe a shaothrú as a CMI féin. Ar an taobh eile, d'fhéadfaidh sé go mbeadh orthu ríchíosanna a íoc le gnóthais eile a bhfuil CMI acu atá riachtanach don chaighdeán a bhfuil feidhm aige maidir lena dtáirgí féin. Dá bhrí sin, d'fhéadfaidís trascheadúnú a dhéanamh ar CMI fíor-riachtanach dá gcuid féin mar mhalairt ar CMI fíor-riachtanach atá ag gnóthais eile nó a CMInna a úsáid ar bhealach cosantach. Ina theannta sin, féadfaidh gnóthais airgead a shaothrú as a CMInna freisin trí mhodhanna seachas trí ríchíosanna. Úsáideann roinnt mhaith gnóthas meascán de na samhlacha gnó sin sa chleachtas.

Treoirlínte sin, féach an Cinneadh ón gCoimisiún i gCás AT.39985, *Motorola - Forghníomhú paitinní fíor-riachtanacha caighdeánacha GPRS*, aithrisí 184-220.

³¹¹ Féach freisin mír 475.

³¹² Sa chaibidil seo, tagraíonn CMI go háirithe do phaitinn(í) (gan iarratais ar phaitinní neamhfhoilsithe a áireamh). Mar sin féin, i gcás ina dtugann aon chineál eile CMI rialú éifeachtach don sealbhóir CMI ar úsáid an chaighdeáin ba cheart na prionsabail chéanna a chur i bhfeidhm.

441. Ní gá gur iomaitheoirí iad rannpháirtithe sa chaighdeánú. D'fhéadfadh forbairt caighdeán in imthosca sonracha ina bhfuil iomaitheoirí i gceist, tionchar sriantach a imirt ar an iomaíocht, áfach, trí iomaíochas praghsanna a shrianadh agus trí tháirgeadh, margaí, nuálaíocht nó forbairt theicniúil a theorannú nó a rialú. Mar a mhínítear tuilleadh thíos, d'fhéadfadh sé sin tarlú trí thrí phríomhbhealach, is é sin (a) srian a chur ar an iomaíocht praghsanna, (b) teicneolaíochtaí nuálacha a fhoriamh agus (c) gnóthais áirithe a eisiamh nó idirdhealú ina gcoinne trí rochtain éifeachtach ar an gcaighdeán a chosc.
442. Ar an gcéad dul síos, dá rachadh gnóthais i mbun malartuithe faisnéise frithiomaíochta i gcomhthéacs na forbartha caighdeán, d'fhéadfadh sé sin iomaíocht praghsanna a laghdú nó a dhíothú sna margaí lena mbaineann, nó táirgeadh a theorannú nó a rialú, rud a d'éascódh toradh claonpháirteach ar an margadh³¹³.
443. Ar an dara dul síos, féadfar le caighdeán lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe do tháirge nó do sheirbhís teorainn a chur le forbairt theicniúil agus le nuálaíocht. Fad atá caighdeán á fhorbairt, is féidir le teicneolaíochtaí malartacha dul san iomaíocht lena n-áireamh sa chaighdeán. Nuair a bheidh teicneolaíocht amháin roghnaithe le háireamh sa chaighdeán agus an caighdeán socraithe, d'fhéadfadh bac a bheith ar roinnt teicneolaíochtaí agus gnóthas ar dhul isteach agus d'fhéadfaí iad a eisiamh ón margadh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé d'éifeacht ag caighdeán a éilíonn úsáid eisiach teicneolaíochta ar leith bac a chur ar fhorbairt agus scaipeadh teicneolaíochtaí eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh an éifeacht chéanna mar thoradh ar fhorbairt teicneolaíochtaí eile a chosc trí oibleagáid a chur ar chomhaltáí na heagraíochta forbartha caighdeán áirithe a úsáid go heisiach. Méadaítear an riosca maidir le nuálaíocht a theorannú má dhéantar gnóthas amháin nó níos mó a eisiamh gan bonn cirt ón bpróiseas forbartha caighdeán.
444. Ar an tríú dul síos, d'fhéadfadh torthaí frithiomaíochta teacht as caighdeánú trí chosc a chur ar ghnóthais áirithe rochtain éifeachtach a fháil ar thorthaí an phróisis forbartha caighdeán (is é sin le rá, an tsonraíocht agus/nó na cearta maoiné intleachtúla fíor-riachtanacha chun an caighdeán a chur chun feidhme). Má chuirtear cosc iomlán ar ghnóthas rochtain a fháil ar thoradh an chaighdeán, nó nach dtugtar rochtain dó ach ar théarmaí toirmeascacha nó idirdhealaitheach, tá riosca ann go mbeadh éifeacht fhrithiomaíoch ann. D'fhéadfadh córas ina nochtar CMI a d'fhéadfadh a bheith ábhartha roimh ré an dóchúlacht go dtabharfaí rochtain éifeachtach ar an gcaighdeán a mhéadú³¹⁴, ós rud é go gcuireann sé ar chumas na rannpháirtithe na teicneolaíochtaí atá cumhdaithe ag CMI agus nach bhfuil cumhdaithe ag CMI a shainaithe. Tá na cuspóirí céanna³¹⁵ ag dlíthe maoiné intleachtúla agus ag dlíthe iomaíochta maidir le leas tomhaltóirí agus nuálaíocht a chur chun cinn, chomh maith le leithdháileadh éifeachtúil acmhainní. Cuireann CMI iomaíocht dhinimiciúil chun cinn trí spreagadh a thabhairt do ghnóthais infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt táirgí agus próiseas nua nó feabhsaithe. Dá bhrí sin, tá cearta maoiné intleachtúla iomaíoch go ginearálta. De bhua CMI, áfach, d'fhéadfadh rannpháirtí a bhfuil CMI riachtanach aige chun caighdeán a chur chun feidhme, i gcomhthéacs sonracha na forbartha caighdeán, rialú a fháil freisin ar úsáid an chaighdeán. Nuair is bacainn ar dhul isteach é an caighdeán, d'fhéadfadh an gnóthas

³¹³ Ag brath ar na rannpháirtithe sa phróiseas forbartha caighdeán, d'fhéadfadh srianta tarlú ar thaobh an tsoláthróra nó ar thaobh an cheannaitheora den mhargadh don táirge caighdeánaithe.

³¹⁴ Má ghabhann gealltanais FRAND leis freisin. Féach míreanna 451 go 457.

³¹⁵ Féach na Treoirínte maidir le hAistriú Teicneolaíochta, mír 7.

ar an gcaoi sin an margadh táirge nó seirbhíse lena mbaineann an caighdeán a rialú. D'fhéadfadh sé sin ligean do ghnóthais iad féin a iompar ar bhealaí frithiomaíocha, mar shampla trí dhiúltú an CMI is gá a cheadúnú nó trí chíosanna iomarcacha a bhaint amach trí tháillí idirdhealaitheacha nó iomarcacha³¹⁶ ríchiosa, rud a chuirfeadh cosc ar rochtain éifeachtach ar an gcaighdeán ('loiceadóireacht'). D'fhéadfadh a mhalaírt de chás teacht chun cinn freisin má tharraingítear amach caibidlíocht cheadúnúcháin ar chúiseanna atá inchurtha i leith úsáideoir an chaighdeáin amháin. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, diúltú táille ríchiosa a íoc ar théarmaí córa, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha ("FRAND"), nó straitéisí moilleadóireachta ('dobhogadh') a úsáid³¹⁷.

445. Fiú más féidir le bunú caighdeáin cumhacht mhargaidh na sealbhóirí CMI a bhfuil CMIInna acu atá fíor-riachtanach don chaighdeán a chruthú nó a mhéadú, níl aon toimhde ann gurb ionann cearta maoinne intleachtúla atá fíor-riachtanach do chaighdeán a choinneáil nó a fheidhmiú, agus cumhacht mhargaidh a shealbhú nó a fheidhmiú. Ní féidir ceist na cumhachta margaidh a mheasúnú ach amháin ar bhonn cás ar chás³¹⁸.

7.3.2. *Srianta iomaíochta de réir cuspóra*

446. Comhaontuithe a úsáideann caighdeán mar chuid de chomhaontú sriantach níos leithne arb é is aidhm dó iomaitheoirí iarbhír nó iomaitheoirí ionchasacha a eisiamh de réir cuspóra. Mar shampla, comhaontú faoina socraíonn comhlachas náisiúnta monaróirí caighdeán agus faoina gcuirfidh sé brú ar thríú páirtithe gan táirgí nach gcomhlíonann an caighdeán a mhargú nó faoina dtéann táirgeoirí an táirge atá ann cheana i mbun claonpháirteachais chun teicneolaíocht nua a eisiamh ó chaighdeán atá ann cheana³¹⁹, bheadh sé sa chatagóir sin.
447. Beidh comhaontuithe chun an iomaíocht a laghdú trí úsáid a bhaint as nochtadh na dtéarmaí ceadúnaithe is sriantaí sula nglacfar caighdeán mar chlúdach chun praghsanna táirgí iarteachtacha a shocrú go comhpháirteach nó le praghsanna

³¹⁶ Ní féidir táillí arda ríchiosa a cháiliú mar tháillí iomarcacha ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le mí-úsáid ceannasachta mar atá leagtha amach in Airteagal 102 den Chonradh agus i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Féach mar shampla breithiúnas an 14 Feabhra 1978, *United Brands*, Cás 27/76, EU:C:1978:22.

³¹⁷ Cé go mbíonn buarthaí maidir le loiceadóireacht agus dobhogadh araon de chineál aontaobhach go ginearálta, eascraíonn buarthaí maidir le loiceadóireacht go ginearálta as an gcomhaontú caighdeánaithe é féin, cé go mbíonn buarthaí maidir le gabháiltais amach mar ghné dhílis de chineál doláimhsithe na CMIInna. I bhfocail eile, le linn an phróisis um chaighdeánú, comhaontaíonn comhaltáí na forbartha caighdeán ar réiteach teicneolaíochta ar leith as teicneolaíochtaí iomaíocha (féideartha), rud a d'fhéadfadh cumhacht mhargaidh a chruthú ar féidir le sealbhóir bun-CMI caighdeán é a shaothrú chun loiceadóireacht a dhéanamh ar fheidhmeoirí. Os a choinne sin, ní mar gheall ar an gcaighdeánú atá feidhmeoir nach bhfuil toilteanach ceadúnas a ghlacadh dobhogtha ach leanann sé as an bhfíoras nach féidir le sealbhóirí CMI cosc a chur ar úsáid neamhcheadúnaithe ar deireadh ach trí ghníomhaíocht cúirte. Leis na ceanglais arna bhforchur ag an gCúirt Bhreithiúnais in *Huawei v ZTE* ar fheidhmeoirí bun-CMI caighdeán chun bheith faoi réir urghair cúirte náisiúnta a sheachaint, ba cheart, de ghnáth, go soláthrófaí leo cosaint leordhóthanach in aghaidh teaicicí um dobhogadh san Aontas Eorpach; féach breithiúnas an 16 Iúil 2015, *Huawei Technologies Co. Ltd v ZTE Corp. agus ZTE Deutschland GmbH*, C-170/13, EU:C:2015:477, míreanna 65-67.

³¹⁸ Féach an Cinneadh ón gCoimisiún i gCás AT.39985, *Motorola - Forfheidhmiú bunphaitinní caighdeáin GPRS*, aithrisí 221-270.

³¹⁹ Féach mar shampla Cinneadh ón gCoimisiún i gCás IV/35.691, *piobáin réamhinslithe*, aithris 147, ina raibh 'noirm agus caighdeán a úsáid chun cosc nó moill a chur ar thabhairt isteach teicneolaíochta nua a mbeadh laghdú ar phraghsanna mar thoradh uirthi' mar chuid den sárú ar Airteagal 101.

ionadacha CMI nó teicneolaíochta ionadacha, ina srianta ar an iomaíocht de réir cuspóra³²⁰.

7.3.3. Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht

7.3.3.1. Comhaontuithe nach gcuirtear srian ar an iomaíocht leo i gcoitinne

448. Ní mór anailís a dhéanamh ina gcomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch ar chomhaontuithe caighdeánaithe nach gcuireann srian leis an iomaíocht de réir cuspóra, lena n-áirítear trí chineál na n-earraí, na seirbhísí nó na teicneolaíochtaí a ndéantar difear dóibh, na fíordhálaí maidir le feidhmiú agus struchtúr an mhargaidh nó na margaí i dtrácht a chur san áireamh, i dtaca leis an tionchar iarbhrí agus dóchúil a bheidh acu ar an iomaíocht. In éagmais cumhachta margaidh³²¹, ní féidir le comhaontú um chaighdeánú tionchar sriantach a imirt ar an iomaíocht. Dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha ann i gcás ina mbeadh iomaíocht éifeachtach ann idir roinnt caighdeán deonach.
449. I gcás na gcomhaontuithe forbartha caighdeán sin a d'fhéadfadh cumhacht mhargaidh a chruthú, leagtar amach i míreanna 451-457 na coinníollacha faoina mbeadh comhaontuithe den sórt sin lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) go ginearálta.
450. Mura gcomhlíonfar aon cheann de na prionsabail a leagtar amach sa Roinn seo, ní leanfaidh toimhde as sin go bhfuil srianadh iomaíochta ann de réir bhrí Airteagal 101(1). Mar sin féin, beidh gá le féinmheasúnú chun a shuíomh an dtagann an comhaontú faoi Airteagal 101(1) agus, más amhlaidh go dtagann, an gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 101(3). Sa chomhthéacs sin, aithnítear go bhfuil samhlacha éagsúla ann d'fhorbairt caighdeán agus gur gné dhearfach de gheilleagar margaidh í an iomaíocht laistigh de na samhlacha sin agus eatarthu. Dá bhrí sin, tá saoirse iomlán ag SDOanna rialacha agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm nach sáraíonn rialacha iomaíochta ach atá éagsúil ó na rialacha a ndéantar cur síos orthu i míreanna 451-457.
451. I gcás ina mbeidh rannpháirtíocht i bhforbairt caighdeán neamhsrianta agus go mbeidh an nós imeachta chun an caighdeán atá i gceist a ghlacadh trédhearcach, go ginearálta ní chuirfidh comhaontuithe caighdeánaithe nach bhfuil aon oibleagáid orthu an caighdeán a chomhlíonadh³²² agus a chuireann rochtain éifeachtach ar an gcaighdeán ar fáil ar théarmaí FRAND srian le hiomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1).
452. Go háirithe, d'fhonn rannpháirtíocht neamhsrianta a áirithiú, ba cheart do rialacha SDO foráil a dhéanamh gur féidir le gach iomaitheoir sa mhargadh nó i margaí a bhfuil tionchar ag an gcaighdeán orthu páirt a ghlacadh sa phróiseas as a dtiocfaidh

³²⁰ Níor cheart go gcuirfeadh an mhír seo cosc ar nochtadh ex ante na dtéarmaí ceadúnaithe is sriantaí do bhunphaitinní caighdeán ag sealbhóirí aonair CMI nó ar uasráta ríchiosa carntha ag gach sealbhóir CMI mar a thuairiscítear i mír 474. Ní chuireann sé cosc ach oiread ar chomhthiomsuithe paitinní a chruthaítear i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i Roinn IV.4 de na Treoirínte maidir le hAistriú Teicneolaíochta, ná ar an gcinneadh chun CMI a cheadúnú atá fíor-riachtanach do chaighdeán ar théarmaí saor ó ríchíosanna mar a leagtar amach sa Chaibidil seo iad.

³²¹ Féach freisin Caibidil I Réamhrá. Maidir le scaireanna margaidh, féach freisin mír 472.

³²² Féach freisin mír 464 maidir leis sin.

roghnú an chaighdeán³²³. Ba cheart don SDO nósanna imeachta oibiachtúla, neamhidirdhealaitheacha a sholáthar freisin chun cearta vótála a leithdháileadh, mar aon le critéir oibiachtúla, más ábhartha, chun an teicneolaíocht a roghnú le háireamh sa chaighdeán.

453. Maidir le trédhearcacht, ba cheart go mbeadh nósanna imeachta ag an SDO ábhartha a chuirfeadh ar chumas na bpáirtithe leasmhara iad féin a chur ar an eolas go héifeachtach faoi obair caighdeánaithe atá ar na bacáin, atá ar siúl agus atá tugtha chun críche in am trátha ag gach céim d'fhorbairt an chaighdeán.
454. Thairis sin, ba cheart rialacha an SDO rochtain éifeachtach ar an gcaighdeán a áirithiú ar théarmaí FRAND³²⁴.
455. I gcás ina bhforbraíonn SDO caighdeán lena mbaineann CMI, méadaíonn beartas soiléir cothrom CMI³²⁵, a bheidh curtha in oiriúint don tionscal ar leith agus do riachtanais na heagraíochta forbartha caighdeán atá i gceist, an dóchúlacht go dtabharfar rochtain éifeachtach do lucht cur chun feidhme na gcaighdeán.
456. D'fhonn rochtain éifeachtach ar an gcaighdeán a áirithiú, ba cheart go gceanglaítear leis an CMI ar na rannpháirtithe ar mian leo CMIInna a bheith curtha san áireamh sa chaighdeán gealltanais neamh-inchúlghairthe i scríbhinn a chur ar fáil chun a gcuid CMIInna riachtanacha a cheadú do gach tríú páirtí, ar théarmaí FRAND ('gealltanais FRAND')³²⁶. Ba cheart an gealltanais sin a thabhairt sula nglacfar an caighdeán. Ag an am céanna, leis an mbeartas CMI, ba cheart go gceadófaí do shealbhóirí CMI teicneolaíocht shonraithe a eisiamh ón bpróiseas forbartha caighdeán agus ar an gcaoi sin ón ngealltanais FRAND, ar choinníoll go ndéanfar an t-eisiamh go luath i bhforbairt an chaighdeán. Chun éifeachtacht an ghealltanais FRAND a áirithiú, ba cheart freisin ceanglas a chur ar gach sealbhóir CMI rannpháirteach a chuireann gealltanais den chineál sin ar fáil chun a áirithiú go bhfuil aon ghnóthas dá n-aistriú úinéir CMI a CMI (lena n-áirítear an ceart an CMI a cheadú) faoi cheangal ag an ngealltanais sin, mar shampla trí chlásal conarthach idir an ceannaitheoir agus an díoltóir. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir le FRAND ceadú saor ó ríchíosanna a chumhdach freisin.

³²³ Ba cheart a chumhdach le rannpháirtíocht neamhshrianta rannpháirtíocht i gcéimeanna uile an phróisis, lena n-áirítear rannpháirtíocht sa chéim ullmhúcháin don phróiseas um chaighdeánú laistigh den SDO, amhail i gcomhthéacs grúpaí sainleasa sonracha SDO.

³²⁴ Mar shampla, ba cheart rochtain éifeachtach a dheonú ar shonraíocht an chaighdeán.

³²⁵ Mar a shonraítear i míreanna 456 agus 457. Féach freisin an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Cur Chuige an AE a leagan amach i leith Paitinní Caighdeánacha Riachtanacha ('Teachttaireacht maidir le Bunphaitinní Caighdeán') (COM/2017/0712 final).

³²⁶ Féach breithiúnas an 16 Iúil 2015, *Huawei Technologies Co. Ltd v ZTE Corp. agus ZTE Deutschland GmbH*, C-170/13, EU:C:2015:477, mír 53: 'Sna himthosca sin, agus ag féachaint don fhíoras go gcruthaítear ionchais dhlísteanacha ó thrú páirtithe le gealltanais ceadúnais a dheonú ar théarmaí FRAND go ndeonóidh dlíseánach an SEP ceadúnais ar théarmaí den sórt sin, d'fhéadfadh sé, i bprionsabal, gurb ionann diúltú ó dhílseánach an SEP ceadúnais a dheonú ar na téarmaí sin agus mí-úsáid de réir bhrí Airteagal 102 CFAE'. Féach freisin Cinneadh ón gCoimisiún i gCás AT.39985 – *Motorola – Forghníomhú bhunphaitinní caighdeán GPRS*, mír 417: 'I bhfianaise an phróisis caighdeánaithe as ar eascair glacadh caighdeán GPRS agus tiomantas deonach Motorola chun an BPC Cudak a cheadú ar théarmaí agus ar choinníollacha FRAND, tá ionchas dlísteanach ag feidhmeoirí caighdeán GPRS go ndeonóidh Motorola ceadúnas dóibh thar an BPC sin, ar choinníoll go bhfuil siad toilteanach ceadúnas a chur isteach ar théarmaí agus ar choinníollacha FRAND'.

457. Thairis sin, ba cheart go n-éileodh an beartas CMI go ndéanfadh rannpháirtithe a CMI a nochtadh de mheon macánta, rud a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun an caighdeán atá á fhorbairt a chur chun feidhme³²⁷. Tá sé sin ábhartha maidir le (a) a chur ar chumas an tionscail rogha eolasach na teicneolaíochta a dhéanamh lena chur san áireamh i gcaighdeán³²⁸ agus (b) an sprioc maidir le rochtain éifeachtach ar an gcaighdeán a bhaint amach. De réir mar a thagann forbairt ar an gcaighdeán, d'fhéadfadh an nochtadh a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn iarrachtaí réasúnta chun léamh CMI a shainaithint ar an gcaighdeán (a d'fhéadfadh a bheith ann). Maidir le paitinní, ba cheart go n-áireofaí ar a laghad uimhir na paitinne nó uimhir iarratais na paitinne sa nochtadh CMI. Mura bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí fós, is leor freisin má dhearbhaíonn an rannpháirtí gur dócha go ndéanfaidh sé éilimh ar CMI ar theicneolaíocht áirithe, gan éilimh nó iarrataí shonracha ar CMI a shainaithint (ar a dtugtar ilnochtadh)³²⁹. Ba cheart rannpháirtithe a spreagadh freisin a nochtuithe a thabhairt cothrom le dáta tráth a nglactar caighdeán, go háirithe má tá aon athrú ann a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thréith riachtanach nó ar bhailíocht a gcuid CMInna. Ós rud é nach ionann na rioscaí a bhaineann le rochtain éifeachtach i gcás SDO a bhfuil beartas caighdeán saor ó ríchíosanna aici³³⁰, ní bheadh nochtadh CMI ábhartha sa chomhthéacs sin.
458. Tá gealltanais FRAND ceaptha chun a áirithiú go bhfuil teicneolaíocht fíor-riachtanach atá á cosaint ag CMInna atá ionchorpraithe i gcaighdeán inrochtana ag úsáideoirí an chaighdeáin sin ar théarmaí agus ar choinníollacha atá cóir, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach. Go háirithe, is féidir le gealltanais FRAND cosc a chur ar shealbhóirí CMI é a dhéanamh deacair caighdeán a chur chun feidhme trí dhiúltú ceadúnas a thabhairt nó trí tháillí éagóracha nó míréasúnta a iarraidh (i bhfocail eile, táillí iomarcacha) tar éis don tionscal a bheith faoi ghaibhniú ag an gcaighdeán nó trí tháillí idirdhealaitheacha ríchiosa a ghearradh³³¹. Ag an am céanna, ligeann gealltanais FRAND do shealbhóirí CMI luach airgid a chur ar a dteicneolaíochtaí trí ríchíosanna FRAND agus, i gcomhréir leis na prionsabail sna míreanna seo a leanas, fáltas réasúnta a fháil ar a n-infheistíocht in T&F atá i mbaol

³²⁷ Chun an toradh inmhianaithe a fháil, ní gá nochtadh de mheon macánta a dhéanamh chomh fada agus a chuireann sé de cheangal ar rannpháirtithe a CMInna a chur i gcomparáid leis an gcaighdeán a d'fhéadfadh a bheith ann agus ráiteas a eisiúint ina ndéarfaí go dearfach nach bhfuil aon léamh CMI acu ar an gcaighdeán a d'fhéadfadh a bheith ann.

³²⁸ Os a choinne sin, tarlaíonn 'luíochán paitinne' nuair a dhéanann gnóthas atá rannpháirteach sa phróiseas forbartha caighdeáin a cheilt d'aon ghnó go bhfuil bunphaitinní aige ar an gcaighdeán atá á fhorbairt, agus nach dtosaíonn sé ag dearbhú na bpaitinní sin ach amháin tar éis an caighdeán a bheith comhaontaithe agus dá bhrí sin go bhfuil gnóthais eile faoi 'ghaibhniú' lena úsáid. Nuair a tharlaíonn 'luíochán paitinne' le linn an phróisis forbartha caighdeán, baineann sé sin an bonn den mhuintín as an bpróiseas, ós rud é gur réamhchoinníoll é próiseas forbartha caighdeáin éifeachtach maidir le forbairt theicniúil agus maidir le forbairt an mhargaidh i gcoitinne chun leas na dtomhaltóirí. Féach, mar shampla, Cinneadh ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2009 i gCás COMP/38.636 – *RAMBUS*, IO C 30, 6.2.2010, lch. 17.

³²⁹ Ba cheart moladh do rannpháirtithe an t-ilnochtadh a rinne siad níos luaithe a chomhlánú le huimhir na paitinne agus/nó uimhreacha iarratais paitinne nuair a bhíonn an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

³³⁰ Bheadh feidhm aige sin freisin i gcás ina gcuireann an eagraíocht beartas um cheadúnú chun feidhme bunaithe ar tháille ainmniúil aonuaire.

³³¹ Féach freisin breithiúnas an 16 Iúil 2015, *Huawei Technologies Co. Ltd v ZTE Corp. agus ZTE Deutschland GmbH*, C-170/13, EU:C:2015:477, mír 71, ar dá réir a d'fhéadfadh caingean maidir le sárú a bheith ina mhí-úsáid ceannasachta de réir bhrí Airteagal 102 má thugtar i gcoinne ceadúnaí toilteanach é gan na céimeanna nós imeachta a leag an Chúirt Bhreithiúnais amach ina breithiúnas a chomhlíonadh.

de bharr a nádúir. Is féidir leis sin dreasachtaí leanúnacha a áirithiú chun an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil a chur leis an gcaighdeán.

459. Ní éilíonn comhlíonadh Airteagal 101 ag an SDO a fhíorú cé acu a chomhlíonann téarmaí ceadúnaithe na rannpháirtithe an gealltanais FRAND³³². Ní mór do na rannpháirtithe measúnú a dhéanamh dóibh féin an gcomhlíonann a dtéarmaí ceadúnaithe agus go háirithe na táillí a ghearrann siad an gealltanais FRAND. Dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh ar cheart gealltanais i ndáil le FRAND a thabhairt maidir le CMI ar leith, beidh ar rannpháirtithe himpleachtaí an ghealltanais i ndáil le FRAND a réamh-mheas, go háirithe maidir lena gcumas leibhéal a dtáillí a shocrú gan srian.
460. I gcás díospóide, maidir leis an measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil na táillí a ghearrtar ar rochtain ar CMI sa chomhthéacs forbartha caighdeán éagórach nó míreasúnta, ba cheart é a bhunú ar cé acu atá nó nach bhfuil gaol réasúnta le luach eacnamaíoch an CMI ag na táillí³³³. D'fhéadfadh luach eacnamaíoch an CMI a bheith bunaithe ar bhreisluach reatha an CMI atá cumhdaithe agus ba cheart é a bheith gan beann ar rath margaidh na dtáirgí, rud nach mbaineann leis an teicneolaíocht phaitinnithe³³⁴. Go ginearálta, tá modhanna éagsúla ar fáil don mheasúnú³³⁵, agus sa chleachtas, úsáidtear níos mó ná modh amháin go minic chun na heasnamh i modh ar leith a chúiteamh agus an toradh a chros-seiceáil³³⁶. D'fhéadfadh sé a bheith indéanta na táillí ceadúnaithe arna ngearradh ag an ngnóthas atá i gceist do na CMIanna ábhartha i dtimpeallacht iomaíoch sula mbíonn an caighdeán forbartha ag an tionscal (*ex ante*); a chur i gcomparáid le luach/ríchíos an chéad rogha eile is fearr atá ar fáil (*ex ante*), nó leis an luach/ríchíos a ghearrtar tar éis don tionscal a bheith faoi ghaibhniú (*ex post*). Glactar leis, leis sin, gur féidir an chomparáid a dhéanamh ar bhealach comhsheasmhach iontaoifa³³⁷.
461. D'fhéadfaí measúnú saineolach neamhspleách a fháil freisin ar mhaithe le lárnacht oibiachtúil agus bunriachtanas an CMI ábhartha maidir leis an gcaighdeán atá i gceist. I gcás iomchuí, d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh freisin do nochtuithe *ex ante* ar théarmaí ceadúnúcháin, lena n-áirítear na ríchíosanna aonair nó comhiomlána do CMI ábhartha, i gcomhthéacs próisis forbartha caighdeán sonrath. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé go bhféadfaí na téarmaí ceadúnaithe i gcomhaontuithe shealbhóir an CMI a chur i gcomparáid le feidhmeoirí eile an chaighdeáin chéanna. Leis na rátaí ríchíosacha a ghearrtar ar an CMI céanna i gcaighdeáin inchomparáide eile,

³³² Níl baint ag eagraíochtaí forbartha caighdeán le caibidlíocht cheadúnúcháin ná le comhaontuithe a eascraíonn aisti.

³³³ Féach breithiúnas an 14 Feabhra 1978, *United Brands*, Cás-27/76, EU:C:1978:22, mír 250; féach freisin breithiúnas an 16 Iúil 2009, *Der Grüne Punkt – Duales System Deutschland v An Coimisiún*, C-385/07 P, EU:C:2009:456, mír 142.

³³⁴ Teachtaireacht maidir le Bunphaitinní Caighdeáin, leathanach 7.

³³⁵ I bprionsabal, d'fhéadfadh sé nach iad na modhanna costasbhunaithe is oiriúnaí ní hamháin toisc go gcuimsítear leo an deacracht a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar na costais atá inchurtha i leith forbairt paitinne ar leith nó grúpaí paitinní ar leith agus toisc go bhféadfaidís saobhadh a dhéanamh ar na dreasachtaí chun nuáil.

³³⁶ Ní chuirtear modhanna eile as an áireamh leis na modhanna a dtugtar tuairisc orthu anseo agus is féidir modhanna eile a léiríonn spiorad céanna na modhanna a dtugtar tuairisc orthu a úsáid chun rátaí FRAND a chinneadh. Féach freisin Chryssoula Pentheroudakis, Justus A. Baron (2017) *Téarmaí Ceadúnúcháin Bunphaitinní Caighdeáin*. Anailís Chuimsitheach ar Chásanna. Tuarascáil ón Airmheán Comhpháirteach Taighde maidir leis an Eolaíocht don Bheartas. EUR 28302 EN; doi:10.2791/193948.

³³⁷ Féach breithiúnas an 13 Iúil 1989, *Tournier*, C-395/87, EU:C:1989:319, mír 38; breithiúnas an 13 Iúil 1989, *Lucazeau agus Eile v SACEM agus Eile*, Cásanna 110/88, 241/88 agus 242/88, EU:C:1989:326, mír 33.

d'fhéadfaí rátaí ríchiosa FRAND a chur in iúl. Glactar leis sna modhanna sin gur féidir an chomparáid a dhéanamh ar bhealach comhsheasmhach agus iontaoifa agus nach toradh ar chumhacht mhargaidh a fheidhmiú go míchuí é leibhéal na rátaí ríchiosa. Modh eile is ea luach foriomlán iomchuí a chinneadh, ar an gcéad dul síos, do gach CMI ábhartha agus, ar an dara dul síos, an chuid atá inchurtha i leith sealbhóir CMI ar leith. Ní fhéachtar leis na Treoirlínte seo le liosta uileghabhálach de mhodhanna iomchuí a chur ar fáil chun a mheas an bhfuil na táillí ríchiosa iomarcach nó idirdhealaitheach faoi Airteagal 102.

462. Mar sin féin, ba cheart a chur i dtábhacht nach ndéanann aon ní sna Treoirlínte seo dochar don fhéidearthacht atá ag páirtithe a ndíospóidí maidir le leibhéal na rátaí ríchiosa FRAND a réiteach trí dhul ar iontaoibh na gcúirteanna inniúla sibhialta nó tráchtála nó modhanna malartacha chun díospóidí a réiteach³³⁸.

7.3.3.2. Measúnú bunaithe ar éifeachtaí ar chomhaontuithe um chaighdeánú

463. Agus measúnú á dhéanamh ar chomhaontú um chaighdeánú, ní mór na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an gcaighdeán ar na margáí lena mbaineann a chur san áireamh. Agus anailís á déanamh ar chomhaontuithe um chaighdeánú, ní mór saintréithe na hearnála agus an tionscail a chur san áireamh. Tá feidhm ag na breithnithe seo a leanas maidir le gach comhaontú um chaighdeánú a imíonn ó na prionsabail a leagtar amach i míreanna 451-457.

(a) Cineál deonach an chaighdeáin

464. Maidir le cé acu a d'fhéadfadh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a bheith mar thoradh ar chomhaontuithe um chaighdeánú nó nach bhféadfadh, d'fhéadfadh sé a bheith ag brath ar cé acu atá sé de shaoirse i gcónaí ag comhaltaí SDO caighdeáin mhalartacha nó táirgí nach gcomhlíonann an caighdeán comhaontaithe a fhorbairt nó nach bhfuil³³⁹. Mar shampla, má chuireann an comhaontú um chaighdeánú ceangal ar na comhaltaí gan ach táirgí a chomhlíonann an caighdeán a tháirgeadh, tagann méadú suntasach ar an riosca go n-imreofaí tionchar diúltach ar an iomaíocht agus d'fhéadfadh sé, in imthosca áirithe, srian a chur leis an iomaíocht de réir cuspóra³⁴⁰. Ar an gcaoi chéanna, is lú seans go n-eascróidh ábhair imní iomaíochta as caighdeáin nach gcumhdaíonn ach mionsaintréithe den táirge deiridh ná caighdeáin níos cuimsithí go háirithe mura bhfuil aon CMI riachtanach i gceist leis an gcaighdeán.

(b) Rochtain ar an gcaighdeán

465. Beidh an measúnú ar cé acu a chuireann nó nach gcuireann an comhaontú srian le hiomaíocht, dírithe freisin ar rochtain ar an gcaighdeán. I gcás nach mbeidh rochtain ar thoradh ar chaighdeán (is é sin le rá, sonrú conas an caighdeán a chomhlíonadh agus, más ábhartha, an CMI fíor-riachtanach chun an caighdeán a chur chun

³³⁸ Má aontaíonn an dá pháirtí, is féidir le tríú páirtí neamhspleách, mar shampla eadránaí, díospóidí faoin méid atá i gceist le téarmaí FRAND maidir leis na PCIanna a chinneadh freisin. Féach, mar shampla, breithiúnas an 16 Iúil 2015, *Huawei Technologies Co. Ltd v ZTE Corp. agus ZTE Deutschland GmbH*, C-170/13, EU:C:2015:477, mír 68 agus Cinneadh ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 i gCás AT. 39939, *Samsung – Forfheidhmiú UMTS bunphaitinní caighdeáin*, aithris 78.

³³⁹ Féach an Cinneadh ón gCoimisiún i gCás IV/29/151, *Philips/VCR*, aithris 23: 'Ós rud é go raibh na caighdeáin sin ann chun trealamh VCR a mhonarú, ní raibh sé d'oibleagáid ar na páirtithe ach caiséid agus taifeadáin a mhonarú agus a dháileadh i gcomhréir leis an gcóras VCR atá ceadúnaithe ag Philips. Bhí toirmeasc orthu athrú go córais eile físchaiséid a mhonarú agus a dháileadh... Ba shrian ar an iomaíocht faoi Airteagal 85(1)(b) é sin'.

³⁴⁰ Féach an Cinneadh ón gCoimisiún i gCás IV/29/151, *Philips/VCR*, aithris 23.

feidhme) ar fáil ar chor ar bith do gach comhalta nó tríú páirtí (is é sin le rá, neamhbhaill an SDO ábhartha) d'fhéadfadh sé sin margai a dhúnadh nó a dheighilt agus is dócha go gcuirfidh sé srian leis an iomaíocht dá bharr sin. Ar an gcaoi chéanna, is dócha go gcuirfear srian leis an iomaíocht i gcás nach mbeidh rochtain ar thoradh caighdeán ach faoi théarmaí idirdhealaitheacha nó iomarcacha do chomhaltaí áirithe nó do thríú páirtithe. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil roinnt caighdeán ann atá in iomaíocht lena chéile, nó i gcás iomaíochta éifeachtaí idir na réitigh chaighdeánaithe agus na réitigh neamhchaighdeánaithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht mar thoradh ar theorannú ar rochtain.

466. Maidir le comhaontuithe forbartha caighdeán ina bhfuil samhlacha maidir le nochtadh CMIanna atá éagsúil ó na samhlacha a dtugtar tuairisc orthu i mír 457, chaithfí measúnú a dhéanamh orthu ar bhonn cás ar chás féachaint an ráthaítear rochtain éifeachtach ar an gcaighdeán leis an tsamhail nochtta i gceist (mar shampla, samhail nochtta nach n-éilíonn nochtadh CMI ach a spreagann an nochtadh sin). Comhaontuithe forbartha caighdeán ina ndéantar foráil maidir le nochtadh faisnéise maidir le saintréithe agus breisluch gach CMI a bhaineann le caighdeán agus a chuireann, ar an gcaoi sin, leis an trédhearcacht do pháirtithe a bhfuil baint acu leis an gcaighdeán a fhorbairt, ní chuirfidh siad srian, i bprionsabal, leis an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1).

(c) *Rannpháirtíocht i bhforbairt an chaighdeáin*

467. Is dócha go mbeidh tionchar sriantach ar an iomaíocht mar thoradh ar chosc a chur ar ghnóthais áirithe tionchar a bheith acu maidir le rogha agus sainmhíniú an chaighdeáin (ach amháin mar a thuairiscítear i mír 470). Os a choinne sin, má bhíonn rannpháirtíocht sa phróiseas forbartha caighdeán oscailte, bíonn an baol go mbeidh éifeacht shriantach ar an iomaíocht níos ísle.³⁴¹
468. Is féidir rannpháirtíocht oscailte a bhaint amach trí chead a thabhairt do gach iomaitheoir agus/nó gach páirtí leasmhar ábhartha sa mhargadh a bhfuil tionchar ag an gcaighdeán air páirt a ghlacadh i bhforbairt agus roghnú an chaighdeáin..
469. Dá mhéad tionchar margaidh is dócha a bheidh ag an gcaighdeán agus dá leithne na réimsí ina bhféadfaí é a chur i bhfeidhm, is é is tábhachtaí é rochtain chothrom ar an bpróiseas forbartha caighdeán a chur ar fáil.
470. I gcásanna áirithe áfach, d'fhéadfadh sé nach mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) mar thoradh ar chosc a chur ar an iomaíocht, mar shampla: (a) má bhíonn iomaíocht ann idir roinnt caighdeán agus SDOanna, (b) más rud é, in éagmais srianta ar na rannpháirtithe³⁴² nárbh fhéidir glacadh leis an gcaighdeán nó nár dhócha go nglacfar mar sin leis an gcaighdeán nó (c) dá mbeadh teorainn ama leis an srian ar na rannpháirtithe agus d'fhonn leanúint ar aghaidh go tapa (mar shampla ag tús na hiarrachta caighdeánaithe) agus fad a bheidh deis ag

³⁴¹ I gCinneadh ón gCoimisiún i gCás IV/31.458, *X/Open Group*, mheas an Coimisiún, fiú dá gcuirfí na caighdeáin a glacadh ar fáil go poiblí, go raibh sé d'éifeacht ag an mbeartas srianta comhaltais cosc a chur ar neamhchomhaltaí tionchar a imirt ar thorthaí obair an ghrúpa agus ar an bhfios gnó agus an tuiscint theicniúil a fháil maidir leis na caighdeáin ar dócha go bhfaigheadh na comhaltaí iad. Ina theannta sin, ní fhéadfadh neamhchomhaltaí, murab ionann agus na comhaltaí, an caighdeán a chur chun feidhme sular glacadh é (féach mír 32). Dá bhrí sin, measadh go gcuireann an comhaontú srian leis an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1).

³⁴² D'fhéadfadh srian den sórt sin teacht chun cinn trí pháirtithe leasmhara a eisiáimh ón gcomhaontú um chaighdeánú nó trí stádas rannpháirtí níos teoranta.

gach iomaitheoir ag na garspriocanna móra a bheith páirteach fós i bhforbairt an chaighdeáin.

471. I gcásanna áirithe, féadfar na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag rannpháirtíocht shrianta a bhaint nó a laghdú trína áirithiú go gcoinneofar páirtithe leasmhara ar an eolas agus go rachfar i gcomhairle leo maidir leis an obair atá ar siúl³⁴³. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí nósanna imeachta le haghaidh combhionadaíocht do pháirtithe leasmhara a bhunú. Dá mhéad páirtithe leasmhara is féidir tionchar a imirt ar an bpróiseas as a n-eascraíonn roghnú an chaighdeáin agus dá thrédhearcaí is atá an nós imeachta chun an caighdeán a ghlacadh, is é is dóichí go gcuirfear leasanna na bpáirtithe leasmhara uile san áireamh sa chaighdeán a ghlacfar.

(d) *Sciartha den mhargadh*

472. Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí comhaontaithe forbartha caighdeán, ba cheart sciartha margaidh na n-earraí, na seirbhísí nó na dteicneolaíochtaí atá bunaithe ar an gcaighdeán a chur san áireamh. D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta³⁴⁴ i gcónaí a mheas le cinnteacht ar bith ag céim luath cibé an nglacfaidh sa chleachtas cuid mhór den tionscal leis an gcaighdeán nó nach nglacfaidh ach sciar neamhshuntasach den tionscal ábhartha leis. I gcásanna ina mbeidh gnóthais a chuireann le teicneolaíocht sa chaighdeán comhtháite go hingearach, d'fhéadfaí sciartha den mhargadh ábhartha na ngnóthas a ghlac páirt i bhforbairt an chaighdeáin a úsáid mar ionadach chun meastachán a dhéanamh ar an sciar den mhargadh is dócha a bheidh ag an gcaighdeán (ós rud é, i bhformhór na gcásanna, go mbeidh leas ag na gnóthais atá rannpháirteach i bhforbairt an chaighdeáin sa chaighdeán a chur chun feidhme)³⁴⁵. Mar sin féin, ós rud é gur minic a bhíonn éifeachtúlacht na gcomhaontuithe um chaighdeánú i gcomhréir leis an sciar den tionscal atá páirteach i bhforbairt agus/nó i gcur i bhfeidhm an chaighdeáin, ní gá gurb é an tátal a bhainfear as an gcaighdeán gur dócha go n-eascróidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht as an gcion sin atá i seilbh na bpáirtithe sa mhargadh nó sna margaí a bhfuil tionchar ag an gcaighdeán orthu.

(e) *Idirdhealú*

473. D'fhéadfadh srian leis an iomaíocht a bheith mar thoradh ar aon chomhaontú forbartha caighdeán lena ndéantar idirdhealú soiléir in aghaidh aon duine de na comhaltaí rannpháirteacha nó féideartha. Mar shampla, dá mba rud é nach n-eisiafaidh SDO ach gnóthais réamhtheachtacha (is é sin le rá, gnóthais nach bhfuil gníomhach sa mhargadh táirgeachta iartheachtach), d'fhéadfadh sé go n-eisiafaí teicneolaíochtaí réamhtheachtacha a d'fhéadfadh a bheith níos fearr mar thoradh air sin.

(f) *Nochtadh ex ante rátaí ríchiosa*

474. Comhaontuithe forbartha caighdeán lena bhforáiltear do nochtadh ex ante na dtéarmaí ceadúnaithe is sriantaí do bhunphaitinní caighdeáin ag sealbhóirí aonair CMI nó d'uasráta ríchiosa carntha³⁴⁶ ag na sealbhóirí CMI uile, ní chuirfidh siad

³⁴³ Féach an Cinneadh ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2009 i gCás 39.416, *Aicmiú Long*.

³⁴⁴ Go háirithe nuair is dócha go mbeidh margadh ábhartha nua mar thoradh an gcaighdeán a thabhairt isteach.

³⁴⁵ Féach mír 438.

³⁴⁶ D'fhonn thrédharcacht na gcostas a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le caighdeán a chur chun feidhme a mhéadú, d'fhéadfadh SDO nua ról gníomhach a ghlacadh chun an cruach iomlán uasta ríchiosanna don

srian, i bprionsabal, leis an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach go gcuirfí na páirtithe a bhfuil baint acu le caighdeán a roghnú go hiomlán ar an eolas ní hamháin maidir leis na roghanna teicniúla atá ar fáil agus maidir leis an CMI a ghabhann leis, ach maidir leis an gcostas is dócha a bheidh ar an CMI sin freisin. Dá bhrí sin, más rud é go roghnaíonn beartas CMI SDO foráil a dhéanamh do shealbhóirí CMI a dtéarmaí ceadúnúcháin is sriantaí a nochtadh sula nglacfar an caighdeán, lena n-áirítear na huasrátaí ríchíosa nó uasráta ríchíosa carntha a bheidh le gearradh, ní bheidh srianadh iomaíochta de réir bhrí Airteagal 101(1) mar thoradh air sin go ginearálta³⁴⁷. Nochtuithe aontaobhacha *ex ante* den sórt sin de na téarmaí ceadúnaithe is sriantaí nó den uasráta ríchíosa carntha, is bealach amháin a bheadh i gceist lena chur ar chumas na bpáirtithe a bhfuil baint acu le caighdeán a fhorbairt cinneadh eolasach a dhéanamh bunaithe ar na míbhuntáistí agus na buntáistí a bhaineann le teicneolaíochtaí malartacha éagsúla.

7.4. Measúnú faoi Airteagal 101(3)

7.4.1. Gnóthachain éifeachtúlachta

475. Is minic a thagann gnóthachain shuntasacha éifeachtúlachta as comhaontuithe um chaighdeánú. Mar shampla, d'fhéadfadh caighdeáin ar fud an Aontais comhtháthú margaidh a éascú agus ligean do ghnóthais a n-earraí agus a seirbhísí a mhargú i ngach Ballstát, rud a d'fhágfadh go mbeadh rogha níos mó ag tomhaltóirí agus go laghdófaí praghsanna. Is minic a spreagann caighdeáin lena mbunaítear idir-inoibritheacht theicniúil agus comhoiriúnacht iomaíocht idir na teicneolaíochtaí ó ghnóthais éagsúla agus a chabhraíonn le cosc a chur ar ghaibhniú do sholáthróir ar leith. Thairis sin, d'fhéadfadh caighdeáin costais idirbheart a laghdú do dhíoltóirí agus do cheannaitheoirí. Le caighdeáin maidir le, mar shampla, cáilíocht, sábháilteacht agus gnéithe comhshaoil an táirge, d'fhéadfaí rogha tomhaltóirí a éascú freisin agus d'fhéadfadh cáilíocht táirgí méadaithe a bheith mar thoradh orthu. Bíonn ról tábhachtach maidir leis an nuálaíocht ag caighdeáin freisin: is féidir leo an t-am a thógann sé chun teicneolaíocht nua a thabhairt chuig an margadh a laghdú agus nuálaíocht a éascú trí chead a thabhairt do ghnóthais tógáil sa bhreis ar réitigh chomhaontaithe. Is féidir leis na gnóthachain éifeachtúlachta sin cur le margadh inmheánach athléimneach.
476. Chun gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach i gcás comhaontuithe um chaighdeánú, ní mór an fhaisnéis is gá chun an caighdeán a chur i bhfeidhm a bheith ar fáil go héifeachtach dóibh siúd ar mian leo dul isteach sa mhargadh táirge/seirbhíse lena mbaineann an caighdeán³⁴⁸.
477. Is féidir scaipeadh caighdeáin a fheabhsú le marcanna nó lógónna lena ndeimhnítear comhlíontacht, rud a thabharfadh cinnteacht do chustaiméirí. Téann comhaontuithe maidir le tástáil agus deimhniúchán thar an príomhchuspóir an caighdeán a shainiú agus déanann siad difear go ginearálta do mhargadh ar leith.

chaighdeán a nochtadh. Cosúil le coincheap comhthiomsú paitinní, is féidir le sealbhóirí CMI an chruach ríchíosa iomlán a roinnt.

³⁴⁷ Níor cheart go mbeadh aonochtadh aontaobhach nó comhpháirteach *ex ante* de na téarmaí ceadúnaithe is sriantaí mar chumhdach chun praghsanna táirgí iarteachtacha nó praghsanna ionadacha CMI/teicneolaíochtaí ionadacha a shocrú go comhpháirteach, ar srian ar an iomaíocht de réir cuspóra é.

³⁴⁸ Féach an Cinneadh ón gCoimisiún an 15 Nollaig 1986 i gCás IV/31.458, *X/Open Group*, aithris 42: '*Measann an Coimisiún gur gné fhíor-riachtanach dá chinneadh díolúine a dheonú é toilteanas an Ghrúpa na torthaí a chur ar fáil a luaithe is féidir*'.

478. Cé nach mór anailís a dhéanamh ar na héifeachtaí ar nuálaíocht ar bhonn cás ar chás, is dócha go n-eascróidh gnóthachain éifeachtúlachta as caighdeáin a chruthaíonn comhoiriúnacht ar leibhéal cothrománach idir teicneolaíochtaí éagsúla.

7.4.2. *Fíor-riachtanas*

479. Ní chomhlíonann srianta a théann thar a bhfuil riachtanach chun na gnóthachain éifeachtúlachta is féidir a ghiniúint le comhaontú caighdeánaithe coinníollacha d’Airteagal 101(3) a bhaint amach.

480. Ní mór a chur san áireamh sa mheasúnú ar chomhaontú um chaighdeánú an tionchar dóchúil a bheidh aige ar na margaí lena mbaineann, ar thaobh amháin, agus raon feidhme na srianta a d’fhéadfadh dul thar an gcuspóir maidir le héifeachtúlachtaí a bhaint amach, ar an taobh eile³⁴⁹.

481. Ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht i bhforbairt caighdeán oscailte de ghnáth do gach iomaitheoir sa mhargadh nó sna margaí a ndéanann an caighdeán difear dóibh, ach amháin dá nginfeadh rannpháirtíocht den sórt sin neamhéifeachtúlachtaí suntasacha, amhail moilleanna fada sa phróiseas glactha³⁵⁰. I gcás ina bhfuil rannpháirtíocht i bhforbairt a chaighdeáin srianta, ba cheart aon éifeacht sriantach a ghabhann le rannpháirtíocht shrianta a bhaint nó a laghdú³⁵¹, chun go mbeadh an srian sin ar na rannpháirtithe níos lú ná na héifeachtúlachtaí faoi Airteagal 101(3).

482. Mar riail ghinearálta, níor cheart go gcumhdódh comhaontuithe um chaighdeánú níos mó ná mar is gá chun a n-aidhmeanna a áirithiú, cibé acu idir-inoibritheacht theicniúil agus comhoiriúnacht nó leibhéal áirithe cáilíochta í. I gcásanna nach rachadh ach réiteach amháin teicneolaíochta chun tairbhe do thomhaltóirí nó don gheilleagair i gcoitinne, ba cheart an caighdeán sin a shocrú ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. I gcúinsí áirithe, d’fhéadfadh méadú éifeachtúlachta níos mó a bheith mar thoradh ar chaighdeáin atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Dá n-áireofaí CMI ionadacha³⁵² mar chodanna fíor-riachtanacha de chaighdeán agus, ag an am céanna, go mbeadh ar úsáideoirí an chaighdeáin íoc as níos mó CMInna ná mar a bheadh riachtanach go teicniúil, rachadh sé thar a bhfuil riachtanach chun aon ghnóthachan éifeachtúlachta sainaitheanta a bhaint amach. Ar an gcaoi chéanna, trí

³⁴⁹ Sa Chinneadh ón gCoimisiún i gCás IV/29/151, *Philips/VCR*, is éard a d’eascair as comhlíontacht leis na caighdeáin VCR go ndearnadh córais eile, a d’fhéadfadh a bheith níos fearr, a eisiáimh. Bhí an t-eisiáimh sin an-tromchúiseach i bhfianaise an staid mhargaidh a bhí ag Philips ‘... [R]cuireadh srianta ar na páirtithe nach raibh fíor-riachtanach chun na feabhsuithe sin a bhaint amach. Dhéanfaí comhoiriúnacht físchaiséid VCR leis na meaisíní arna ndéanamh ag monaróirí eile a áirithiú fiú mura mbeadh orthu glacadh le níos mó ná oibleagáid chun cloí leis na caighdeáin VCR agus trealamh VCR á mhonarú’ (aithris 31).

³⁵⁰ Féach an Cinneadh ón gCoimisiún an 15 Nollaig 1986 i gCás IV/31.458, *X/Open Group*, aithris 45: ‘[N]í fhéadfaí aidhmeanna an Ghrúpa a bhaint amach dá mbeadh sé de cheart ag aon chuideachta atá toilteanach gealltanais a thabhairt do chuspóirí an Ghrúpa a bheith ina comhalta. Chruthódh sé sin deacrachtaí praiticiúla agus lóistíochtúla chun an obair a bhainistiú agus d’fhéadfadh sé nach rithfí tograí iomchuí.’ Féach freisin an Cinneadh ón gCoimisiún i gCás 39.416, *Aicmiú Long*, mír 36: ‘go mbaineann na Gealltanais cothromaíocht chuí amach idir critéir dhiana do bhallraíocht CCRR a choinneáil, ar thaobh amháin, agus deireadh a chur le bacainní neamhriachtanacha ar bhallraíocht CCRR ar an taobh eile. Áiritheofar leis na critéir nua nach mbeidh incháilithe ach do CRanna atá inniúil go teicniúil a bheith ina gcomhaltaí de CCRR, rud a chuirfidh cosc ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht obair CCRR mar gheall ar cheanglais róthrócaireacha le haghaidh rannpháirtíochta in CCRR. Ag an am céanna, ní chuirfidh na critéir nua bac ar CRanna, atá inniúil ó thaobh na teicneolaíochta de agus toilteanach, ó dhul isteach in IACS’.

³⁵¹ Féach mír 471 thuas maidir lena áirithiú go gcoinneofar páirtithe leasmhara ar an eolas agus go rachfar i gcomhairle leo maidir leis an obair atá ar siúl má tá srian le rannpháirtíocht.

³⁵² Tagraíonn CMInna inionadaitheacha do theicneolaíocht a mheasann úsáideoirí nó ceadúnaithe a bheith inmhalartaithe le teicneolaíocht eile nó inionadaithe di, mar gheall ar shaintréithe agus úsáid bheartaithe na dteicneolaíochtaí.

CMInna ionadacha a chur san áireamh mar chodanna riachtanacha de chaighdeán, agus úsáid na teicneolaíochta sin a theorannú don chaighdeán áirithe sin (is é sin le rá, úsáid eisiach), d'fhéadfadh sé teorainn a chur le hiomaíocht idir-theicneolaíochta agus ní bheadh gá leis chun na héifeachtúlachtaí arna sainaitheant a bhaint amach.

483. I bprionsabal, níl srianta i gcomhaontú um chaighdeánú a dhéanann caighdeán ceangailteach agus éigeantach don tionscal fíor-riachtanach.

484. Ar an gcaoi chéanna, maidir le comhaontuithe um chaighdeánú lena gcuirtear an ceart eisiach ar iontaoibh comhlachtaí áirithe comhlíontacht leis an gcaighdeán a thástáil, téann siad thar an bpríomhchuspóir an caighdeán a shainiú agus d'fhéadfaidís iomaíocht a shrianadh freisin. Mar sin féin, is féidir údar maith a bheith leis an eisiachas ar feadh tréimhse áirithe ama, mar shampla tríd an ngá le costais shuntasacha a bhaineann le gnólachtaí nuathionscanta a fhorchúiteamh³⁵³. Sa chás sin, ba cheart coimircí leordhóthanacha a bheith sa chomhaontú um chaighdeánú chun na rioscaí a d'fhéadfaidís a bheith ann don iomaíocht de thoradh eisiachais a mhaolú. Baineann sé sin, i measc nithe eile, leis an táille deimhniúcháin ar cheart dó a bheith réasúnta agus comhréireach le costas na tástála comhlíontachta.

7.4.3. *Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí*

485. Ní mór gnóthachain éifeachtúlachta a bhainfear amach trí srianta fíor-riachtanacha a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí go feadh méid níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht a eascraíonn as an gcomhaontú um chaighdeánú. Chun measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht maidir leis na héifeachtúlachtaí a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí, tá sé ábhartha a chur san áireamh na nósanna imeachta a úsáidtear chun a ráthú go ndéantar leasanna úsáideoirí na gcaighdeán agus tomhaltóirí deiridh a chosaint. Thairis sin, i gcás ina n-éascaíonn caighdeán idir-inoibritheacht theicniúil agus comhoiriúnacht nó iomaíocht idir táirgí, seirbhísí agus próisis nua agus táirgí, seirbhísí agus próisis atá ann cheana féin, is féidir a thiomhniú go rachaidh an caighdeán chun tairbhe do thomhaltóirí.

7.4.4. *Gan deireadh a chur leis an iomaíocht*

486. An dtugann comhaontú um chaighdeánú deis do na páirtithe deireadh a chur leis an iomaíocht, braitheann sé ar na foinsí iomaíochta éagsúla sa mhargadh, ar an leibhéal sriantachta iomaíochta a chuireann siad ar na páirtithe agus ar thionchar an chomhaontaithe ar an srian iomaíochta sin. Cé go bhfuil scaireanna margaidh ábhartha don anailís sin, ní féidir measúnú a dhéanamh ar mhéid na bhfoinsí atá fágtha don iomaíocht iarbhair ar bhonn sciar den mhargadh amháin, ach amháin i gcásanna ina n-éiríonn caighdeán ina chaighdeán tionscail *de facto*³⁵⁴. Sa chás deireanach sin, féadfar deireadh a chur leis an iomaíocht má tá tríú páirtithe foriata ó rochtain éifeachtach ar an gcaighdeán.

³⁵³ Sa chomhthéacs sin, féach an Cinneadh ón gCoimisiún an 29 Samhain 1995 i gCásanna IV/34.179, 34.202, 216, *Dutch Cranes (SCK agus FNK)*, aithris 23: 'Cuireann an toirmeasc ar ghairm a chur ar ghnólachtaí nach bhfuil deimhnithe ag SCK mar fhochoirtheoirí srian le saoirse ghníomhaíochta gnólachtaí deimhnithe. Maidir le cé acu is féidir nó nach féidir a mheas go ndéantar an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 85(1) le toirmeasc, ní mór an breithiúnas sin a dhéanamh sa chomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch. Má bhaineann toirmeasc den sórt sin le córas deimhniúcháin atá go hiomlán oscailte, neamhspleách agus trédhearcach agus lena bhforáiltear go nglacfar le ráthaíochtaí coibhéseacha ó chórais eile, féadfar a áitiú nach bhfuil aon tionchar sriantach aige ar an iomaíocht ach go bhfuil sé dírithe go hiomlán ar cháilíocht na n-earraí nó na seirbhísí deimhnithe a ráthú'.

³⁵⁴ Tagraíonn caighdeánú *de facto* do chás ina n-úsáideann formhór an tionscail caighdeán (nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí) sa chleachtas.

7.5. Samplaí

487. Caighdeán a shocrú nach féidir le hiomaitheoirí a shásamh

Sampla 1

Cás: Leagann agus foilsíonn SDO caighdeán sábháilteachta atá in úsáid go forleathan ag an tionscal ábhartha. Glacann formhór iomaitheoirí sa tionscal páirt i bhforbairt an chaighdeáin. Sular glacadh an caighdeán, d'fhorbair iontrálaí nua táirge atá coibhéiseach go teicniúil ó thaobh feidhmíochta agus riachtanais fheidhmiúla de agus a aithníonn coiste teicniúil na heagraíochta forbartha caighdeán é. Mar sin féin, dréachtaítear sonraíochtaí teicniúla an chaighdeáin sábháilteachta, gan aon údar oibiachtúil, ar bhealach a fhágann nach féidir an caighdeán a chomhlíonadh leis an táirge seo nó le táirgí nua eile.

Anailís: Sa chás seo, tá srian ar an rannpháirtíocht i bhforbairt an chaighdeáin, agus ní cosúil go bhfuil an próiseas a úsáidtear chun an caighdeán a ghlacadh trédhearcach. Is dócha go n-eascróidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) as an gcomhaontú sin um chaighdeánú agus ní dócha go gcomhlíonfaidh sé coinníollacha Airteagal 101(3). Tá comhaltaí na heagraíochta forbartha caighdeán tar éis an caighdeán a shocrú, gan aon údar oibiachtúil, ar bhealach nach féidir le táirgí a n-iomaitheoirí atá bunaithe ar réitigh theicneolaíocha eile é a shásamh, cé go bhfuil feidhmíocht choibhéiseach acu. Dá bhrí sin, leis an gcaighdeán seo, nach bhfuil socraithe ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, laghdófar nó cuirfear cosc ar nuálaíocht agus ar éagsúlacht táirgí. Ní dócha go dtiocfaidh méadú níos mó ar an éifeachtúlacht mar thoradh ar an mbealach a ndrúchtaítear an caighdeán ná mar a thiocfadh le caighdeán neodrach.

488. Caighdeán neamhéigeantach agus trédhearcach lena gcumhdaítear sciar mór den mhargadh

Sampla 2

Cás: Aontaíonn roinnt monaróirí táirgí leictreonacha do thomhaltóirí a bhfuil sciar suntasach den mhargadh acu caighdeán nua a fhorbairt do tháirge leantach ar an DVD.

Anailís: Ar choinníoll (a) go mbeidh sé de shaoirse ag na monaróirí táirgí nua eile a tháirgeadh nach gcomhlíonann an caighdeán nua, (b) go mbeidh rannpháirtíocht i bhforbairt an chaighdeáin neamhshrianta agus trédhearcach, agus (c) nach gcuirfidh an comhaontú um chaighdeánú srian ar an iomaíocht ar shlí eile, ní dócha go gcuirfidh an comhaontú srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). Ar an taobh eile, dá n-aontódh na páirtithe gan ach táirgí a chomhlíonann an caighdeán nua a mhonarú, is dócha go gcuirfeadh an comhaontú teorainn leis an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1), tríd an éagsúlacht táirgí agus an nuálaíocht theicniúil a theorannú.

489. Comhaontú um chaighdeánú gan CMI a nochtadh

Sampla 3

Cás: Tá beartas CMI ag SDO príobháideach atá gníomhach i gcaighdeánú in earnáil TFC (teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide), nach n-éilíonn ná nach spreagann sí nochtadh CMI, rud a d'fhéadfadh a bheith bunriachtanach d'aon chaighdeán amach anseo. Rinne an eagraíocht forbartha caighdeán an cinneadh comhfhiosach gan oibleagáid den sórt sin a chur san áireamh, go háirithe ós rud é, go ginearálta, go

gcumhdaítear na teicneolaíochtaí uile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chaighdeán a bheidh ann amach anseo le roinnt mhaith CMIInna. Dá bhrí sin, mheas an eagraíocht forbartha caighdeán nach mbeadh sé mar thoradh ar oibleagáid maidir le nochtadh CMI, ar thaobh amháin, go mbeadh na rannpháirtithe in ann réiteach a roghnú gan mórán CMI nó gan CMI ar chor ar bith, agus ar an taobh eile, go mbeadh costais bhreise mar thoradh uirthi maidir le hanailís a dhéanamh an mbeadh an CMI ríthábhachtach don chaighdeán a bheidh ann amach anseo nó nach mbeadh. Mar sin féin, ceanglaítear le beartas CMI na heagraíochta forbartha caighdeán ar gach rannpháirtí gealltanais a thabhairt chun aon CMI a cheadúnú a d'fhéadfadh a léamh ar an gcaighdeán sa todhchaí ar théarmaí FRAND. Leis an mbeartas CMI is féidir a roghnú gan a bheith páirteach má tá CMI ar leith ann ar mian le sealbhóir CMI é a chur lasmuigh den ghealltanais ceadúnaithe ginearálta. Sa tionscal seo go háirithe, tá roinnt SDOanna príobháideacha iomaíocha ann. Tá rannpháirtíocht sa SDO oscailte do dhuine ar bith atá gníomhach sa tionscal.

Anailís: In a lán cásanna, bheadh oibleagáid maidir le nochtadh CMI ar son na hiomaíochta, toisc go ndéanadh sé an iomaíocht idir teicneolaíochtaí a mhéadú ex ante. Go ginearálta, cuireann oibleagáid den sórt sin ar a gcumas do chomhaltaí eagraíochta forbartha caighdeán méid an léimh CMI ar theicneolaíocht áirithe a chur san áireamh agus iad ag cinneadh idir teicneolaíochtaí atá in iomaíocht lena chéile (nó fiú – i gcás inar féidir – teicneolaíocht nach gcumhdaítear le CMI a roghnú). Is minic a bheidh tionchar díreach ag méid an léimh CMI ar theicneolaíocht ar an gcostas a bhaineann le rochtain ar an gcaighdeán. Sa chomhthéacs áirithe sin, áfach, is cosúil go bhfuil na teicneolaíochtaí uile atá ar fáil cumhdaithe ag CMIInna, agus fiú roinnt mhaith CMIInna. Dá bhrí sin, ní bheadh an éifeacht dhearfach ag aon nochtadh CMI a chuirfeadh ar chumas na mball an méid CMI a chur san áireamh agus teicneolaíocht á roghnú acu, ós rud é gur féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfuil léamh CMI ar an teicneolaíocht sin, is cuma cén teicneolaíocht a roghnaítear. Ní dócha go mbeidh aon éifeacht dhiúltach ag an gcomhaontú ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1).

8. TÉARMAÍ CAIGHDEÁNACHA

8.1. Sainmhíithe

490. I dtionscail áirithe, úsáideann gnóthais téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha díola nó ceannaigh arna leagan amach ag comhlachas trádála nó ag na gnóthais iomaíocha go díreach ('téarmaí caighdeánacha')³⁵⁵. Cumhdaítear na téarmaí caighdeánacha sin leis na Treoirlínte seo a mhéid a bhunaíonn siad coinníollacha caighdeánacha maidir le díol nó ceannach earraí nó seirbhísí ag na gnóthais iomaíocha sin do chustaiméirí tríú páirtí nó ó sholáthróirí tríú páirtí (agus ní na coinníollacha díolacháin nó ceannaigh idir iomaitheoirí). Nuair a úsáidtear téarmaí caighdeánacha den sórt sin go forleathan laistigh de thionscal, féadfar na coinníollacha ceannaigh nó díola a úsáidtear sa tionscal a ailíniú *de facto*³⁵⁶. Samplaí d'earnálacha ina bhfuil ról tábhachtach ag téarmaí caighdeánacha is ea na hearnálacha baincéireachta (mar shampla, téarmaí cuntas bainc) agus árachais.
491. Téarmaí caighdeánacha arna mbunú go neamhspleách ag gnóthas dá úsáid féin amháin nuair a dhéantar conradh lena sholáthróirí nó lena chustaiméirí, ní comhaontuithe cothrománacha iad agus, dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis na Treoirlínte sin iad.

8.2. Margáí ábhartha

492. Go ginearálta, bíonn éifeachtaí ag téarmaí caighdeánacha ar an margadh iartheachtach ina bhfuil na gnóthais a úsáideann na téarmaí caighdeánacha san iomaíocht trína dtáirgí a dhíol lena gcustaiméirí.

8.3. Measúnú faoi Airteagal 101(1)

8.3.1. Príomhábhair inní na hiomaíochta

493. Is féidir éifeachtaí sriantacha eascairt as téarmaí caighdeánacha ar an iomaíocht trí theorainn a chur leis an rogha táirgí agus leis an nuálaíocht. Má ghlacann cuid mhór de thionscal na téarmaí caighdeánacha agus má roghnaíonn sé gan imeacht uathu i gcásanna aonair (nó má imíonn sé uathu i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil cumhacht láidir ceannaitheora), d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon rogha ag custaiméirí ach glacadh leis na coinníollacha sna téarmaí caighdeánacha. Mar sin féin, ní dócha go gcuirfear teorainn leis an rogha agus leis an nuálaíocht ach amháin i gcásanna ina sainítear raon feidhme an táirge deiridh leis na téarmaí caighdeánacha. Maidir le hearraí do thomhaltóirí, ní gnách go gcuireann téarmaí caighdeánacha díola teorainn le nuálaíocht an táirge iarbhír ná le cáilíocht nó éagsúlacht táirge.
494. Ina theannta sin, ag brath ar a n-inneachar, d'fhéadfadh téarmaí caighdeánacha difear a dhéanamh do choinníollacha tráchtála díola an táirge deiridh. Go háirithe, tá riosca tromchúiseach ann go bhféadfadh téarmaí caighdeánacha a bhaineann le praghas srian a chur le hiomaíocht praghsanna.
495. Thairis sin, i gcás ina nglactar téarmaí caighdeánacha go forleathan i dtionscal, d'fhéadfadh sé go mbeadh rochtain orthu ríthábhachtach chun dul isteach sa mhargadh. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh foriamh frithiomaíoch a bheith mar

³⁵⁵ Ní chumhdódh téarmaí caighdeánacha den sórt sin ach cuid an-bheag nó cuid mhór de na clásail atá sa chonradh deiridh.

³⁵⁶ Tagraíonn sé seo do chás ina n-úsáideann formhór an tionscail téarmaí caighdeánacha (neamhéigeantach) sa chleachtas agus/nó i gcás fhormhór na ngnéithe den táirge/seirbhís as a dtagann teorannú nó fiú easpa rogha do thomhaltóirí.

thoradh ar rochtain ar na téarmaí caighdeánacha a dhiúltú. Ar choinníoll go mbeidh na téarmaí caighdeánacha oscailte go héifeachtach fós lena n-úsáid ag aon ghnóthas ar mian leis rochtain a bheith aige orthu, ní dócha go gcruthóidh siad foriamh frithiomaíoch.

8.3.2. *Iomaíocht a shrianadh de réir cuspóra*

496. Comhaontuithe ina n-úsáidtear téarmaí caighdeánacha mar chuid de chomhaontú sriantach níos leithne arb é is aidhm dó iomaitheoirí iarbhír nó iomaitheoirí ionchasacha a eisiámh, cuireann siad srian freisin leis an iomaíocht de réir cuspóra. Sampla de sin is ea nach gceadaíonn comhlachas trádála rochtain d'iontrálaí nua ar a théarmaí caighdeánacha, a bhfuil a n-úsáid rithábachtach chun iontráil ar an margadh a áirithiú.
497. Go ginearálta, maidir le téarmaí caighdeánacha ina bhfuil forálacha a imríonn tionchar díreach ar na praghsanna³⁵⁷ a ghearrtar ar chustaiméirí (is é sin le rá, praghsanna molta, lacáistí, etc.), srian de réir cuspóra leis an iomaíocht atá iontu.

8.3.3. *Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht*

498. Ní mór measúnú a dhéanamh ar bhunú agus ar úsáid téarmaí caighdeánacha sa chomhthéacs eacnamaíoch agus i bhfianaise na staid ar an margadh ábhartha chun a chinneadh an dócha go n-eascróidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht as na téarmaí caighdeánacha atá i gceist.
499. I gcás ina mbeidh rannpháirtíocht i mbunú téarmaí caighdeánacha neamhshrianta i gcás iomaitheoirí sa mhargadh ábhartha (bíodh sé trí pháirt a ghlacadh sa chomhlachas trádála nó go díreach) agus ar choinníoll nach mbeidh úsáid na dtéarmaí caighdeánacha éigeantach agus go mbeidh rochtain éifeachtach orthu lena n-úsáid ag aon ghnóthas, ní dócha go mbeidh éifeachtaí diúltacha ar cháilíocht táirgí, ar éagsúlacht táirgí ná ar an nuálaíocht mar thoradh ar chomhaontuithe a bhaineann le téarmaí caighdeánacha agus, dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha acu ar an iomaíocht (ar choinníoll nach mbeidh aon éifeacht ag na téarmaí caighdeánacha ar an bpraghas agus faoi réir na bhfoláireamh a leagtar amach i míreanna 501-505).
500. Tá dhá eisceacht ghinearálta ann, áfach, ina bhfuil gá le measúnú níos doimhne.
501. Ar an gcéad dul síos, téarmaí caighdeánacha maidir le hearraí nó seirbhísí tomhaltóirí a dhíol i gcás ina sainmhínítear leis na téarmaí caighdeánacha raon feidhme an táirge a dhíoltar leis an gcustaiméir, agus i gcás ina bhfuil riosca níos suntasaí, dá bhrí sin, go mbeadh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) i gcás inar dócha go mbeidh ailíniú *de facto* mar thoradh ar a gcur i bhfeidhm comhchoiteann. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina mbeadh teorannú ar nuálaíocht agus ar éagsúlacht táirgí ar an margadh mar thoradh ar úsáid fhorleathan na dtéarmaí caighdeánacha *de facto*. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh sé sin chun cinn i gcás ina gcuireann téarmaí caighdeánacha i gconarthaí árachais teorainn le rogha an chustaiméara maidir le príomhghnéithe an chonartha, amhail na cineálacha rioscaí a chumhdaítear. Fiú mura bhfuil úsáid na dtéarmaí caighdeánacha éigeantach, d'fhéadfaidís an bonn a bhaint de dhreasachtaí na n-árachóirí iomaitheora

³⁵⁷ Féach fonóta 32 freisin. I margaí inar paraiméadair thábhachtacha iomaíochta iad paraiméadair neamhphraghais, d'fhéadfadh sé gur srian ar an iomaíocht de réir cuspóra iad téarmaí caighdeánacha a bhaineann le paraiméadair den sórt sin.

dul san iomaíocht maidir le héagsúlú táirgí. Is féidir é sin a shárú trí ligean d'árachóirí rioscaí seachas rioscaí caighdeánacha a áireamh ina gconarthaí árachais freisin.

502. Agus measúnú á dhéanamh an dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha ag na téarmaí caighdeánacha trí éagsúlacht táirgí a theorannú, ba cheart fachtóirí amhail an iomaíocht atá ann cheana ar an margadh a chur san áireamh. Mar shampla, má tá líon mór iomaitheoirí níos lú ann, bíonn an riosca maidir le teorannú rogha an táirge níos lú, go ginearálta, ná mura mbeadh ach roinnt iomaitheoirí níos mó ann³⁵⁸. D'fhéadfadh sciar margaidh na ngnóthas atá rannpháirteach i mbunú na dtéarmaí caighdeánacha léiriú a thabhairt freisin ar an dóchúlacht go mbainfí úsáid as na téarmaí caighdeánacha nó ar an dóchúlacht go n-úsáidfídh sciar mór den mhargadh na téarmaí caighdeánacha. Mar sin féin, i ndáil leis an méid sin, ní hamháin go bhfuil sé ábhartha anailís a dhéanamh ar cé acu an dócha go n-úsáidfídh cion mór den mhargadh na téarmaí caighdeánacha nó nach dócha, ach chomh maith leis sin ar cé acu a chumhdaíonn na téarmaí caighdeánacha an táirge ina iomláine nó cuid de (dá lú fairsinge raon feidhme na dtéarmaí caighdeánacha, is lú seans go mbeidh teorannú ar an éagsúlacht táirgí mar thoradh orthu, tríd is tríd). Ina theannta sin, i gcásanna nach bhféadfaí táirge áirithe a thairiscint in éagmais na dtéarmaí caighdeánacha a bhunú, ní dócha go mbeadh aon tionchar sriantach ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). Sa chás sin, méadaítear éagsúlacht na dtáirgí seachas í a laghdú trí na téarmaí caighdeánacha a bhunú.
503. Ar an dara dul síos, fiú mura sainmhíníonn na téarmaí caighdeánacha saintréithe an táirge deiridh, d'fhéadfaidís tionchar suntasach a imirt ar chinntí custaiméirí maidir le hidirbhearta a dhéanamh ar chúiseanna eile. Sampla de sin is ea siopadóireacht ar líne ina bhfuil muinín an chustaiméara fíor-riachtanach (mar shampla, i gcórais íocaíochta sábháilte a úsáid, cur síos ceart ar na táirgí, rialacha praghsála atá soiléir agus trédhearcach, solúbthacht an bheartais maidir le táirgí a thabhairt ar ais, etc.). Ós rud é gur deacair do chustaiméirí measúnú soiléir a dhéanamh ar na paraiméadair sin go léir, d'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, go mbeadh siad i bhfabhar cleachtais atá forleathan. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh téarmaí caighdeánacha maidir leis na paraiméadair sin a bheith ina gcaighdeán *de facto* a mbeadh ar ghnóthais iad a chomhlíonadh chun díol sa mhargadh. Cé nach bhfuil sé éigeantach iad a úsáid, d'fhéadfadh na téarmaí caighdeánacha sin a bheith ina gcaighdeán *de facto*, a bhfuil a éifeachtaí an-ghar do chaighdeán éigeantach agus ar gá anailís a dhéanamh orthu dá réir.
504. Má tá úsáid na dtéarmaí caighdeánacha éigeantach, is gá measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar cháilíocht na dtáirgí, ar éagsúlacht na dtáirgí agus ar nuálaíocht na dtáirgí (go háirithe má tá sé éigeantach na téarmaí caighdeánacha a úsáid ar an margadh ina iomláine).
505. Thairis sin, i gcás ina mbeadh téarmaí sna téarmaí caighdeánacha (bíodh sé éigeantach iad a úsáid nó ná bíodh) ar dócha go mbeadh tionchar diúltach acu ar an iomaíocht a bhaineann le praghsanna³⁵⁹ (mar shampla téarmaí lena n-imrítear

³⁵⁸ Má léiríonn an taithí a fuarthas roimhe seo ar théarmaí caighdeánacha ar an margadh ábhartha nach raibh laghdú ar an iomaíocht maidir le difreáil táirgí mar thoradh ar na téarmaí caighdeánacha, d'fhéadfadh sé gur léiriú é sin freisin nach mbeidh tionchar sriantach ar an iomaíocht mar thoradh ar an gcineál céanna téarmaí caighdeánacha a forbraíodh do tháirge comharsanachta a úsáid.

³⁵⁹ I margaí inar paraiméadair thábhachtacha iomaíochta iad paraiméadair neamhphraghais, d'fhéadfadh sé go gcuirfídh téarmaí caighdeánacha a bhaineann le paraiméadair den sórt sin srian ar an iomaíocht.

tionchar ar chineál na lacáistí atá le deonú), is dóigh go mbeadh éifeachtaí sriantacha acu ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1).

8.4. Measúnú faoi Airteagal 101(3)

8.4.1. Éifeachtúlachtaí

506. D'fhéadfadh úsáid téarmaí caighdeánacha sochair eacnamaíocha a chruthú, amhail é a dhéanamh níos éasca do chustaiméirí comparáid a dhéanamh idir na coinníollacha a thairgtear, rud a éascaíonn an t-aistriú idir soláthróirí. D'fhéadfadh gnóthachain éifeachtúlachta eascairt as téarmaí caighdeánacha i bhfoirm coigiltí i gcostais idirbheart agus, in earnálacha áirithe (go háirithe i gcás ina bhfuil struchtúr dlíthiúil casta ag baint leis na conarthaí), d'fhéadfaidís iontráil a éascú. D'fhéadfadh téarmaí caighdeánacha deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú do pháirtithe an chonartha freisin. Is féidir leis na gnóthachain éifeachtúlachta sin cur le margadh inmheánach athléimneach.

507. Dá airde líon na n-iomaitheoirí ar an margadh, is ea is mó an méadú éifeachtúlachta chun comparáid idir na coinníollacha a thairgtear a éascú.

8.4.2. Fíor-riachtanas

508. Ní chomhlíonann srianta a théann thar a bhfuil riachtanach chun na gnóthachain éifeachtúlachta a ghintear le téarmaí caighdeánacha a bhaint amach coinníollacha Airteagal 101(3). Mar shampla, ní gá go ginearálta na téarmaí caighdeánacha a dhéanamh éigeantach don tionscal. Ní féidir a chur as an áireamh, áfach, go bhféadfadh sé a bheith fíor-riachtanach i gcásanna sonracha úsáid a bhaint as na téarmaí caighdeánacha éigeantacha chun gnóthachain éifeachtúlachta áirithe a bhaint amach.

8.4.3. Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí

509. Tagann méadú ar an riosca go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht agus ar an dóchúlacht go dtarlóidh gnóthachain éifeachtúlachta le sciartha na ngnóthas den mhargadh agus leis an méid úsáide a bhaintear as na téarmaí caighdeánacha. Dá bhrí sin, ní féidir aon 'tearmann' ginearálta a chur ar fáil nach bhfuil aon riosca ann go mbeidh éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht ann nó lena gceadófaí an toimhde go gcuirfear gnóthachain éifeachtúlachta ar aghaidh chuig tomhaltóirí go feadh méid níos mó ná na héifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht.

510. Mar sin féin, is chun tairbhe na dtomhaltóirí iad gnóthachain éifeachtúlachta áirithe a ghintear le téarmaí caighdeánacha, amhail inchomparáideacht mhéadaithe na dtairiscintí ar an margadh, malartú idir soláthraithe a éascú, agus deimhneacht dhlíthiúil. Maidir le gnóthachain éifeachtúlachta eile a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail costais idirbheart níos ísle, is gá measúnú a dhéanamh ar bhonn cás ar chás agus sa chomhthéacs eacnamaíoch ábhartha cibé an dócha go gcuirfear ar aghaidh iad chuig tomhaltóirí.

8.4.4. Gan deireadh a chur leis an iomaíocht

511. Féadfaidh téarmaí caighdeánacha a úsáideann formhór an tionscail caighdeán tionscail *de facto* a chruthú. I gcás den sórt sin, féadfar deireadh a chur le hiomaíocht má tá tríú páirtithe foriata ó rochtain éifeachtach ar an gcaighdeán. Más rud é, áfach, nach mbaineann na téarmaí caighdeánacha ach le mionsaintréithe den táirge nó den tseirbhís, ní dócha go gcuirfear deireadh leis an iomaíocht.

8.5. Samplaí

512. Téarmaí caighdeánacha neamhéigeantacha agus oscailte a úsáidtear do chonarthaí le húsáideoirí deiridh

Sampla 1

Cás: Bunaíonn comhlachas trádála do dháileoirí leictreachais téarmaí caighdeánacha neamhéigeantacha maidir le leictreachas a sholáthar d'úsáideoirí deiridh. Bunaíodh na téarmaí caighdeánacha ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Cumhdaíonn na téarmaí caighdeánacha saincheistanna amhail an pointe tomhaltais a shonrú, suíomh an phointe nasctha agus voltas an cheangail, forálacha maidir le hiontaofacht na seirbhíse chomh maith leis an nós imeachta chun na cuntais idir na páirtithe sa chonradh a shocrú (mar shampla, cad a tharlaíonn mura soláthraíonn an custaiméir léamha na bhfeistí tomhais don soláthróir). Ní bhaineann na téarmaí caighdeánacha le praghsanna, is é sin le rá, níl aon phraghsanna molta ná aon chláisail eile a bhaineann le praghas iontu. Tá saoirse ag aon ghnóthas atá gníomhach san earnáil na téarmaí caighdeánacha a úsáid de réir mar is cuí leis. Tá thart ar 80 % de na conarthaí a thugtar i gcrích le húsáideoirí deiridh sa mhargadh ábhartha bunaithe ar na téarmaí caighdeánacha sin.

Anailís: Ní dócha go gcuirfidh na téarmaí caighdeánacha srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). Fiú má tá siad ina gcleachtas tionscail, ní dócha go mbeidh aon tionchar diúltach suntasach acu ar phraghsanna, ar cháilíocht an táirge nó ar éagsúlacht.

513. Téarmaí caighdeánacha a úsáidtear do chonarthaí idir gnóthais

Sampla 2

Cás: Tagann gnóthais tógála i mBallstát áirithe le chéile chun téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha neamhcheangailteacha oscailte a bhunú lena n-úsáid ag conraitheoir nuair a chuireann sé luachan d'obair thógála faoi bhráid cliaint. Áirítear cineál luachana mar aon le téarmaí agus coinníollacha atá oiriúnach d'fhoirgneamh nó do thógáil. Le chéile, is iad na doiciméid a chruthaíonn an conradh tógála. Clúdaíonn cláisail nithe amhail foirmiú conarthaí, oibleagáidí ginearálta an chonraitheora agus an chliaint agus coinníollacha íocaíochta nach mbaineann le praghas (mar shampla, foráil lena sonraítear ceart an chonraitheora fógra a thabhairt chun an obair a chur ar fionraí i gcás neamhíocaíochta), árachas, fad, aistriú agus fabhtanna, teorannú dliteanais, foirceannadh, etc. Is minic a úsáidfeá na téarmaí caighdeánacha seo idir gnóthais, ceann amháin gníomhach go réamhtheachtach agus ceann amháin gníomhach go hiartheachtach.

Anailís: Ní dócha go gcuirfidh na téarmaí caighdeánacha srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). Go ginearálta, ní bheidh siad ina gcúis le haon teorannú suntasach ar rogha an chustaiméara den táirge deiridh, is é sin an obair thógála. Is cosúil nach dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha eile ar an iomaíocht. Go deimhin, is leis an dlí a rialófaí roinnt de na cláisail thuas go minic (aistriú agus fabhtanna, foirceannadh, etc.).

514. Téarmaí caighdeánacha lena n-éascaítear comparáid idir táirgí éagsúla gnóthas

Sampla 3

Cás: Dáileann comhlachas náisiúnta don earnáil árachais coinníollacha caighdeánacha polasaí neamhéigeantacha le haghaidh conarthaí árachais tithe. Ní

thugtar le fios sna coinníollacha leibhéal na bpréimheanna árachais, méid an chumhdaigh ná na barrachais is iníoctha ag an áreachaí. Ní fhorchuirtear leo cumhdach cuimsitheach lena n-áirítear rioscaí nach bhfuil líon suntasach sealbhóirí polasaithe neamhchosanta orthu ag an am céanna agus ní cheanglaítear leo ar na sealbhóirí polasaithe cumhdach a fháil ón árachóir céanna le haghaidh rioscaí éagsúla. Cé go n-úsáideann formhór na ngnóthas árachais na coinníollacha caighdeánacha polasaí, níl na coinníollacha céanna ar fáil ina gconarthaí uile, toisc go gcuirtear iad in oiriúint do riachtanais aonair gach cliaint agus, dá bhrí sin, ní dhéantar caighdeánú de facto ar tháirgí árachais a thairgtear do thomhaltóirí. Cuireann na coinníollacha caighdeánacha polasaí ar chumas tomhaltóirí agus eagraíochtaí tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir na beartais atá á dtairiscint ag na hárachóirí éagsúla. Tá baint ag comhlachas tomhaltóirí leis an bpróiseas chun na coinníollacha caighdeánacha polasaí a bhunú. Tá siad ar fáil freisin lena n-úsáid ag iontrálaithe nua ar an margadh, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

Anailís: Baineann na coinníollacha caighdeánacha polasaí le comhdhéanamh an táirge árachais deiridh. A mhéid a léirítear le coinníollacha an mhargaidh agus le fachtóirí eile go bhfuil riosca ann go mbeidh teorainn ar éagsúlacht na dtáirgí de thoradh ar ghnóthais árachais a úsáideann na coinníollacha caighdeánacha polasaí, is dócha go mbeadh éifeachtúlachtaí, amhail tomhaltóirí a éascú comparáid a dhéanamh ar na coinníollacha arna dtairiscint ag gnóthais árachais, níos mó ná aon teorannú den sórt sin. Éascaíonn na comparáidí sin, ar a uain, an t-athrú idir gnóthais árachais agus feabhsaíonn siad iomaíocht ar an gcaoi sin. Ina theannta sin, is buntáiste do thomhaltóirí é an cumas a bheith acu malartú idir soláthraithe, chomh maith le hiomaitheoirí a bheith ag dul isteach sa mhargadh. Ós rud é gur ghlac an comhlachas tomhaltóirí páirt sa phróiseas, d'fhéadfadh sé méadú a dhéanamh ar an dóchúlacht go gcuirfí na héifeachtúlachtaí sin ar aghaidh. Is dócha go laghdóidh na coinníollacha caighdeánacha polasaí costais idirbheart agus go n-éascófar leo iontráil d'árachóirí ar mhargaí éagsúla geografacha agus/nó táirgí. Ina theannta sin, is cosúil nach dtéann na srianta thar a bhfuil riachtanach chun na héifeachtúlachtaí sainaitheanta a bhaint amach agus ní chuirfí deireadh le hiomaíocht. Dá dheasca sin, is dócha go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 101(3).

9. COMHAONTUITHE INBHUANAITHEACHTA

9.1. Réamhrá

515. Soláthraítear treoraíocht ghinearálta leis an gCaibidil seo maidir le measúnú iomaíoch a dhéanamh ar chomhaontuithe idir iomaitheoirí a shaothraíonn cuspoirí inbhuanaitheachta ('comhaontuithe inbhuanaitheachta'). Sa bhreis ar an treoraíocht ghinearálta sin, tá an Coimisiún tiomanta treoraíocht neamhfhoirmiúil a chur ar fáil maidir le ceisteanna nua nó ceisteanna nach bhfuil réitithe maidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta aonair tríd an bhFógra maidir le Treoraíocht Neamhfhoirmiúil uaidh³⁶⁰.
516. Tá an fhorbairt inbhuanaithe ina croíphrionsabal den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ina chuspóir tosaíochta do bheartais an Aontais³⁶¹. Gheall an Coimisiún

³⁶⁰ Fógra ón gCoimisiún maidir le treoraíocht neamhfhoirmiúil a bhaineann le ceisteanna nua nó gan réiteach i ndáil le hAirteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a thagann chun cinn i gcásanna aonair (treoirlitreacha), IO C 381, 4.10.2022, lch. 9.

³⁶¹ Airteagal 3 CAE.

spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme³⁶². I gcomhréir leis an ngealltanas sin, leagtar amach straitéis nua fáis leis an gComhaontú Glas don Eoraip arb é is aidhm leis an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir agus rathúil, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha agus iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de, nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúláilte ó úsáid acmhainní³⁶³.

517. I dtéarmaí ginearálta, tagraíonn forbairt inbhuanaithe do chumas na sochaí na hacmhainní atá ar fáil sa lá atá inniu ann a ídiú agus a úsáid gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht freastal ar a riachtanais féin. Cuimsíonn sé gníomhaíochtaí a thacaíonn le forbairt eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta (lena n-áirítear saothar agus cearta an duine)³⁶⁴. Cuimsíonn coincheap na gcuspóirí inbhuanaitheachta na nithe a leanas, dá bhrí sin, gan a bheith teoranta dóibh; aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide (trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, mar shampla), truailliú a laghdú, úsáid acmhainní nádúrtha a theorannú, cearta an duine a urramú, ioncam maireachtála a áirithiú, bonneagar athléimneach agus nuálaíocht a chothú, cur amú bia a laghdú, aistriú chuig bia sláintiúil agus cothaitheach a éascú, leas ainmhithe a áirithiú, etc.³⁶⁵.
518. Cuireann forfheidhmiú dlí na hiomaíochta leis an bhforbairt inbhuanaithe trí iomaíocht éifeachtach a áirithiú, rud a spreagann nuálaíocht, a mhéadaíonn cáilíocht agus rogha na dtáirgí, a áirithíonn leithdháileadh éifeachtúil acmhainní, a laghdaíonn na costais táirgthe, a chuireann le leas na dtomhaltóirí dá réir.
519. Mar sin féin, ábhar inní a bhaineann le forbairt inbhuanaithe is ea go bhféadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith ag cinntí aonair maidir le táirgeadh agus tomhaltas ('seachtrachtaí diúltacha'), mar shampla, ar an gcomhshaol, nach gcuirtear san áireamh go leordhóthanach iad ag oibreoirí eacnamaíocha ná ag tomhaltóirí is cúis leo. Is féidir teip mhargaidh den chineál sin a mhaolú nó a leigheas trí ghníomhaíocht chomhchoiteann, trí bheartais phoiblí (earnáilsonracha) go príomha, agus trí chomhaontuithe comhair idir gnóthais a chothaíonn táirgeadh nó tomhaltas inbhuanaithe, go tánaisteach.
520. I gcás ina dtugtar aghaidh ar theipeanna margaidh le rialachán iomchuí, mar shampla, caighdeáin éigeantacha truaillithe an Aontais, sásraí praghsála, amhail Córas an Aontais maidir le Trádáil Astaíochtaí ('ETS') agus cánacha, d'fhéadfadh sé

³⁶² Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015.

³⁶³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM/2019/640 final).

³⁶⁴ Féach mar shampla Rún 66/288 ó na Náisiúin Aontaithe a ghlac an Comhthionól Ginearálta an 27 Iúil 2012.

³⁶⁵ Sainithnítear 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe (lena n-áirítear, mar shampla, Sprioc 2: Díothú an ocrais, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn; Sprioc 7: rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a áirithiú; Sprioc 9: bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclaíocht ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus an nuálaíocht a chothú; Sprioc 13: gníomhú go práinneach chun an t-athrú aeráide agus a thionchar a chomhrac); agus 169 sprioc (lena n-áirítear, mar shampla, Sprioc 9.1: bonneagar ardcháilíochta, iontaofa, inbhuanaithe agus athléimneach a fhorbairt, lena n-áirítear bonneagar réigiúnach agus trasteorann, chun tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch agus le folláine an duine, agus béim á leagan ar rochtain inacmhainne agus chothrom do chách; agus Sprioc 13.1: athléimneacht agus acmhainneacht oiriúnaitheach a neartú i dtaca le guaiseacha a bhaineann leis an aeráid agus le tubaistí nádúrtha i ngach tír).

nach mbeadh gá le bearta breise ó ghnóthais, mar shampla trí chomhaontuithe comhair. Mar sin féin, féadfaidh comhaontuithe comhair aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh iarmharacha nach dtugtar aghaidh go hiomlán orthu le beartais phoiblí agus le rialacháin phoiblí.

521. Sna Treoirlínte seo, tagraíonn an téarma ‘comhaontú inbhuanaitheachta’ d’aon chineál comhaontaithe comhair chothrománaigh a shaothraíonn cuspóir inbhuanaitheachta, gan beann ar fhoirm an chomhair. Ní chruthóidh comhaontuithe inbhuanaitheachta ábhair inní maidir leis an iomaíocht faoi Airteagal 101 ach amháin má tá srianta ar an iomaíocht de réir cuspóra i gceist leo, nó má chruthaíonn siad éifeachtaí diúltacha suntasacha iarbhrí nó dóchúla ar an iomaíocht. Ní féidir le comhaontuithe a chuireann srian ar an iomaíocht éalú ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 101(1) ar an gcúis amháin go ndéanann siad tagairt do chuspóir inbhuanaitheachta³⁶⁶.
522. I gcás ina gcuireann comhaontuithe inbhuanaitheachta srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1), féadfaidh siad fós a bheith comhoiriúnach le hAirteagal 101 má chomhlíonann siad na ceithre choinníoll den eisceacht dá ndéantar foráil in Airteagal 101(3). Leagtar amach treoraíocht mhionsonraithe maidir l cur i bhfeidhm na gcoinníollacha sin sna Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 101(3) a chur i bhfeidhm³⁶⁷.
523. Níl comhaontuithe inbhuanaitheachta ina gcatagóir ar leithligh den chomhaontú cothrománach comhair chun críche Airteagal 101 a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, i gcás ina gcomhfhreagraíonn comhaontú cothrománach le ceann de na cineálacha comhaontuithe cothrománacha a chumhdaítear leis na Caibidlí roimhe seo de na Treoirlínte seo agus ina saothraítear cuspóir inbhuanaitheachta leis an gcomhaontú sin freisin, ba cheart é a mheas ar bhonn na treoraíochta atá sa Chaibidil/sna Caibidlí ábhartha roimhe seo, in éineacht leis an treoraíocht a sholáthraítear sa Chaibidil seo.
524. Sa chleachtas, maidir le comhaontú T&F nó speisialtóireachta lena saothraítear cuspóir inbhuanaitheachta (comhaontú idir iomaitheoirí chun teicneolaíocht táirgthe a laghdaíonn an t-ídiú fuinnimh a fhorbairt i gcomhpháirt, mar shampla, nó comhaontú chun bonneagar a chomhroinnt d’fhonn tionchar comhshaoil próisis táirgthe a laghdú), agus a cháilíonn, dá bhrí sin, mar chomhaontú inbhuanaitheachta chomh maith, ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh sé tairbhiú de na rialacháin bhlocdhíolúine is infheidhme maidir le comhaontuithe T&F nó le comhaontuithe speisialtóireachta, ar choinníoll go gcomhlíonann sé coinníollacha na rialachán sin. I gcás nach gcomhlíontar coinníollacha an rialachán blocdhíolúine ábhartha, is gá measúnú iomlán a dhéanamh faoi Airteagal 101, bunaithe ar an treoraíocht a sholáthraítear i gCaibidil 2 (i gcás comhaontuithe T&F) agus an treoraíocht a sholáthraítear i gCaibidil 3 (i gcás comhaontuithe maidir le táirgeadh), lena n-áirítear comhaontuithe maidir le bonneagar teileachumarsáide móibíl a chomhroinnt), agus ba cheart an treoraíocht a sholáthraítear sa Chaibidil seo a chur san áireamh maidir

³⁶⁶ Féach Roinn 1.2.6 thuas. D’aithin an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfaidh srianta ar an iomaíocht a thagann as comhaontuithe nó cinní comhlachas gnóthas teacht lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101(1) más cuid dhílis de shaothrú cuspóra dlisteanáigh iad agus má tá siad comhréireach leis (féach, inter alia, breithiúnais an 21 Meán Fómhair 1999, *Albany International*, C-67/96, EU:C:1999:430; an 19 Feabhra 2002, *Wouters agus Eile*, C-309/99, EU:C:2002:98; agus an 16 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen v An Coimisiún*, C-519/04 P, EU:C:2006:492).

³⁶⁷ Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 81(3) den Chonradh a chur i bhfeidhm (‘Treoirlínte Airteagal 101(3)’), IO C 101, 27.4.2004, lch. 97.

leis an dá chineál comhaontaithe. Ar an gcaoi chéanna, maidir le comhaontú idir iomaitheoirí chun táirgí a bhfuil lorg comhshaoil teoranta acu a cheannach go comhpháirteach mar ionchur dá dtáirgeadh, nó chun táirgí a cheannach ó sholáthraithe a chomhlíonann caighdeáin áirithe inbhuanaitheachta amháin, ní mór é a mheas de réir na treoraíochta a leagtar amach i gCaibidil 4 (Comhaontuithe ceannaigh)³⁶⁸, agus an treoraíocht sa Chaibidil seo a chur san áireamh freisin.

525. I gcás aon neamhréir idir an treoraíocht a sholáthraítear sa Chaibidil seo agus an treoraíocht a sholáthraítear sna Caibidlí ábhartha roimhe seo chun comhaontú áirithe inbhuanaitheachta a mheas (Caibidil 2 go 8), féadfaidh na páirtithe sa chomhaontú brath ar threoraíocht sa Chaibidil atá níos fabhraí dóibh. I bhfianaise a saintréithe suaithinseacha (féach míreanna 540-544), ba cheart comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta a mheas i gcomhréir leis an treoraíocht a sholáthraítear i Roinn 9.3³⁶⁹, de bharr nach soláthraítear i gCaibidil 7 (Comhaontuithe um chaighdeánú) ach cúlra breise ar na coinníollacha atá i gcoiteann ag an dá chaibidil.
526. Tá an Chaibidil seo struchtúrtha mar a leanas: Leagtar amach i Roinn 9.2 samplaí de chomhaontuithe inbhuanaitheachta nach dócha go gcuirfidh siad srian ar iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1); soláthraítear treoraíocht i Roinn 9.3 maidir le gnéithe sonracha den mheasúnú ar chomhaontuithe inbhuanaitheachta faoi Airteagal 101(1) agus díritear inti ar na comhaontuithe inbhuanaitheachta is coitianta, is iad sin na comhaontuithe sin lena leagtar síos caighdeáin inbhuanaitheachta; clúdaítear i Roinn 9.4 gnéithe sonracha den mheasúnú ar chomhaontuithe inbhuanaitheachta faoi Airteagal 101(3); pléitear i Roinn 9.5 na hiarmhairtí a bhaineann le rannpháirtíocht na n-údarás poiblí i dtabhairt i gcrích comhaontuithe inbhuanaitheachta. Ar deireadh, déantar measúnú i Roinn 9.6 ar shamplaí hipitéiseacha de chomhaontuithe inbhuanaitheachta.

9.2. Comhaontuithe inbhuanaitheachta nach dócha go mbeidh siad ina gcúis inní maidir leis an iomaíocht

527. Ní thagann gach comhaontú inbhuanaitheachta idir iomaitheoirí faoi raon feidhme Airteagal 101. I gcás nach ndéanann comhaontuithe den sórt sin difear diúltach do pharaiméadair iomaíochta, amhail praghas, cainníocht, cáilíocht, rogha nó nuálaíocht, ní féidir leo ábhair inní maidir le dlí na hiomaíochta a ardú. Is samplaí de chomhaontuithe inbhuanaitheachta a thiteann lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101 iad na nithe a leanas. Is samplaí léiritheacha iad na samplaí sin agus níl siad uileghabhálach.
528. Uimhir a haon, comhaontuithe a bhfuil sé d'aidhm leo comhlíontacht le ceanglais nó toirmisc atá sách beacht i gconarthaí, comhaontuithe nó coinbhinsiúin idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí de a áirithiú, cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh chun feidhme iad sa dlí náisiúnta (comhlíontacht le cearta sóisialta bunúsacha nó toirmisc ar shaothar leanaí a úsáid, ar lománaíocht cineálacha áirithe d'adhmaid trópaiceach, nó ar thruailleáin áirithe a úsáid, mar shampla) agus nach bhfuil curtha chun feidhme go hiomlán nó forfheidhmithe ag Stát sínithe, titeann siad lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101. Níl feidhm ag an eisiamh sin ó Airteagal 101 ach amháin i gcás ina bhforáiltear leis an gcomhaontú nach mór do na gnóthais rannpháirteacha, dá soláthróirí agus/nó dá ndáileoirí ceanglais nó toirmisc den sórt sin a chomhlíonadh,

³⁶⁸ Féach mír 284.

³⁶⁹ Ós rud é gur fochatagóir de chomhaontuithe caighdeánaithe iad comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta.

mar shampla trí chosc nó laghdú a chur ar tháirgí a tháirgeadh nó a allmhairiú isteach san Aontas ar táirgí iad atá contrártha do cheanglais nó toirmisc den sórt sin, nó deireadh a chur lena leithéid de tháirgeadh nó allmhairiú. D'fhéadfadh comhaontuithe den sórt sin a bheith ina mbeart iomchuí lena chur ar chumas gnóthas a n-oibleagáidí díchill cuí inbhuanaitheachta faoi dhlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais a chur chun feidhme agus d'fhéadfaidís a bheith ina gcuid de scéimeanna comhair tionscail níos leithne nó de thionscnaimh il-gheallsealbhóra chun drochthionchair inbhuanaitheachta ina slabhraí luacha nó ina n-earnáil a shainaitint, a mhaolú agus a chosc.

529. Uimhir a dó, beidh comhaontuithe nach mbaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch na ngnóthas, ach lena n-iompar corparáideach inmheánach, ag titim go ginearálta lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101. D'fhéadfadh sé go bhféachfadh gnóthais iomaíoch a clú foriomlán a dtionscail a bheith freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a mhéadú agus, chun na críche sin, aontaíonn siad, mar shampla, maidir le bearta chun deireadh a chur le plaistigh aon úsáide ina n-áitreabh gnó; gan dul thar teocht chomhthimpeallach áirithe i bhfoirgnimh, nó líon na ndoiciméad a phriontálann siad in aghaidh an lae a theorannú.
530. Uimhir a trí, comhaontuithe chun bunachar sonraí a chur ar bun ina mbeadh faisnéis ghinearálta faoi sholáthróirí a bhfuil slabhraí luacha (neamh-)inbhuanaithe acu (soláthróirí a urramaíonn cearta saothair nó a íocann íosphá maireachtála, mar shampla); a úsáideann próisis táirgthe (neamh-)inbhuanaithe, nó a sholáthraíonn ionchuir (neamh-)inbhuanaithe, nó faisnéis faoi dháileoirí a dhéanann táirgí a mhargú ar bhealach (neamh-)inbhuanaithe, ach nach gcuireann toirmeasc nó oibleagáid ar na páirtithe ceannach ó sholáthróirí den sórt sin nó díol le dáileoirí den sórt sin, ní chuirfidh siad cosc ar an iomaíocht go ginearálta agus titfidh siad lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101³⁷⁰. D'fhéadfadh foirmeacha teoranta malartaithe faisnéise den sórt sin cuidiú le gnóthais a n-oibleagáidí díchill cuí inbhuanaitheachta faoi dhlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh.
531. Uimhir a ceathair, ní chuirfear srian ar an iomaíocht, go ginearálta, mar gheall ar chomhaontuithe idir iomaitheoirí a bhaineann le feachtais feasachta a eagrú feadh an tionscail nó le feachtais lena n-ardaítear feasacht custaiméirí ar lorg comhshaoil nó ar sheachtrachtaí diúltacha eile a dtomhaltais, ar choinníoll nach fógraíocht chomhpháirteach i leith táirgí sonracha iad, agus titfidh siad lasmuigh de raon feidhme Airteagal 101.

9.3. Measúnú ar chomhaontuithe inbhuanaitheachta faoi Airteagal 101(1)

9.3.1. Prionsabail ghinearálta

532. I gcás ina ndéanann comhaontuithe inbhuanaitheachta difear diúltach do cheann amháin nó níos mó de na paraiméadair iomaíochta, is gá measúnú a dhéanamh orthu faoi Airteagal 101(1).
533. I gcás ina saothraítear cuspóir inbhuanaitheachta le comhaontú comhair idir iomaitheoirí (cibé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear é le haon cheann de na Caibidlí roimhe seo de na Treoirí seo), ní mór é sin a chur san áireamh chun

³⁷⁰ Fad is nach laghdaíonn an bunachar sonraí éiginnteacht faoi ghníomhaíocht iomaitheoirí sa mhargadh le déanaí nó sa todhchaí, ní bheidh sé ina mhalartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de. I bhfocail eile, níor cheart do na gnóthais a chuireann leis an mbunachar sonraí na soláthróirí atá acu faoi láthair ná na soláthróirí a bheidh acu sa todhchaí a shainaitint.

críche a chinneadh cibé acu a chuireann an comhaontú srian leis an iomaíocht de réir cuspóra de réir bhrí Airteagal 101(1)³⁷¹.

534. I gcás ina dtugann na páirtithe i gcomhaontú bunús gurb é príomhchuspóir comhaontaithe cuspóir inbhuanaitheachta a shaothrú, agus i gcás ina gcruthaíonn sé sin amhras réasúnach i dtaobh an léirítear leis an gcomhaontú de bharr a chineáil, ag féachaint d'ábhar a fhorálacha, dá chuspóirí, agus don chomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil, go ndéantar leibhéal leordhóthanach díobhála don iomaíocht chun gur féidir a mheas gur srian de réir cuspóra é³⁷², ní mór measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí an chomhaontaithe ar an iomaíocht. Ní hamhlaidh atá i gcás ina n-úsáidtear an comhaontú chun srian de réir cuspóra ar an iomaíocht a cheilt, amhail socrú praghsanna, comhroinnt margaidh nó leithdháileadh custaiméirí, nó teorainn le haschur nó leis an nuálaíocht.
535. Déantar aon mheasúnú ar éifeachtaí de réir na bprionsabal a leagtar amach i Roinn 1.2.5 agus sna Ranna faoi 'Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht' sa Chaibidil roimhe sin de na Treoirí seo a chomhfhreagraíonn don chineál áirithe comhaontaithe chothrománaigh³⁷³. Ba cheart na tosca seo a leanas go háirithe a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar éifeachtaí comhaontaithe inbhuanaitheachta: cumhacht mhargaidh na bpáirtithe atá rannpháirteach sa chomhaontú; a mhéid a chuireann an comhaontú teorainn le neamhspleáchas cinnteoireachta na bpáirtithe i ndáil leis na príomhpharaiméadair iomaíochta; cumhdach margaidh an chomhaontaithe; a mhéid a mhalartaítear faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de i gcomhthéacs an chomhaontaithe; agus cé acu a thagann méadú suntasach ar phraghas nó laghdú mór ar aschur, ar éagsúlacht, ar cháilíocht nó ar nuálaíocht as an gcomhaontú. nó nach dtagann.
536. Comhaontuithe inbhuanaitheachta a chuireann srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1), de réir cuspóra nó de réir éifeachta, féadfaidh siad tairbhiú fós den eisceacht dá ndéantar foráil le hAirteagal 101(3) i gcás ina bhfuil na páirtithe in ann a léiriú go gcomhlíontar na ceithre choinníoll charnacha den fhoráil sin (féach Roinn 9.4).

9.3.2. *Comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta*

537. Is fochatagóir de chomhaontuithe inbhuanaitheachta iad comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta. Tá measúnú le déanamh ar a gcomhlíontacht le hAirteagal 101 de réir na bprionsabal a leanas.

9.3.2.1. Sainmhíniú agus saintréithe

538. Chun rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe, d'fhéadfadh sé gur mhian le hiomaitheoirí a chomhaontú go ndéanfaí táirgí neamh-inbhuanaithe (plaistigh nó breoslaí iontaise amhail ola agus gual, mar shampla) agus próisis (táirgeadh cruach gual-adhainte, mar shampla) a chéimniú amach, a tharraingt siar nó, i gcásanna áirithe, táirgí inbhuanaithe a chur ina n-ionad. D'fhéadfadh sé gur mhian le hiomaitheoirí freisin aontú go ndéanfaí ábhair phacáistíochta a chomhchuibhiú chun

³⁷¹ Féach míreanna 23 agus 28.

³⁷² I bprionsabal, ba cheart an fhianaise lena léirítear saothrú an chuspóra inbhuanaitheachta a bheith de chineál a thabharfadh bonn cirt d'amhras réasúnach maidir le cuspóir frithiomaíoch an chomhaontaithe. Níor cheart, áfach, saothrú an chuspóra inbhuanaitheachta a bheith éiginnte. Féach, de réir analaí, breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK)*, C-307/18, EU:C:2020:52, míreanna 107-108.

³⁷³ Féach freisin míreanna 24-27 de Threoirí Airteagal 101(3).

athchúrsáil a éascú nó méideanna an phacáistithe a chomhchuihbhiú (agus dá bhrí sin ábhar an táirge) chun dramhaíl a laghdú. D'fhéadfadh sé gur mhian leo a chomhaontú gan ach ionchuir a monaraíodh ar bhealach inbhuanaithe a cheannach. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé gur mhian leo caighdeán áirithe a chomhaontú chun leas ainmhithe a fheabhsú (e.g. caighdeán chun níos mó spáis agus dálaí maireachtála níos fearr a chur ar fáil d'ainmhithe). Chun na gcríoch sin, féadfaidh iomaitheoirí a chomhaontú caighdeán áirithe inbhuanaitheachta a ghlacadh agus a chomhlíonadh. Tugtar 'comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta' nó 'caighdeán inbhuanaitheachta' sa Chaibidil seo ar chomhaontuithe den sórt sin. Mar sin féin, chun críocha na dTreoirlínte seo, comhaontuithe idir iomaitheoirí lena gcuirtear teorainn ar aschur na ngnóthas rannpháirteacha de na táirgí lena mbaineann, ní cháilíonn siad mar chomhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta.

539. Baintear úsáid as comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta chun na ceanglais a shonrú nach mór do tháirgeoirí, próiseálaithe, dáileoirí, miondíoltóirí nó soláthraithe seirbhíse i slabhra soláthair a chomhlíonadh i ndáil le réimse leathan méadrachtaí inbhuanaitheachta, amhail an tionchar atá ag táirgeadh ar an gcomhshaoil³⁷⁴. Is gnách go dtugann comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta rialacha, treoirlínte nó saintréithe do tháirgí agus próisis i ndáil le méadracht inbhuanaitheachta den sórt sin agus tagraítear dóibh uaireanta mar chórais inbhuanaitheachta. Is minic gur tionscnaimh phríobháideacha iad agus d'fhéadfadh cóid iompair a nglacann gnóthais leo, caighdeán arna stiúradh ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus tionscnaimh il-gheallsealbhóra lena mbaineann gnóthais ar fud an tslabhra luacha iomláin a bheith i gceist leo³⁷⁵. Ní chumhdaítear leis na Treoirlínte seo ach caighdeán inbhuanaitheachta arna bhforbairt ag iomaitheoirí nó a nglacann iomaitheoirí páirt iontu, marcanna cáilíochta nó lipéid san áireamh.
540. Tá na comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta cosúil leis na comhaontuithe caighdeánaithe a dtugtar aghaidh orthu i gCaibidil 7, agus tá sainmhínte breise ar roinnt de na coinníollacha a leagtar amach i Roinn 9.3.2.4 sa treoraíocht a sholáthraítear sa Chaibidil sin. Mar sin féin, tá gnéithe sonracha ag comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta freisin.
541. Uimhir a haon, d'fhéadfaí lipéad, lógó nó ainm branda a chruthú mar thoradh ar chaighdeán inbhuanaitheachta a ghlacadh i gcás táirgí a chomhlíonann íoscheanglais áirithe. I bprionsabal, cuireann úsáid lipéad, lógónna nó ainmneacha branda den sórt sin de cheangal ar na daoine a ghlacann na caighdeán sin na ceanglais sin a chomhlíonadh agus má scoireann siad de dhéanamh amhlaidh, cailleann siad an ceart chun an lipéad, lógó nó ainm branda a úsáid.
542. Uimhir a dó, d'fhéadfadh an costas a bhaineann le cloí le caighdeán inbhuanaitheachta agus é a chomhlíonadh a bheith ard, go háirithe má éilíonn sin athruithe ar phróisis táirgthe nó trádála atá ann cheana féin. Dá bhrí sin, má chloítear le caighdeán inbhuanaitheachta, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar chostais táirgthe nó dáileacháin agus, dá bhrí sin, méadú ar phraghas na dtáirgí arna ndíol ag na páirtithe.

³⁷⁴ Féach mar shampla Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Caighdeán Inbhuanaitheachta, <https://unfss.org/home/objective-of-unfss>.

³⁷⁵ Féach mar shampla, Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt, Creatlach Straitéisí Measúnaithe na gCaighdeán Inbhuanaitheachta Deonach (VSS), https://unctad.org/system/files/official-document/ditctabinf2020d5_en.pdf.

543. Uimhir a trí, murab ionann agus caighdeán theicniúla lena n-áirithítear idir-inoibritheacht agus lena spreagar an iomaíocht idir teicneolaíochtaí arna bhforbairt ag gnóthais dhifriúla sa phróiseas forbartha caighdeán, níl na ceistanna maidir le hidir-inoibritheacht agus comhoiriúnacht idir teicneolaíochtaí chomh hábhartha sin go ginearálta maidir le caighdeán inbhuanaitheachta.
544. Uimhir a ceathair, is iomaí caighdeán inbhuanaitheachta atá bunaithe ar phróisis, ar bhainistíocht nó ar fheidhmíocht. Ciallaíonn sé sin, murab ionann agus roinnt mhaith caighdeán theicniúla, gur minic a shonraítear le caighdeán inbhuanaitheachta sprioc a bhaint amach gan aon teicneolaíocht shonrach ná modh sonracha táirgthe a fhorchur chun an sprioc sin a bhaint amach. Féadfaidh na daoine a ghlacann caighdeán inbhuanaitheachta den sórt sin gealltanais a thabhairt i leith na sprice sin, ach beidh saoirse acu fós cinneadh a dhéanamh maidir le húsáid a bhaint as próiseas áirithe teicneolaíochta nó táirgthe chun an sprioc sin a bhaint amach.

9.3.2.2. Príomhábhair inní na hiomaíochta

545. Is minic a bhíonn tionchar dearfach ag comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta ar an iomaíocht. Féadfaidh siad cur le forbairt inbhuanaithe trí fhorbairt táirgí nua nó margaí nua a chumasú, cáilíocht na dtáirgí a mhéadú nó dálaí soláthair nó dáileacháin a fheabhsú. Go háirithe, trí fhaisnéis a sholáthar faoi chúrsaí inbhuanaitheachta (e.g. trí lipéid), tugann caighdeán inbhuanaitheachta cumhacht do thomhaltóirí cinntí eolasacha ceannaigh a dhéanamh agus dá bhrí sin tá ról acu i bhforbairt margaí do tháirgí inbhuanaithe. Ar deireadh, is féidir le caighdeán inbhuanaitheachta cothrom na Féinne a thabhairt do tháirgeoirí atá faoi réir ceanglais rialála éagsúla.
546. I gcúinsí áirithe, áfach, d'fhéadfadh caighdeán inbhuanaitheachta srian a chur le hiomaíocht. Féadfaidh sin tarlú ar thrí bhealach go háirithe: trí chomhordú praghsanna, caighdeán mhalartacha a fhoriamh, agus iomaitheoirí áirithe a eisiáil nó idirdhealú a dhéanamh ina gcoinne³⁷⁶.

9.3.2.3. Iomaíocht a shrianadh de réir cuspóra

547. Caighdeán inbhuanaitheachta a úsáidtear chun socrú praghsanna, leithdháileadh margaidh nó custaiméirí, teorainneacha le haschur nó teorainneacha le cáilíocht nó nuálaíocht a cheilt, cuireann siad srian leis an iomaíocht de réir cuspóra.
548. Go háirithe, comhaontú idir iomaitheoirí maidir le conas costais mhéadaithe de thoradh caighdeán inbhuanaitheachta a ghlacadh a chur ar aghaidh chuig custaiméirí i bhfoirm praghsanna díola méadaithe nó chun praghsanna táirgí a ionchorpraíonn an caighdeán a shocrú, cuireann sé srian leis an iomaíocht de réir cuspóra. Ar an gcaoi chéanna, comhaontú idir na páirtithe maidir le caighdeán inbhuanaitheachta chun brú a chur ar thríú páirtithe go díreach staonadh ó tháirgí margaíochta nach gcomhlíonann an caighdeán, cuireann sé srian leis an iomaíocht de réir cuspóra. Tá feidhm aige sin freisin maidir le comhaontuithe idir iomaitheoirí chun fhorbairt theicneolaíoch a theorannú chuig na híoschaighdeán inbhuanaitheachta a éilítear leis an dlí, seachas comhoibriú chun spriocanna comshaoil níos uailmhianaí a bhaint amach³⁷⁷.

³⁷⁶ Féach míreanna 442-444 chun tuairisc níos mionsonraithe a fháil ar na príomhbhealaí a fhéadfaidh comhaontuithe um chaighdeánú srian a chur leis an iomaíocht.

³⁷⁷ Cinneadh ón gCoimisiún i gCás AT.40178, *Astaíochtaí Gluaisteáin* an 8 Iúil 2021.

9.3.2.4. Éifeachtaí sriantacha ar an iomaíocht

(a) *Tearmann bog*

549. Ní dócha go mbeidh éifeachtaí diúltacha suntasacha ag comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta ar an iomaíocht fad a chomhlíonfar na sé choinníoll charnacha seo a leanas³⁷⁸:

Uimhir a haon, ní mór don nós imeachta chun an caighdeán inbhuanaitheachta a fhorbairt a bheith trédhearcach agus ní mór go mbeidh gach iomaitheoir ar spéis leo a bheith in ann páirt a ghlacadh sa phróiseas as a dtiocfaidh roghnú an chaighdeáin³⁷⁹.

Uimhir a dó, níor cheart, leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta, oibleagáid a fhorchur ar ghnóthais nach mian leo a bheith rannpháirteach sa chaighdeán — go díreach ná go hindíreach — an caighdeán a chomhlíonadh³⁸⁰.

Uimhir a trí, chun comhlíontacht leis an gcaighdeán a áirithiú, is féidir ceanglais cheangailteacha a fhorchur ar na gnóthais rannpháirteacha, ach ní mór dóibh a bheith saor i gcónaí chun caighdeáin inbhuanaitheachta níos airde a chur i bhfeidhm.

Uimhir a ceathair, níor cheart do na páirtithe sa chaighdeán inbhuanaitheachta faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalartú, ar faisnéis í nach bhfuil gá léi agus nach bhfuil comhréireach go hoibiachtúil chun an caighdeán a fhorbairt, a chur chun feidhme, a ghlacadh nó a mhodhnú.³⁸¹

Uimhir a cúig, ní mór rochtain éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach ar thoradh an nós imeachta socraithe caighdeán a áirithiú. Áirítear leis sin rochtain éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach a cheadú ar na ceanglais agus na coinníollacha maidir leis an lipéad, lógó nó ainm branda comhaontaithe a úsáid, agus a cheadú do ghnóthais nár ghlac páirt i bpróiseas forbartha an chaighdeáin chun an caighdeán a ghlacadh ag céim níos déanaí³⁸².

Uimhir a sé, ní mór don chaighdeán inbhuanaitheachta ar a laghad ceann amháin den dá choinníoll seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) *Níor cheart méadú suntasach ar phraghas³⁸³ ná laghdú suntasach ar cháilíocht na dtáirgí lena mbaineann eascairt as an gcaighdeán;*

³⁷⁸ Mar a léirítear i mír 538, comhaontuithe idir iomaitheoirí lena gcuirtear teorainn ar aschur na ngnóthas rannpháirteacha de na táirgí lena mbaineann, ní cháilíonn siad mar chomhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, ceanglaítear measúnú aonair a dhéanamh ar chomhaontuithe den sórt sin faoi Airteagal 101.

³⁷⁹ Féach mír 453 le haghaidh míniú ar choincheap na ‘trédhearcachta’ sa phróiseas socraithe caighdeán.

³⁸⁰ Féach mír 464. I bhfocail eile, gnóthais nach mian leo a bheith rannpháirteach sa chaighdeán, níor cheart bac a chur orthu leanúint de bheith ag soláthar táirgí don mhargadh agus do thomhaltóirí a chomhlíonann ceanglais dhlíthiúla ach nach gcomhlíonann na ceanglais bhreise a chruthaítear leis an gcaighdeán nua inbhuanaitheachta.

³⁸¹ Féach Roinn 6.1 maidir le malartú faisnéise agus go háirithe mír 369.

³⁸² Féach mír 465 agus na míreanna ina diaidh i Roinn 7.3.3.2 maidir leis na coinníollacha chun rochtain ar an gcaighdeán a fháil.

³⁸³ Braithfidh suntasacht an mhéadaithe ar an bpraghas ar shaintréithe an táirge agus an mhargaidh ábhartha.

(b) *Níor cheart do sciar margaidh na ngnóthas rannpháirteacha le chéile³⁸⁴ a bheith níos mó ná 20 % ar aon mhargadh ábhartha dá ndéanann an caighdeán difear³⁸⁵.*

550. Áirithítear leis na coinníollacha sin nach leanann srianadh suntasach ar an iomaíocht as an gcaighdeán inbhuanaitheachta (trí tháirgí malartacha nach bhfuil chomh costasach céanna a dhíothú ón margadh, mar shampla). Thairis sin, áirithítear leis na coinníollacha nach ndéanfar leis an gcaighdeán caighdeáin mhalartacha a dhúnadh, ná nach ndéanfar gnóthais eile a eisiamh nó idirdhealú a dhéanamh ina gcoinne, agus áirithítear leo rochtain éifeachtach ar an gcaighdeán. Áirithítear leis an gcoinníoll gan faisnéis neamhriachtanach atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalartú go mbeidh malartuithe faisnéise teoranta don mhéid is gá agus comhréireach leis an nós imeachta socraithe caighdeán agus nach n-úsáidfear iad chun claonpháirteachas a éascú nó iomaíocht idir na páirtithe a theorannú.
551. Mar a luaitear i mír 542, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh ardú ar phraghsanna go minic as caighdeáin inbhuanaitheachta. I gcás ina nglacfaidh gnóthais an caighdeán, áfach, ar sciar suntasach den mhargadh iad, d'fhéadfadh sé go gceadófar do ghnóthais an praghasleibhéal roimhe sin a chaomhnú nó gan ach méadú neamhshuntasach ar phraghsanna a chur i bhfeidhm. Beidh sin ábhartha go háirithe i gcás nach bhfuil sa táirge a chumhdaítear leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta ach costas ionchuir beag don táirge.
552. Mura gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó de choinníollacha an tearmainn bhoig, ní chruthaítear toimhde go gcuireann an comhaontú um chaighdeánú inbhuanaitheachta srian le hiomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). Mura gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha sin, áfach, is gá measúnú aonair a dhéanamh ar an gcomhaontú faoi Airteagal 101. Tá samhlacha éagsúla ann chun caighdeáin a shocrú, agus tá saoirse ag gnóthais rialacha agus nósanna imeachta nach sáraíonn na rialacha iomaíochta a chomhaontú, cé go bhféadfaidh siad a bheith difriúil leis na cinn a dtugtar tuairisc orthu i mír 549 thuas.
553. Is dóichí go gcuirfear baint amach cuspóra inbhuanaitheachta chun cinn le comhaontú um chaighdeánú inbhuanaitheachta má dhéanann sé foráil do shásra nó córas faireacháin chun a áirithiú go gcomhlíonann gnóthais a ghlacann an caighdeán inbhuanaitheachta ceanglais an chaighdeáin³⁸⁶.
- (b) *Measúnú faoi Airteagal 101(1) lasmuigh den tearmann bog*
554. Chun measúnú a dhéanamh ar éifeacht na gcomhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta nach gcomhlíonann coinníollacha an tearmainn bhoig, ba cheart

³⁸⁴ Tagraíonn sciar margaidh na ngnóthas rannpháirteacha le chéile do sciar margaidh tháirgí na ngnóthas go ginearálta sna margai ábhartha a ndéanann an caighdeán difear dóibh agus níl sé teoranta do na táirgí a chumhdaítear go sonrath leis an gcomhaontú um chaighdeánú inbhuanaitheachta.

³⁸⁵ Ní chuireann an tearmann bog cosc ar an gCoimisiún ná ar údarás náisiúnta iomaíochta idiragairt a dhéanamh i gcásanna aonair ina mbeadh srianadh suntasach ar an iomaíocht sa mhargadh mar thoradh ar chomhaontú um chaighdeánú inbhuanaitheachta, mar shampla, mar gheall ar an éifeacht chomhach a bheadh ag comhaontuithe um chaighdeánú inbhuanaitheachta arna ndéanamh ag gnóthais éagsúla as a leanfadh ardú nach beag ar an bpraghas nó laghdú nach beag ar an gcáilíocht.

³⁸⁶ Is toisc é córas faireacháin agus forfheidhmithe a bheith ann chun comhlíontacht leis an gcaighdeán inbhuanaitheachta a áirithiú, a chuirfear san áireamh nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil mar phríomhchuspóir ag comhaontú cuspóir inbhuanaitheachta a shaothrú, de réir mhír 534.

na tosa a liostaítear i mír 549 a chur san áireamh chomh maith le cumas tríú páirtithe a bheith rannpháirteach sa chomhaontú.

555. D'fhéadfadh sé nach mbeadh éifeachtaí suntasacha frithiomaíocha ag an gcaighdeán inbhuanaitheachta fós mar gheall go bhfuil iomaíocht leordhóthanach ann ó lipéid/caighdeáin inbhuanaitheachta malartacha agus/nó ó tháirgí a tháirgtear agus a dháiltear lasmuigh d'aon lipéad nó caighdeán inbhuanaitheachta. Fiú má tá cumhdach suntasach sa mhargadh don chomhaontú um chaighdeánú inbhuanaitheachta, d'fhéadfadh sé gur leor fós an srianadh arna dhéanamh ag iomaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe i gcásanna ina bhfuil an comhaontú um chaighdeánú inbhuanaitheachta teoranta do lipéad a bhunú, rud a fhágann go bhfuil na gnólachtaí rannpháirteacha saor chun oibriú lasmuigh den lipéad freisin. Más amhlaidh atá, beidh sé de rogha ag tomhaltóirí táirgí a cheannach ar a bhfuil an lipéad, nó táirgí eile, a d'fhéadfadh na gnóthais chéanna a tháirgeadh, nach gcomhlíonann an lipéad, agus dá bhrí sin ní dócha go gcuirfear srian ar an iomaíocht³⁸⁷. I gcásanna inar dócha go dtiocfaidh méadú suntasach ar an bpraghas nó laghdú ar aschur, ar éagsúlacht táirgí, ar cháilíocht nó ar nuálaíocht mar thoradh ar chomhaontú um chaighdeánú inbhuanaitheachta, d'fhéadfadh sé go gcomhlíonfaidh an comhaontú coinníollacha Airteagal 101(3) fós.

9.4. Measúnú ar chomhaontuithe inbhuanaitheachta faoi Airteagal 101(3)

556. Féadfaidh comhaontú inbhuanaitheachta lena gcuirtear srian ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) tairbhiú den eisceacht dá ndéantar foráil in Airteagal 101(3), má tá na páirtithe sa chomhaontú in ann a thaispeáint go gcomhlíontar ceithre choinníoll charnacha na forála sin.

9.4.1. Gnóthachain éifeachtúlachta

557. Ceanglaítear leis an gcéad choinníoll in Airteagal 101(3) go gcuideoidh an comhaontú le feabhas a chur ar tháirgeadh nó ar dháileadh earraí nó go gcuideoidh sé le dul chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn. Go bunúsach, ceanglaítear leis go gcuirfidh an comhaontú le héifeachtúlachtaí oibiachtúla, a thuigtear i dtéarmaí leathana, mar go gcuimsíonn sé ní hamháin laghduithe ar chostais táirgthe agus dáileacháin ach go méadaíonn sé freisin éagsúlacht agus cáilíocht na dtáirgí, go bhfeabhsaítear na próisis táirgthe nó dáilte, agus go dtiocfaidh méadú ar an nuálaíocht³⁸⁸. Fágann sé, dá bhrí sin, gur féidir raon leathan sochar inbhuanaitheachta a eascraíonn as comhábhair, teicneolaíochtaí agus próisis táirgthe áirithe, a chur san áireamh.
558. Áirítear ar shamplaí d'éifeachtúlachtaí is féidir a ghiniúint le comhaontuithe inbhuanaitheachta úsáid teicneolaíochtaí táirgthe nó dáileacháin nach bhfuil chomh truaillitheach sin, dálaí feabhsaithe táirgthe agus dáileacháin, bonneagar níos athléimní, táirgí ar chaighdeán níos fearr. Féadfaidh comhaontuithe inbhuanaitheachta cur isteach ar an slabhra soláthair a laghdú freisin, an t-am a

³⁸⁷ Comhaontuithe idir iomaítoirí nach bhfuil srianta iomaíochta de réir cuspóra iontu, féadfaidh siad tairbhiú den Fhógra *De Minimis*, i gcás nach mó ná 10 % an sciar comhiomlán den mhargadh atá ag na páirtithe sa chomhaontú ar aon cheann de na margá a ndéanann an comhaontú difear dóibh – féach mír 41.

³⁸⁸ Féach freisin míreanna 48-72 de Threoirlínte Airteagal 101(3). Go háirithe, luaitear i mír 70 an méid seo a leanas: '*Trí chomhar a dhéanamh, d'fhéadfadh gnóthais a bheith in ann éifeachtúlachtaí a chruthú nach bhféadfaí a dhéanamh gan an comhaontú sriantach nó nach bhféadfaí a dhéanamh ach le moill shuntasach nó ar chostas níos airde*'.

thógann sé chun táirgí inbhuanaithe a thabhairt chuig an margadh a laghdú agus cur ar a gcumas do thomhaltóirí cinntí feasacha ceannaigh a dhéanamh trí chomparáid táirgí a éascú. Is féidir leis na gnóthachain éifeachtúlachta sin cur le margadh inmheánach athléimneach.

559. Ní féidir glacadh leis go simplí go mbainfear éifeachtúlachtaí den sórt sin amach; ní mór a bheith in ann bunús a thabhairt dóibh³⁸⁹. Ní mór dóibh a bheith oibiachtúil, nithiúil agus infhíoraithe freisin³⁹⁰. Mar shampla, má tá feabhsú táirgí i gceist leis an éifeachtúlacht a mhaítear, ní mór do na páirtithe a bheith in ann saintréithe beachta an fheabhsaithe táirge a léiriú. Más é an éifeachtúlacht atá á maíomh, mar shampla, an laghdú ar éilliú uisce, ní mór do na páirtithe a bheith in ann a mhíniú conas a chuireann an comhaontú go cruinn leis an éilliú uisce a laghdú agus meastachán a thabhairt ar mhéid an tsochair atá maíte³⁹¹.

9.4.2. *Fíor-riachtanas*

560. Chun críocha na dTreoirí seo, is iomchuí déileáil leis an trío coinníoll faoi Airteagal 101(3) i.e. (fíor-riachtanas), roimh an dara coinníoll (an cion cothrom le haghaidh tomhaltóirí). Is é an chúis atá leis sin nár cheart go n-áireofaí leis an anailís ar an gcion cothrom le haghaidh tomhaltóirí na héifeachtaí a bheadh ag aon srian nach gcomhlíonann an coinníoll fíor-riachtanais agus a thoirmisctear dá bhrí sin le hAirteagal 101³⁹².
561. De réir an trío coinníoll in Airteagal 101(3), níor cheart go bhforchuirfí leis an gcomhaontú sriantach srianta iomaíochta nach bhfuil fíor-riachtanach chun na sochair a ghintear leis an gcomhaontú a bhaint amach. Chun an coinníoll sin a chomhlíonadh, ní mór do na páirtithe a bheith in ann a léiriú go bhfuil gá réasúnach lena gcomhaontú ann féin, agus le gach ceann de na srianta iomaíochta a ghabhann leis, chun go dtiocfaidh na sochair inbhuanaitheachta atá maíte chun cinn agus nach bhfuil aon bhealach eile indéanta go heacnamaíoch agus nach bhfuil chomh sriantach céanna chun iad a bhaint amach³⁹³.
562. I bprionsabal, ba cheart do gach gnóthas cinneadh a dhéanamh faoi conas sochair inbhuanaitheachta a bhaint amach, agus sa mhéid is go bhfuil luach ag tomhaltóirí ar na sochair sin, luach saothair a bheidh sa mhargadh agus pionós a ghearradh ar dhrochchinntí. I gcás ina bhfuil éileamh ar tháirgí inbhuanaithe, níl comhaontuithe comhair fíor-riachtanach, go ginearálta, chun sochair inbhuanaitheachta a bhaint amach. D'fhéadfadh sé go mbeadh siad fíor-riachtanach chun sprioc inbhuanaitheachta a bhaint amach ar bhealach níos costéifeachtaí agus níos tapúla³⁹⁴.

³⁸⁹ Féach freisin míreanna 50-58 de Threoirí Airteagal 101(3). Go háirithe, soiléirítear le mír 58 ‘i gcás ina bhfuil an comhaontú le cur chun feidhme go hiomlán fós, ní mór do na páirtithe aon réamh-mheastachán a chuí-réasúnú i dtaobh an dáta óna dtiocfaidh na héifeachtúlachtaí chun bheith oibríochtúil le go mbeidh tionchar dearfach nach beag acu ar an margadh.’

³⁹⁰ Féach mír 56 de Threoirí Airteagal 101(3), ‘Ní mór do na sonraí a chuirtear isteach a bheith infhíoraithe le go bhféadfaidh leibhéal leordhóthanach cinnteachta a bheith ann gur tháinig na héifeachtúlachtaí i gcrích nó gur dócha go dtiocfaidh siad i gcrích.’

³⁹¹ Féach mar shampla, Moladh (AE) 2021/2279 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 maidir le húsáid na modhanna Lorg Comhshaoil chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl, (IO L 471, 30.12.2021, lch. 1).

³⁹² Féach go háirithe mír 39 de Threoirí Airteagal 101(3).

³⁹³ Féach go háirithe míreanna 73-82 de Threoirí Airteagal 101(3).

³⁹⁴ Féach go háirithe míreanna 76 agus 89 d’Airteagal 101(3) Treoirí maidir leis an tréimhse ina mbaintear éifeachtúlachtaí amach.

563. D'fhéadfadh comhaontú inbhuanaitheachta a bheith fíor-riachtanach freisin i gcásanna inar féidir leis na páirtithe a léiriú go mbíonn sé deacair ar thomhaltóirí sa mhargadh ábhartha, de bharr easpa eolais nó faisnéise leordhóthanaí faoin táirge féin nó iarmhairtí a úsáide, mar shampla, chun measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar cibé acu a bheidh nó nach mbeidh na sochair a bhainfidh siad as an gcomhaontú inbhuanaitheachta níos mó ná an dochar a fhulaingeoidh siad ón gcomhaontú agus, mar thoradh air sin, go ndéanann siad rómheastachán ar mhéid na n-éifeachtaí diúltacha láithreacha. Is minic a bhaineann monaróirí earraí tomhaltais pacáistithe úsáid as pacáistiú mór, mar shampla, mar ceapann tomhaltóirí gurb ionann mór agus níos fearr. Má laghdaíonn na monaróirí an róphacáistíocht gan athrú a chur ar an ábhar, ní fhulaingeoidh tomhaltóirí aon dochar, ach d'fhéadfadh sé go mbreathnóidís ar an bpacáiste níos lú mar laghdú ar chainníocht (féach Sampla 1 i mír 599). Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé nach dtuigfeadh tomhaltóirí sochair amach anseo i bhfoirm feabhas ar cháilíocht agus nuálaíocht, más méadú ar phraghas an táirge é éifeacht láithreach an chomhaontaithe³⁹⁵.
564. Is minic a thugtar aghaidh ar sheachtrachtaí diúltacha nó ar theipeanna margaidh eile le beartas poiblí agus rialachán. Éilíonn na bearta poiblí sin gníomhaíocht ó gach duine lena mbaineann, de ghnáth, chun torthaí margaidh éifeachtúla a áirithiú trí freagracht as iarmhairtí inbhuanaitheachta a roghanna/ngníomhaíochtaí aonair a chur ar shaoránaigh agus ar ghnóthais³⁹⁶. Dá bhrí sin, i gcás ina gceanglaítear ar ghnóthais, le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta, oibleagáidí sonracha ag a bhfuil cuspóir inbhuanaitheachta a chomhlíonadh, ní féidir comhaontuithe comhair agus na srianta a bhaineann leo a mheas mar fhíor-riachtanach chun comhlíontacht leis an oibleagáid arna forchur a áirithiú, ós rud é gur chinn an reachtóir cheana féin nach mór do gach gnóthas an oibleagáid i gceist a chomhlíonadh ar bhonn aonair³⁹⁷.
565. Fiú má tá rialachán ann, áfach, féadfaidh comhaontuithe a bheith fíor-riachtanach fós chun sochair inbhuanaitheachta i gcásanna sonracha a bhaint amach. Uimhir a haon, d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás nach dtugtar aghaidh ar gach gné de theip mhargaidh leis an rialachán, rud a fhágann deis iarmharach do chomhaontuithe comhair. Mar shampla, i gcás ina ndéanann gnóthais comhaontú inbhuanaitheachta chun caighdeán inbhuanaitheachta atá níos airde go substaintiúil ná an ceann a leagtar síos leis an rialachán a bhaint amach. Uimhir a dó, féadfaidh comhaontuithe comhair a bheith fíor-riachtanach chun an sprioc a bhaint amach ar bhealach níos costéifeachtaí nó níos tapúla, ar choinníoll go dtugtar deis do chuideachtaí é sin a chomhaontú leis an rialachán ábhartha agus go n-urramaíonn siad ceanglais uile an rialacháin agus sin á dhéanamh acu.
566. D'fhéadfadh cásanna eile a bheith ann, de dheasca seachtrachtaí diúltacha nó teipeanna eile sa mhargadh, nach féidir sochair inbhuanaitheachta a bhaint amach trí shaor-idirghníomhú fórsaí an mhargaidh nó inar féidir iad a bhaint amach ar bhealach níos costéifeachtúla trí chomhar idir gnóthais. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le comhaontú inbhuanaitheachta - i gcéim tosaigh - ionas nach mbeidh

³⁹⁵ Sa chás seo, d'fhéadfaí sochair fhéideartha do thomhaltóirí a léiriú ach fianaise ar a 'dtoilteanas chun íoc' a úsáid, féach Roinn 9.4.3.2.

³⁹⁶ Mar shampla, baineann rialáil chomhshaoil é sin amach trí chánacha, toirmisc nó fóirdheontais.

³⁹⁷ Má tá na gealltanais faoi cheangal ag córas caidhpeála agus trádála, amhail córas ETS an Aontais, ní mór a mheas go ndéanfaidh aon laghdú ar thruailliú agus aon laghdú comhfhreagrach ar úsáid lamháltas astaíochtaí ó ghnóthas nó ó earnáil ar leith na lamháltais sin a shaoradh, rud a mbeidh glanéifeacht nialasach ar thruailliú mar thoradh air gan laghdú ar lamháltais astaíochtaí (éifeacht leaba uisce).

saorthairbhiú ann maidir leis na hinfheistíochtaí is gá chun táirge inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí (an rud ar a dtugtar ‘míbhuntáistí ar dtús’ a shárú)³⁹⁸.

567. Sa chomhthéacs sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le comhaontú sriantach chun barainneachtaí scála a bhaint amach, go háirithe chun scála leordhóthanach a bhaint amach chun na costais sheasta a bhaineann leis an lipéad a chur ar bun, a oibriú agus faireachán a dhéanamh air a chumhdach. D’fhéadfadh srianta a bheith riachtanach freisin chun dreasachtaí na bpáirtithe a ailíniú agus chun a áirithiú go ndíreoidh siad a n-iarrachtaí ar chur chun feidhme an chomhaontaithe³⁹⁹. Má chuireann an comhaontú d’oibleagáid ar na páirtithe gan oibriú lasmuigh den lipéad nó den chaighdeán, ní mór dóibh a bheith in ann a léiriú cén fáth nach mbeidh gan ach lipéad nó caighdeán a bhunú leordhóthanach chun na héifeachtúlachtaí a fháil. De ghnáth, is leor sa chomhaontú an caighdeán inbhuanaitheachta a shainmhíniú mar íoschaighdeán coiteann, agus ar an gcaoi sin ligean do na gnóthais rannpháirteacha caighdeán inbhuanaitheachta níos airde a chur i bhfeidhm ina n-aonar.
568. Mar riail ghinearálta, níor cheart go rachadh na hoibleagáidí a fhorchuirtear le comhaontuithe inbhuanaitheachta thar a bhfuil riachtanach chun cuspóir an chomhaontaithe a bhaint amach.

9.4.3. *Cur ar aghaidh chuig tomhaltóirí*

569. Ceanglaítear leis an dara coinníoll d’Airteagal 101(3) go dtugtar cion cothrom de na sochair a éilítear do thomhaltóirí. Cuimsíonn coincheap na ‘tomhaltóirí’ gach custaiméir díreach nó indíreach de na táirgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú⁴⁰⁰. Faigheann tomhaltóirí cion cothrom de na sochair nuair is mó na tairbhí a thagann as an gcomhaontú ná an dochar a dhéantar leis an gcomhaontú céanna, ionas go mbeidh an tionchar foriomlán ar thomhaltóirí sa mhargadh ábhartha neodrach ar a laghad⁴⁰¹. Dá bhrí sin, ní mór go bhfabhróidh na tairbhí inbhuanaitheachta de thoradh comhaontaithe do thomhaltóirí na dtáirgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú sin.
570. D’fhéadfadh cásanna a bheith ann inar léir go bhfuil an dochar iomaíochta neamhshuntasach i gcomparáid leis na tairbhí a d’fhéadfadh a bheith ann do na tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha, rud a chuirfeadh as an áireamh an gá atá le measúnú mionsonraithe a dhéanamh. Os a choinne sin, in a lán cásanna, d’fhéadfadh sé a bheith soiléir nach bhfabhraíonn na tairbhí inbhuanaitheachta atá maíte do na tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha nó nach mbeadh siad sách suntasach chun an dochar a d’fhulaing na tomhaltóirí sin a chúiteamh. D’fhéadfadh cásanna a bheith ann freisin, áfach, nuair nach féidir measúnú mionsonraithe a sheachaint.

³⁹⁸ Mar shampla, d’fhéadfadh sé sin tarlú i gcás ina n-infheistíonn cuideachta i dtáirge inbhuanaithe a mhargú lena áirithiú go bhfuil tomhaltóirí ar an eolas faoi cháilíocht an táirge nua. Má thosaíonn iomaitheoirí ag táirgeadh leaganacha inbhuanaithe dá dtáirgí féin ansin freisin, táirgí a bhfuil éileamh seanbhunaithe ag tomhaltóirí orthu, ní gá do na hiomaitheoirí sin na costais a bhaineann le seoladh tosaigh an táirge inbhuanaithe a thabhú agus féadfaidh siad saorthairbhiú de na hinfheistíochtaí a rinne an chéad chuideachta chun an táirge inbhuanaithe a sheoladh.

³⁹⁹ Féach go háirithe mír 80 de Threoirlínte Airteagal 101(3).

⁴⁰⁰ Áirítear leis sin táirgeoirí a úsáideann na táirgí mar ionchur, mar mhórdhíoltóirí, mar mhiondhíoltóirí agus mar thomhaltóirí deiridh, i.e. daoine nádúrtha atá ag gníomhú chun críocha atá lasmuigh dá dtrádáil nó dá ngairm. Féach mír 84 de Threoirlínte Airteagal 101(3).

⁴⁰¹ Féach mír 85 de Threoirlínte Airteagal 101(3), féach freisin breithiúnas an 23 Samhain 2006, *Asnef-Equifax*, C-238/05, EU:C:2006:734, mír 72.

9.4.3.1. Sochair luacha úsáide aonair

571. Is gnách go n-eascaíonn sochair do thomhaltóirí as tomhaltas nó as úsáid na dtáirgí a chumhdaítear leis an gcomhaontú atá á mheasúnú. D'fhéadfadh na sochair seo a bheith i bhfoirm cáilíocht táirge feabhsaithe nó éagsúlacht táirge a eascraíonn as éifeachtúlachtaí cáilíochtúla, nó a thagann i bhfoirm laghdú ar phraghas mar thoradh ar éifeachtúlachtaí costais. D'fhéadfadh tairbhí den sórt sin a bheith mar thoradh freisin ar tháirge inbhuanaithe a thomhailt ar an mbealach céanna is a eascraíonn siad as tomhaltas aon táirge eile. Is féidir 'sochair luacha úsáide aonair' a thabhairt ar na sochair sin mar thoradh ar úsáid an táirge agus go gcuireann siad feabhas díreach ar thairbhí na dtomhaltóirí ar an táirge i gceist.
572. Mar shampla, d'fhéadfadh blas níos fearr a bheith ar ghlasraí a fhástar le cabhair ó leasacháin orgánacha agus/nó d'fhéadfaidís a bheith níos sláintiúla do thomhaltóirí ná glasraí a tháirgtear le leasacháin neamhorgánacha. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí fad saoil na dtáirgí atá i gceist a mhéadú trí ábhair níos buanfasaí a chur in ionad plaisteach i dtáirgí áirithe. Sna cúinsí sin, baineann tomhaltóirí leas as cáilíocht níos fearr díreach toisc go dtomhlaíonn siad an táirge i gceist. Is éifeachtúlachtaí cáilíochtúla tipiciúla iad sin a d'fhéadfadh teacht chun cinn le comhaontú sriantach agus a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná an dochar a dhéanann méadú praghais (mar gheall ar an úsáid a comhaontaíodh maidir le hábhair inbhuanaithe atá níos costasaí, mar shampla), nó laghdú ar an rogha (mar gheall ar chomhaontú gan ionchur neamh-inbhuanaithe a úsáid, mar shampla). Má tá na sochair suntasach go leor chun gur mó iad ná an dochar a rinneadh de bharr mhéadú an praghais nó rogha laghdaithe, cúiteoidh siad na tomhaltóirí a ndearnadh dochar dóibh leis an gcomhaontú céanna agus dá bhrí sin comhlíonfaidh siad an dara coinníoll d'Airteagal 101(3).
573. Sna samplaí thuas, mar aon leis na sochair luacha úsáide aonair, d'fhéadfadh éifeachtaí dearfacha atá seachtrach do na tomhaltóirí (seachtrachtaí dearfacha) a bheith ag gabháil leis na comhaontuithe i gceist. Bíonn seachtrachtaí dearfacha i láthair nuair a laghdaítear seachtrachtaí diúltacha, amhail truailliú, creimeadh ithreach, etc. D'fhéadfadh sé nárbh fhéidir na seachtrachtaí dearfacha sin, a d'fhéadfadh an tsochaí tairbhíú dóibh sa lá atá inniu ann nó san am atá le teacht, a bheith ann cheal an chomhaontaithe shriantaigh atá i gceist. Tá na seachtrachtaí dearfacha sin éagsúil leis na sochair maidir le luach úsáide aonair atá ag tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha (féach Roinn 9.4.3.3).
574. D'fhéadfadh comhaontuithe atá ceaptha chun pacáistiú a laghdú costais táirgthe agus dáileacháin agus, i ndeireadh thiar thall, praghas an táirge a laghdú. Mar shampla, d'fhéadfadh comhaontú idir iomaitheoirí chun leacht glantach a sholáthar i bhfoirm tiubhaithe i mbuidéil níos lú, an costas ar ábhair, ar iompar agus ar stóráil a laghdú. Ar an gcaoi chéanna, le comhaontuithe chun bonneagar nó seirbhísí iompair dáileacháin a roinnt idir iomaitheoirí, d'fhéadfaí costais na bpáirtithe a laghdú agus, ar an gcaoi sin, praghas deiridh an táirge a laghdú. D'fhéadfadh laghdú ar rogha na dtomhaltóirí a bheith i gceist leis an dochar a bheadh de thoradh comhaontuithe den sórt sin, ach d'fhéadfadh sé gur mhó an tairbhe a bhainfeadh leis an bpraghas níos ísle ná dochar den sórt sin⁴⁰². D'fhéadfadh seachtrachtaí dearfacha a bheith ag na

⁴⁰² Is dóchála go mbeidh laghduithe ar chostais imeallacha nó inathraitheacha ábhartha maidir leis an measúnú ar éifeachtúlachtaí, ná laghduithe ar chostais sheasta; i bprionsabal, is dóchála go dtiocfaidh praghsanna níos ísle do thomhaltóirí as laghduithe ar chostais imeallacha nó inathraitheacha.

comhaontuithe céanna freisin ina mbeadh tionchar diúltach laghdaithe ar an gcomhshaol (féach Roinn 9.4.3.3 thíos).

9.4.3.2. Sochair luacha neamhúsáide aonair

575. Ní hamháin go bhféadfadh sochair dhíreacha ó úsáid táirge inbhuanaithe a bheith i gceist le sochair tomhaltóirí de bharr comhaontuithe inbhuanaitheachta, ach d'fhéadfadh sochair indíreacha a bheith i gceist freisin mar thoradh ar an tuiscint atá ag tomhaltóirí ar an tionchar a bhíonn ag a dtomhaltas inbhuanaithe ar dhaoine eile. Go háirithe, féadfaidh roinnt tomhaltóirí luach níos airde a bheith acu ar a dtomhaltas de tháirge inbhuanaithe ná a dtomhaltas de tháirge neamh-inbhuanaithe toisc nach bhfuil an tionchar diúltach céanna ag an táirge inbhuanaithe ar dhaoine eile.
576. Mar shampla, d'fhéadfadh tomhaltóirí leacht níocháin ar leith a roghnú ní toisc go nglanann sé níos fearr ach toisc go ndéanann sé níos lú éillithe ar an uisce. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh tomhaltóirí toilteanach praghas níos airde a íoc ar thoscán a dhéantar as adhmaid a fhástar go hinbhuanaithe ní mar gheall ar chaighdeán níos fearr an troscáin ach toisc gur mian leo deireadh a chur le dífhoraioisiú agus le cailliúint gnáthóg nádúrtha. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh tiománaithe roghnú breosla níos costasaí a úsáid, ní toisc go bhfuil sé ar chaighdeán níos airde agus níos fearr dá bhfeithiclí, ach toisc go ndéanann sé níos lú truailithe.
577. Sna cásanna sin, ní chuirtear feabhas díreach ar an taithí a bhíonn ag tomhaltóirí ar an táirge. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tomhaltóirí toilteanach praghas níos airde a íoc ar tháirge inbhuanaithe nó teorainn a chur lena rogha táirgí (trí gan malairt neamh-inbhuanaithe de na táirgí a cheannach), ionas go mbainfidh an tsochaí nó na glúine atá le teacht tairbhe as. Dá bhrí sin, fabhraíonn sochair indíreacha ar luach neamhúsáide do thomhaltóirí laistigh den mhargadh ábhartha trína luacháil aonair ar an éifeacht ar dhaoine eile, lena n-áirítear ar neamh-úsáideoirí lasmuigh den mhargadh ábhartha.
578. Measann tomhaltóirí atá toilteanach níos mó a íoc as táirgí den sórt sin go bhfuil siad ar chaighdeán níos airde, go díreach mar gheall ar na sochair a fhabhraíonn ar dhaoine eile. Ó thaobh na heacnamaíochta de, níl aon difríocht idir sochair cháilíochtúla indíreacha den sórt sin agus na sochair chun cáilíocht a fheabhsú a mhéadaíonn luach úsáide díri táirge, mar a pléadh i Roinn 9.4.3.1. Is féidir sochair luacha neamhúsáide indíreacha den sórt sin a thomhas ach imscrúdú a dhéanamh ar thoilteanas tomhaltóirí chun íoc, mar shampla, trí shuirbhéanna custaiméirí⁴⁰³.
579. D'fhéadfadh difríocht a bheith ann idir an méid a luann tomhaltóirí gurb iad a roghanna féin agus an t-iompar ceannaigh a léiríonn gurb iad a roghanna féin iad. D'fhéadfadh sé sin a thabhairt le fios go ndéantar le roghanna luaite tomhaltóirí rómheastachán nó gannmheastachán ar a bhfíor-roghanna. Chun claontachtaí den sórt sin a mhaolú, claontachtaí a leanann as ceisteanna hipitéiseacha i suirbhéanna ar chustaiméirí go minic, ba cheart comhthéacs iomchuí a sholáthar i suirbhéanna den sórt sin. Ina theannta sin, ba cheart noirm shoचाओचा, eolas agus nósanna

⁴⁰³

Is gné amháin é toilteanas tomhaltóirí chun íoc a fhéadfaidh cuidiú leis an gcineál sochair a fhéadfaidh na páirtithe sa chomhaontú a mhaíomh a shainiú. An fíoras go bhfuil tomhaltóirí toilteanach chun íoc, i.e. go bhfuil éileamh ann ar tháirgí inbhuanaithe, ní gá go gciallóidh sin nach bhfuil comhaontú fíor-riachtanach. Fiú má tá tomhaltóirí toilteanach íoc as táirge inbhuanaithe, d'fhéadfaí go mbeadh comhaontú sriantach fíor-riachtanach fós, chun míbhuntáiste an cheannródaí a sháru, mar shampla, nó chun barainneachtaí scála lena laghdaítear costas a bhaint amach.

tomhaltóirí, agus ionchais maidir le hiompar daoine eile, a chur san áireamh sna ceisteanna a chuirtear.

580. Ar bhonn níos ginearálta, chun a ndualgas cruthúnais faoi Airteagal 101(3) a urscaoileadh, ní mór do na páirtithe i gcomhaontú a bheith in ann fianaise shoiléir a sholáthar lena léirítear roghanna iarbhír na dtomhaltóirí. Ba cheart do pháirtithe gan a roghanna féin a chur i bhfeidhm ar thomhaltóirí.

581. Chun críocha measúnú a dhéanamh ar thoilteanas na dtomhaltóirí chun íoc, ní gá toilteanas chun íoc gach uile thomhaltóir sa mhargadh ábhartha a mheas. Is leor go bhfuil an measúnú bunaithe ar an éifeacht fhoriomlán ar na tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha⁴⁰⁴.

9.4.3.3. Sochair chomhchoiteanna

582. Tagraíonn Roinn 9.4.3.2. do shochair luacha neamhúsáide aonair atá teoranta do roghanna deonacha (altrúíocha) tomhaltóirí aonair. Mar sin féin, ní féidir gach seachtracht dhiúltach a leigheas trí ghníomhaíochtaí deonacha aonair tomhaltóirí. Ós rud é nach bhfabhraíonn an tionchar inbhuanaitheachta ó thomhaltas aonair don tomhaltóir aonair, ach do ghrúpa níos mó, d'fhéadfadh gá a bheith le gníomhaíocht chomhpháirteach, amhail comhaontú comhair, chun seachtrachtaí diúltacha a inmheánú agus chun sochair inbhuanaitheachta a thabhairt do chuid níos leithne den tsochaí⁴⁰⁵. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh tomhaltóirí toilteanach praghas níos airde a íoc le haghaidh táirge a tháirgtear le teicneolaíocht ghlas ach chostasach. D'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh ann do na sochair a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le comhaontú chun deireadh a chur de réir a chéile leis an teicneolaíocht truailliúcháin. Tugtar 'sochair chomhchoiteanna' ar na sochair sin ós rud é go dtagann siad chun cinn gan beann ar an luach atá ag tomhaltóirí ar an táirge agus go bhfabhraíonn siad do chuid níos leithne den tsochaí ná tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha agus dóibh siúd amháin.

583. Cé go ndéantar éifeachtaí dearfacha agus diúltacha na gcomhaontuithe sriantacha a thomhas laistigh den mhargadh ábhartha lena mbaineann an comhaontú de ghnáth, i gcás ina bhfuil dhá mhargadh gaolmhar, is féidir éifeachtúlachtaí a bhaintear amach ar mhargaí ar leithligh a chur san áireamh, ar choinníoll go bhfuil an grúpa tomhaltóirí a ndéanann an srian difear dóibh agus a bhaineann tairbhe as gnóthachain éifeachtúlachta mar an gcéanna, a bheag nó a mhór⁴⁰⁶.

584. De réir análaí, i gcás ina bhfuil tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha ag forluí go mór leis an ngrúpa tairbhíthe lasmuigh den mhargadh ábhartha, nó gur cuid de iad, is

⁴⁰⁴ Breithiúnas an 23 Samhain 2006, *Asnef-Equifax*, C-238/05, EU:C:2006:734, mír 72.

⁴⁰⁵ De ghnáth, is éard atá i gceist leis an teip mhargaidh i gcásanna den sórt sin ná go mbíonn tomhaltas neamh-inbhuanaithe ina chúis le seachtrachtaí diúltacha do dhaoine eile. Ní dhéanann tomhaltóirí aonair na seachtrachtaí diúltacha sin (amhail astaíochtaí) a inmheánú (a chur san áireamh) go hiomlán, as a leanann ró-thomhaltas an táirge neamh-inbhuanaithe. Ar an gcaoi chéanna, is féidir seachtrachtaí dearfacha (amhail laghdú ar astaíochtaí) ó thomhaltas inbhuanaithe a bheith i gceist leis an teip mhargaidh. Sa chás sin, ní dhéantar tearcsholáthar ar tháirgí inbhuanaithe sa mhargadh ar an gcúis chéanna, go bunúsach, is é sin nach gcuireann tomhaltóirí san áireamh éifeachtaí a dtomhaltas ar dhaoine eile.

⁴⁰⁶ Mír 43 de Threoirlínte Airteagal 101(3); féach freisin breithiúnas an 27 Meán Fómhair 2006, *GlaxoSmithKline Services agus Eile v An Coimisiún*, T-168/01, EU:T:2006:265, míreanna 248 agus 251; breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *MasterCard Inc*, C-382/12 P, EU:C:2014:2201, mír 242; Cinneadh ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2013 i gCás AT.39595 *Air Canada/United Airlines/Lufthansa* ('STAR alliance').

féidir na sochair chomhchoiteanna do thomhaltóirí sa mhargadh ábhartha a tharlaíonn lasmuigh den mhargadh sin a chur san áireamh má tá siad suntasach go leor chun tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha a chúiteamh as an dochar a fhulaingíonn siad⁴⁰⁷.

585. Mar shampla, na tiománaithe a cheannaíonn breosla nach bhfuil chomh truailitheach sin, is saoránaigh iad freisin a bhainfeadh tairbhe as aer níos glaine, dá n-úsáidí breosla nach bhfuil chomh truailitheach sin. A mhéid is féidir forluí suntasach idir tomhaltóirí (na tiománaithe sa sampla seo) agus na tairbhíthe níos leithne (saoránaigh) a bhunú, is féidir na sochair inbhuanaitheachta ó aer níos glaine a chur san áireamh, ar choinníoll go ndéanann siad tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha a chúiteamh as an dochar a rinneadh dó. Os a choinne sin, is féidir le tomhaltóirí éadaí atá déanta as cadás inbhuanaithe a cheannach a laghdaíonn úsáid leasachán agus uisce ar an talamh ina bhfuil an cadás á shaothrú. D'fhéadfaí, i bprionsabal, sochair chomhshaoil den sórt sin a chur san áireamh mar shochair chomhchoiteanna. Ní dócha sa chás seo, áfach, go bhfuil aon fhorluí suntasach idir tomhaltóirí an éadaigh agus tairbhíthe na sochar comhshaoil, ós rud é nach dtarlaíonn siad sin ach sa limistéar ina bhfástar an cadás. Dá bhrí sin, ní dócha go bhfabhródh na sochair chomhchoiteanna sin do thomhaltóirí sa mhargadh ábhartha. Ní fhéadfaí iad a chur san áireamh, dá bhrí sin, ach i gcás ina mbeadh tomhaltóirí an éadaigh toilteanach níos mó a íoc as éadaí a dhéantar as cadás a fhástar go hinbhuanaithe agus a mhéid a bheidís toilteanach déanamh amhlaidh (sochar neamhluacha aonair, féach Roinn 9.4.3.2).
586. Chun go dtiocfaidh sochair chomhchoiteanna chun cinn, beidh ar chumhdach margaidh an chomhaontaithe a bheith suntasach go minic. Más rud é, mar shampla, nach n-aontaíonn ach dhá tháirgeoir meaisíní níocháin as gach deich na leaganacha níos truailitheacha a thréigean, ní dócha go mbeidh an comhaontú in ann saorthairbhiú a chosc (trí tháirgeoirí meaisíní níocháin leanúint de shamhlacha níos truailitheacha a thairiscint) agus, dá bhrí sin, ní dócha go laghdóidh sé truailiú go leordhóthanach, ós rud é go bhféadfadh tomhaltóirí féinleasaithe aistriú chuig na malairtí truailitheacha arna dtáirgeadh ag na soláthróirí eile⁴⁰⁸.
587. Chun go gcuirfí sochair chomhchoiteanna san áireamh, ní mór do na páirtithe sa chomhaontú a bheith in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) tabharfar tuairisc shoiléir ar na sochair a éilítear agus cuirfidh sé fianaise ar fáil gur tharla siad cheana nó gur dócha go mbeidh siad ann⁴⁰⁹;
 - (b) na tairbhíthe a shainmhíniú go soiléir;
 - (c) a léiriú go bhfuil forluí substaintiúil idir na tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha agus na tairbhíthe nó gur chuid díobh iad⁴¹⁰; agus

⁴⁰⁷ Is féidir tomhaltóirí a chúiteamh le cineál amháin de shochair inbhuanaitheachta nó le meascán de shochair aonair agus chomhchoiteanna, féach Roinn 9.4.3.4.

⁴⁰⁸ Sa sampla seo, áfach, ní hamháin go bhfuil teorainn leis an sochar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhaontú mar gheall ar chumhdach neamhleor, ach freisin mar gheall ar an dochar iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann (ar na cúiseanna céanna go bunúsach).

⁴⁰⁹ Féadtar sochair a thiocfaidh chun cinn amach anseo a chur san áireamh a mhéid a fhabhróidh siad do thomhaltóirí sa mhargadh ábhartha.

⁴¹⁰ I gcásanna ina scaiptear sochair chomhchoiteanna ar chuid mhór den tsochaí, is lú an dóchúlacht go mbeidh an forluí leis na tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha substaintiúil.

(d) a léiriú go mbeidh an cion de na sochair chomhchoiteanna a fhabhraíonn do na tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha, in éineacht le sochair luacha úsáide aonair agus neamhúsáide a fhabhraíonn do na tomhaltóirí sin b'fhéidir, níos mó ná an dochar a d'fhulaing na tomhaltóirí sin de thoradh an tsriain.

588. Maidir le fianaise le haghaidh sochair chomhchoiteanna i dtuarascálacha údarás poiblí nó i dtuarascálacha a ullmhaíonn eagraíochtaí acadúla aitheanta, d'fhéadfadh sé go mbeadh luach ar leith ag baint léi don mheasúnú seo.

589. I gcás nach bhfuil aon sonraí ar fáil lenar féidir anailís chainníochtúil a dhéanamh ar shochair an chomhaontaithe, is féidir fianaise eile a bhreithniú, ar choinníoll go léiríonn sí tionchar dearfach atá inaitheanta go soiléir ar thomhaltóirí sa mhargadh ábhartha, seachas tionchar imeallach. Ós rud é nach bhfuil mórán taithí ann faoi láthair ar shochair chomhchoiteanna a thomhas agus a chainníochtú, is é is aidhm don Choimisiún níos mó treoraíochta ar an tsaincheist seo a sholáthar nuair a bheidh taithí leordhóthanach faighte aige maidir le déileáil le cásanna nithiúla, rud a d'fhéadfadh a chur ar a chumas modheolaíochtaí measúnaithe a fhorbairt.

9.4.3.4. Aon sochar nó gach cineál sochair

590. Féadfaidh páirtithe i gcomhaontuithe inbhuanaitheachta brath ar aon cheann de na trí chineál sochar do thomhaltóirí, nó ar gach ceann díobh, chun údar a thabhairt lena gcomhaontú faoi Airteagal 101(3). D'fhéadfadh rogha na sochar a mbraitear orthu a bheith ag brath ar fhíorais an cháis agus ar stóinseacht na fianaise atá ar fáil. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé gur leor na sochair luacha úsáide aonair agus iad sin amháin a léiriú chun coinníollacha Airteagal 101(3) a chomhlíonadh. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé gur leor fianaise ar shochair luacha neamhúsáide aonair nó ar shochair chomhchoiteanna. Agus i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh na páirtithe a bheith in ann meascán de dhá chineál sochar nó de gach ceann de na trí chineál sochar a léiriú.

591. I gcásanna áirithe d'fhéadfaí go mbeidh gá le tréimhse áirithe ama sula dtiocfaidh na sochair chun cinn. Go dtí sin, d'fhéadfadh nach mbeadh ach éifeachtaí diúltacha ag an gcomhaontú. Ní chiollaíonn an fíoras go mbíonn aga moille áirithe ann sula ndéantar dul ar aghaidh chuig tomhaltóirí, ann féin, go n-eisiatar cur i bhfeidhm Airteagal 101(3). Dá fhaide an t-aga moille, áfach, is é is mó nach mór do na héifeachtúlachtaí a bheith, chun an cailteanas do thomhaltóirí le linn na tréimhse roimh an dul ar aghaidh a chúiteamh. Agus an measúnú sin á dhéanamh, ní mór luach na sochar amach anseo a lascainiú go hiomchuí⁴¹¹.

9.4.4. *Gan deireadh a chur leis an iomaíocht*

592. De réir an cheathrú coinníoll d'Airteagal 101(3) ní mór nach dtabharfaidh an comhaontú caoi do na páirtithe ar dheireadh a chur le hiomaíocht i ndáil le cuid mhór de na táirgí atá i gceist. Go bunúsach, áirithítear leis an gcoinníoll sin go bhfanfaidh méid áirithe iomaíochta iarmharaí ar an margadh/na margaí ábhartha, gan beann ar mhéid na sochar.

593. Féadfar an coinníoll deireanach sin a chomhlíonadh fiú má chumhdaíonn an comhaontú lena sriantar an iomaíocht an tionscal ar fad, fad is a leanann na páirtithe sa chomhaontú de bheith san iomaíocht fhollasach ar ghné thábhachtach amháin ar a laghad den iomaíocht. Mar shampla, má chuireann an comhaontú deireadh leis an

⁴¹¹ Féach Treoirlínte Airteagal 101(3), lch. 87.

iomaíocht maidir le cáilíocht nó le héagsúlacht, ach gur paraiméadar tábhachtach é praghas freisin le haghaidh iomaíochta sa tionscal lena mbaineann, agus nach bhfuil srianta ar phraghsanna, is féidir an coinníoll sin a chomhlíonadh fós.

594. Ina theannta sin, má théann iomaitheoirí in iomaíocht le réimse táirgí difreáilte, a bhfuil siad uile sa mhargadh ábhartha céanna, ní gá go gciallódh deireadh a chur le hiomaíocht le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na malairtí den táirge go gcuirtear deireadh leis an iomaíocht sa mhargadh ábhartha.
595. Ar an gcaoi chéanna, má chinneann iomaitheoirí gan úsáid a bhaint as teicneolaíocht truailliúcháin ar leith nó as comhábhar neamh-inbhuanaithe áirithe i dtáirgeadh a dtáirgí, ní chuirfear deireadh leis an iomaíocht má leanann siad de bheith san iomaíocht ar phraghas agus/nó ar cháilíocht an táirge deiridh.
596. Ar deireadh, má chuirtear deireadh leis an iomaíocht ar feadh tréimhse teoranta ama, agus i gcás nach mbeidh aon tionchar aige sin ar fhorbairt na hiomaíochta tar éis don tréimhse sin dul in éag, ní bheidh sé ina bhac ar an gcoinníoll seo a chomhlíonadh. Mar shampla, le comhaontú idir iomaitheoirí chun táirgeadh malairte amháin de tháirge, ina bhfuil comhábhar neamh-inbhuanaithe, a theorannú go sealadach, chun ionadaí inbhuanaithe ar an táirge a thabhairt isteach sa mhargadh, agus é mar aidhm aige feacht tomhaltóirí a ardú maidir le saintréithe an táirge nua, sásóidh sé an coinníoll deireanach in Airteagal 101(3), go ginearálta.

9.5. Rannpháirtíocht na n-údarás poiblí

597. Níl rannpháirtíocht údarás poiblí náisiúnta nó áitiúil sa phróiseas chun comhaontuithe inbhuanaitheachta a thabhairt i gcrích, ná eolas na n-údarás sin go bhfuil na comhaontuithe sin ann, ina chúis ann féin le cosc a chur ar Airteagal 101 a chur i bhfeidhm maidir le comhaontuithe den sórt sin. Ar an gcaoi chéanna, más rud é nach ndéanann gníomhartha ó údaráis phoiblí ach gnóthais a spreagadh nó a éascú do ghnóthais a bheith rannpháirteach i gcomhaontuithe inbhuanaitheachta frithiomaíocha, gan a neamhspleáchas a bhaint de ghnóthais, fanfaidh na comhaontuithe sin faoi réir Airteagal 101⁴¹².
598. Mar sin féin, ní bheidh na páirtithe i gcomhaontú inbhuanaitheachta lena gcuirtear srian ar an iomaíocht faoi dhliteanas faoi Airteagal 101 má cheanglaíonn nó má éilíonn údaráis phoiblí orthu an comhaontú a thabhairt i gcrích nó i gcás ina dtreísíonn na húdaráis phoiblí éifeacht an chomhaontaithe⁴¹³.

9.6. Samplaí

599. Comhaontú a thairbhíonn den tearmann bog

Sampla 1

⁴¹² Breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2003, *CIF*, C-198/01, EU:C:2003:430, mír 56. Féach freisin Caibidil 1, mír 19.

⁴¹³ Breithiúnas an 12 Nollaig 2013, *Soa Nazionale Costruttori*, C-327/12, EU:C:2013:827, mír 38; breithiúnas an 5 Nollaig 2006, *Cipolla agus Eile* C-94/04, EU:C:2006:758, mír 47.

Cás: Díoltar gránach bricfeasta i mboscaí cairtchláir ildaite tarraingteach. In imeacht na mblianta, tá na boscaí seo tar éis éirí níos mó, ní toisc go bhfuil méadú tagtha ar an ábhar iontu, ach chun iad a dhéanamh níos tarraingtí agus níos mealltaí do thomhaltóirí. Is straitéis margaióchta brabúsach é seo, ós rud é gur minic a cheannaíonn tomhaltóirí gránaigh bricfeasta go spontáineach, agus tugann an méid níos mó le tuiscint gur margadh níos fearr atá i gceist. Ós rud é gur chloígh na táirgeoirí uile leis an straitéis sin, ní raibh tionchar suntasach aige ar a sciartha den mhargadh. Úsáideann siad róphacáistíocht tuairim is 15 % ina dtáirgí mar thoradh air, áfach.

Tá Prevent Waste, eagraíocht neamhrialtasach, tar éis straitéis ‘bosca fholamh’ na dtáirgeoirí gránach bricfeasta a cháineadh mar dhiomailteach agus dochrach don chomhshaol, rud a úsáideann níos mó acmhainní nádúrtha ná mar is gá chun na táirgí sin a tháirgeadh agus a dháileadh go héifeachtúil. Mar fhreagra air sin, d’aontaigh na táirgeoirí gránach bricfeasta, eagraithe ina n-eagraíocht trádála, teorainn a chur le róphacáistíocht a gcuid táirgí. Chomhaontaigh siad caighdeán pacáistithe i dteannta a chéile tríd an ábhar breise pacáistithe a theorannú go dtí nach mó ná 3 % chun a chinntiú go mbeidh boscaí gránach fós éasca le húsáid agus a rinne a gcinneadh poiblí. Tá an comhaontú curtha chun feidhme ag táirgeoirí na ngránach bricfeasta ó thús na bliana agus cumhdaítear 100 % den mhargadh leis. Mar thoradh air sin, tá laghdú thart ar 10 % tagtha ar chostais phacáistithe, arb ionann iad agus 6 % den phraghas mórdhíola. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú thart ar 0.5 % ar phraghas mórdhíola gránach bricfeasta agus laghdú 0-0.5 % ar an bpraghas miondíola.

Anailís: Aontaíonn iomaitheoirí ar chaighdeán a mbeidh tionchar aige ar phraghas an táirge, ach déanann siad amhlaidh ar bhealach trédhearcach, rud a ligeann do gach duine an cur chuige a ghlacadh gan oibleagáid a chur orthu é sin a dhéanamh. Ní dhéantar aon fhaisnéis íogair a mhalartú. Ina theannta sin, tá saoirse fós ag táirgeoirí gránach a bpacáistiú féin a laghdú tuilleadh más mian leo. Thairis sin, tá éifeacht an-bheag agus síos fiú ag an gcomhaontú maidir le róphacáistíocht a theorannú ar phraghas na ngránach bricfeasta, ní dhéanann sé difear don iomaíocht idir na táirgeoirí gránach ar na príomhpharaiméadair phraghais, cháilíochta agus nuálaíochta, agus ní dhéanann sé difear ach d’iomaíocht ar mhargaiócht go pointe anteoranta (i bhfianaise an tionchar teoranta a d’fhéadfadh a bheith ag an straitéis an bhosca ‘rómhór’). Dá bhrí sin, comhlíonann an comhaontú coinníollacha an tearmainn agus ní dócha go mbeidh éifeachtaí diúltacha suntasacha aige ar an iomaíocht. Leis an gcomhaontú, cuirtear feabhas iarbhrí ar an toradh do thomhaltóirí, trí dheireadh a chur le straitéisí róphacáistíochta nach bhfuil ach tionchar beag acu ar an iomaíocht.

600. Comhaontú a thairbhíonn den tearmann bog

Sampla 2

Cás: Tá lipéad curtha ar bun ag Torthaí Trópaiceacha Cóir (an lipéad ‘FTF’) le haghaidh torthaí trópaiceacha a thrádáiltear go cothrom. Chun an lipéad a úsáid, ní mór do ghnólachtaí atá ag trádáil i dtorthaí trópaiceacha a ráthú go dtagann na torthaí atá i gceist ó tháirgeoirí a áirithíonn íosphá maireachtála cóir dá n-oibrithe agus nach mbaineann úsáid as saothar leanaí. Tá saoirse fós ag na trádálaithe torthaí sin a thrádáil faoi lipéid eile freisin nó gan lipéid. Tá córas faireacháin curtha ar bun ag Torthaí Trópaiceacha Cóir chun a dheimhniú go gcomhlíonann na táirgí a dhíoltar faoin lipéad FTF na coinníollacha íosta. Tá na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta agus modheolaíochta agus torthaí an chórais mhonatóireachta ar fáil

ar shuíomh gréasáin Thorthaí Trópaiceacha Cóir. Tá na torthaí a dhíoltar faoin lipéad FTF níos costasaí ná mar a thrádáiltear torthaí trópaiceacha eile.

Tugadh isteach lipéad FTF ar fud an Aontais agus úsáideann roinnt trádálaithe móra an lipéad agus shínigh siad an comhaontú chun coinníollacha íosta an lipéid a urramú. Tá tóir tagtha ag tomhaltóirí áirithe ar an lipéad go tapa. Ag brath ar an gcineál torthaí trópaiceacha agus ar an margadh geografach lena mbaineann, tá sciartha margaidh na dtrádálaithe torthaí trópaiceacha idir 12 % i gcás anainn agus 20 % i gcás mangónna. Oibríonn na trádálaithe céanna lasmuigh den lipéad freisin.

Anailís: Ní dócha go leanfaidh éifeachtaí diúltacha suntasacha ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1) as an lipéad FTF agus d'fhéadfaí go dtairbheodh sé den tearmann bog le haghaidh caighdeán inbhuanaitheachta i bhfianaise: (i) sciar beag margaidh na bpáirtithe sa chomhaontú sna margaí éagsúla ceannaigh agus díola, (ii) na sciartha margaidh suntasacha atá ag lipéid eile agus táirgí traidisiúnta agus iomaíocht astu, an fíoras gur (iii) ar bhonn deonach agus neamheisiach atá rannpháirtíocht sa lipéad FTF, (iv) nach bhfuil aon mhalartú faisnéise maidir le praghsanna soláthair, costais eile, méideanna táirgthe nó corrlaigh ag baint leis an gcomhaontú um chaighdeánú agus (v) nach mbraitheann an ceadúnas chun an lipéad a úsáid ach ar choinníollacha íosta áirithe a urramú, gan aon íospthaghas ná formhuirir cheangailteacha a aontú. D'fhéadfadh na comhaontuithe an rogha atá ar fáil do thomhaltóirí a leathnú, trína chur ar a gcumas táirgí a bhfuil saintréithe 'cóirthrádáil' acu a shainaithint.

601. Comhaontú nach bhfuil aon éifeacht shuntasach aige ar an iomaíocht

Sampla 3

Cás: Is eagraíocht neamhrialtasach thar a bheith rathúil é Fair-Clothing.Com a bhí in ann, le cuidiú ó fhóirdheontais ón rialtas agus feachtas éifeachtach meán, a chur ina luí ar fhormhór mór na ngnólachtaí a dhíolann éadaí san Aontas, lena n-áirítear na príomh-bhrandaí ar fad agus roinnt slabhraí miondíola éadaí, gan éadaí a cheannach ach ó tháirgeoirí i dtíortha i mbéal forbartha a urramaíonn leibhéil áirithe íosphá. Eagraíochtaí tomhaltóirí náisiúnta agus eagraíochtaí tomhaltóirí an Aontais a chomhordaigh an feachtas ar éirigh tharr barr leis, agus a thug tacaíocht dó: is faoin lipéad Éadaí Córa a dhíoltar 85 % de na héadaí ar fad a dhíoltar san Aontas. Chun ceadúnas a fháil chun an lipéad a úsáid, chomhaontaigh na gnólachtaí rannpháirteacha íoschaighdeáin phá a urramú agus gan éadaí nach gcomhlíonann na caighdeáin a dhíol, gan beann ar an áit a dtáirgtear na héadaí. De thoradh an fheachtais, tá méadú 20 % ar an meán tagtha ar phá oibrithe teicstílí i dtíortha i mbéal forbartha.

Tugtar le fios le suirbhéanna agus staidéir táirgí tomhaltóirí nach bhfuil méadú suntasach tagtha ar mheánphraghas éadaí san Aontas de thoradh an lipéad Éadaí Córa a thabhairt isteach: tá éifeacht idir -0.5 % agus +0.8 % ar phraghsanna, de réir réamh-mheastacháin, éifeacht nach bhfuil difriúil go suntasach ó nialas ó thaobh staidrimh de. Is iad na mínithe is inchreidte ar an easpa méadaithe ar phraghsanna ná, uimhir a haon, neamhthábhacht choibhneasta an phá tháirgthe mar chomhpháirt de phraghas deiridh táirgí éadaigh agus, uimhir a dó, feabhsuithe féideartha ar tháirgiúlacht saothair a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an méadú pá. Mar shampla, is ionann an chomhpháirt phá de tháirgeadh léinte cadáis agus thart ar 30 % de na costais táirgthe áitiúla. Dá réir sin, is féidir coinne a bheith leis gur lean méadú

6 % ar a mhéad ar phraghas na léine díreach ón monarcha sa domhan atá i mbéal forbartha as an méadú pá 20 %.

Anailís: Ós rud é go gcuireann páirtithe sa chomhaontú um Éadaí Córa (úinéirí brandaí agus slabhraí miondíola éadaí san iarthar) meánchorrlach 200-300 % leis an bpraghas ceannaigh, chun costais iompair, allmhairithe agus costais dáileacháin agus pacáistíochta eile a chumhdach, is 1.5-2 % ar a mhéad atá san éifeacht ar an bpraghas ar a ndíolann na páirtithe an léine, cheana féin, ar an gcúis sin. Thairis sin, tá táscairí ann a thugann le fios, trí rochtain ar bhia níos cothaithí agus ar chúram sláinte níos fearr a thabhairt d'oibrithe, go bhfuil éifeacht dhearfach ag an méadú 20 % ar phá ar tháirgiúlacht saothair in earnáil na teicstílí sa domhan atá i mbéal forbartha. I bhfianaise na dian-iomaíochta in earnáil na n-éadaí, is féidir coinne a bheith leis gur laghdú ar phraghsanna an éifeacht a bheidh ag na feabhsúcháin sin ar tháirgiúlacht.

Bunaithe ar na réamh-mheastacháin don éifeacht ar phraghsanna, is féidir teacht ar an tátal nach dócha go mbeidh éifeachtaí diúltacha suntasacha ag na comhaontuithe um Éadaí Córa le haghaidh custaiméirí na bpáirtithe sa chomhaontú agus dá bhrí sin ní thagann siad faoi raon feidhme Airteagal 101(1).

602. Comhaontú nach dócha go srianfaidh sé iomaíocht faoi Airteagal 101(1) agus/nó ar dócha go gcomhlíonfaidh sé an coinníoll faoi Airteagal 101(3)

Sampla 4

Cás: Mar fhreagra ar thorthaí an taighde ar na leibhéil saille i mbia próiseáilte áirithe arna dhéanamh ag meitheal machnaimh arna mhaoiniú ag rialtas i mBallstát, aontaíonn roinnt mórmhonaróirí a dhéanann bianna próiseáilte sa Bhallstát céanna, trí phléití foirmiúla ag comhlachas trádála tionscail, chun leibhéil saille mholta a leagan síos do na táirgí. I dteannta a chéile, is ionann na páirtithe agus 70 % de dhíolachán na dtáirgí laistigh den Bhallstát. Tacóidh feachtas náisiúnta fógraíochta le tionscnamh na bpáirtithe, feachtas a mhaoiníodh an mheitheal mhachnaimh lena gcuirtear béim ar na contúirtí a bhaineann le cion ard saille i mbianna próiseáilte.

Anailís: Cé gur moltaí iad na leibhéil saille agus dá bhrí sin gur moltaí deonacha iad, de thoradh na poiblíochta leithne a eascraíonn as an bhfeachtas náisiúnta fógraíochta, is dócha go gcuirfidh monaróirí uile na mbianna próiseáilte sa Bhallstát na leibhéil saille chun feidhme. Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh sé ina uasleibhéil saille de facto sna bianna próiseáilte. D'fhéadfaí rogha na dtomhaltóirí ar fud na margaí táirgí a laghdú dá bhrí sin. Mar sin féin, beidh na páirtithe in ann leanúint den iomaíocht maidir le roinnt tréithe eile a bhaineann leis na táirgí, amhail praghas, méid an táirge, cáilíocht, blas, ábhar cothaitheach agus salainn eile, cothromaíocht na gcomhábhar, agus brandáil. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar an iomaíocht maidir leis na leibhéil saille sa táirge nuair a fhéachann páirtithe le táirgí leis na leibhéil is ísle a thairiscint. Dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh éifeachtaí sriantacha ag an gcomhaontú ar an iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101(1). Fiú má fhaightear amach go bhfuil tionchar diúltach suntasach ag an gcomhaontú ar an iomaíocht faoi Airteagal 101(1), áfach — toisc nach bhfuil an rogha bia ardleibhéil saille ag tomhaltóirí — is dócha gur mó na tairbhe do thomhaltóirí ó thaobh luach na faisnéise a fuarthas agus na héifeachtaí tairbheacha ar an tsláinte ná an dochar, agus is dócha go gcomhlíonfaidh an comhaontú coinníollacha Airteagal 101(3).

603. Comhaontú lena gcuirtear srian le hiomaíocht faoi Airteagal 101(1) agus lena gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 101(3).

Sampla 5

Cás: Déanann táirgeoirí meaisíní níocháin raon meaisíní a tháirgeadh faoi láthair, ó na samhlacha is déanaí, atá níos forbartha go teicniúil agus níos éifeachtúla ó thaobh fuinneamh, go samhlacha níos sine nach bhfuil chomh forbartha sin ó thaobh cúrsaí teicniúla de. Cé go mbaineann na samhlacha níos sine, nach bhfuil chomh forbartha sin, úsáid as níos mó leictreachais agus uisce, tá siad níos saoire le táirgeadh agus díoltar iad ar phraghsanna níos ísle ná na samhlacha is déanaí agus na samhlacha atá níos nua-aimseartha agus níos forbartha go teicniúil. I gcomhréir le rialachán an Aontais, aicmítear gach samhail in ocht gcatagóir éifeachtúlachta fuinnimh ó A go H, agus lipéadaítear iad dá réir sin.

Tá nuálaíocht sa tionscal dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh na samhlacha nua a fheabhsú tuilleadh. Mar sin féin, braitheann táirgeoirí na meaisíní níocháin freisin go bhfuil sé de fhreagracht orthu iarracht a dhéanamh ídiú fuinnimh a meaisíní a laghdú ar bhealaí eile. Dá bhrí sin, d'aontaigh siad deireadh a chur de réir a chéile le táirgeadh agus díol meaisíní níocháin i gcatagóirí F go H, na samhlacha is sine a bhfuil an éifeachtúlacht fuinnimh is lú acu. Is ag na seanshamhlacha sin a bhfuil an éifeachtúlacht is lú ó thaobh uisce freisin.

Áirítear na táirgeoirí uile sa chomhaontú agus, dá bhrí sin, cumhdaítear leis beagnach 100 % den mhargadh. Foráiltear leis go gcuirfear deireadh de réir a chéile le táirgeadh agus díol meaisíní níocháin i gcatagóirí F go H laistigh de 2 bhliain. Faoi láthair is ionann na samhlacha sin agus thart ar 35 % de na díolacháin ar fad ar an margadh. Cé go dtáirgeann na táirgeoirí rannpháirteacha uile roinnt samhlacha i gcatagóirí A go E cheana féin, agus dá bhrí sin ní chaillfidh aon cheann acu a gcuid díolachán reatha, beidh tionchar difriúil ar gach táirgeoir, ag brath ar an réimse samhlacha atá aige faoi láthair. Dá bhrí sin, is dócha go ndéanfar difear don iomaíocht idir na táirgeoirí. Ina theannta sin, laghdófar rogha na meaisíní atá ar fáil do thomhaltóirí trí dheireadh a chur de réir a chéile le catagóirí F go dtí H agus méadófar an meánchostas ceannaigh. Maidir le meáncheannaitheoir a cheannaigh meaisín níocháin i gcatagóirí F go H roimhe sin, tiocfaidh méadú idir EUR 40 agus EUR 70 ar a laghad ar phraghas meaisín.

Sula ndearnadh an comhaontú chun deireadh a chur de réir a chéile le catagóirí F go H a chur chun feidhme, rinne an tionscal iarracht an t-éileamh a aistriú ó na catagóirí sin trí úsáid a bhaint as feachtais fógraíochta. Léiríodh i staidéir nach n-éiríonn leis na feachtais sin toisc go mbíonn sé deacair go leor tomhaltóirí cothromaíocht a bhaint amach idir an tionchar dearfach a bheadh ag laghduithe ar a mbillí leictreachais agus uisce amach anseo i gcomparáid leis an tionchar diúltach a bheadh ag an méadú láithreach ar phraghas ceannaigh an mheaisín.

Léiríonn na staidéir seo freisin go mbaineann ceannaitheoirí meaisíní níocháin tairbhe mhór as deireadh a chur de réir a chéile le catagóirí F go dtí H. Déanfaidh an gnáth-cheannaitheoir meaisín níocháin an t-ardú ar an bpraghas ceannaigh a fhorchúiteamh laistigh de bhliain amháin nó 2 bhliain, i bhfoirm costais leictreachais agus uisce níos ísle. Déanfaidh formhór mór na dtomhaltóirí, lena n-áirítear iad siúd nach n-úsáideann a meaisín chomh minic sin, an méadú ar an bpraghas ceannaigh a fhorchúiteamh laistigh de 4 bliana. Ós rud é gurb é 5 bliana ar a laghad an meánionchas saoil do mheaisíní i gcatagóirí A go E, baineann na tomhaltóirí, mar ghrúpa, tairbhe as an gcomhaontú. Méadaítear an glantairbhe sin tuilleadh, d'úsáideoirí uile na meaisíní níocháin, de bharr na sochar comhshaoil a eascraíonn as laghdú comhchoiteann ar úsáid leictreachais agus uisce. Mar thoradh ar an laghdú ar

thomhaltas leictreachais, is lú an truailliú a thagann ó tháirgeadh leictreachais agus téann sé sin chun tairbhe do thomhaltóirí meaisíní níos álainn freisin, sa mhéid nach dtugtar aghaidh cheana féin ar theip mhargaidh a bhaineann le truailliú le hionstraimí rialála eile (e.g. an Córas Eorpach maidir le Trádáil Astaíochtaí, a chuireann teorainn le hastaíochtaí carbóin). Eascraíonn níos lú truaillithe ar uisce as laghdú ar thomhaltas uisce. Ós rud é gurb iad úsáideoirí meaisíní níos álainn formhór mór an daonra iomlán, fabhraíonn sciar de na sochair chomhshaoil sin do thomhaltóirí sa mhargadh ábhartha a ndéanann an comhaontú difear dóibh.

Anailís: Cé gur dócha go mbeidh éifeachtaí diúltacha suntasacha ag an gcomhaontú agus go ngabfar é le hAirteagal 101(1), is dócha go gcomhlíonfaidh sé freisin coinníollacha Airteagal 101(3). Go háirithe: (i) mar thoradh ar an gcomhaontú, beidh an gnáth-mheaisín níos álainn níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh agus uisce de, (ii) ní fhéadfaí é sin a bhaint amach le comhaontú nach mbeadh chomh sriantach sin, mar shampla le feachtas nó lipéad comhfhógraíochta, (iii) baineann tomhaltóirí sa mhargadh ábhartha glantairbhe as na sochair luacha úsáide aonair agus as na tairbhí comhshaoil comhchoiteanna, agus (iv) ní chuirtear deireadh leis an iomaíocht, toisc nach bhfuil éifeacht ag an gcomhaontú ach ar raon feidhme réimse na samhlacha, ar paraiméadar amháin den iomaíocht é, agus ní ar pharaiméadair eile, amhail praghas nó nuálaíocht, a fhéadtar dul san iomaíocht ina leith agus a dtéitear san iomaíocht ina leith.